NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority
Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council
COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL
TII
Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland
Project Ireland 2040
Building Ireland's Future
Jacobs
SYSTRA

# Luimnigh | Shionainne

## AN STRAITÉIS IOMPAIR DO LIMISTÉAR CEANNCHATHARTHA 2040



## ADMHÁLACHA

**Údarás Náisiúnta Iompair:**
Hugh Creegan
David Clements
Michael MacAree

**Bonneagar Iompair Éireann:**
Martin Bourke
Michael McCormack
Tara Spain

**Comhairle Cathrach Agus Chontae Luimnigh:**
Brian Kennedy
Dan Slavin
Maria Woods
Jari Howard
Robert Gallagher
Dara McGuigan
Tim Fitzgerald

**Comhairle Contae an Chláir:**
Carmel Kirby
Liam Conneally
Sean Lenihan
Ann Cronin
Brian McCarthy
John Leahy
Tadgh McNamara

**Jacobs:**
John Paul FitzGerald
Paul Beatty
Marjely Caneva
Jennifer Egan
Sarah Cooper
Colin Johnston
Colm Kelly

**Systra:**
Ian Byrne
Allanah Murphy
Paul Hussey
Andrew Archer
Sinead Canny

**Dolphin 3D Photomontages:**
Philip Watkin

Dáta Foilsithe Samhain 2022

# Luimnigh | Shionainne

## AN STRAITÉIS IOMPAIR DO LIMISTÉAR CEANNCHATHARTHA 2040

**Sa Straitéis seo, leagtar amach an creat le haghaidh soláthar a dhéanamh ar an gcóras iompair a theastaíonn chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne mar mhol forbartha cultúrtha agus sóisialta agus athghiniúna; mar phríomhlimistéar geilleagrach do réigiún an Iarthair Láir; mar aonad ceannchathartha atá aontaithe agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de; mar áit ar féidir le gach duine, beag beann ar aois, taisteal go caoithiúil agus go sábháilte; agus mar áit a meallann daoine, poist agus gníomhaíocht ó áiteanna fud fad na hÉireann agus níos faide anonn.**

# CONTENTS


## CUID A: FAISNÉIS CHÚLRA

**01** Fís do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne ..... 05
**02** Colúin na Straitéise seo ..... 07
**03** Comhthéacs an Limistéir Staidéir ..... 13
**04** Athbhreithniú Beartais ..... 21
**05** Forbairt na Straitéise ..... 35
**06** An Comhairliúchán Poiblí ..... 39
**07** Covid-19 ..... 43

## CUID B: AN STRAITÉIS

**08** An Siúl ..... 47
**09** An Rothaíocht ..... 57
**10** Bus ..... 67
**11** Iarnród ..... 79
**12** Úsáid Talún, Athghiniúint Agus Scoileanna ..... 87
**13** Dearadh Uirbeach agus Comhfhorbairt Áite ..... 93
**14** Bóithre agus Bainistíocht Éilimh ..... 99
**15** Lasta, Seachadadh agus Seirbhísiú ..... 111
**16** Bearta Tacaíochta agus Comhtháthú ..... 115
**17** Bainistíocht a Dhéanamh ar Ghníomhaíocht ar son na hAeráide ..... 131
**18** Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí ..... 137

## CUID C: NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

**19** Cur Chun Feidhme ..... 145
**20** Torthaí na Straitéise ..... 153

# CUID A | FAISNÉIS CHÚLRA MAIDIR LEIS AN STRAITÉIS SEO


**01** Fís do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne ..... 05

**02** Colúin na Straitéise seo ..... 07

**03** Comhthéacs an Limistéir Staidéir ..... 13

**04** Athbhreithniú Beartais ..... 21

**05** Forbairt na Straitéise ..... 35

**06** An Comhairliúchán Poiblí ..... 39

**07** Covid-19 ..... 43



# 01 FÍS DON IOMPAR I LIMISTÉAR CEANNCHATHARTHA LUIMNIGH-SHIONAINNE

**Is é atá sa Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne (an Straitéis seo) ná tús ré nua don iompar sa Limistéar Ceannchathartha sin.**

Sa Straitéis seo, leagtar amach an creat le haghaidh soláthar a dhéanamh ar an gcóras iompair a theastaíonn chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne mar mhol forbartha cultúrtha agus sóisialta agus athghiniúna; mar phríomhlimistéar geilleagrach do réigiún an Iarthair Láir; mar aonad ceannchathartha atá aontaithe agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de; mar áit ar féidir le gach duine, beag beann ar aois, taisteal go caoithiúil agus go sábháilte; agus mar áit a meallann daoine, poist agus gníomhaíocht ó áiteanna fud fad na hÉireann agus níos faide anonn.

Is é an toradh a bheidh ar chur chun feidhme na Straitéise seo ag an Údarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás), ag Bonneagar Iompair Éireann, ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus ag Comhairle Contae an Chláir ná go mbunathrófar an réigiún cathrach seo chun feabhais.





# 02 COLÚIN AGUS CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA IOMPAIR NA STRAITÉISE SEO

**Is é feidhm na Straitéise seo creat straitéiseach fadtéarmach a sholáthar le haghaidh bonneagar iompair agus seirbhísí iompair a phleanáil agus a fhorbairt i Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne (an Limistéar Ceannchathartha). Is doiciméad traschontae ar an leibhéal Ceannchathartha é ina leagtar amach beartais agus cuspóirí an Údaráis, Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Chomhairle Contae an Chláir agus Bhonneagar Iompair Éireann ar leibhéal atá oiriúnach don scála sin.**

Déileáiltear le han-chuid de na mionsonraí faoi bhonneagar iompair nó faoi sheirbhísí iompair ar an dóigh is oiriúnaí ar leibhéal níos áitiúla agus, dá bhrí sin, tagraitear sa Tuarascáil seo, nuair is infheidhme, do chláir níos mine agus tionscadail níos mine a dtabharfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus gníomhaireachtaí eile ar aghaidh iad sa todhchaí.

Agus aird á tabhairt ar an bhfeidhm straitéiseach sin, cuimsítear sa Straitéis seo an fhreagairt pleanála iompair do dhúshláin éagsúla ar fud roinnt réimsí den rialtas náisiúnta, den rialtas réigiúnach agus den rialtas áitiúil. Cuirtear i láthair anseo iad mar ocht gcolún. Aistríodh na colúin sin ansin ina gCuspóirí Straitéiseacha Iompair ar ina n-aghaidh a dhéantar an straitéis a thomhas agus a bhreithmheas.

## 2.1 COLÚIN NA STRAITÉISE SEO

### 2.1.1 An tAthrú Aeráide agus Laghdú Astaíochtaí

Maidir leis an gceanglas chun astaíochtaí ón iompar a laghdú faoi 50% faoin mbliain 2030, teastaíonn dhá phríomhghníomh a dhéanamh. Is iad sin:

- Úsáid mhéadaithe a bhaint as an iompar poiblí agus as an iompar de shiúl agus de rothar; agus
- An flít iompair a thiontú ina fheithiclí astaíochtaí nialasacha

Is é príomhfheidhm na Straitéise seo aghaidh a thabhairt ar an gcéad chuspóir. Is leagtha amach sa Tuarascáil seo atá scála agus mionsonraí straitéiseacha na hinfheistíochta a theastaíonn chun cabhrú le laghdú a bhaint amach in úsáid an chairr phríobháidigh sa Limistéar Ceannchathartha thar an tréimhse go dtí an bhliain 2040.

Maidir le tiontú an fhlít náisiúnta iompair ina fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, tá sé ina ábhar do chláir bheartais agus infheistíochta ar an leibhéal náisiúnta go príomha, in ionad é a bheith ina ábhar do straitéis cheannchathartha iompair aonair. Dá ainneoin sin, déanfar an t-athrú sin a chur chun cinn agus a éascú tríd an Straitéis seo. Is amhlaidh faoin mbliain 2035 gur feithiclí astaíochtaí nialasacha a bheidh sna feithiclí iompair phoiblí uirbigh uile. Tá an bunathrú chun feabhais sin ar siúl cheana féin. Tá an tÚdarás tiomanta don obair sin a chur i gcrích ar bhonn náisiúnta.

I dtaca leis an bhflít carranna príobháideacha, tugtar tacaíocht leis an Straitéis seo do na húdaráis áitiúla maidir le cur i bhfeidhm carranna leictreacha a éascú trí phointí luchtaithe poiblí ar an tsráid a sholáthar in áiteanna ina bhfuil éileamh orthu. Ní leor, áfach, aistriú bunúsach an fhlít carranna ina fheithiclí leictreacha chun córas iompair inbhuanaithe a sholáthar. Chuige sin, is príomhrud a ndírítear air sa Straitéis seo é cabhrú le húsáid mhéadaithe a bhaint as modhanna eile chun comhlíonadh a dhéanamh ar na cuspóirí comhshaoil, geilleagracha agus sóisialta a bhaineann le hastaíochtaí, le plódú agus le spleáchas ar an gcarr.

I ndáil le feithiclí earraí, ceanglófar ar an earnáil lasta rannchuidiú leis an sprioc fhoriomlán laghdú carbóin. Éascaítear é sin leis an Straitéis seo, a mhéid a thagann faoina sainchúram, trí lasta iarnróid a chur chun cinn, trí shocruithe athbhreithnithe seachadta a thabhairt isteach agus trí fhéachaint le héifeachtaí an phlódaithe a laghdú i gcoitinne.

Chomh maith leis sin, is amhlaidh, trí roghanna eile ar an gcarr príobháideach a sholáthar, go dtugtar cabhair agus tacaíocht leis na tograí sa Straitéis seo don Chrios Dícharbónaithe a bunaíodh le déanaí i gCathair Luimnigh.

### 2.1.2 Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne atá Aontaithe

Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí tacaíocht láidir leis an Straitéis seo don idirspleáchas idir Luimneach agus Sionainn. Maidir leis an Limistéar Ceannchathartha nua seo, mar atá sainithe sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach don Limistéar Theas, is gá é a phleanáil ar bhonn aontaithe agus is gá cuspóirí Chomhairle Contae an Chláir agus Chomhairle

Cathrach agus Contae Luimnigh a ailíniú dá réir. Cé gur ar an gCathair, agus ar Lár na Cathrach go háirithe ós é an láthair ina mbeidh an t-éileamh is mó ar iompar é, a bheidh díriú na hinfheistíochta san iompar, tá ríthábhacht ag ról Shionainne maidir le folláine gheilleagrach Luimnigh agus Chontae an Chláir mar lárionad náisiúnta fostaíochta agus mar thairseach idirnáisiúnta chun an Iarthair Láir araon. Tá sé mar aidhm leis an Straitéis seo feabhas suntasach a chur ar cháilíocht na nasc iompair phoiblí idir Sionainn agus Luimneach agus spriocdhíriú ar fheabhsuithe suntasacha chun an aidhm sin a bhaint amach, anuas ar thaisteal de charr idir an dá lárionad a éascú. Is ann do mhórán lonnaíochtaí eile, agus do limistéir shuntasacha thuaithe, laistigh de Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne. Is é an toradh a bheidh ar na tograí iompair atá leagtha amach sa Straitéis seo ná go ndéanfar róil na n-áiteanna uile sin a chosaint agus a bhreisiú.

### 2.1.3 Athbheochan Lár Cathrach Luimnigh

Is é Lár Cathrach Luimnigh an príomh-mhol gníomhaíochta geilleagraí, sóisialta agus cultúrtha don Iarthar Láir. Sainghnéithe móra den lár is ea a oidhreacht ailtireachta Seoirsí in Newtown Pery agus na codanna meánaoiseacha atá láraithe ar Chaisleán an Rí Eoin agus Ardeaglais Mhuire. Rud atá mar bhonn agus thaca ag forbairt na Straitéise seo is ea an phríomhaidhm go mbeifí in ann a oiread daoine agus is féidir a iompar isteach i Lár na Cathrach trí mhodhanna inbhuanaithe iompair chun fás agus athbheochan an láir a éascú agus chun cothabháil a róil thábhachtaigh sa réigiún a éascú.

Cé go bhfuil siad leithleach, tá dhá chuspóir uileghabhálacha idirghaolmhara ann do Lár Cathrach Luimnigh, ar cuspóirí iad nach mór tacú leo tríd an Straitéis seo. Baineann an chéad chuspóir le roinnt mórláithreán dearóil agus tearcúsáidte i Lár na Cathrach a athfhorbairt. Is é an dara cuspóir ná an gá atá ann lena oidhreacht thógtha agus an ríocht phoiblí a chosaint agus a bhreisiú.

Chun an chéad chuspóir a chomhlíonadh, freastalófar leis an Straitéis seo ar athfhorbairt na dtailte ag na láithreáin seo a leanas agus fágfar léi go mbeifear in ann an athfhorbairt sin a chur i gcrích trí chur go mór leis an acmhainn atá ag an ngréasán iompair chun oibrithe, siopadóirí agus cuairteoirí a thabhairt isteach sa Chathair: Stáisiún Cholbaird; láithreán an Árais Cheoldrámaíochta; láithreán Cleeves; agus an lear láithreán tearcúsáidte agus dearóil i Lár na Cathrach. Maidir leis an dara cuspóir, éascófar leis an Straitéis seo cosaint agus breisiú na ríochta poiblí agus oidhreacht thógtha Lár na Cathrach trí shráideanna Lár na Cathrach é féin a bhunathrú chun feabhais, trí infheistíocht shuntasach a dhéanamh i mbonneagar siúil agus rothaíochta agus trí aghaidh a thabhairt ar cheannas na mótarfheithicle. Dá bhrí sin, dhéanfaí Lár na Cathrach ina áit i bhfad níos tarraingtí le cónaí ann, le hobair ann agus le cuairt a thabhairt air do dhaoine agus do theaghlaigh.

### 2.1.4 Forbairt atá Dírithe ar an Iompar

Moltar sa Straitéis seo go mbeadh gréasán cuimsitheach iompair phoiblí ann ar fud Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne agus go soláthrófaí gréasán rothaíochta ardchaighdeáin a thacódh le Forbairt atá Dírithe ar an Iompar ag príomhphointí, áit a n-uasmhéadófaí an inrochtaineacht. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann forbairt tithíochta agus úsáidí eile talún a chomhtháthú go dlúth le soláthar iompair inbhuanaithe.

Dá bhrí sin, d'áireofaí leis na láithreacha cuí le haghaidh tithíocht de dhlús níos airde Stáisiún Cholbaird agus nóid fho-uirbeacha fhéideartha ag Maigh Rois, ag Bealach na Páirce agus ag pointí eile feadh an ghréasáin iompair phoiblí. Ba é an tairbhe a thiocfadh as cur chuige den sórt sin ná go laghdófaí an gá le talamh a bheith criosaithe i láithreacha nach bhfuil sé beartaithe go bhfreastalófar iompar poiblí ardacmhainne orthu.

Bheadh sé sin ag teacht le Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 10 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt, a bhfuil mar aidhm leis dlúthfhás a bhaint amach i Limistéir Cheannchathartha inar féidir leis an iompar poiblí, an siúl agus an rothaíocht freastal ar fhorbairt.

### 2.1.5 An Míbhuntáiste Sóisialta a Laghdú

Is é atá in Athghiniúint Luimnigh ná clár ilghníomhaireachta agus trasearnála a bhfuil mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar an míbhuntáiste sóisialta i gceithre limistéar den Chathair. Cé nach bhfuil san iompar ach gné amháin ar féidir léi rannchuidiú leis sin, is gné thábhachtach é. Is iad na príomh-shaincheisteanna anseo ná rochtain ar fhostaíocht agus ar sheirbhísí agus an dóigh is fearr ar féidir an bhraistint leithlisithe fhisiciúil a laghdú trí idirghabhálacha iompair. Is mar a leanas atá na príomhbhearta is féidir leis an Údarás a dhéanamh i limistéir faoi mhíbhuntáiste faoi choimirce na Straitéise seo, ag gníomhú dó i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh:

- An mhinicíocht seirbhísí iompair phoiblí chuig limistéir athghiniúna a fheabhsú;
- Saoráidí sábháilte daingne rothaíochta a sholáthar;
- Nascachtaí siúil a sholáthar chuig limistéir mórthimpeall;
- Feabhas a chur ar an ríocht phoiblí; agus
- Laghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann le carr a bheith ag duine.

Is é tuairim an Údaráis gurb é an toradh a bheidh ar naisc fhisiciúla níos fearr a sholáthar tríd an iompar idir na limistéir athghiniúna agus Lár na Cathrach, limistéir fostaíochta, ionaid bhreisoideachas agus láithreacha eile laistigh den Limistéar Ceannchathartha ná go sárófar roinnt de na gnéithe is tromchúisí de dhíothacht a bhaineann leis an inrochtaineacht agus leis an tsoghluaisteacht shóisialta. Mar thoradh ar chur chun feidhme na Straitéise seo agus ar chur i bhfeidhm a prionsabal ar an leibhéal áitiúil, soláthróidh an tÚdarás agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh na gnéithe iompair inbhuanaithe den chlár athghiniúna.

De bhreis air sin, is í an Straitéis seo an creat le haghaidh na hinfheistíochta leanúnaí i naisc iompair go Sionainn agus go dtí na Limistéir Cheannchathartha agus sa chlár Nasc Áitiúil. I dteannta a chéile, is féidir leis na hinfheistíochtaí sin aghaidh a thabhairt ar chuid den mhíbhuntáiste iompair a fhulaingítear ar fud an Limistéir Cheannchathartha, lena n-áirítear sna limistéir thuaithe.

### 2.1.6 Bunathrú na Timpeallachta Uirbí chun Feabhais

Tá an gá atá ann le freastal ar ghluaiseacht ag an gcarr príobháideach le sonrú go mór sa timpeallacht uirbeach i Luimneach, i Sionainn agus sna bailte agus sráidbhailte ceannchathartha. Ní ann ach do dhornán fíoráiteanna tearmainn do choisithe agus do rothaithe, más ann dóibh ar chor ar bith, agus ní ann do thosaíocht chomhleanúnach don iompar poiblí. Is in easnamh atá spásanna oscailte poiblí agus áiteanna ar féidir le daoine a scíth a ligean agus suí síos iontu. Tá drochthionchar díréireach aige sin ar dhaoine a bhfuil laguithe soghluaisteachta orthu, ar dhaoine scothaosta agus ar dhaoine faoi mhíbhuntáiste sóisialta. Is é atá sa dóigh a bhfuil an ríocht uirbeach leagtha amach agus deartha ná príomhtháscaire ar shláinte shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil aon chathrach nó aon bhaile. Cé go bhfuil gníomhartha ar bun chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna sin, níl dea-íomhá ina leith sin le fáil sa Limistéar Ceannchathartha i láthair na huaire. Is féidir leis an Straitéis seo príomhról a imirt san íomhá sin a athrú ar thrí dhóigh:





- Ceannas an chairr a laghdú;
- Feabhas a chur ar an ríocht phoiblí; agus
- Gluaiseacht Feithiclí Earraí Troma a bhainistiú.

### 2.1.7 Rochtain Uilíoch

Trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar iompair phoiblí, i bhfeithiclí iompair phoiblí agus i bhfeabhas a chur ar an timpeallacht uirbeach, tá an tÚdarás tiomanta do chur chuige Deartha Uilíoch a chur chun feidhme. Tá an t-iompar dírithe ar fhreastal ar gach earnáil den tsochaí, agus níor cheart an rochtain atá ag daoine ar dheiseanna le post a fháil, le hoideachas a fháil nó le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile a chur i gcontúirt trí dhearadh na timpeallachta iompair nó na bhfeithiclí iompair. Buntaca leis an Straitéis seo is ea obair leanúnach an Údaráis ar fheabhas a chur ar an gcomhéadan idir an córas iompair agus daoine atá faoi mhíchumas fisiciúil agus intleachtúil. Baineann sé sin leis na nithe seo a leanas go háirithe:

- Tiomantas d'idirchaidreamh marthanach a dhéanamh le grúpaí ionadaíocha le linn ár gcuid pleananna agus clár a chur chun feidhme;
- A chinntiú go soláthrófar faisnéis iompair i lear formáidí inrochtana;
- Bonneagar iompair agus saoráidí iompair a dhearadh de réir an dea-chleachtais ó thaobh na rochtana uilíche de;
- An flít iompair phoiblí agus an flít tacsaithe a thiontú chun go mbeidh lánrochtain fhisiciúil orthu.

### 2.1.8 Forbairt Gheilleagrach, Shóisialta agus Chultúrtha

Tá sé mar aidhm leis an Straitéis seo freagairt do riachtanais gheilleagracha, shóisialta agus chultúrtha an Limistéir Cheannchathartha ar na dóigheanna seo a leanas:

- Fás fostaíochta a éascú: moltar sa Straitéis seo bunathrú in acmhainn an ghréasáin iompair

phoiblí agus taistil ghníomhaigh, rud ar gné bhunriachtanach de cheirtleánú a chur chun cinn i Luimneach agus i Sionainn é. Éascófar léi Lár Cathrach a bheidh i bhfad níos déine agus a fhreastalóidh ar an éileamh taistil a ghinfidh na daoine sin a bheidh ag cónaí ann, ag obair ann agus ag tabhairt cuairt air. Tá sé mar aidhm léi freisin soláthar a dhéanamh do nasc i bhfad níos dlúithe idir an Chathair agus Aerfort na Sionainne agus Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, á chinntiú ag an am céanna go soláthrófar roghanna malartacha leordhóthanacha chuig láithreáin fho-uirbeacha fostaíochta amhail an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta agus an Ráithín chun cur ar a gcumas fás ar dhóigh inbhuanaithe;

- Is bunriachtanas é roghanna indéanta sábháilte eile ar an gcarr príobháideach a thabhairt do leanaí scoile: leathnófar an cistiú a thabharfar le haghaidh sráideanna scoile, criosanna scoile agus bearta eile faoin Straitéis seo agus faoin gClár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil, agus forbairt á déanamh ar an obair a rinneadh go dtí seo sa tír;
- Leathnú na hearnála Oideachais 3ú Leibhéal a éascú: leis an Straitéis, díreofar infheistíocht ar mhórinstitiúidí 3ú leibhéal amhail Ollscoil Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh chun cur ar a gcumas forbairt ar dhóigh inbhuanaithe agus chun a chinntiú nach gcuirfidh an t-iompar srian lena bhfás sa todhchaí;
- Freastal go héifeachtach ar an ngeilleagar oíche trí sheirbhísí iompair phoiblí go mall san oíche a leathnú agus trí fheabhas a chur ar an gcóras tacsaithe, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua a éascú; agus
- Mar thoradh ar na feabhsuithe foriomlána ar an gcóras iompair sa Limistéar Ceannchathartha, beidh sé níos fusa dul ar thurais chuig an raon iomlán ionad cultúrtha agus nithe is díol spéise do thurasóirí, go háirithe músaeim, ionaid agus amharclanna i gCathair Luimnigh, agus chuig mórimeachtaí spóirt i bPáirc na nGael agus i bPáirc Thuamhan. Soláthrófar naisc níos fearr go Bun Raite freisin.

## 2.2 CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA IOMPAIR NA STRAITÉISE SEO

Chun an fhís iompair don Limistéar Ceannchathartha a bhaint amach ar bhonn na seacht gcolún thuas, teastaíonn uainn roinnt cuspóirí straitéiseacha lena n-aistrítear na tosca uileghabhálacha sin ina mbearta iompair ar an talamh. Teastaíonn na cuspóirí sin chun go mbeifí in ann feidhmíocht na Straitéise a bhreithmheas go cuí in aghaidh táscairí a bhaineann go sonrach leis an iompar (féach an fhíor in aice láimhe). Is mar a leanas atá Cuspóirí Straitéiseacha Iompair na Straitéise seo:

1. Tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht san iompar inbhuanaithe chun an spleáchas ar an gcarr príobháideach a laghdú;
2. Nascacht iompair phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar chuig príomhchinn scríbe;
3. Tithíocht de dhlús níos airde a dhéanamh ina cuid d'Fhorbairtí atá Dírithe ar an Iompar ag príomhphointí d'ard-inrochtaineacht iompair phoiblí;
4. Córas iompair a bheidh lán-inrochtana agus lánchuimsitheach a sholáthar;
5. Príomhbhealaí straitéiseacha le haghaidh ghluaiseacht an tráchta lasta a shainaithint agus a chosaint agus feabhas a chur ar an rochtain ar Phort na Sionainne agus Fhainge agus ar Aerfort na Sionainne;
6. Feabhas a chur ar shábháilteacht bóithre, ar shláinte an phobail agus ar an tslándáil phearsanta; agus
7. An tionchar a bhíonn ag an trácht feithiclí i lárionaid uirbeacha a íoslaghdú.

Is leagtha amach i gCuid B den Tuarascáil seo atá an Straitéis le haghaidh na cuspóirí sin a chomhlíonadh, ar bhonn na seacht gcolún thuas. Sna codanna atá fágtha de Chuid A, déantar cur síos ar chomhthéacs an limistéir staidéir; ar riachtanais na Straitéise seo ó thaobh beartas eile rialtais de; agus ar an dóigh ar forbraíodh an Straitéis seo.

**Fís na Straitéise seo**

**Colúin na Straitéise seo**

**Cuspóirí Straitéiseacha Iompair**

- Tús áite a thabhairt d'infheistíocht san iompar inbhuanaithe chun an spleáchas ar an gcarr príobháideach a laghdú;
- Nascacht iompair phoiblí ar ardchaighdeán chuig cinn scríbe thábhachtacha a sholáthar;
- Córas iompair a bheidh lán-inrochtana agus lánchuimsitheach a sholáthar;
- Príomhbhealaí straitéiseacha le haghaidh ghluaiseacht an tráchta lasta a shainaithint agus a chosaint agus feabhas a chur ar an rochtain ar Phort na Sionainne agus Fhainge agus ar Aerfort na Sionainne;
- Feabhas a chur ar shábháilteacht bóithre, ar shláinte an phobail agus ar an tslándáil phearsanta; agus
- An tionchar a bhíonn ag an trácht feithiclí i lárionaid uirbeacha a íoslaghdú



# 03 3 COMHTHÉACS AN LIMISTÉIR STAIDÉIR

**Is é an carr príobháideach an modh ceannasach taistil. Mar sin féin, tá cultúr láidir siúil ann sa chathair cheana féin. Tá sciar modha íseal ag an rothaíocht agus ag an iompar poiblí.**

An Staidéar ar Chreat Gluaiseachta Cheantar Ceannchathartha Luimnigh, 2015..

Áirítear na háiteanna seo a leanas leis an Limistéar Ceannchathartha:


- Cathair Luimnigh agus a Bruachbhailte;
- Sionainn;
- Áth an Choite;
- Caisleán Uí Chonaill;
- Tobar Phádraig;
- Clár Aidhne;
- Mungairit;
- Droichead Abhann Ó gCearnaigh;
- Ard na Croise;
- Cluain Lára;
- An Chreatalach;
- Mileac/Baile Uí Chanann;
- Bun Raite; agus
- An Pairtín

Tá an Limistéar Ceannchathartha 387 km2 ar achar, agus cónaíonn breis agus 132,400 duine ann (an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016). Tá an figiúr sin comhdhéanta de thart ar 96,800 cónaitheoir laistigh de theorainn Chathair Luimnigh agus a Bruachbhailte, mar atá sainithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

Is é Cathair Luimnigh an lárionad uirbeach is mó i Réigiún Iarthair Láir na hÉireann agus is í an tríú cathair is mó sa Stát í. Is lárionad suntasach fostaíochta é Sionainn, agus sócmhainní amhail Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne agus Limistéar




Limistéar Staidéir LSMA




Comhroinnt Mód

Neamhchustaim na Sionainne aici. Is spleách ar a chéile atá Cathair Luimnigh agus Sionainn. Rannchuidíonn a bhfeidhmeanna comhlántacha le neart comhcheangailte atá ina príomhní a bhrúnn geilleagar Réigiún an Iarthair Láir chun cinn.

Is sa Limistéar Ceannchathartha atá ceithre institiúid oideachais tríú leibhéal lonnaithe. Is iad sin:

- Ollscoil Luimnigh, atá lonnaithe soir ó thuaidh de Lár Cathrach Luimnigh, a d'fhógair campas eile le déanaí a bheidh lonnaithe i lár na cathrach agus a bheartaíonn a campas thuaidh a leathnú tuilleadh, mar chuid de Chrios Forbartha Straitéisí Geilleagraí an Chláir Theas atá beartaithe;
- Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh roimhe sin) (lena n-áirítear Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh), atá lonnaithe siar ó Lár na Cathrach;
- Coláiste Mhuire gan Smál ar an taobh theas den Chathair; agus
- Coláiste Ósta na Sionainne (atá ina chuid d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) i Sionainn.

Tá ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh saoráidí tríú leibhéal in Inis lena mealltar mic léinn ón mórlimistéar, lena n-áirítear an Limistéar Ceannchathartha.

Freastalaíonn na seirbhísí seo a leanas ar an Limistéar Ceannchathartha:

- Seirbhísí iarnróid Idirchathrach;
- Seirbhísí bus/cóiste cathrach, réigiúnacha agus Expressway agus seirbhísí Nasc Áitiúil; agus
- Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne (atá lonnaithe thart ar 20 km siar ó thuaidh de Lár na Cathrach).

## 3.1 PATRÚIN FORBARTHA ATÁ ANN CHEANA

Is comhchruinnithe laistigh de Lár Cathrach Luimnigh agus a bruachbhailte atá an chuid is mó den daonra cónaithe laistigh den Limistéar Ceannchathartha. Tá níos lú ná 25% den daonra cónaithe le fáil i Sionainn agus i mbailte, sráidbhailte agus limistéir thuaithe eile.

Maidir leis an dáileadh daonra laistigh de Chathair Luimnigh, leathnaíonn sé níos faide soir-siar ná ó thuaidh-ó dheas (thart ar 10 km soir-siar ó Chathair Dháibhín go hÁth an Choite agus 8 km ó thuaidh-ó dheas ón gCorrbhaile go dtí an Ráithín). Mar an gcéanna, leathnaíonn an dáileadh daonra i Sionainn níos faide soir-siar (thart ar 4 km) ná ó thuaidh-ó dheas (níos lú ná 1.5 km).

Is braislithe le chéile in áiteanna lasmuigh de Lár na Cathrach atá roinnt mhaith de na príomh-lárionaid fostaíochta, amhail an Ráithín, an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta agus Ollscoil Luimnigh. Chomh maith leis sin, is ann do roinnt páirceanna tionscail éadroim agus asraonta miondíola as baile amhail Ionad Siopadóireachta Bhealach na Páirce.

Is lárionaid shuntasacha fostaíochta iad Aerfort na Sionainne, Limistéar Neamhchustaim na Sionainne agus Lár Baile Shionainne.

## .3.2 AN COMHTHÉACS GLUAISEACHTA ATÁ ANN CHEANA SA LIMISTÉAR CEANNCHATHARTHA

Tugtar faoi 415,000 turas a thosaítear sa Limistéar Ceannchathartha ar an meán gach lá den tseachtain (thar thréimhse 24 huaire an chloig).

Tá an chatagóir 'gach cuspóir eile turais' freagrach as an gcéatadán is airde de thurais le linn bhuaic-amanna na maidine, agus iad freagrach as 37% den iomlán. Is iad turais go háiteanna oideachais (34%) agus comaitéireacht go dtí an obair/amach aisti (26%) na catagóirí is mó ina dhiaidh sin.

Is é is 'gach cuspóir eile turais' ann ná tagairt don tsiopadóireacht, don fhóillíocht, don ghnó agus do chuairt a thabhairt ar chairde nó ar bhaill teaghlaigh. Bíonn an chatagóir sin freagrach as 51% de na turais uile a dtugtar fúthu i rith an lae iomláin.

Is inmheánach do Chathair Luimnigh agus a bruachbhailte agus do Shionainn atá an chuid is mó den éileamh taistil. Is sa dá limistéar sin a bhíonn na pointí tosaithe agus na cinn scríbe le haghaidh 89% agus 68% faoi seach de thurais le linn bhuaic-amanna na maidine. Is é ceann scríbe i gCathair Luimnigh agus a bruachbhailte an ceann scríbe le haghaidh geall le leath na dturas a thosaítear sa Limistéar Ceannchathartha. Is é ceann scríbe i Sionainn an ceann scríbe le haghaidh thart ar 10% díobh. Is é Cathair Luimnigh an ceann scríbe le haghaidh 8% de thurais a thosaítear san Iarthar Láir ina iomláine. Is é Sionainn an ceann scríbe le haghaidh 2% díobh.

Cé go bhfuil siad lonnaithe lasmuigh den Limistéar Staidéir, tá ag bailte amhail Inis, an Port Nua, Béal an Átha, Baile Thiobraid Árann agus an tAonach



Seirbhísí Bus Áitiúla agus Réigiúnacha

gaol feidhmiúil le lárionaid uirbeacha sa Limistéar Ceannchathartha toisc é a bheith ar an bpríomháit a bhrúnn geilleagar Réigiún an Iarthair Láir chun cinn. Ar áireamh sa Straitéis seo tá roinnt tograí a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar an nascacht chuig an mór-réigiún lasmuigh den Limistéar Ceannchathartha, lena n-áirítear bonneagar agus seirbhísí le haghaidh taisteal de bhus, d'iarnród, de rothar agus de bhóthar chun freastal ar na patrúin taistil sin.

### 3.2.1 Sciar Modha an Limistéir Cheannchathartha


Maidir leis na teorainneacha atá ag gabháil leis an soláthar iompair phoiblí agus an soláthar rothaíochta sa Limistéar Ceannchathartha, léirítear iad sa sciar modha íseal do mhodhanna taistil inbhuanaithe. Is mar a leanas atá sciar modha foriomlán an Limistéir Cheannchathartha le haghaidh éileamh 24 huaire an chloig:

- An t-iompar poiblí - 4%;
- An siúl - 23%;
- An rothaíocht - 3%; agus
- An carr - 70%.

## 3.3 AN SOLÁTHAR IOMPAIR REATHA

### 3.3.1 Seirbhísí Áitiúla agus Réigiúnacha Bus

Le gréasán an Limistéir Cheannchathartha, a n-oibríonn Bus Éireann an chuid is mó de, clúdaítear an Chathair go measartha. Is bealaí gathacha traschathrach iad formhór na seirbhísí sin. Críochnaíonn trí cinn díobh i Lár na Cathrach. Oibríonn Dublin Coach dhá sheirbhís bus cathrach sa bhreis.




Líonra iarnróid

Tá éagsúlacht ar fud an ghréasáin le feiceáil sa mhinicíocht seirbhísí i gCathair Luimnigh agus a bruachbhailte agus níl ach dhá bhealach 'ardmhinicíochta' ann (gach 15 nóiméad go 20 nóiméad, tríd is tríd). Is iad Bealach 302 ó Chathair Dháibhín go Lár na Cathrach agus Bealach 304 ó Bhaile Choimín go hOllscoil Luimnigh an dá bhealach sin. Tá comhchruinniú níos airde i ndeisceart na Cathrach ag na seirbhísí ísealmhinicíochta bus, rud atá ag teacht leis an dáileadh daonra.

Tá ag Lár Cathrach Luimnigh córas fairsing tráchta aontreo a bhfuil tionchar diúltach aige ar oibríochtaí iompair phoiblí toisc gur scartha ar an mbealach isteach agus ar an mbealach amach atá bealaí bus.

Is féidir leis sin mearbhall a chur ar dhaoine nach dtaistealaíonn ar an mbus ach go neamh-mhinic agus ar chuairteoirí ar an gCathair nach bhfuil cleachta leis an ngréasán bus. Chomh maith leis sin, is scartha de bharr leithid theoranta bhóthair atá bealaí áirithe bus.

De bhreis ar na seirbhísí cathrach, is ann do roinnt seirbhísí réigiúnacha de chuid Bhus Éireann lena soláthraítear naisc ó lonnaíochtaí éagsúla laistigh de Chontae Luimnigh ina iomláine chuig an Limistéar Ceannchathartha, mar aon le naisc ó na contaetha seo: an Clár, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, Corcaigh, Ciarraí, Gaillimh, Port Láirge agus Baile Átha Cliath. Baineann ritábhacht don chonair comaitéirí leis na seirbhísí bus idir Inis, Sionainn agus Luimneach.

Oibrítear na seirbhísí réigiúnacha bus sin ó Stáisiún Cholbaird.

Soláthraíonn CityLink, Dublin Coach, Kelly Travel agus Kenneally's Bus Service, ar oibritheoirí príobháideacha iad, seirbhísí réigiúnacha bus sa bhreis go Gaillimh, go Corcaigh agus go Baile Átha Cliath. Oibrítear na seirbhísí réigiúnacha sin ó Ché Artúir agus ó institiúidí tríú leibhéal.

I Sionainn, ní fhreastalaíonn ach seirbhís ísealmhinicíochta bus amháin ar lár an bhaile, agus soláthraítear leis naisc go Stáisiún Cholbaird i Luimneach, go Stáisiún Bus na hInse, go Bun Raite agus go hAerfort na Sionainne agus naisc neamh-mhinice go Droichead Abhann Ó gCearnaigh. Leis na bealaí bus a oibrítear i Sionainn agus a Purláin, soláthraítear naisc go hAerfort na Sionainne agus go hEastát Tionscail na Sionainne.

Soláthraíonn an tÚdarás seirbhísí iompair tuaithe ar fud an Limistéir Cheannchathartha mar chuid de sheirbhís Naisc Áitiúil Luimnigh-an Chláir.

### 3.3.2 An Gréasán Iarnróid

Tá ag Cathair Luimnigh roinnt seirbhísí Idirchathrach lena soláthraítear naisc dhíreacha iarnróid ó stáisiún traenach Cholbaird i Luimneach go hInis agus Gaillimh agus lena soláthraítear naisc trí Ghabhal Luimnigh go Baile Átha Cliath, go Corcaigh, go Cluain Meala, go Trá Lí agus go Port Láirge.

Is ó Bhaile Átha Cliath atá an líon is airde nasc ag Luimneach. Soláthraítear a bhformhór trí chómhalartú ag Gabhal Luimnigh ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh.

Maidir le Caisleán Uí Chonaill, atá lonnaithe ar an taobh thoir den Limistéar Ceannchathartha, bíonn aige trí sheirbhís dhíreacha in aghaidh an lae go Stáisiún Cholbaird i Luimneach ar an líne idir Baile Uí Bhróithe agus Luimneach. Ar na cinn scríbe eile ar an líne sin tá an tAonach, Cloch Shiurdáin agus Cnocán an Éin Fhinn i gContae Thiobraid Árann.

Uasghrádaíodh an plás timpeall Stáisiún Cholbaird le déanaí, rud a chuir feabhas ar thimpeallacht an stáisiúin. Níl bealach soiléir follasach nasctha go Lár na Cathrach do choisithe ag an stáisiún, áfach.

Níl aon líne iarnróid lena bhfreastalaítear ar Shionainn ann. Tá an stáisiún is gaire lonnaithe i nDroichead Abhann Ó gCearnaigh, atá thart ar 6 km soir ó lár baile Shionainne. Le bealach bus 343 a n-oibríonn Bus Éireann é, soláthraítear nasc neamh-mhinic idir Lár Baile Shionainne agus stáisiún Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh. Tugtar faoi deara go n-áirítear le Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus a Phurlán cuspóir chun Sionainn a nascadh go stáisiún Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh trí bhus tointeála díreach sa ghearrthéarma.

Níl líne lasta iarnróid idir Luimneach agus Port Fhainge i mbun oibre ó bhí an bhliain 2001 ann.

### 3.3.3 An Gréasán Rothaíochta

Cuimsítear sa ghréasán atá ann cheana a lán bac ar an rothaíocht. Áirítear leo baic fhíora, baic bhraite, baic nádúrtha agus baic thógtha. Is iad na sruthchúrsaí na baic nádúrtha phríomhúla ar an rothaíocht. Áirítear leo sin an tSionainn, Abhainn na Mainistreach, an Mhaoilchearn, Abhainn Bhaile na Cloiche agus Canáil na Páirce. De na sruthchúrsaí sin, is í an tSionainn an príomhbhac nádúrtha ar an ngluaiseacht. I láthair na huaire, tá trí dhroichead feithiclí ann a thrasnaíonn an tSionainn ón iarthar, mar atá limistéar Chathair Dháibhín. Níl saoráidí tiomnaithe rothaíochta ag ceann ar bith de na droichid sin faoi láthair. Níl ach beagán féidearthachta ann leis na droichid sin a iarfheistiú de bharr a leithid.

Is ann sa Limistéar Ceannchathartha freisin do roinnt bac bonneagair thógtha ar an ngluaiseacht rothar. Áirítear leo sin trí líne iarnróid, mótarbhealach/débhealach ar a gcuirtear cosc ar an rothaíocht, bealaí aontreo agus timpeallacha, acomhail nach bhfuil aon soláthar acu, nó nach bhfuil ach beagán soláthair acu, do rothaithe, e.g., timpealláin mhór-thrastomhais agus il-lána, ardmhéideanna tráchta agus ardluasanna tráchta.

Ceann de na feabhsuithe is déanaí ba ea an Scéim Comhroinnte Rothar poiblí a tugadh isteach sa bhliain 2014 agus atá comhdhéanta faoi láthair de 23 stáisiún agus 215 rothar ar fud Lár na Cathrach. Is ann do lear Ardlínte Stop ar fud Lár na Cathrach. Marcáiltear iad os comhair na líne stop don trácht ginearálta chun roinnt tosaíochta a thabhairt do rothaithe ag acomhail.

Is leagtha amach i bPlean Limistéir Áitiúil na bPurlán Theas 2011-2021 togra straitéise rothaíochta chun an gréasán a leathnú. Cuirtear béim ar bhealaí go háiteanna oideachais, áineasa agus siopadóireachta. Ar na spriocláithreacha atá le nascadh ag an togra tá an Ráithín, Tuar an Daill, Ionad Siopadóireachta an Chorráin agus Cathair Luimnigh. Maidir le Mungairit-an Loch Mór, atá sainithe mar phríomhlimistéar forbartha sa Phlean Limistéir Áitiúil, tá lána rothar páirt-tógtha aige feadh Bhóthar Réigiúnach an R859 ó Chrois Uí Choinn go Sráidbhaile Mhungairit.

Maidir le gréasán rothaíochta Shionainne, tá sé an-teoranta agus tá bonneagar comhsheasmhach rothaíochta in easnamh air. Níl ach beagán áiteanna páirceála rothar agus beagán lánaí rothar ann, a bhfuil an príomhcheann díobh lonnaithe feadh an R471 idir Lár Baile Shionainne agus Crois Bhaile Ó gCathasaigh. Is ann do lánaí rothar ar an mbóthar ar chodanna den R458 go hInis freisin. I bPlean Bonneagair Ghlais Bhaile Shionainne a foilsíodh sa bhliain 2013, tá tograí maidir le bonneagar rothaíochta an bhaile a fhorbairt.

Is trí chodanna den Limistéar Ceannchathartha ag Droichead Abhann Ó gCearnaigh, ag Míleac agus isteach i gCathair Luimnigh ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear Bóthar Condell, atá Bealach Rothaíochta Eorpach 1.

### 3.3.4 An Gréasán Siúil

Tá éagsúlacht mhór ann ar fud an Limistéir Cheannchathartha sna leibhéil siúil agus i gcáilíocht na timpeallachta coisithe. Tá sé sin ag teacht le dlúis dhifriúla úsáide talún, le tosaíochtaí athraitheacha gluaiseachta agus áite agus le scoilteadh pobail arb iad baic fhisiciúla amhail uiscebhealaí agus bealaí feithiclí tromthráchta is cúis leo.

Tá feabhas tagtha ar cháilíocht na timpeallachta coisithe i Lár na Cathrach le blianta beaga anuas mar thoradh ar straitéis um ríocht phoiblí a chur chun feidhme go páirteach agus ar roinnt sráideanna a áirithiú do choisithe.

Maidir leis an ngréasán siúil i Sionainn agus a purláin, tá sé múnlaithe ag patrún forbartha limistéar cónaithe agus limistéar tionsclaíoch araon, rud atá coitianta i láithreacha fo-uirbeacha. Is gnách gurb é an toradh atá ar an bpatrún sin ná go laghdaítear




an tréscaoilteacht agus go gcuirtear ar choisithe turas de shiúl na gcos atá níos faide ná is gá a thógáil chun a gceann scríbe a shroicheadh, cé go bhfuil feabhas tagtha ar an tréscaoilteacht timpeall scoileanna le blianta beaga anuas. Tá leithid leordhóthanacha ag cosáin coisithe atá ann cheana agus is cosaintí iad ar mhótarfheithiclí, go háirithe gar d'Ionad Siopadóireachta Chúirt na Spéire agus laistigh de limistéir chónaithe. Ina lán cásanna, tá príomhbhóithre, páirceáil ar an tsráid agus páirceáil eas-sráide agus ciumhaiseanna féir ina mbac ar an mórghréasán siúil nó ina dteorainn leis. I roinnt cásanna, níl cosáin coisithe ar fáil ach amháin ar thaobh amháin den tsráid. Tá éadanas gníomhach in easnamh freisin, áit a bhfuil a lán foirgneamh ar shiúl ón gcosán. Fágann sé sin in amanna go bhfuil cuma neamhshábháilte ar limistéar agus go bhfuil sé níos neamhtharraingtí.

Fadhb athfhillteach ar fud an Limistéir Cheannchathartha is ea carranna a pháirceáiltear go neamhdhleathach ar na cosáin agus ag colbhaí íslithe, rud a laghdaíonn amharclínte agus a chuireann ar choisithe, lena n-áirítear iad sin a bhfuil laguithe soghluaisteachta orthu, siúl ar an gcarrbhealach. Ar na baic eile ar an siúl agus ar an rochtain ar an iompar poiblí do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil naíchóistí acu tá agaí neamhdhóthanacha trasnaithe ag acomhail shoilsithe, tranglam sráide, easpa suíochán poiblí agus easpa leithreas.

Agus aitheantas á thabhairt dá thábhachtaí atá an ghluaiseacht coisithe maidir le riachtanais iompair an Limistéir Cheannchathartha a chomhlíonadh, is príomhchuspóir de chuid na Straitéise seo a bheidh i bhfeabhas a chur ar cháilíocht an ghréasáin siúil agus na timpeallachta coisithe chun tacú le leibhéil níos sábháilte agus níos airde siúil agus leis an inrochtaineacht ar sheirbhísí agus ar chineálacha eile iompair.

### 3.3.5 An Gréasán Bóithre Straitéiseacha

Freastalaítear ar an Limistéar Ceannchathartha le gréasán dea-fhorbartha bóithre atá ann cheana. Éascaítear an ghluaiseacht earraí agus seirbhísí go dtí an Limistéar Ceannchathartha agus amach as leis an ngréasán bóithre straitéiseacha atá comhdhéanta díobh seo a leanas:

- An M7 idir Luimneach agus Baile Átha Cliath (an croíghréasán tras-Eorpach iompair);
- An M20 idir Luimneach agus Tobar Phádraig (an gréasán cuimsitheach tras-Eorpach iompair);
- An N20 idir Tobar Phádraig agus Corcaigh (an gréasán cuimsitheach tras-Eorpach iompair);
- An M18/N18 idir Luimneach agus Gaillimh (an gréasán cuimsitheach tras-Eorpach iompair);
- An N69 idir Luimneach agus Faing (an croíghréasán tras-Eorpach iompair);
- An N21 idir Luimneach agus Trá Lí (an gréasán cuimsitheach tras-Eorpach iompair);
- An N24 idir Luimneach agus Port Láirge;
- An N19 idir Aerfort na Sionainne agus an M18; agus
- An N18 idir Sionainn agus Cathair Luimnigh (an gréasán cuimsitheach tras-Eorpach iompair).

Is bóthar dola é an N18 idir Acomhal 2 agus Acomhal 4 ar imeall Chathair Luimnigh. Tugtar le fios in anailís a rinne Bonneagar Iompair Éireann sa bhliain 2015 ar an bhfás sa trácht íoctha dola gurb é an toradh atá ar leibhéil níos airde phlódaithe i gCathair Luimnigh ná go mbíonn trácht feithiclí earraí troma ag aistriú go Tollán Luimnigh ar an N18. Tugtar le fios i staidéir eile, áfach, go mbíonn trácht feithiclí earraí troma ag dul ar mhalairt slí go Lár na Cathrach chun an dola a sheachaint.

Léirítear sa trácht feithiclí earraí troma i Luimneach go bhfuil naisc láidre ann idir na limistéir den M7 ó thuaidh agus ó dheas, an chuid den N18 idir an M7 agus an N69, agus bóithre áitiúla idir Lár na Cathrach, Tuar an Daill, Caladh an Treoigh agus Garraí Eoin. Tarlaíonn an chuid is mó de ghníomhaíocht feithiclí earraí troma le linn na tréimhse idir buaic-amanna.

Chun geilleagar an Limistéir Cheannchathartha a fhás, tá sé ríthábhachtach go gcothófaí acmhainn na mbóithre straitéiseacha trí leibhéil chuí seirbhíse a sholáthar.

Cé go bhfuil acmhainn shuntasach ann i gcodanna den ghréasán bóithre straitéiseacha, bíonn ardmhéideanna tráchta ann i limistéir áirithe freisin, rud is cúis le plódú i láithreacha caolas bóthair, lena n-áirítear Timpeallán an Phoirt Nua (Mackey), Béal Átha Síomoin, Bóthar an Duga agus Sionainn.

Níl conair ghathach straitéiseach ag an Limistéar Ceannchathartha ar an taobh thuaidh den Chathair. Fágann sé sin go minic go dtéann an trácht straitéiseach agus feithiclí earraí troma trí Lár na Cathrach, lena n-áirítear ar an N18 (Droichead na Sionainne) agus ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Gné thábhachtach de chóras iompair an Limistéir Cheannchathartha sa todhchaí a bheidh sa ghréasán bóithre a bhreisiú agus a bhainistiú ó thaobh gluaiseacht tráchta straitéisigh de.

### 3.3.6 An Gréasán Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Leis an ngréasán bóithre áitiúla, soláthraítear rochtain ar sheirbhísí áitiúla agus ceanglaítear pobail le chéile. Tá forbairt tagtha le roinnt blianta anuas ar an ngréasán reatha bóithre áitiúla ach tá an gréasán neamhoiriúnach fós don ghluaiseacht éifeachtúil daoine agus earraí.

Bíonn plódú ann le linn buaic-amanna laistigh de Lár na Cathrach agus ar bhealaí gathacha. Mura dtugtar aghaidh ar an spleáchas reatha laistigh den Limistéar Ceannchathartha ar an gcarr príobháideach, is cinnte go dtiocfaidh méadú ar phlódú tráchta agus ar mhoilleanna tráchta ar aon dul le fás sa todhchaí. Beidh sé mar chuspóir leis an straitéis seo an plódú a bhainistiú chun córas iompair a bheidh éifeachtach, inbhuanaithe agus éifeachtúil a bhaint amach.

## 3.4 FEABHSUITHE LE DÉANAÍ

Rinneadh roinnt feabhsuithe le déanaí ar an soláthar iompair laistigh den Limistéar Ceannchathartha. Áirítear leo sin:

- Tollán Luimnigh a thógáil ar an N18;
- Feabhsuithe a dhéanamh ar an mbonneagar iompair agus na bealaí bus i Luimneach, amhail Bóthar Bhéal Átha na Cora;
- Plás Stáisiún Cholbaird a athfhorbairt;
- Bealach siúil agus rothaíochta Thaisteal Níos Cliste Luimnigh a fhorbairt ó Ollscoil Luimnigh go Lár na Cathrach;
- Feabhsuithe a dhéanamh ar an ngréasán rothaíochta ó Mhungairit go dtí an Ráithín;
- Glasbhealach Comharsanachta na Réabóige a fhorbairt;
- Scéim Comhroinnte Rothar Poiblí Luimnigh a chur chun feidhme;
- Scéim um Rochtain an N19 ar an Aerfort; agus
- Siúlán Cois Abhann i Sionainn.



# 04 ATHBHREITHNIÚ BEARTAIS

**Beidh an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne ina cuid dhílis de Chathair Luimnigh agus mór-Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne a athghiniúint agus a bhunathrú chun feabhais.**

An Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt.

**Is gá do Luimneach an dúshlán um éirí ina cathair eiseamláireach in Éirinn a shárú trí fhíorathrú iompraíochta a bhaint amach sna dóigheanna a mbreathnaítear ar iompar inbhuanaithe agus a n-úsáidtear é.**

An Staidéar ar Ghluaiseacht Cheantar Ceannchathartha Luimnigh, 2015.

## 4.1 RÉAMHRÁ

Agus an Straitéis seo á hullmhú, chuir an tÚdarás san áireamh raon leathan beartas, treoirlínte, pleananna agus clár de chuid lear comhlachtaí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Áiríodh leo sin Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, an Plean Gnímh don Aeráid 2021 agus an reachtaíocht a ritheadh le déanaí maidir le gníomhú ar son na haeráide.



Tá díriú ann sa chaibidil seo ar phríomh-ionchur isteach sa Straitéis Iompair, mar atá an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, rud ina leagtar spriocanna amach ar bhonn reachtúil le haghaidh astaíochtaí a laghdú.

Tá mionsonraí ann freisin faoin dá phríomhdhoiciméad beartais reachtúla a úsáideadh ar an mbealach is dírí ó thaobh beartais agus pleanála comhtháite de chun an Straitéis a ullmhú:

- Tionscadal Éireann 2040; agus
- An Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach ó Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre.

De réir na reachtaíochta, ní mór an Straitéis seo a bheith comhsheasmhach leis na pleananna sin, agus ní mór dlúthghaol atriallach a choinneáil ar bun eatarthu.

Is liostaithe ag deireadh an rannáin seo atá doiciméid eile bheartais.

### 4.2 An Reachtaíocht um Ghníomhú ar son na hAeráide

I mí Iúil 2021, rinneadh an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, a shíniú ina dhlí.

Socraítear an cuspóir náisiúnta aeráide seo a leanas leis an Acht sin:

"Déanfaidh an Stát an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de a shaothrú agus a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050 chun fairsinge aon téimh dhomhanda bhreise a laghdú."

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, leagtar roinnt gníomhartha amach san Acht. Áirítear leo sin:

- Athrú chun dáta bliantúil a ullmhú don Phlean Gnímh don Aeráid 2019;
- Straitéis fhadtéarmach náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide a ullmhú tráth nach minice ná uair amháin gach cúig bliana (rud ar a dtugtar 'straitéis fhadtéarmach náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide');
- Buiséid charbóin, atá ailínithe le baint amach an chuspóra náisiúnta aeráide, a bhunú le haghaidh tréimhsí comhlántacha cúig bliana;
- Ullmhú a dhéanamh ar "uasteorainneacha astaíochtaí earnála" lena mbunaítear an méid uasta astaíochtaí gás ceaptha teasa a cheadaítear in earnálacha difriúla den gheilleagar le linn thréimhse cúig bliana aon bhuiséid carbóin;
- Ullmhú a dhéanamh ar "pleananna údaráis áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide" lena gcumhdaítear tréimhsí cúig bliana agus nach mór a shonrú iontu na bearta maolaithe agus na bearta oiriúnaithe atá le glacadh ag an údarás áitiúil lena mbaineann i dtaca le hábhair aeráide; agus

- Oibleagáid a fhágann nach mór do chomhlachtaí poiblí Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur san áireamh le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.

Foráiltear leis an Acht gur cheart an chéad dá bhuiséad carbóin cúig bliana a bheith freagrach as laghdú 51% san iomlán thar an tréimhse go dtí an bhliain 2030, i gcoibhneas le figiúirí bonnlíne na bliana 2018. Cé nár imdhealaíodh an sprioc fhoriomlán sin ina spriocanna earnála go fóill, tuigtear go mbeidh ar an earnáil iompair an laghdú 51% sin a bhaint amach ina iomláine.

Is sprioc ríshuntasach rídhúshlánach í sin, agus bainfear úsáid aisti mar bhonn chun soláthar agus úsáid an iompair phoiblí in Éirinn a threorú agus a stiúradh sna deich mbliana romhainn. Chun an sprioc sin a bhaint amach, beidh sé riachtanach mór-bhunathrú chun feabhais a bhaint amach i bpatrúin iompair, rud a bheidh dírithe ar thaisteal de mhodhanna inbhuanaithe a mhéadú agus ar thaisteal d'fheithiclí faoi chumhacht peitril/díosail a laghdú.

## 4.3 AN PLEAN GNÍMH DON AERÁID 2021

Leagtar amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021 (Rialtas na hÉireann (2021b)) ar an Leibhéal Náisiúnta conas atá Éire ag iarraidh a hastaíochtaí a laghdú faoina leath faoin mbliain 2030 (laghdú 51%) agus aeráidneodracht a bhaint amach tráth nach déanaí ná an bhliain 2050. Is é atá sa Phlean Gnímh don Aeráid ná treochlár le haghaidh uaillmhian aeráide na hÉireann a bhaint amach, agus sainaithníodh 475 ghníomh ann lena gcumhdaitear gach earnáil den gheilleagar agus a bhfuil mar aidhm leo Éire a bhunathrú ina náisiún ísealcharbóin sa tríocha bliain romhainn.

Maidir leis an aistriú modha, leagtar an méid seo a leanas amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021:

'Is dírithe ar dhlús a chur le leictriú an iompair de bhóthar, leis an úsáid a bhaintear as bithbhreoslaí, agus le haistriú modha chuig modhanna iompair a úsáideann níos lú fuinnimh (e.g., iompar poiblí agus iompar gníomhach) atá an chonair bheartaithe san iompar'.

Meastar gur cuid ríthábhachtach den bheartas aeráide é modhanna taistil níos inbhuanaithe a chur chun cinn. Gabhann deis leis chun 'feabhas a chur ar ár gcuid sláinte, cáilíocht ár mbeatha a bhreisiú, freastal ar riachtanais ár lárionad uirbeach a bhíonn ag fás, agus ár bpobail tuaithe, uirbeacha agus fho-uirbeacha a nascadh'.

Áirítear na nithe seo leis na príomhspriocanna atá socraithe chun an laghdú in astaíochtaí a bhaint amach:

- Soláthar a dhéanamh do 500,000 turas iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh sa bhreis in aghaidh an lae;
- Na tacaí riachtanacha bonneagair, rialála, rannpháirtíochta, pleanála, nuálaíochta agus airgeadais a fhorbairt le haghaidh éifeachtúlachtaí feabhsaithe ó thaobh córas, taistil, feithiclí agus éilimh de; agus
- An líon ciliméadar a thaistealaítear d'Innill Dócháin Inmheánaigh a laghdú faoi thart ar 10% i gcomparáid le leibhéil an lae inniu.

Áirítear na nithe seo leis na bearta atá i gceist leis an líon ciliméadar a thaistealaítear d'Innill Dócháin Inmheánaigh a laghdú:

- Spás bóthair a ath-leithdháileadh amach ón gcarr príobháideach chun tosaíocht a thabhairt don siúl, don rothaíocht agus don iompar poiblí;
- An tréscaoilteacht a bhreisiú le haghaidh taisteal gníomhach; agus
- Bealaí níos sábháilte siúil agus rothaíochta a sholáthar chun daoine a spreagadh chun glacadh níos mó leis an taisteal gníomhach


Tacaíonn an Straitéis seo le roinnt Beart atá sonrach don iompar agus a sainaithníodh sa Phlean Gnímh don Aeráid ar mhaithe lena spriocanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear na mórthionscadail seo a leanas:

- BusConnects
- Éire a Nascadh
- Seirbhísí iarnróid agus bonneagar iarnróid a leathnú i mór-lárionaid uirbeacha agus timpeall orthu
- Méadú suntasach inár n-infheistíochtaí sa siúl agus sa rothaíocht

## 4.4 TIONSCADAL ÉIREANN 2040

### 4.4.1 An Creat Náisiúnta Pleanála 2040

Is é atá sa Chreat Náisiúnta Pleanála ná creat forbartha straitéisí ina leagtar amach an comhthéacs fadtéarmach le haghaidh fhorbairt fhisiciúil na hÉireann agus le haghaidh dhul chun cinn gaolmhar na tíre ón taobh geilleagrach agus sóisialta de agus ó thaobh an chomhshaoil de go dtí an bhliain 2040. Tá siad sin leagtha amach faoi roinnt Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta agus roinnt Tosaíochtaí Straitéiseacha Náisiúnta.




Meastar go méadóidh daonra Luimnigh faoi 55,000 duine ar a laghad faoin mbliain 2040, rud a fhágfaidh go mbeidh an daonra cothrom le 145,000 duine ar a laghad.

Sa Chreat Náisiúnta Pleanála, leagtar beartas amach maidir le lonnaíochtaí agus láithreán athfhorbraíochta agus inlíonta atá ann cheana a athnuachan agus a fhorbairt, in ionad leanúint le leathnú agus sraoilleáil leanúnach cathracha agus bailte isteach sa tuath, ar chostas lár bailte agus sráidbhailte beaga. Socraítear sprioc leis go mbeadh 40% ar a laghad d'fhorbairtí tithíochta sa todhchaí laistigh de 'lorg' na limistéar faoi fhoirgnimh atá ann cheana nó gar dó.

D'fhorbair an tÚdarás cás úsáide talún an Limistéir Cheannchathartha don bhliain 2040, ag obair dó i gcomhar leis an dá Údarás Áitiúla.

### Fás Náisiúnta

Meastar sa Chreat Náisiúnta Pleanála go méadóidh daonra na hÉireann faoi thart ar aon mhilliún duine faoin mbliain 2040, rud a fhágfaidh go mbeidh 600,000 post sa bhreis agus 500,000 teach sa bhreis ar a laghad ag teastáil.

Aithnítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála an ról atá le himirt ag Luimneach agus ag na cathracha réigiúnacha eile, mar atá Corcaigh, Gaillimh agus Port Láirge, i ngníomhú mar rogha mhalartach ar Bhaile Átha Cliath; agus sannadh leis réamhaisnéis fás daonra íosta idir 50% agus 60% do gach ceann de na cathracha réigiúnacha sin.

### Cuspóirí Beartais Náisiúnta an Chreata Náisiúnta Pleanála

Is struchtúrtha faoi Chuspóirí Beartais Náisiúnta atá na beartais éagsúla laistigh den Chreat Náisiúnta Pleanála. Forbraíodh Cuspóirí Beartais Náisiúnta tar éis dul i mbun anailíse fairsinge agus comhairliúcháin fhairsing agus socraítear leo bealach nua ar aghaidh le haghaidh beartas pleanála réigiúnaí agus áitiúla agus forbartha inbhuanaithe in Éirinn. Baineadh úsáid as na Cuspóirí Beartais Náisiúnta mar bhonn le haghaidh spriocanna fáis úsáide talún agus dáileadh fáis a fhorbairt don Straitéis seo, mar aon leis na croístraitéisí laistigh de Phleananna Forbartha Cathrach agus Contae Luimnigh, de Phlean Forbartha Contae an Chláir agus de Phleananna Limistéir Áitiúil ábhartha.

Áirítear iad seo a leanas leis na príomh-Chuspóirí Beartais Náisiúnta atá ábhartha d'fhorbairt na Straitéise seo:

- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 1b:** Fás idir 340,000 duine agus 380,000 duine faoi dhaonra Réigiún an Deiscirt faoin mbliain 2040 (spriocdhaonra atá cothrom le dhá mhilliún duine, beagnach);
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 1c:** 225,000 duine sa bhreis a bheith ag obair i Réigiún an Deiscirt (880,000 duine san iomlán);
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 2a:** Díreofar leath (50%) an fháis daonra agus fostaíochta amach anseo ar na cúig chathair reatha agus a gcuid bruachbhailte;
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 3a:** Socraítear sprioc sa Chreat Náisiúnta Pleanála go ndéanfaí 40% ar a laghad de na tithe nua ar fad sa tír atá le soláthar laistigh de na limistéir faoi fhoirgnimh de chuid cathracha, bailte agus sráidbhailte a sholáthar ar láithreáin inlíonta agus/nó ar láithreáin athfhorbraíochta;
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 3b:** Leath (50%) na dtithe nua ar fad ar a laghad atá dírithe ar na cúig chathair, mar atá Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge, agus ar a gcuid bruachbhailte, a sholáthar laistigh dá lorg láithreach faoi fhoirgnimh;
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 9:** Féadfar lonnaíochtaí lasmuigh de 'Cathair agus a Bruachbhailte' a shainaithint le haghaidh rátaí móra (i.e, 30% nó níos mó) d'fhás daonra ag an gcéim pleanála réigiúnaí agus ag an gcéim pleanála áitiúla. Tagraítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála don fhíric go bhféadfadh na lonnaíochtaí sin bheith lonnaithe laistigh de cheantar comaitéirí na Cathrach nó i limistéir a bhféadfadh ardsciartha modhanna inbhuanaithe a bheith acu.

Bheadh sé sin ag teacht le lonnaíochtaí feadh na líne iarnróid láithrí agus feadh na gconairí iompair ardacmhainne a bheidh ann sa todhchaí sa Limistéar Ceannchathartha;

- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 27:** A chinntiú go gcomhtháthófar roghanna sábháilte áisiúla eile ar an gcarr isteach i ndearadh ár bpobal trí thosaíocht a thabhairt d'inrochtaineacht siúil agus rothaíochta ar fhorbairtí atá ann cheana agus ar fhorbairtí beartaithe araon agus trí shaoráidí gníomhaíochta fisiciúla a chomhtháthú do dhaoine ar gach aois;
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 68:** Le Pleananna Straitéiseacha Limistéir Cheannchathartha, d'fhéadfaí freastal sa mhór-Limistéar Ceannchathartha ar suas le 20% den spriocfhás céimnithe daonra sa phríomhlimistéar Cathrach agus Fo-uirbeach, is é sin, lasmuigh den chathair agus dá bruachbhailte, chomh maith leis an bhfás a sainaithníodh don Limistéar Ceannchathartha. Sonraítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála gur cheart é sin a bheith faoi réir aon fhás athlonnaithe a bheith i riocht dlúthfhorbartha, amhail inlíonadh nó méadú uirbeach inbhuanaithe, agus/nó a bheith á sheirbhísiú ag iompar poiblí ardacmhainne agus/nó a bheith bainteach le soláthar suntasach fostaíochta; agus
- **Cuspóir Beartais Náisiúnta 69:** Leathnófar chuig cathracha réigiúnacha eile na socruithe reachtúla idir pleanáil spáis agus pleanáil iompair atá i bhfeidhm i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Áirítear na nithe seo leis na príomhchumasóirí fáis i réimse an iompair:

- An Plean Luimneach 2030 a chur chun feidhme chun Lár Cathrach agus Dugaí Luimnigh a athbheochan agus a athfhorbairt;
- Dul chun cinn a dhéanamh ar an bhforbairt inbhuanaithe limistéar úrnua nua don tithíocht ar chonairí iompair phoiblí tacaíochta;
- Gréasán iompair phoiblí ar fud na Cathrach a sholáthar, áit a mbeidh inrochtaineacht bhreisithe le fáil ó Lár na Cathrach ar an bPáirc Náisiúnta Teicneolaíochta, ar Ollscoil Luimnigh agus ar Aerfort na Sionainne;
- Forbairt a dhéanamh ar ghréasán straitéiseach rotharbhealaí a bhfuil bealaí suaitheanta ardacmhainne ag gabháil leis;
- Feabhas a chur ar an nascacht de bhóthar go Port na Sionainne agus Fhainge, lena n-áirítear seachbhóithre áitiúla; agus
- Feabhas a chur ar an nascacht réigiúnach trí na meán-agaí turais de bhóthar ón Limistéar Ceannchathartha go Corcaigh agus go Port Láirge a laghdú.

### 4.4.2 An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030

Leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta na tosaíochtaí infheistíochta a bheidh mar bhonn agus thaca ag cur chun feidhme rathúil an Chreata Náisiúnta Pleanála go dtí an bhliain 2030, tráth a dhéanfar é a athbhreithniú agus a athrú chun dáta. Rinneadh Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta a sainíodh sa Chreat Náisiúnta Pleanála a chur ar áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta, agus cuireadh tuilleadh mionsonraí infheistíochta leo. Is achoimrithe mar a leanas atá na tionscadail atá ábhartha don Straitéis:

**Toradh Straitéiseach Náisiúnta 1 – Dlúthfhás**

- Cur chun feidhme a dhéanamh ar Chreat Athghiniúna Luimneach 2030 chun tacaíocht a fháil ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach ar mhaithe le 400 teach nua a sholáthar agus 900 teach a uasghrádú sna limistéir seo: Maigh Rois, Southill, Béal Átha na Cora (Weston) agus Páirc Mhuire.

**Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2 – Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe**


- Gréasán bóithre Chonair Gheilleagrach an Atlantaigh a bhunú chun Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Sligeach a nascadh;
- An M20 ó Chorcaigh go Luimneach;
- An N21/N69 idir Luimneach, Áth Dara agus Faing;
- An N24/M24 idir Luimneach agus Port Láirge; agus
- Scrúdú ar iarnród ardluais idir Baile Átha Cliath agus Acomhal Luimnigh/Corcaigh chun feabhas a chur ar an nascacht idir cathracha réigiúnacha.

**Toradh Straitéiseach Náisiúnta 3 – Geilleagair agus Pobail Tuaithe Neartaithe**

- Straitéis Glasbhealaí;
- Taisteal Gníomhach i mbailte agus sráidbhailte; agus
- An clár iompair phoiblí "Éire a Nascadh".

**Toradh Straitéiseach Náisiúnta 4 – Soghluaisteacht Inbhuanaithe**

- Gealltanas go gcuirfí BusConnects chun feidhme i ngach ceann de chathracha na hÉireann;
- An flít busanna uirbeacha a aistriú ina fheithiclí astaíochtaí ísle, lena n-áirítear busanna leictreacha;
- Cur i gcrích a dhéanamh ar thógáil an Ionaid Náisiúnta um Rialú Traenach;
- Gréasán cuimsitheach rothaíochta agus siúil a sholáthar i limistéir cheannchathartha;
- Saoráidí Páirceála agus Taistil a sholáthar i gcomhar le BusConnects; agus


LIMERICK PROPOSED PUBLIC TRANSPORT NETWORK
PROJECT IRELAND 2040
SIXMILEBRIDGE
SHANNON
SHANNON BUSINESS PARK
SHANNON AIRPORT
BUNRATTY
CRATLOE
CLONLARA
ARDNACRUSHA
PARTEEN
LISNAGRY
MOYROSS
KNOCK HILL
CORBALLY
UNIVERSITY OF LIMERICK
CASTLETROY
ANNACOTTY
Central Limerick
PARKWAY
COLBERT STATION
BALLYSIMON
MUNGRET
DOORADOYLE
KILTERAGH
RAHEEN
Bus Routes
Existing Rail Network
Future Rail Lines
Future Railway Station
ALL ROUTES ARE INDICATIVE

- Bonneagar luchtaithe breise a sholáthar le haghaidh fás spriocdhírithe i bhfeithiclí leictreacha.

**Toradh Straitéiseach Náisiúnta 6 - Nascacht Idirnáisiúnta ar Ardchaighdeán**

- An rochtain ar Phort na Sionainne agus Fhainge a neartú; agus
- An N21/N69 go Luimneach a uasghrádú.

**Toradh Straitéiseach Náisiúnta 8 – Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Athléimneach ó thaobh na hAeráide de**

- Bearta taistil inbhuanaithe, lena n-áirítear gréasán cuimsitheach siúil agus rothaíochta a sholáthar do chathracha na hÉireann;
- An flít busanna a aistriú ina fheithiclí astaíochtaí ísle, lena n-áirítear busanna leictreacha, ar ina leith a tugadh gealltanas nach gceannófaí aon bhusanna a úsáideann díosal amháin ó mhí Iúil 2019 ar aghaidh;
- Clár BusConnects; agus
- Pointí Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha a leathnú.

## 4.5 AN CREAT NÁISIÚNTA INFHEISTÍOCHTA UM IOMPAR IN ÉIRINN

Leis an gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn a foilsíodh sa bhliain 2021, aistríodh Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta an Chreata Náisiúnta Pleanála ina gcomhthéacs infheistíochta atá sonrach don iompar. Treorófar infheistíocht iompair sna blianta atá romhainn leis an gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn chun an Creat Náisiúnta Pleanála a chumasú, chun tacú leis an bPlean Gnímh don Aeráid agus chun dea-thorthaí sóisialta, comhshaoil agus geilleagracha a chur chun cinn ar fud na hÉireann.

Is laistigh de chomhthéacs an Chreata Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn a forbraíodh an Straitéis seo agus a athbhreithneofar an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach. De bhreis air sin, is amhlaidh, faoin gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn, a d'fhoilsigh Bonneagar Iompair Éireann dréacht de NR2040, an straitéis fhadtéarmach le haghaidh an gréasán Bóithre Náisiúnta a phleanáil, a oibriú agus a chothabháil.

Tá ceithre phríomhthosaíocht infheistíochta ann sa Chreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn, atá mar a leanas:

1. Dícharbónú;
2. Cosaint agus Athnuachan;
3. Soghluaisteacht Daoine agus Earraí i gCeantair Uirbeacha; agus
4. Nascacht Réigiúnach agus Tuaithe Fheabhsaithe

Forlíontar na tosaíochtaí infheistíochta sin le dhá ordlathas phrionsabalbhunaithe lena gcinnteofar go roghnófar na modhanna is inbhuanaithe le haghaidh tionscadal iompair ar leith a sholáthar. Tá an taisteal gníomhach ag barr an Ordlathais Mhódúil, agus is iad an t-iompar poiblí agus feithiclí príobháideacha na modhanna is tábhachtaí ina dhiaidh sin. Maidir leis an Ordlathas Idirghabhála, tabharfar tosaíocht don ghréasán iompair atá ann cheana a chothabháil. Ina dhiaidh sin, tabharfar tosaíocht do luach an ghréasáin a uasmhéadú trína úsáid a bharrfheabhsú. Ní bhreithneofar infheistíochtaí bonneagair ansin ach amháin má mheastar an dá chatagóir sin a bheith míchuí le haghaidh na faidhbe sainaitheanta, agus breithneofar uasghráduithe ar an mbonneagar atá ann cheana sula mbreithneofar bonneagar nua a sholáthar.


Cuireadh na hordlathais sin ar áireamh go hiomlán i bhforbairt an leagain athbhreithnithe seo den Straitéis seo.

## 4.6 STRAITÉIS SPÁIS AGUS EACNAMAÍOCHTA RÉIGIÚNACH

Faoi na hAchtanna um Pleanáil, tugtar aghaidh ar na hábhair seo a leanas, i measc nithe eile, leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach:

- Beartais nó cuspóirí Rialtais a bhaineann le spriocanna daonra;
- Cruthú fostaíochta a chumasú;
- Tograí le haghaidh cur le feidhmíocht gheilleagrach an réigiúin;
- Forbairt fostaíochta, thionsclaíoch, tráchtála agus miondíola a lonnú;
- Tithíocht a lonnú; agus
- An t-iompar, lena n-áirítear an t-iompar poiblí, a sholáthar.

D'fhoilsigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt an leagan deiridh den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach i mí Eanáir 2020. D'oibrigh an tÚdarás i ndlúthchomhar le Tionól Réigiúnach an Deiscirt le linn an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach a fhorbairt chun a chinntiú gurb ailínithe ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal ceannchathartha araon a bheadh pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair sa Tionól Réigiúnach agus sa Limistéar Ceannchathartha agus go mbeadh cuspóirí an dá eagraíocht ag teacht lena chéile. Leantar leis an idirchaidreamh sin le linn an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus an Straitéis seo araon a chur chun feidhme.



AN LIMISTÉAR STAIDÉIR AGUS AN GRÉASÁN IOMPAIR ATÁ ANN
Droichead Abhann Ó gCearnaigh
Droichead Uí Bhriain
M18
Sionainn
N19
Aerfort na Sionainne
Bun Raite
An Chreatalach
N18
Cluain Lára
Caisleán Uí Chonaill
Ard na Croise
An Pairtín
Maigh Rois
An Cnoc
Ollscoil Luimnigh
Caladh an Treoigh
Áth an Choite
Stáisiún Cholbaird
N69
Mungairit
Tuar an Daill
M7
N24
M20
Tobar Phádraig
N21
N20
EOCHAIR - PRÍOMHFHAISNÉIS
Bealach Glas
Príomhúil
Tánaisteach
Friothálach
Bóithre Náisiúnta
Bóithre Réigiúnacha
Rian Iarnróid


IN VOGUE
O'CONNOR'S
RESTAURANT
Noor
BRUSCAR
LITTER

Is é atá sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach ná creat réigiúnach a bhfuil mar aidhm leis a chinntiú go mbeidh an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta mar bhonn agus thaca ag an gcomhordú feabhsaithe sa bheartas pleanála agus forbartha ar fud teorainneacha údaráis áitiúil.

Mar chuid de gach Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, ceanglaítear díriú sna Pleananna Straitéiseacha Limistéir Cheannchathartha ar shaincheisteanna atá sonrach don chathair agus don limistéar ceannchathartha. Ós rud é gur doiciméid reachtúla bheartais iad an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus an Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha, forbraíodh an Straitéis seo ar shlí lena gcinntítear go gcuirtear cuspóirí na ndoiciméad sin san áireamh mar chuid dhílis.

Dá bhrí sin, tá ról suntasach ag an Straitéis seo i gcuntas níos mine a thabhairt ar bheartais iompair na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí agus an Phlean Straitéisigh Limistéir Cheannchathartha; i bpleanáil chomhtháite úsáide talún agus iompair a chinntiú laistigh den Limistéar Ceannchathartha; agus i gcuspóirí iompair an tionóil réigiúnaigh a réadú. Táthar ag súil leis gurb é an toradh a bheidh ar leathnú shainchúram reachtúil an Údaráis, rud a soláthraítear dó le Cuspóir Beartais Náisiúnta 69 den Chreat Náisiúnta Pleanála, ná go gcuirfear an t-idirchaidreamh agus an comhoibriú idir an tÚdarás agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt ina leith sin ar bhonn foirmiúil.
Is leagtha amach sa rannán seo a leanas atá na beartais agus na cuspóirí de chuid na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí lena mbaineann an ábharthacht is mó d'fhorbairt na Straitéise seo.

### 4.6.1 Fás Réigiúnach

Aistrítear an Creat Náisiúnta Pleanála 2040 ar an leibhéal réigiúnach tríd an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt agus tríd an bPlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha. Ní mór an Straitéis seo a bheith comhsheasmhach, a mhéid is indéanta, leis na cuspóirí réigiúnacha atá leagtha amach sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus sa Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha agus imreoidh sí ról suntasach sna cuspóirí sin a chur chun feidhme.

Chun an chomhsheasmhacht sin a chinntiú agus chun dlúth-chomhtháthú a éascú idir pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair, bunaíodh dlúthchaidreamh atriallach idir an tÚdarás agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt.

### 4.6.2 Cuspóirí Beartais Réigiúnaigh na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí

De bhreis ar Thorthaí Straitéiseacha Réigiúnacha, atá ag teacht leis na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta sa Chreat Náisiúnta Pleanála, a leagan amach, is amhlaidh freisin go sainaithnítear sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach sócmhainní réigiúnacha, deiseanna réigiúnacha agus brúnna réigiúnacha agus tugtar inti freagairtí beartais cuí i riocht Cuspóirí Beartais Réigiúnaigh (CBRanna).

Maidir leis na Cuspóirí Beartais Réigiúnaigh sin, a bhfuil an Creat Náisiúnta Pleanála mar bhonn agus thaca acu, tá siad ina gcreat láidir don Straitéis seo le haghaidh múnlú a dhéanamh ar an dáileadh spriocanna fáis lena gcomhtháthaitear pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair. Is mar a leanas atá Sprioc 2 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach: Nascacht agus Soghluaisteacht Inbhuanaithe den scoth, rud a bhfuil mar aidhm




leis comhtháthú rathúil a bhaint amach idir pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair, agus dlúis inbhuanaithe níos airde agus úsáidí cuí á mbaint amach ag nóid a bhfreastalaíonn gréasáin iompair phoiblí orthu.
Is leagtha amach i gCuspóir Beartais Réigiúnaigh (CBR) 10 atá cuspóirí maidir le Fás Dlúth i Limistéir Cheannchathartha:

- Tús áite a thabhairt don tithíocht agus an fhostaíocht i láithreacha laistigh de loirg chathrach atá ann cheana nó teoranta leo, áit ar féidir freastal orthu trí ghréasáin iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán;

- Obair i gcomhpháirt leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun dul chun cinn a dhéanamh ar an soláthar tithíochta agus fostaíochta i lárionaid uirbeacha, agus díriú á leagan ar mhórbhunachair thalún atá lonnaithe go straitéiseach agus faoi úinéireacht phoiblí a chomhordú agus a fhorbairt, ar an líon láithreán folamh a laghdú agus ar athghiniúint láithreán tábhachtach a mhéadú; agus
- Bunachair sonraí a athraítear chun dáta ar bhonn leanúnach a chruthú, ar bunachair sonraí iad lena sainaithnítear láithreáin athfhorbraíochta, láithreáin inlíonta, limistéir athghiniúna agus pacáistí máistirphleanála agus bonneagair chun go mbeifear in ann dul chun cinn a dhéanamh ar spriocanna dlúthfháis a bhaint amach. Láithreacha straitéiseacha le haghaidh fás cónaithe a shainaithint trí thionscnaimh bhainistíochta talún gníomhaí.

Le Cuspóir Beartais 14 de Phlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha Luimnigh-Shionainne, tacaítear le hiarratas ar Chrios Forbartha Straitéisí Geilleagraí an Chláir Theas/Ollscoil Luimnigh atá beartaithe a ainmniú agus a fhorbairt ina dhiaidh sin, faoi réir fhorálacha an Achta um Pleanáil agus faoi réir gach toisce comhshaoil. Luaitear sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach go bhfuil aige sin tionscadal eiseamláireach agus cumasóir náisiúnta lena n-éascófar éacht luath sa straitéis um fhorbairt réigiúnach chothrom atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála.

I gCaibidil 6 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, tugtar aghaidh ar an ról atá le himirt ag gréasáin iompair i bhfeabhas a chur ar an ngluaiseacht inbhuanaithe daoine agus earraí. Admhaítear i gCaibidil 6 go ndéanann an t-iompar difear ollmhór do cháilíocht na beatha, d'idirghníomhaíocht pobail, do rathúnas geilleagrach, do cháilíocht an chomhshaoil, don dáileadh daonra, don fhostaíocht, don oideachas agus d'úsáidí socheacnamaíocha agus cultúrtha.

Is leagtha amach i gCaibidil 6 atá roinnt Cuspóirí Beartais de chuid na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí a chuirtear chun cinn leis an Straitéis seo nó a bhfuil an Straitéis seo comhsheasmhach leo. Áirítear leo sin:

- **CBR 151** Úsáid Talún agus Iompar a Chomhtháthú lena chéile;
- **CBR 152** Cuspóirí Pleanála Áitiúla;
- **CBR 157** Pleananna Áitiúla Iompair;
- **CBR 159** Ról an Iompair i Rochtain do Chách a Chumasú;
- **CBR 160** Soghluaisteacht Chliste Inbhuanaithe;
- **CBR 161** Soghluaisteacht Chliste;
- **CBR 162** Comhtháthú Taistil Ilmhódaigh;
- **CBR 163** Spriocanna Soghluaisteachta Inbhuanaithe;
- **CBR 164** Straitéisí Iompair Limistéir Cheannchathartha;
- **CBR 165** Dlúis Níos Airde;
- **CBR 166** Infheistíocht i Nascacht Ilmhódach Idir-réigiúnach Straitéiseach chuig Limistéir Cheannchathartha agus Conairí Geilleagracha;
- **CBR 167** Tionscadail Bóithre Náisiúnta;
- **CBR 168** Infheistíocht i mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla;
- **CBR 169** Tosaíochtaí maidir leis an nGréasán Bóithre Straitéiseacha a Fheabhsú;
- **CBR 170** An tIarnród;
- **CBR 171** An Bus;
- **CBR 172** An tIompar Tuaithe;
- **CBR 173** Conairí Turasóireachta; agus
- **CBR 174** An Siúl agus an Rothaíocht.

De bhreis air sin, is leagtha amach i Rannán 6.3.6.4 den Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach atá na príomhthosaíochtaí don Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne, atá mar a leanas:

- An Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne a ullmhú;
- Córas breisithe iompair phoiblí ar fud na cathrach a fhorbairt, áit a mbeidh inrochtaineacht bhreisithe le fáil ó Lár na Cathrach ar an bPáirc Náisiúnta Teicneolaíochta, ar Pháirc Tionscail an Ráithín, ar Ollscoil Luimnigh agus ar Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne;
- Feabhas a chur ar an inrochtaineacht ar Lár na Cathrach trí bhainistíocht éifeachtach tráchta, trí phlódú laghdaithe agus trí roghanna níos fearr ó thaobh modhanna iompair de;
- An gréasán bóithre náisiúnta a chothabháil agus a bhreisiú, agus freastal á dhéanamh ar an éileamh iompair laistigh den Limistéar Ceannchathartha, ar nascacht idiruirbeach/idir-réigiúnach níos fearr, ar agaí turais níos giorra agus ar rochtain níos fearr ar thairseacha idirnáisiúnta, lena n-áirítear Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne agus Port na Sionainne agus Fhainge trí na nithe seo a dhéanamh;
  - Scéimeanna reatha agus beartaithe an Rialtais a sholáthar maidir le feabhas a chur ar an ngréasán bóithre náisiúnta;

- Bearta cuí bainistíochta éilimh a chur chun feidhme;
- An M20 ó Luimneach go Corcaigh agus, más féidir, an N24 idir Luimneach agus Port Láirge a bhreisiú;
- An nascacht de bhóthar go Port na Sionainne agus Fhainge a bhreisiú agus an nascacht iompair go hAerfort Idirnáisiúnta na Sionainne a chothabháil;
- An inrochtaineacht ar Dheisceart Luimnigh a fheabhsú, lena n-áirítear nasc acomhail Mótarbhealaigh a sholáthar ón M20/ón M7, más féidir; agus
- Uasghrádú a dhéanamh ar bhóithre artaireacha ón ngréasán Mótarbhealaí chun an acmhainn a mhéadú, lena n-áirítear bonneagar iompair phoiblí agus saoráidí Páirceála agus Taistil a sholáthar.

- An úsáid is fearr is féidir a bhaint as an ngréasán iarnróid; agus
- Gréasán straitéiseach rothaíochta a fhorbairt ar fud an limistéir cheannchathartha, ar gréasán é a mbeidh aige bealaí suaitheanta ardacmhainne lena bhfreastalófar ar chuspóirí éagsúla turais.

Is ábhartha freisin atá na cuspóirí beartais seo a leanas de chuid an Phlean Straitéisigh Limistéir Áitiúil:

- **1A:** Neartú a dhéanamh ar ról an Limistéir Cheannchathartha mar láthair mhórscála idirnáisiúnta, mar áit a gcomhlánaíonn Baile Átha Cliath agus mar phríomháit a mbrúnn fás geilleagrach agus daonra chun cinn i Réigiún an Deiscirt;
- **1B:** An Limistéar Ceannchathartha a chur chun cinn mar Limistéar Ceannchathartha comhtháite a bhfuil na nithe seo a leanas i gceist leis: (i) Lár na Cathrach a bheith ar an bpríomhláthair i gcroílár de; (ii) dlúthfhás agus athghiniúint Lár Cathrach Luimnigh agus a bruachbhailte; (iii) dlúthfhás agus athghiniúint Shionainne; agus (iv) tionscnaimh bhainistíochta talún gníomhaí chun láithreacha tithíochta agus fostaíochta a sholáthar ar dhóigh a bheidh inbhuanaithe agus faoi threoir ag an mbonneagar;
- **2A:** Tacú le hathghiniúint Chathair Luimnigh agus le hinfheistíocht leantach inti trí thionscnaimh amhail Luimneach 2030 agus Athghiniúint Luimnigh;
- **3A:** Sionainn a aithint mar láidreacht réigiúnach shuntasach agus mar lárionad suntasach fostaíochta;
- **5A:** Na tosaíochtaí infheistíochta atá sainaitheanta sa Phlean Forbartha Náisiúnta don Limistéar Ceannchathartha a sholáthar;
- **6A:** Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne a ullmhú le linn thréimhse feidhme an Phlean Straitéisigh Limistéir Cheannchathartha seo agus a chinntiú go ndéanfar infheistíocht sa Straitéis sin agus go gcuirfear chun feidhme í;
- **6B:** Sainaithneofar i gCroístraitéisí na bPleananna Forbartha ó Údaráis Áitiúla na conairí iompair phoiblí agus na nódphointí stáisiúin ar chonairí sa Limistéar Ceannchathartha a eascróidh as an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne agus a d'fhéadfadh tacú le forbairt ard-dlúis/le hathghiniúint ard-dlúis;
- **6C:** Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta an Chreata Náisiúnta Pleanála a bhaint amach trí athghiniúint, comhdhlúthú agus fás a bheidh inbhuanaithe agus faoi threoir ag an mbonneagar; agus
- **6D:** Féachaint le dlúis inbhuanaithe níos airde a sholáthar nuair is indéanta ag nóid iompair phoiblí.

Sainaithnítear freisin sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach roinnt Cumasóirí Náisiúnta atá ábhartha don Straitéis seo. Áirítear leo sin:

- Luimneach 2030 a chur chun feidhme;
- Deiseanna inlíonta agus athghiniúna a shainaithint chun forbairtí tithíochta agus fostaíochta a dhianú ar fud limistéir bhruachbhaile istigh;
- Dul chun cinn a dhéanamh ar limistéir úrnua nua don tithíocht a fhorbairt ar dhóigh inbhuanaithe agus ar an iompar poiblí agus an bonneagar atá mar thaca leo a fhorbairt, lena n-áirítear i gceantar Mhungairit;
- An nascacht go Port na Sionainne agus Fhainge, lena n-áirítear seachbhóithre áitiúla, a bhreisiú;
- Páirc gnó nua a bheidh inrochtana don iompar poiblí a fhorbairt ar an taobh thuaidh den chathair, rud lena nascfar Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne agus Maigh Rois chun cur leis an dul chun cinn athghiniúna a rinneadh go dtí seo;
- Tacú le hiarratas ar na tailte atá criosaithe mar Ollscoil i bPlean Forbartha Contae an Chláir 2017-2023 a ainmniú ina gCrios Forbartha Straitéisí Geilleagraí agus le hiad a fhorbairt dá réir ina dhiaidh sin; agus
- Lár baile deartha uirbigh inbhuanaithe a chruthú trí Phlean Gníomhlimistéir a fhorbairt do Lár Baile Shionainne.

## 4.7 BEARTAIS EILE

Cuireadh na beartais agus na pleananna seo a leanas san áireamh freisin ar roinnt slite agus an Straitéis á hullmhú. Baineadh úsáid astu chun aidhmeanna agus cuspóirí na straitéise a chur le chéile, chun treoir a sholáthar maidir le patrúin úsáide talún sa todhchaí, chun beartais uileghabhálacha rialtais a leagan amach agus chun treoir mhionsonraithe a thabhairt maidir leis an dóigh is fearr ar féidir an straitéis iompair a sholáthar.

### 4.7.1 Idirnáisiúnta/Eorpach

- Ár ndomhan a bhunathrú chun feabhais: Clár Oibre 2030 d'Fhorbairt Inbhuanaithe (na Náisiúin Aontaithe, 2015);
- Comhaontú Pháras (na Náisiúin Aontaithe);
- An Straitéis um an tSoghluaisteacht Chliste agus Inbhuanaithe – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí (an Coimisiún Eorpach, 2020);
- Comhaontú Glas an Aontais Eorpaigh (AE) (an Coimisiún Eorpach, 2019);
- An Gréasán Tras-Eorpach Iompair – TEN-T (an Coimisiún Eorpach, 2019)
- Páipéar Bán ón Aontas Eorpach, Treochlár maidir le Limistéar Iompair Eorpach Aonair - I dTreo Córas Iompair atá Iomaíoch agus Tíosach ar Acmhainní (an Coimisiún Eorpach, 2011);
- An Treoir maidir le Gnáthóga (Comhairle na gComhphobal Eorpach, 1992);
- An Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (Comhairle an Aontais Eorpaigh, 2001)
- Na Spriocanna Feidhmíochta Domhanda maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2016);
- Úsáid Shábháilte Gléasanna Micrea-shoghluaisteachta i Limistéir Uirbeacha (an tArdán Eorpach do Phleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe, 2021).

### 4.7.2 Náisiúnta

**Beartais agus Pleananna**

- An Staidéar Bainistíochta Éilimh ar na Cúig Chathair (an Roinn Iompair);
- Taisteal Níos Cliste – Todhchaí Iompair Inbhuanaithe (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2009);
- An Páipéar Bán: Aistriú na hÉireann i dtreo Todhchaí Fuinnimh Ísealcharbóin 2015-2030 (an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2020);
- Creat Náisiúnta Oiriúnaithe 2018 (an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 2018), a bhfuil Plean Oiriúnaithe Earnála do Bhonneagar Iompair 2019 (an Roinn Iompair, 2019) ag gabháil leis;
- An Plean Náisiúnta Maolaithe (Rialtas na hÉireann, 2017);
- Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2018-2020 (Rialtas na hÉireann, 2018);
- Infheistiú inár dTodhchaí Iompair – Creat Infheistíochta Straitéisí d'Infheistíocht um Iompar ar Tír (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2015);
- Rebuilding Ireland: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine (Rialtas na hÉireann, 2016), agus Tithíocht do Chách - Plean Tithíochta Nua d'Éirinn (an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, 2021);
- An Plean Gnímh don Aeráid: Chun dul i ngleic le Cliseadh na hAeráide (Rialtas na hÉireann, 2019)
- Gníomhartha Aeráide Eatramhacha (Rialtas na hÉireann, 2021)

**Treoir**

- Forbairt Cónaithe Inbhuanaithe i Limistéir Uirbeacha (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2009);
- Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Deartha d'Árasáin Nua (an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, 2020);
- Lámhleabhar Deartha Uirbigh: Treoir Dea-Chleachtais;
- An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (Rialtas na hÉireann, 2019);
- Tréscaoilteacht: Treoir Dea-Chleachtais (an tÚdarás Náisiúnta Iompair);
- Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil);
- Pleananna Taistil Áit Oibre Éifeachtacha a Bhaint Amach: Treoir d'Údaráis Áitiúla (an tÚdarás Náisiúnta Iompair);
- An Creatbheartas Náisiúnta Rothaíochta (an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2009);
- An Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta (an tÚdarás Náisiúnta Iompair, 2011);

- An Cód Cleachtais ón Údarás Náisiúnta Míchumais maidir le hInrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéise a Chuireann Comhlachtaí Poiblí ar Fáil;
- Tógáil do Chách: Cur Chuige Deartha Uilíoch, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais
- Doiciméad Treorach Teicniúla M de na Rialacháin um Rialú Foirgniochta, 2010

### 4.7.3 Réigiúnach

- Plean Straitéiseach Limistéar an Iarthair Láir 2012-2030
- Plean Straitéiseach Limistéar an Iarthair Láir: Staidéar Indéantachta Iompair Phoiblí, 2012

### 4.7.4 Áitiúil

- Plean Forbartha Chontae Luimnigh 2010-2016
- Plean Forbartha Chathair Luimnigh, 2010-2016
- Creat-Straitéis Cheantar Dugaí Luimnigh, 2018
- Plean Gníomhaíochta Chathair Luimnigh in aghaidh Torainn 2018-2023
- An Staidéar ar Chreat Gluaiseachta Cheantar Ceannchathartha Luimnigh, 2015
- Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2023
- Pleananna Forbartha Contae Thiobraid Árann
- Plean Cheantar Bardasach na Sionainne – Imleabhar 3(b) – Plean Forbartha Contae an Chláir
- Plean Gníomhaíochta an Chláir in aghaidh Torainn, 2018
- Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus a Phurlán 2012-2018 (a fadaíodh go dtí an bhliain 2023)
- Máistirphlean Lár Baile Shionainne;
- Plean Limistéir Áitiúil Chaladh an Treoigh
- Plean Limistéir Áitiúil na bPurlán Theas

Is leagtha amach sa doiciméad tacaíochta dar teideal An Tuarascáil ar Dhálaí Bonnlíne agus Athbhreithniú Beartais don Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne atá mionanailís ar na doiciméid bheartais uile atá ábhartha don Straitéis seo.





# 05 FORBAIRT NA STRAITÉISE

**Príomhchumasóir Fáis don Limistéar Ceannchathartha: Gréasán iompair phoiblí ar fud na Cathrach a sholáthar, áit a mbeidh inrochtaineacht bhreisithe le fáil ó Lár na Cathrach ar an bPáirc Náisiúnta Teicneolaíochta, ar Ollscoil Luimnigh agus ar Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne.**

An Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt.

D'fhorbair an tÚdarás an Straitéis seo i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, le Comhairle Contae an Chláir agus le Bonneagar Iompair Éireann.

## 5.1 AN STRAITÉIS A FHORBAIRT

Forbraíodh an Straitéis seo ar dhóigh atriallach chun gréasán iompair a sholáthar lena dtacófaí leis an bhfás daonra agus fostaíochta atá beartaithe do Luimneach, do Shionainn agus dá bPurláin faoin gCreat Náisiúnta Pleanála go dtí an bhliain 2040. Ba mar a leanas a bhí an cur chuige a úsáideadh le linn an Straitéis seo a fhorbairt:

- An beartas agus treoir ábhartha a athbhreithniú agus a bhunú;
- Na dálaí bonnlíne iompair a dhéanamh amach;
- Sainaithint a dhéanamh, i gcomhairle le príomh-gheallsealbhóirí, ar na príomhdhúshláin a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu;
- Roghanna gréasáin a fhorbairt ar bhonn na dtreoirphrionsabal;
- Na roghanna gréasáin iompair a thástáil in aghaidh na gcásanna úsáide talún sa todhchaí ar shocraigh na húdaráis áitiúla iad;
- Straitéis iompair roghnaithe a shainaithint; agus
- An dréacht-Straitéis a fhoilsiú le haghaidh comhairliúchán poiblí. Bainfear úsáid as aiseolas arna fháil le linn an chomhairliúcháin chun eolas a dhéanamh do na chéad chéimeanna eile den Straitéis seo.

## 5.2 AN GRÉASÁN IOMPAIR PHOIBLÍ

### 5.2.1 Mórghréasán Táscach Iompair Phoiblí a Fhorbairt

Príomhthosaíocht de chuid na Straitéise ba ea gréasán iompair phoiblí i bhfad níos fearr a sholáthar laistigh den Limistéar Ceannchathartha. Chun cabhrú leis an obair luath a rinneadh ar roghanna a fhorbairt agus a mheas, ceapadh gréasán iompair phoiblí 'idéalaithe' ar bhonn sé threoirphrionsabal atá de dhlúth agus d'inneach i ngach gréasán rathúil iompair phoiblí:

- Acmhainn dhóthanach a sholáthar chun freastal ar an éileamh;
- Minicíocht oiriúnach chun éileamh a mhealladh agus chun freastal air;
- Ard-mheánluasanna chun seirbhís ar ardchaighdeán agus iontaofacht agaí turais a thairiscint;
- Seirbhísí díreacha chun agaí turais a íoslaghdú agus chun inléiteacht an ghréasáin a mhéadú;
- Ardleibhéal cumhdaigh gréasáin chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag mórphobal an Limistéir Cheannchathartha ar sheirbhísí iompair phoiblí ar ardchaighdeán; agus
- Cómhalartú réidh idir modhanna a sholáthar chun inrochtaineacht agus comhtháthú a bhreisiú.

Is é an toradh a bheidh ar ghlacadh na bprionsabal atá leagtha amach thuas ná go soláthrófar seirbhís tharraingteach iompair phoiblí a bheidh ina rogha réadúil eile ar an gcarr príobháideach.

Sainaithníodh príomhchonairí straitéiseacha iompair phoiblí agus seirbhísí iompair phoiblí tacaíochta don mhór-Limistéar Ceannchathartha, agus na prionsabail sin mar bhonn agus thaca acu.

A luaithe a sainaithníodh gréasán táscach ardleibhéil, rinneadh anailís níos mine agus tosca sonracha don ghréasán iompair phoiblí a bhreithniú ar leibhéal na conaire.


### 5.2.2 Roghanna Gréasáin Iompair Phoiblí atá Sonrach don Chonair

Laistigh de gach conair shonrach, forbraíodh na tograí iompair phoiblí ar bhonn an éilimh shainaitheanta iompair phoiblí ón anailís ar an ngréasán 'idéalaithe'. Is féidir tuilleadh mionsonraí faoin modheolaíocht a úsáideadh a aimsiú sa Tuarascáil Anailíse Éilimh agus sa Tuarascáil ar Roghanna Iompair agus ar Fhorbairt an Ghréasáin.

Maidir le sainaithint a dhéanamh ar an mbonneagar cuí chun freastal ar na leibhéil éilimh, bunaíodh an obair sin ar raon tipiciúil acmhainní iompair phoiblí de réir an lín paisinéirí/ in aghaidh na huaire/ in aghaidh an treo ar féidir le modhanna éagsúla iompair phoiblí iad a bhaint amach.

Is é an toradh atá ar an gcur chuige sin go dtugtar gréasán iompair phoiblí atá scálaithe go cuí agus a bhfuil an tsolúbthacht agus an inscálaitheacht aige chun oiriúnú d'athruithe sna leibhéil éilimh iompair agus i ndáileadh an éilimh iompair.






Bunaithe ar an éileamh ar sheirbhísí gathacha agus ar an éileamh ar chuarsheirbhísí, forbraíodh an bealach beartaithe, an cineál seirbhíse, an mhinicíocht seirbhíse agus an leibhéal tosaíochta le haghaidh gach conaire.

Beidh ag struchtúr an ghréasáin iompair phoiblí sa todhchaí roinnt comhpháirteanna lena bhfreastalófar ar an dóigh is fearr ar an éileamh iompair phoiblí sa todhchaí laistigh den Limistéar Ceanncathartha:

- **An Gréasán Iarnróid** - Feabhsuithe ar na conairí iarnróid atá ann cheana;
- **Croíghréasán Bus** - gréasán cuimsitheach seirbhísí bus ardmhinicíochta lena soláthraítear seirbhísí gathacha go conairí eile agus cuarsheirbhísí ar fud an ghréasáin;
- **Comhtháthú Iompair Phoiblí** - Soláthar do dheiseanna le haghaidh cómhalartú, soláthar faisnéise agus struchtúir athbhreithnithe táillí; agus
- **Bearta Tacaíochta** - Bearta eile a bhfuil mar aidhm leo tacú le córas éifeachtach iompair phoiblí a sholáthar, lena n-áirítear bainistíocht

páirceála, saoráidí Páirceála agus Taistil, bearta bainistíochta éilimh, pleananna bainistíochta soghluaisteachta agus cláir athrú iompraíochta.

## 5.3 AN GRÉASÁN ROTHAÍOCHTA

Bunófar forbairt an Ghréasáin Rothaíochta ó bhonn ar na tograí atá leagtha amach sa Staidéar ar Ghréasán Rothaíochta do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh agus i bPlean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus a Phurlán 2012-2018. Beidh tuilleadh oibre pleanála ag teastáil chun lánghréasán rothaíochta a sholáthar sa Limistéar Ceannchathartha.

## 5.4 AN GRÉASÁN SIÚIL

Díríodh sa Ghréasán Siúil ar Chreat Gluaiseachta Cheantar Ceannchathartha Luimnigh, ar Phlean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus a Phurlán agus ar Phleananna Forbartha agus Pleananna Limistéir Áitiúil ón dá Údarás Áitiúla. Athbhreithníodh na pleananna sin chun a chinntiú go mbeadh siad comhtháite agus ailínithe leis na tograí le haghaidh an ghréasáin rothaíochta, an ghréasáin iompair phoiblí agus an ghréasáin bóithre.

## 5.5 AN GRÉASÁN BÓITHRE

Chun a dhéanamh amach cén gá atá ann le feabhsuithe ar an ngréasán bóithre, rinneadh athbhreithniú ar éileamh an Ghréasáin Bóithre, rud a n-áirítear leis éileamh taistil an ghréasáin bóithre ó áiteanna lasmuigh den Limistéar Ceannchathartha. Breithníodh gréasáin bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus cathrach.

Rinneadh athbhreithniú ar an mbonneagar gréasáin bóithre atá beartaithe faoi láthair agus ailíníodh é le riachtanais bheartais agus éilimh laistigh den Limistéar Ceannchathartha. Athbhreithníodh an gréasán bóithre freisin chun an soláthar gréasáin bóithre a ailíniú leis an soláthar iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta.

## 5.6 TORTHAÍ NA STRAITÉISE

Is féidir leis an gcur chuige gréasáin atá leagtha amach thuas freastal ar an dóigh is fearr ar an treocht úsáide talún atá ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí sa Limistéar Ceannchathartha. Bheadh sé ina ghréasán comhtháite iompair phoiblí lena dtairgfí do chónaitheoirí an Limistéir Cheannchathartha, agus do na cuairteoirí air, rochtain ó cheann go ceann ar sheirbhísí ar ardchaighdeán mar aon leis an gcumas chun níos mó ceann scríbe a rochtain go caoithiúil ná a éascaítear leis an ngréasán atá ann cheana.

Áirítear le Torthaí na Straitéise:

- Creat inscálaithe gréasáin iompair chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an éileamh méadaithe ar thaisteal a eascróidh as fás suntasach faoin daonra;
- Iompar poiblí, siúl agus rothaíocht dá dtugtar tosaíocht i limistéir uirbeacha ar fud Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne;
- Cuimsiú sóisialta níos fearr trí chóras iompair níos cothromasaí agus inrochtaineacht níos leithne iompair phoiblí a sholáthar do limistéir dhíothacha;
- Gréasán iompair níos sábháilte ina mbíonn an infheistíocht dírithe ar thosaíochtaí agus bunaithe ar fhianaise;
- Feabhas ar shláinte agus folláine an phobail trí chur chun cinn a dhéanamh ar thuilleadh gníomhaíochta fisiciúla i dturais siúil agus rothaíochta astu féin nó i dturais siúil agus rothaíochta atá mar chuid de thurais atá comhcheangailte le turais iompair phoiblí;
- Laghdú ar astaíochtaí a bhaineann leis an iompar trí fhlít iompair phoiblí a bheidh níos glaine agus níos glaise a sholáthar, trí aistriú modhanna iompair chuig an siúl agus an rothaíocht, trí laghdú in úsáid an chairr phríobháidigh agus trí aistriú i dtreo feithiclí astaíochtaí ísle; agus
- Cás eacnamaíoch láidir i bhfabhar infheistíocht iompair sa Limistéar Ceannchathartha.

## 5.7 MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA AGUS MEASÚNACHT CHUÍ

Is faoi réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta atá ullmhú na Straitéise seo. Sonraítear in Airteagal 1 den Treoir maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (2001/42/CE) go bhfuil sé "[mar chuspóir leis] an Treoir seo soláthar a dhéanamh d'ardleibhéal cosanta don timpeallacht agus rannchuidiú le tosca timpeallachta a chomhtháthú isteach i bpleananna agus cláir a ullmhú agus a ghlacadh d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn trína chinntiú go ndéanfar, i gcomhréir leis an Treoir seo, measúnacht timpeallachta ar phleananna agus cláir áirithe ar dóigh dóibh éifeachtaí suntasacha a bheith acu ar an timpeallacht".

Is é atá i Measúnacht Chuí ná ceanglas de chuid Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú arna trasuí i ndlí na hÉireann trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011, lena gcomhdhlúthaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997 go 2005, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (Gníomhaíochtaí Áineasa a Rialú), 2010.


Oifig Fáilte
TOURIST
Siúlán Cois Abhann
RIVERSIDE WALK
Siúlán Cois Abhann
RIVERSIDE WALK
Oileán an Rí
KING'S ISLAND

# 06 AN COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ

**Aithníonn an tÚdarás go bhfuil sé ríthábhachtach go bhforbrófaí an Straitéis ar dhóigh chomhoibríoch eolasach agus tá sé tiomanta dá chinntiú go leanfar leis an obair sin ar fud shaolré na Straitéise agus a cuir chun feidhme..**

An Tuarascáil ar an gComhairliúchán Poiblí ar an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne.

## 6.1 FOILSIÚ NA DRÉACHT-STRAITÉISE


Bhí an tréimhse Comhairliúcháin Phoiblí ar Dhréacht-Straitéis Iompair Limistéar Mhórcheantar Luimnigh/Shionainne (an dréacht-Straitéis) ar siúl ar dtús ón 2 Meán Fómhair go dtí an 16 Deireadh Fómhair ach fadaíodh í go dtí an 30 Meán Fómhair 2020. Bhí an fadú ina léiriú ar na deacrachtaí a bhí ag gabháil leis na srianta a cuireadh ar thionóil phoiblí agus ar thaisteal le linn phaindéim Covid-19 agus ar choinbhleachtaí leis an tréimhse comhairliúcháin ar Phlean Forbartha Cathrach agus Contae Luimnigh. Leis an bhfadú ama sin, éascaíodh tuilleadh rannpháirtíochta i measc geallsealbhóirí agus an phobail i gcoitinne.

Ar fud na tréimhse sin, bhí deis ag daoine den phobal, ag freagraithe ábhartha agus ag páirtithe leasmhara a gcuid tuairimí agus barúlacha a chur in iúl ar an dréacht-Straitéis, ar a doiciméid tacaíochta ghaolmhara agus ar an Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus an Ráiteas Tionchair Natura a ghabhann leis an Measúnacht Chuí.

## 6.2 SEOLADH NA DRÉACHT-STRAITÉISE

Seoladh an dréacht-Straitéis an 2 Meán Fómhair 2020 trí ócáidí fíorúla do na meáin agus d'ionadaithe tofa do Luimneach agus don Chlár.

Tar éis sheoladh an chomhairliúcháin, cuireadh an dréacht-Straitéis agus na doiciméid tacaíochta ar fáil lena n-íoslódáil ó shuíomh Gréasáin an Údaráis agus baineadh úsáid as uirlisí cumarsáide éagsúla chun feasacht agus spéis a ghiniúint ar fud na tréimhse comhairliúcháin.




Tvuít shamplach ó chuntas Transport for Ireland ar Twitter

De bhreis ar na hócáidí seolta, ghlac an Fhoireann Tionscadail páirt i roinnt ócáidí fíorúla le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí chun an dréacht-Straitéis a phoibliú agus chun cur ar chumas Comhaltaí Tofa, geallsealbhóirí agus daoine den phobal ar spéis leo déanamh amhlaidh aighneachtaí níos eolasaí a dhéanamh.

## 6.3 AN TAISEOLAS A FUARTHAS

Fuarthas 112 aighneacht san iomlán agus, ag teacht sna sála ar athbhreithniú ar an aiseolas ar fad, tháinig roinnt príomhthéamaí chun cinn mar a leanas:

- Fís agus Uaillmhian na dréacht-Straitéise;
- Tionchair Covid-19;
- An Comhshaol agus an tAthrú Aeráide;
- Sciar Modha agus Spriocanna;
- Soláthar;
- An Próiseas Samhaltaithe;
- Cuimsiú Sóisialta;
- Inrochtaineacht;
- Taisteal chuig Scoileanna; agus
- Comhairliúchán agus Idirchaidreamh.

Rinneadh an t-aiseolas i scríbhinn ar fad a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin a admháil, a thaifeadadh agus a achoimriú sa Tuarascáil ar an gComhairliúchán Poiblí ar an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne, ar tuarascáil leithleach í.

D'éist an tÚdarás leis na ceisteanna a fuarthas agus na tuairimí a chuir freagraithe in iúl ar fud na tréimhse comhairliúcháin. Breithníodh an t-aiseolas a fuarthas agus rinneadh an Straitéis a athbhreithniú




agus a athrú chun dáta chun an t-aiseolas sin a chur ar áireamh nuair ba chuí ar na dóigheanna seo a leanas:

- Athruithe ar struchtúr na tuarascála;
- Doiciméid bheartais bhreise a chur ar áireamh in athbhreithniú beartais, lena n-áirítear an Plean Gnímh don Aeráid 2021;
- Tosca Covid-19 agus caibidil nua orthu sin a chur ar áireamh;
- Measúnú cuimsitheach ar an acmhainneacht a bhaineann le gréasán iarnróid comaitéireachta chun freastal ar Luimneach agus ar Shionainn;
- An leagan athraithe chun dáta de Shamhail Réigiúnach Iompair an Iarthair Láir ón Údarás a úsáid chun an Straitéis seo a ath-bhreithmheas ina hiomláine;
- An Uirlis Claonta Rothaíochta nua a úsáid chun an acmhainneacht le haghaidh rothaíochta a mheasúnú ar dhóigh níos cruinne;
- Fís nua, colún nua agus cuspóir gaolmhar nua don Straitéis seo;
- Caibidil athstruchtúraithe bhreisithe ar Úsáid Talún, Athghiniúint agus Scoileanna;
- Athruithe a bhaineann le Bóthar Dáileacháin Thuaidh Luimnigh; agus
- Tuilleadh mionsonraí faoi Thorthaí tuartha na Straitéise.

Thug an tÚdarás faoi thuilleadh anailíse fairsinge ar an acmhainneacht a bhaineann le ról méadaithe a thabhairt don iarnród sa Limistéar Ceannchathartha agus ar an ngaol idir an Straitéis seo agus beartas an Rialtais i leith an Athraithe Aeráide. De bhreis air sin, athraíodh an Straitéis seo chun dáta ar bhonn an aiseolais a fuarthas ar nithe eile.

## 6.4 FOILSIÚ AN DRÉACHTLEAGAIN ATHBHREITHNITHE DEN STRAITÉIS IOMPAIR DO LIMISTÉAR CEANNCHATHARTHA LUIMNIGH-SHIONAINNE

D'fhoilsigh an tÚdarás Dréachtleagan Athbhreithnithe den Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne an 26 Aibreán 2022 le haghaidh comhairliúchán poiblí sé seachtaine. Poiblíodh an dréacht seo ar fud an Limistéir Cheannchathartha i nuachtáin áitiúla agus trí na meáin shóisialta. D'óstáil an tÚdarás dhá sheimineár Gréasáin ar líne le linn na tréimhse comhairliúcháin, mar aon le roinnt imeachtaí idirchaidrimh eile le geallsealbhóirí.

Bhí an Dréachtleagan Athbhreithnithe den Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne ar fáil lena léamh in oifigí an Údaráis, agus cuireadh na doiciméid seo a leanas ar taispeáint ar an bpríomhthairseach comhairliúcháin straitéise ar shuíomh Gréasáin an Údaráis:

- An Dréachtleagan Athbhreithnithe den Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne (leagan Gaeilge, leagan Béarla, leagan Soléite agus leagan Inrochtana);
- Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta;
- Ráiteas Tionchair Natura a ghabhann leis an Measúnacht Chuí;
- Tuarascáil ar Fhorbairt na Straitéise agus ar Shamhaltú;
- Réamh-mheasúnacht Tionchair Comhionannais;
- An Tuarascáil ar an gComhairliúchán Poiblí ar an Dréacht-Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne;
- Measúnacht Iarnróid agus Anailís Costais is Tairbhe; agus
- Tuarascáil Measúnachta Samhaltaithe Iompair.

Treoraíodh daoine den phobal agus geallsealbhóirí chuig tairseach ar líne chun aighneachtaí a dhéanamh agus chuig foirm aiseolais chun a dtuairimí a thabhairt. Fuair an tÚdarás 90 aighneacht, agus iad comhdhéanta de 87 n-aighneacht a fuarthas ón bpobal agus ó gheallsealbhóirí tríd an tairseach ar líne agus de thrí aighneacht a fuarthas trí ríomhphost.

## 6.5 AN TAISEOLAS A FUARTHAS AR AN DRÉACHTLEAGAN ATHBHREITHNITHE

Ba mar a leanas a bhí na príomh-shaincheisteanna a tarraingíodh anuas:

1. Bóthar Dáileacháin Thuaidh Luimnigh
2. Infheistíocht san Iarnród
3. An Gréasán Rothaíochta
4. Siúl
5. Bus
6. Lár Cathrach Luimnigh
7. Spriocanna, Méadrachtaí agus Amlínte
8. An Plean Gnímh don Aeráid

D'athbhreithnigh Foireann Straitéise an Údaráis gach aighneacht. Achoimríodh na haighneachtaí ansin tríd an tairseach ar líne a úsáid, agus díriú á leagan ar na gnéithe sin de gach aighneacht ar leith inar iarradh athrú sonrach ar an straitéis iompair. Breithníodh na hathruithe molta sin agus dréachtaíodh freagra ar gach ceann díobh.

Bhí an cleachtadh sin mar bhonn eolais faoi thabhairt na Straitéise seo chun críche. Ullmhaíodh tuarascáil ar an gComhairliúchán Poiblí i dteannta na straitéise. Leagtar díriú inti ar na príomh-shaincheisteanna a tarraingíodh anuas. Leagtar na freagraí ar na haighneachtaí i scríbhinn amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an tuarascáil sin. In Aguisín 2 a ghabhann leis an tuarascáil sin, tugtar breac-chuntas ar fhreagraí Fhoireann Straitéise an Údaráis ar an iliomad nithe a tharraing freagraithe anuas, agus iad catagóirithe de réir na caibidle ábhartha den straitéis iompair.

Dá bhrí sin, cuimsítear sa Straitéis Iompair cur chuige cuimsitheach i leith pleanáil iompair sa Limistéar Ceannchathartha do thréimhse feidhme na straitéise, bunaithe ar ardleibhéal anailíse teicniúla agus beartasbhunaithe agus ag cuimsiú aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí.



# 07 Paindéim COVID-19

**Tugadh an chéad dréacht den Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne chun críche lena fhoilsiú go luath i mí an Mhárta 2020 de réir mar a bhíothas ag teacht ar thionchair phaindéim Covid-19 in Éirinn.**

Is ann fós do na dúshláin a raibh an t-iompar ag déileáil leo sa tréimhse sin. D'fhreagair an tÚdarás do na dúshláin sin ar fud na tíre trí ardmhiniciocht seirbhísí iompair phoiblí a chothabháil le linn na tréimhse ina raibh laghdú ann san acmhainn cheadaithe, agus lean sé le bainistíocht leanúnach shábháilte an éilimh thaistil a éascú ar aon dul le treoirlínte agus comhairle an Rialtais. Tugadh an-aird ar shláinte na mball foirne agus na bpaisinéirí fud fad an phróisis chinnteoireachta.

Ar fud ár gcuid bailte agus cathracha, lena n-áirítear Luimneach, dháil an tÚdarás cistiú suntasach chun scéimeanna sealadacha a fhorbairt ar mhaithe le taisteal a éascú le linn na tréimhse ina raibh scaradh sóisialta i bhfeidhm trí chosáin leathnaithe, saoráidí breisithe rothaíochta agus spás méadaithe ag stadanna bus a sholáthar, i measc nithe eile. Chabhraigh na bearta sin le daoine taisteal go sábháilte.

Tá a lán díospóireachta ann ar conas a dhéanfaidh paindéim Covid-19 difear buan dár modh maireachtála, á rá go bhféadfadh sí laghdú a dhéanamh ar dhaonra ár mbailte móra agus ár gcathracha le linn an lae de réir mar a éascaíonn an teicneolaíocht an obair ón mbaile, go mbeidh dlús ann leis an treocht i dtreo miondioltóireacht ar líne agus go mbeidh an teagasc ar líne ina chuid shuntasach de shaol na scoile agus an choláiste. Agus an méid seo á scríobh, tá cuid mhór éiginnteachta ann go fóill maidir leis an difear a dhéanfaidh an phaindéim dár bpatrúin taistil, nó dár socruithe lonnaíochta go deimhin, san fhadtéarma.

Tá sé mar rún againn, áfach, leanúint le pleanáil a dhéanamh le haghaidh todhchaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach i réimse an iompair. Dá bhrí sin, soláthrófar leis an Straitéis seo an córas iompair lena bhfreastalófar ar chuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála i dtaca le comhdhlúthú ár gcuid bailte agus cathracha; déanfar léi an t-iompar poiblí a chur chun cinn mar rud a rannchuidíonn go mór le córas iompair atá saor ó charbón; agus freastalófar léi ar an éileamh méadaithe ar bhonneagar sábháilte tarraingteach siúil agus rothaíochta.

Maidir lena oiriúnaí agus lena inmharthana atá an Straitéis seo sa saol tar éis phaindéim Covid-19, b'amhlaidh sa tréimhse ó fhoilsiú an chéad dréachta i leith gur fhorbair an tÚdarás cás éilimh mhalartaigh sa todhchaí lena dtástáiltear cé chomh láidir is atá tionscadail, pleananna agus cláir an Údaráis. Is é atá sa chur chuige sin ná speictream patrún féideartha iompair ar féidir an Straitéis a bhailíochtú ina aghaidh. Maidir leis an mbreithmheas sin ar an éileamh malartach sa todhchaí, tá sé bunaithe ar éileamh laghdaithe ar thaisteal de réir na nithe seo a leanas:

- Laghdú 25% sa Taisteal chun na hOibre i measc oibrithe gairmiúla/oifige;
- Laghdú 20% sa líon turas intíre ó ghnólacht go gnólacht a dtabharfaidh oibrithe gairmiúla fúthu;
- Laghdú 25% sa taisteal idirnáisiúnta gnó;
- Laghdú 10% sa taisteal chuig an meánscoil;
- Laghdú 25% sa taisteal chuig an oideachas 3ú leibhéal;
- Méadú 10% sa líon turas chuig asraonta miondíola Bia; agus
- Laghdú 20% sa líon turas chuig asraonta miondíola Neamhbhia.

Is deimhin leis an Údarás go gcuirtear san áireamh go hiomlán sa chur chuige láidir thuas na tionchair fhadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ag paindéim Covid-19, ar aon dul leis an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil i láthair na huaire. Is leagtha amach sa Tuarascáil Samhaltaithe a ghabhann leis seo atá na torthaí ar an tástáil sin ar an éileamh malartach sa todhchaí, mar a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an Straitéis seo. Léirítear san anailís gurb amhlaidh, i gcás go mbeidh éileamh laghdaithe ar thaisteal ann, go mbeidh gá ann fós le hinfheistíocht i mbonneagar iompair inbhuanaithe, go háirithe i dtosaíocht bus, i saoráidí rothaíochta agus i dtimpeallacht bhreisithe siúil.

Maidir le cur chun feidhme na Straitéise seo, déanann an tÚdarás agus ár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta faireachán seasta ar phatrúin taistil agus ar threochtaí taistil. Bainfear úsáid as an bhfaisnéis sin le linn pleanáil agus dearadh a dhéanamh ar na mórscéimeanna infheistíochta iompair a ndéantar soláthar dóibh sa Straitéis seo. De réir mar a éiríonn na tionchair láithreacha a bhí ag paindéim Covid-19 ar an iompar le linn na mblianta 2020 agus 2021 ina dtionchair fhadtéarmacha, freagróidh an tÚdarás dóibh agus cinnteoidh sé go gcoinneofar ár n-obair faireacháin agus anailíse cothrom le dáta.

# CUID B – AN STRAITÉIS


**08** An Siúl 47
**09** An Rothaíocht 57
**10** Bus 67
**11** Iarnród 79
**12** Úsáid Talún, Athghiniúint Agus Scoileanna 87
**13** Dearadh Uirbeach agus Comhfhorbairt Áite 93
**14** Bóithre agus Bainistíocht Éilimh 99
**15** Lasta, Seachadadh agus Seirbhísiú 111
**16** Bearta Tacaíochta agus Comhtháthú 115
**17** Bainistíocht a Dhéanamh ar Ghníomhaíocht ar son na hAeráide 131
**18** Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí 137

# AN SIÚL

**59m** turas de shiúl na gcos gach bliain

**33%** Sciar Mhodh an tSiúil*

**Méadú 159%** sa líon turas de shiúl na gcos go lár na cathrach idir an bhliain 2016 agus an bhliain 2040

**Méadú 47.5%** sa líon custaiméirí ar Shráid Uí Chonaill

Tógtar **44,000** turas de shiúl na gcos le linn bhuaic-amanna na maidine

*Is í sin sprioc na bliana 2040 don Limistéar Ceanncathartha, in ionad í a bheith ar an toradh samhaltaithe.

**Inrochtaineacht** fheabhsaithe ar an Iompar Poiblí

Córas **aimsithe bealaigh** níos fearr

**Luasteorainneacha** níos ísle i lár bailte agus i Lár Cathrach Luimnigh

**57km** de ghlasbhealaí

**Carrbhealaí** agus acomhail níos cúinge

**Dearadh Uilíoch**

**Bealaí Níos Sábháilte** chuig an Scoil

**Tuilleadh** limistéar agus nasc do Choisithe

Agaí **Feithimh Níos Giorra** ag trasrianta coisithe

Trí **20 nóiméad** of sa lá, laghdaítear faoi 20% ar a laghad an baol go mbeidh galar croí, diaibéiteas chineál 2 agus roinnt cineálacha ailse ar dhuine

Infheistíocht mheasta **€50m**, lena n-áirítear gnéithe de BusConnects

# 08 AN SIÚL

**Is é an toradh a bheidh ar an siúl agus an rothaíocht a spreagadh, mar aon le rochtain níos fusa orthu a thabhairt do raon leathan daoine, beag beann ar aois agus ar chumas, ná go gcinnteofar beogacht agus idirghníomhaíocht ar shráideanna, rud a mhéadóidh an bheocht agus a chuirfidh feabhas ar an ngníomhaíocht tráchtála agus miondíola.**

An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha, 2019.

Is de shiúl na gcos a thosaítear agus a chríochnaítear gach turas, beag beann ar na modhanna eile a úsáidtear. Bíonn gach duine ina c(h)oisí am éigin sa lá. Cé gur minic a mheastar é faoina luach, nascann an siúl gach modh iompair. Dá bhrí sin, beidh sé ríthábhachtach má táthar chun aidhmeanna na Straitéise a bhaint amach. Is gá an timpeallacht coisithe a bheith sábháilte, inrochtana, spéisiúil agus tarraingteach do gach coisí, beag beann ar aois agus ar chumas.

Tá tús á chur ag an Údarás le clár rí-uaillmhianach a chur i bhfeidhm le haghaidh bonneagar coisithe a fhorbairt ar fud na tíre. Tá foirne Taistil Ghníomhaigh á mbunú laistigh de na húdaráis áitiúla chun tionscadail a fhorbairt agus a chur chun feidhme sa réimse seo. Cisteofar na hacmhainní sin tríd an Údarás agus cuirfear de chúram orthu feabhsuithe ar an tairiscint do choisithe a chur chun feidhme sa Limistéar Ceannchathartha. Leis an struchtúr nua sin, comhlánófar agus neartófar an clár deontas reatha a riarann an tÚdarás é sna cathracha réigiúnacha.

## 8.1 AN GRÉASÁN AGUS NA DEISEANNA ATÁ ANN CHEANA

Tá sé cruthaithe go ngabhann mórthairbhí sóisialta, geilleagracha, comhshaoil, sláinte agus folláine don tsochaí leis an siúl.

D'ainneoin na dtairbhí sin, tá baic éagsúla ar an siúl le feiceáil ar fud an Limistéir Cheannchathartha. Áirítear na nithe seo a leanas leo sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Baic ar ghluaiseacht, amhail tranglam sráide agus feithiclí páirceáilte ar chosáin;
- An córas tráchta aontreo i Lár Cathrach Luimnigh, rud lena spreagtar luasanna níos airde tráchta;
- Soláthar agus cáilíocht neamh-chomhsheasmhach cosán, go háirithe i lár bailte agus sráidbhailte ceannchathartha;
- Limistéir cul-de-sac agus easpa tréscaoilteachta;
- Deiseanna trasnaithe shábháilte a bheith in easnamh;
- Forbairtí ribíneacha; agus
- Tosaíocht do choisithe a bheith in easnamh ar fud acomhail áitiúla.

Tá deis shuntasach ann le leas a bhaint as an móiminteam agus na tograí a rinneadh le déanaí. Áirítear leo sin:

- Cuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha dlúthfháis a bhfuil mar aidhm leo dlús agus gníomhaíocht a mhéadú laistigh de limistéir faoi fhoirgnimh atá ann cheana;
- Tograí na 'Sráideanna Móra' a bhfuil sé i gceist leo Sráid Uí Chonaill, Sráid Chaitríona agus Sráid Anraí a bhunathrú chun feabhais;
- Uasghráduithe a rinneadh le déanaí ar pháirc agus rianta Lár Baile Shionainne;
- Tionscadal beartaithe Imill Uisce den Chéad Scoth, lena n-áirítear struchtúir nua bheartaithe thar an tSionainn agus Abhainn na Mainistreach;
- Gréasán Siúil Luimnigh;
- An coincheap ollbhloic agus bainistíochta tráchta a bhfuil Liveable Limerick ina fhabhar; agus
- An Léarscáil Comharsanachtaí Insiúlta ar fhoilsigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh í le déanaí.

## 8.2 PRÍOMHTHORTHAÍ DON SIÚL

Tá na príomhthorthaí don siúl mar a leanas:

- Méadú sa sciar modha le haghaidh gach turais, go háirithe le haghaidh turais ghearra;
- Méadú sa líon turas atá comhcheangailte leis an iompar poiblí, leis an rothaíocht agus le cineálacha eile micrea-shoghluaisteachta;
- Timpeallacht coisithe atá lán-inrochtana, sábháilte agus tarraingteach agus atá oiriúnach do gach duine, beag beann ar aois agus ar chumas;
- Dearfar na scéimeanna nua agus iarfheistithe uile i gcomhréir leis na prionsabail uileghabhálacha atá leagtha amach sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha; agus
- Dearadh uirbeach ar chaighdeán níos airde lena dtabharfar tosaíocht do ghluaiseacht níos sábháilte agus níos éifeachtúla coisithe ar ghluaiseacht an chairr phríobháidigh.



## 8.3 GRÉASÁN SIÚIL AN LIMISTÉIR CHEANNCHATHARTHA

Comhtháthaíodh leis an Straitéis seo na prionsabail agus cuspóirí uileghabhálacha atá leagtha amach i ndoiciméid amhail Creat Gluaiseachta Cheantar Ceannchathartha Luimnigh agus Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus a Phurlán 2012-2018.

### BEART WK1

**Feabhsaithe ar an Timpeallacht Coisithe**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Gréasán príomhúil siúil a fhorbairt ar fud Chathair Luimnigh, Shionainne agus bailte Ceannchathartha eile;
- Bonneagar comharsanachta a iarfheistiú chun an insiúltacht a bhreisiú agus chun tarraingteacht an tsiúil a mhéadú trí thréscaoilteacht agus trí fhaireachas éighníomhach;
- Luasanna níos ísle tráchta chun feabhas a chur ar shábháilteacht coisithe agus chun tarraingteacht na timpeallachta le haghaidh an tsiúil a bhreisiú;
- Feabhas a chur ar acomhail agus ar thrasrianta coisithe trí bhearta amhail comhairimh síos do choisithe, agaí trasnaithe níos faide agus trasrianta atá ag teacht le mianlínte;
- Comharthaíocht neamhriachtanach, fógraíocht agus baic eile lena gcuirtear as don ghluaiseacht coisithe a bhaint; agus
- Breithniúcháin sábháilteachta agus slándála pearsanta a chur ar áireamh le linn bonneagar coisithe a dhearadh agus a phleanáil.

### 8.3.1 Cathair Luimnigh

Cé gur dlúth atá croílár stairiúil Lár Cathrach Luimnigh, cuirtear bac ar rochtain do choisithe i roinnt limistéar mar thoradh ar an líon teoranta droichead coisithe thar an tSionainn, ar shaoráidí trasnaithe atá faoi bhun an chaighdeáin, ar shráideanna leathana aontreo il-lana agus ar mhéideanna móra tráchta feithiclí agus ardluasanna tráchta feithiclí ar bhóithre isteach. Tá acmhainneacht shuntasach ag Lár Cathrach Luimnigh chun a insiúltacht a mhéadú de bharr na dea-thopagrafaíochta réidhe atá aige agus de bharr na bhfeabhsuithe a rinneadh le déanaí ar an ríocht phoiblí, lena n-áirítear limistéir ina dtugtar tosaíocht do choisithe agus saoráidí trasnaithe níos fearr.

Meastar go mbeidh fás suntasach ann laistigh de Lár Cathrach Luimnigh go dtí an bhliain 2040. Tuigtear go ndéanfar dul chun cinn ar roinnt tionscadal thar thréimhse feidhme na Straitéise. Áirítear leo sin an Ceantar Digiteach, Suíomh an Árais Cheoldrámaíochta, Suíomh Cleeves, athfhorbairt Ché Artúir agus Tionscadal na Cathrach Seoirseach Beo. Leis na forbairtí sin, meallfar gníomhaíocht mhéadaithe coisithe ar fud na Cathrach, rud a fhágann go bhfuil gá ann le feabhas a chur ar cháilíocht na timpeallachta coisithe.

Áirítear na nithe seo a leanas leis na feabhsuithe insiúltachta atá beartaithe do Lár na Cathrach thar thréimhse feidhme na Straitéise:

- Feabhsuithe ar Shráid Uí Chonaill;
- Ath-leithdháileadh an spáis bóthair chun tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht coisithe;
- Feabhsuithe ar phríomhacomhail chun tosaíocht a thabhairt do nascacht agus tréscaoilteacht do choisithe;
- Saoráidí trasnaithe a mheaitseáil le mianlínte coisithe;
- Tranglam sráide a bhaint;
- Feabhsuithe ar an ngréasán aimsiú bealaigh ar fud na cathrach;
- Forfheidhmiú a dhéanamh ar na dlíthe in aghaidh páirceáil neamhdhleathach ar chosáin;
- Tabhairt faoi Iniúchtaí Insiúltachta i gcomhar le raon éagsúil grúpaí geallsealbhóirí ar bhonn rialta;
- Tionscadal Imill Uisce den Chéad Scoth, lena n-áirítear droichead coisithe/rothar nua thar an tSionainn;
- Nascacht bhreisithe idir Lár na Cathrach agus Stáisiún Cholbaird; agus
- Soláthar leordhóthanach leithreas atá inrochtana don phobal agus soláthar leordhóthanach soilse agus suíochán.

Sa bhliain 2019, cheadaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh athdhearadh Shráid Uí Chonaill, rud lena gcuirfear feabhas mór ar an timpeallacht coisithe ar an tsráid.

Sa bhliain 2015, d'fhoilsigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an Cód Deartha agus Ríochta Poiblí do Limistéir Athghiniúna Luimnigh chun an Plean um an gCreat Athghiniúna a Chur Chun Feidhme a chomhlánú. Tugtar treoir ann maidir le dearadh sráid-dreach agus le tréscaoilteacht sráideanna, agus béim á leagan ar Southill, ar Bhéal Átha na Cora (Weston), ar Pháirc Mhuire agus Oileán an Rí, agus ar Mhaigh Rois.

### 8.3.2 Bealaí Straitéiseacha Siúil

Leis na bealaí seo a leanas, nasctar limistéir chónaithe chuig príomhlimistéir fostaíochta agus



oideachais tríú leibhéal i Lár Cathrach Luimnigh agus a bruachbhailte. Tá sé beartaithe go n-uasghrádófar iad i gcomhthráth le BusConnects agus go mbreiseofar leo an gréasán siúil (agus rothaíochta) chun méadú a chumasú sa líon turas comaitéirí de shiúl na gcos nó sa líon turas atá comhcheangailte leis an iompar poiblí.

## BEART WK2

**Tionscadail Straitéiseacha Coisithe Chathair Luimnigh**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cáilíocht na timpeallachta coisithe i Lár Cathrach Luimnigh a uasghrádú, lena n-áirítear sráideanna roghnaithe i Lár na Cathrach a áirithiú do choisithe;
- Feabhsuithe a dhéanamh ar an ngréasán siúil i gcomhthráth le cur chun feidhme BusConnects chun tosaíocht a thabhairt don taisteal ilmhódach; agus
- Acmhainneacht an Tionscadail Imill Uisce den Chéad Scoth a bhaint amach.

Áirítear iad seo a leanas leis na bealaí sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Bóthar Neasáin – Ospidéal Ollscoile Luimnigh, Tuar an Daill, agus Ionad Siopadóireachta an Chorráin, Béal Átha na Cora;
- Bóthar na hInse;
- Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh/Limistéar Sheanbhóthar na Creatalaí – Páirc Thuamhan/ Maigh Rois;

- Limistéar Ollscoil Luimnigh – An R445/Bóthar Bhaile Átha Cliath agus Bóthar Pháirc Plassey/ Caladh an Treoigh/Áth an Choite;
- Bóthar Bhaile Choimín – Páirc Gnó an Ráithín;
- Bóthar an Chorrbhaile/Ascaill Áth Longfoirt – Oileán an Rí;
- Bealach na Canála – lena nasctar Páirceanna na Sionainne go hOllscoil Luimnigh agus go Lár na Cathrach;
- Glasbhealach Comharsanachta na Réabóige;
- Lár baile Shionainne go Limistéar Neamhchustaim na Sionainne;
- Bóthar Childers; agus nascadh feadh Bhóthar Mhuileann na Fola go Bóthar na Grúdan;
- An R527/Bóthar Bhéal Átha Síomoin;
- Luimneach – an Corrbhaile – an Páirtín;
- Sionainn – an Chluain Mhuineach – Cora Chaitlín; agus
- An Limistéar Ceannchathartha go hInis.

### 8.3.3 Droichead Coisithe Nua/Tionscadal an Imill Uisce den Chéad Scoth

Fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cistiú le haghaidh Tionscadal Imill Uisce den Chéad Scoth a bhfuil sé beartaithe aige cé Chathair Luimnigh a bhunathrú chun feabhais. Tá droichead nua coisithe/rothar thar an tSionainn beartaithe mar ghné den Tionscadal sin, mar aon le droichid thar Abhainn na Mainistreach.

## 8.3.4 SIONAINN

Go dtí na blianta beaga atá imithe thart, múnlaíodh an gréasán siúil i Sionainn agus a purláin le leagan amach forbartha lena dtugtar tosaíocht do ghluaiseacht feithiclí príobháideacha ar ghluaiseacht coisithe, rud is cúis le timpeallacht neamhtharraingteach. Is féidir le daoine deacrachtaí a bheith acu a mbealach a aimsiú i Sionainn toisc gurb ann d'ordlathas doiléir sráideanna, d'easpa éadanais ghníomhaigh agus d'easpa leideanna amhairc amhail sainchomharthaí agus tairseacha. Déanfar iarracht le Máistirphlean Lár Baile Shionainne agus Plean Soghluaisteachta Shionainne atá ag teacht chun cinn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, lena n-áirítear an gréasán Conairí Dubha/Glasbhealaí agus naisc easbhóthair a chur ar áireamh feadh na habhann idir Sionainn agus Bun Raite.

### 8.3.5 Lár Bailte Ceannchathartha

Mar thoradh ar an ardleibhéal comaitéireachta amach a tharlaíonn sna bailte ceannchathartha, ba cheart an siúl a chur chun cinn mar chuid de thurais atá comhcheangailte leis an iompar poiblí. Ba cheart an timpeallacht coisithe timpeall stadanna bus agus stáisiún traenach a fheabhsú sa Chreatalach, i Sionainn, i nDroichead Abhann Ó gCearnaigh agus i lár bailte agus sráidbhailte ceannchathartha eile. Déanfar an obair sin i gcomhthráth le tograí úsáide talún lena gcomhdhlúthófar lár sráidbhailte, lena neartófar an fheidhm áite atá acu agus lena laghdófar na patrúin forbartha ribíní atá le feiceáil i sráidbhailte amhail Clár Aidhne agus Tobar Phádraig. Tugtar tacaíocht leis an Straitéis seo do chuspóirí an Phlean Limistéir Áitiúil i dtaca leis an timpeallacht coisithe i gCaisleán Uí Chonaill, in Eas Géitine, i gCaladh an Treoigh agus i dTobar Phádraig.

### BEART WK3

**Lár Bailte agus Sráidbhailte Ceannchathartha**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Na feabhsuithe ar an timpeallacht coisithe atá leagtha amach i bPlean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus a Phurlán a chur i gcrích;
- Cosáin a sholáthar idir sráidbhailte agus bailte nuair is cuí agus is indéanta; agus
- Comhdhlúthú na forbartha timpeall lár bailte agus sráidbhailte atá ann cheana sa Limistéar Ceannchathartha a chomhlánú trí fheabhsuithe a dhéanamh ar an ríocht phoiblí, ar feabhsuithe iad lena n-éascófar líon níos airde turas níos sábháilte de shiúl na gcos.

Áirítear leis na dúshláin atá roimh Shionainn as seo amach an gá atá ann le nascachtaí coisithe a athchóiriú agus a athchruthú idir forbairtí atá ann cheana agus forbairtí nua, amhail Limistéar Neamhchustaim na Sionainne agus limistéir chónaithe, trí fheabhas a chur ar na nithe seo:

- Inléiteacht;
- Tréscaoilteacht; agus
- Nascacht.

Moltar i bPlean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus a Phurlán Creat Comhfhorbairt Áite a bhfuil mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí chearnóg lárnach agus sraith príomhnód agus príomhbhealaí a chruthú. Rinne Comhairle Contae an Chláir coillearnach páirce Shionainne atá ann cheana agus Páirc Rinn Eanaigh in aice léi a bhunathrú ina bPáirc Baile shuaitheanta le déanaí. Is beartaithe thar thréimhse feidhme na Straitéise atá tuilleadh feabhsuithe atá ar aon dul leis an bPlean Limistéir Áitiúil.

### 8.3.6 Droichead Abhann Ó gCearnaigh

Tá lár baile dlúth ag Droichead Abhann Ó gCearnaigh. Mar sin féin, tá an timpeallacht coisithe ar chaighdeán measctha agus faoi cheannas an chairr. Leagfar an díriú ar fheabhas a chur ar an nasc idir an stáisiún traenach agus lár an bhaile. Chun an nascacht fhoriomlán thuaidh-theas a fheabhsú, ba cheart tabhairt faoi fheabhsuithe sráid-dreacha, faoi fhorbairt inlíonta a bhfuil éadanas gníomhach aici agus faoi nascacht fheabhsaithe do choisithe thar an abhainn.

### 8.3.7 Bun Raite

Tá lár sráidbhaile Bhun Raite lonnaithe as an N18, feadh Sheanbhóthar Bhun Raite, ar bóthar áitiúil é. Is mórcheann scríbe do thurasóirí laistigh den Limistéar Ceannchathartha é an sráidbhaile toisc Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite a bheith lonnaithe ann. Tá Cairéal Roadstone Wood lonnaithe feadh an bhóthair sin freisin, rud a fhágann go dtéann trácht feithiclí earraí troma tríd an mbaile.

Chun freastal ar an líon réamh-mheasta cuairteoirí, teastaíonn feabhas a chur ar an ríocht phoiblí feadh Sheanbhóthar Bhun Raite agus i dtreo an ionaid cuairteoirí, lena n-áirítear cosáin agus saoráidí trasnaithe a uasghrádú.

### 8.3.8 An Chreatalach

Is timpeallacht dhúshlánach í an timpeallacht coisithe sa Chreatalach de bharr an chineáil scaipthe shraoilleáilte seirbhísí agus limistéar cónaithe atá ann feadh an R462. Dá bharr sin, tá ómós áite in easnamh air. Ba cheart an díriú a leagan ar lár an tsráidbhaile idir Bóthar na Coille agus Crois na Creatalaí a neartú agus, dá gcuirfí feabhas ar an sráid-dreach sa limistéar sin, chuirfí feabhas ar shábháilteacht agus compord na gcoisithe, chruthófaí ómós áite agus bhreiseofaí an nascacht chuig an iompar poiblí.

### 8.3.9 Ard na Croise

Maidir leis an díriú i dtaca le feabhsuithe do choisithe, ba cheart é a leagan ar lár sráidbhaile a chruthú agus ar naisc shiúil agus an tréscaoilteacht siúil a neartú idir limistéir chónaithe agus saoráidí miondíola agus pobail. Cuirfear feabhas freisin ar cháilíocht na nascachtaí coisithe i dtreo Bhruach na Sionainne agus Westbury.

### 8.3.10 Cluain Lára

Tá forbairt tagtha ar shráidbhaile Chluain Lára le himeacht ama feadh crosbhóthair, rud is cúis leis an bhforbairt líneach atá ann. Ba cheart an díriú a leagan ar fhorbairtí a chomhdhlúthú timpeall lár an tsráidbhaile, na tairseacha a neartú ar an mbealach isteach sa sráidbhaile agus feabhas a chur ar an ngeoiméadracht acomhail ag an gcrosbhealach idir Gort na Tiobraide agus Goirt an Teampaill chun an trácht a mhoilliú agus chun feabhas a chur ar an timpeallacht coisithe.

### 8.3.11 An Pairtín

Maidir le feabhas a chur ar an timpeallacht coisithe sa Phairtín, ba cheart an díriú a leagan ar úsáid talún a chomhdhlúthú timpeall lár sráidbhaile. Ba cheart feabhas a chur ar dhálaí siúil agus an tréscaoilteacht idir Scoil an Phairtín, arb í an scoil náisiúnta í, agus na heastáit chónaithe mórthimpeall. Cuirfear feabhas freisin ar cháilíocht na nasc coisithe siar i dtreo iarthuaisceart na cathrach agus soir i dtreo Bhruach na Sionainne agus Westbury.

### 8.3.12 Crios Forbartha Straitéisí Geilleagraí an Chláir Theas/Ollscoil Luimnigh

Sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, tá cuspóir leagtha amach go dtacófaí leis na tailte ar an taobh thuaidh d'Ollscoil Luimnigh a ainmniú mar Chrios Forbartha Straitéisí Geilleagraí an Chláir Theas agus é a fhorbairt dá réir ina dhiaidh sin, faoi réir fhorálacha an Achta um Pleanáil agus faoi réir tosca eile. Moltar sa Straitéis seo go ndéanfaí Measúnacht Iompair Limistéarbhunaithe le haghaidh an Chreasa Forbartha Straitéisí atá beartaithe chun a chinntiú go ndéanfar comharsanachtaí tréscaoilteacha insiúlta lena n-íoslaghdófar úsáid carranna a chruthú ón tús.

### 8.3.13 Tobar Phádraig

Forbraíodh Scéim Athnuachana Sráidbhaile Thobar Phádraig sa bhliain 2016 agus bhí sí comhdhéanta de thograí a bhfuil mar aidhm leo an ríocht phoiblí a uasghrádú, leagan amach na Sráide Móire a athmhúnlú chun feabhas a chur ar bhainistíocht tráchta, agus timpeallacht shábháilte siúil a sholáthar do choisithe.

Tá sé de chuspóir ag Plean Limistéir Áitiúil Thobar Phádraig an tréscaoilteacht atá ag limistéir chónaithe agus limistéir thaitneamhachta lena chéile agus le lár an bhaile a iarfheistiú agus a chosaint. Tugtar tacaíocht don chuspóir sin leis an Straitéis seo ar mhaithe le tréscaoilteacht mhéadaithe a bhaint amach. Tá cuspóir ann freisin go ndéanfaí cosán easbhóthair agus rotharbhealach easbhóthair a chur chun feidhme feadh Abhainn na Bearna Coill.

### 8.3.14 Áth an Choite

Breiseofar an timpeallacht coisithe in Áth an Choite mar chuid de na feabhsuithe ar mhórlimistéar Ollscoil Luimnigh.

### 8.3.15 Clár Aidhne

Leagfar an díriú i gClár Aidhne ar fhorbairt líneach scaipthe bhreise a dhíspreagadh chun a chinntiú go mbeidh cónaitheoirí amach anseo ina gcónaí laistigh de thuras de shiúl na gcos ó sheirbhísí.

### 8.3.16 Caisleán Uí Chonaill

De réir Phlean Limistéir Áitiúil Chaisleán Uí Chonaill (a fadaíodh go dtí an bhliain 2023), leagfar an díriú i gCaisleán Uí Chonaill ar a thimpeallacht nádúrtha agus thógtha a bhreisiú, ar fhorbairt a chomhdhlúthú timpeall chroílár an tsráidbhaile agus ar fheabhas a chur ar nascachtaí coisithe idir an sráidbhaile agus an stáisiún traenach.

### 8.3.17 Bealaí Áitiúla Taitneamhachta agus Tuaithe

Is iad bealaí taitneamhachta an nasc idir limistéir a bhfuil spás oscailte poiblí agus taitneamhachtaí áineasa iontu agus cuireann siad feabhas ar na limistéir sin.

Is gnách go bhfreastalaíonn bealaí áitiúla taitneamhachta ar choisithe agus ar rothaithe araon. Beidh sé níos práinní an choinbhleacht idir coisithe agus rothaithe a íoslaghdú de réir mar a mhéadaíonn an tóir ar na limistéir sin. I gcás nach féidir lán-leithscaradh a bhaint amach idir gluaiseacht coisithe agus gluaiseacht rothaithe, is féidir go mbeidh sé cuí tabhairt faoi idirghabhálacha atá sonrach don láithreán. Áirítear leo sin moilliú tráchta a thabhairt isteach ar shráideanna cónaithe cóngaracha, stiallta tormáin íseal-leibhéil do rothair, agus feachtais siúil thuisceanaigh agus rothaíochta tuisceanaí chun an choinbhleacht a laghdú. Is annamh is freagairt chuí iad cosáin chomhroinnte do choisithe agus do rothaithe agus is minic a chruthaíonn siad coinbhleacht idir úsáideoirí éagsúla, go háirithe i dtimpeallacht shrianta.

Chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tús le staidéar a ullmhú ina scrúdófar an fhéidearthacht a bhaineann le Glasbhealaí agus le Gormbhealaí. Mar thoradh ar Luimneach a bheith lonnaithe ar imeall uisce agus ar an lear spásanna glasa atá aici, is ann do dheiseanna suntasacha chun conairí glasa-gorma a chruthú ar fud na cathrach agus na mbruachbhailte, ar conairí iad lena nascfar na limistéir sin. Tá a lán gnéithe i gceist le tairbhí na gconairí glasa-gorma. Áirítear leo sin:

- Sláinte agus folláine dhearfach a chur chun cinn;
- Feabhas a chur ar cháilíocht an aeir;
- Bithéagsúlacht uirbeach a chosaint agus a mhéadú;
- An rochtain ar an dúlra a bhreisiú; agus
- Rannchuidiú le bainistíocht tuile.

Tá an-acmhainneacht le haghaidh forbairt turasóireachta ag gabháil le cosáin thaitneamhacha laistigh de Chaladh an Treoigh agus trí Chaladh an Treoigh, go háirithe feadh na Sionainne, na Grúdan agus na Maoilchearna. Sonraítear i gcuspóir de chuid Phlean Limistéir Áitiúil Chaladh an Treoigh go bhféachfaidh an Chomhairle lena chinntiú gur lonnaithe laistigh d'achar 100 m de shiúl na gcos ó pháirc phóca/ó phaiste súgartha a bheidh gach aonad cónaithe nua in eastáit tithíochta nua.

Ar fud na gcodanna tuaithe den Limistéar Ceannchathartha, is féidir go mbeidh acmhainneacht ann chun leibhéil mhéadaithe siúil a éascú agus a chur chun cinn trí chosáin atá ann cheana a uasghrádú agus trí chosáin nua a sholáthar, go háirithe chun limistéir chónaithe a nascadh chuig taitneamhachtaí agus seirbhísí a d'fhéadfadh bheith lasmuigh de limistéir faoi fhoirgnimh.

Sainaithnítear i bPlean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus a Phurlán ceithre chosán lúbtha lena nasctar lár an bhaile chuig an ionad fóillíochta, chuig páirceanna agus coillearnacha éagsúla agus chuig Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, i measc nithe eile. Is iad sin:

- Rian an Inbhir Thiar;
- Rian Shlí na Mara;
- Rian an Inbhir Thoir; agus
- Rian Inbhear an Limistéir Neamhchustaim.

Ar leibhéal an tionscadail le haghaidh gach bealaigh áitiúil thaitneamhachta agus thuaithe, déanfar Measúnachtaí Cuí iomlána chun a chinntiú nach rachaidh aon tionscadal chun dochair do shláine láithreáin Eorpaigh nó láithreán Eorpach agus go gcuirfear gach céim den phróiseas Measúnachta Cuí i gcrích go hiomlán de réir na Treorach maidir le Gnáthóga agus de réir gach reachtaíochta lena dtrasuitear an Treoir sin.

### BEART WK4

**Bealaí Áitiúla Taitneamhachta agus Tuaithe**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Uasghrádú a dhéanamh ar shaoráidí siúil lena nasctar spásanna glasa, an tSionainn agus limistéir áineasa eile chun conairí glasa-gorma a chruthú ar mhaithe le dea-fholláine fhisiciúil agus meabhrach a chur chun cinn, lena n-áirítear dul chun cinn a dhéanamh ar athfhorbairt an Droichid Dhuibh i Luimneach agus ar athfhorbairt thrasrianta na Dubhabhann;
- Cosáin a sholáthar agus/nó a fheabhsú ar bhóithre tuaithe mar a sainaithnítear éileamh ar ghluaiseacht coisithe; agus
- Tabhairt faoi phleanáil, dearadh agus forbairt bealaí siúlóide de réir na Treorach maidir le Gnáthóga agus de réir gach reachtaíochta lena dtrasuitear an Treoir sin.

## 8.4 BEARTA TACAÍOCHTA

Spreagtar daoine chun siúl nuair is ann do thimpeallachtaí sráide atá tarraingteach, spéisiúil agus inrochtana. Is leagtha amach sna rannáin seo a leanas atá bearta tacaíochta a bhfuil mar aidhm leo na timpeallachtaí sin a chruthú. Tá tuilleadh mionsonraí le fáil sa Chaibidil dar teideal 'Bearta Tacaíochta'.

### 8.4.1 Inrochtaineacht agus Dearadh Uilíoch

Is bunriachtanas é go mbeadh an ríocht phoiblí inrochtana do gach duine aonair. Cloífear le prionsabail an Deartha Uilíoch le linn an ríocht phoiblí agus an sráid-dreach a fheabhsú.

Is é atá i gceist le Dearadh Uilíoch ná timpeallacht a dhearadh chun gur féidir le gach duine í a rochtain, a thuiscint agus a úsáid a mhéid is féidir, beag beann ar a n-aois, a méid, a gcumas ná a míchumas, lena n-áirítear míchumas fisiciúil, míchumas cognaíoch agus míchumas céadfach.


### 8.4.2 Bailte Aoisbhácha

Tá aosú an daonra ag leanúint ar aghaidh ar luas méadaitheach, rud a chruthaíonn a lán deiseanna agus dúshlán nuair atáthar ag freagairt do riachtanais ilchineálacha ár ndaonra atá ag dul in aois maidir le tacú lena neamhspleáchas leantach, lena gcuid sláinte agus folláine, lena nascacht shóisialta agus lena sábháilteacht.

De bharr na n-athruithe réamh-mheasta ar na próifílí aoise ar fud an Limistéir Cheannchathartha, beidh sé riachtanach an ríocht phoiblí agus gréasáin iompair a oiriúnú chun a chinntiú go mbeidh siad inrochtana do gach duine, beag beann ar aois agus ar chumas, lena n-áirítear daoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu agus/nó a bhfuil laguithe cognaíocha, amhairc nó éisteachta acu agus daoine a bhfuil bugaí acu.

**Walkable Neighbourhood**
**Limerick City**

Approximate walking times around the city, calculated on the basis of an average speed of 5 km/h.



Tá Comhairle Contae an Chláir agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh araon ina mbaill d'Aoisbhá Éireann agus ghlac siad a Straitéis Aoisbhách féin, a n-áirítear leis an dá cheann díobh cuspóirí le haghaidh an timpeallacht thógtha agus an gréasán iompair a oiriúnú.

Áirítear leis na feabhsuithe Aoisbhácha ar an ríocht phoiblí suíochánra poiblí, bonneagar aimsiú bealaigh, leithris phoiblí, trasrianta coisithe agus pábháil thadhlach a sholáthar go leordhóthanach. Tá cuspóirí eile a bhaineann le dearadh uilíoch agus cuimsitheach leagtha amach sa Chaibidil dar teideal 'Dearadh Uirbeach agus Comhfhorbairt Áite'.

### 8.4.3 Bealaí Siúil chuig Mórchinn Scríbe

Baintear an-úsáid as carranna le haghaidh turais measartha gearr chuig áiteanna oideachais, go háirithe i measc daltaí bunscoile. Éireoidh an siúl ina rogha níos sábháilte agus níos tarraingtí trí bhealaí siúil a bheidh sábháilte, inléite agus lách a chruthú i ngarchomharsanacht scoileanna. Tá tuilleadh mionsonraí maidir le bearta le haghaidh taisteal chuig an scoil tugtha sa Chaibidil dar teideal 'Úsáid Talún, Athghiniúint agus Scoileanna'.

Cé go ndíreofar infheistíocht ar scoileanna, féachfaidh an tÚdarás agus údaráis áitiúla freisin le feabhas a chur ar na saoráidí coisithe lena bhfreastalaítear ar stáisiúin agus stadanna iompair phoiblí, ar ospidéil, ar champais 3ú leibhéal agus ar nithe eile a ghineann ardlíon turas sa Limistéar Ceannchathartha.

### 8.4.4 Aimsiú Bealaigh

Is féidir le heaspa eolais ar bhealaí agus achair chuig cinn scríbe a bheith ina bac ar an siúl do thurasóirí agus do chuairteoirí, agus do na daoine sin freisin a bhfuil uathachas nó néaltrú orthu.

Sheol Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Léarscáil Comharsanachtaí Insiúlta de Chathair Luimnigh sa bhliain 2019. Léirítear uirthi príomhláithreacha agus pointí spéise laistigh de Lár na Cathrach, agus í deartha ionas go mbeadh sí cosúil le léarscáil thraidisiúnta iompair phoiblí. Léirítear na hagaí siúil idir gach stad ar an léarscáil.

### 8.4.5 Tréscaoilteacht

Comhpháirt thábhachtach de thacú le timpeallachtaí níos insiúlta is ea gréasán tréscaoilteach sráideanna. Le roinnt mhaith blianta anuas, tá an-chuid de na forbairtí cónaithe sa Limistéar Ceannchathartha comhdhéanta de leaganacha amach atá neamhscagach agus de chineál cul-de-sac, rud is cúis le bealaí timpeallacha chuig seirbhísí áitiúla, chuig scoileanna agus chuig stadanna iompair phoiblí.

Áirítear na nithe seo a leanas le bearta a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar thréscaoilteacht do choisithe:

- Teorainneacha múrtha/limistéir cul-de-sac a oscailt;
- Scagairí tráchta chun cóngar sciuirde ag feithiclí a theorannú, agus súgradh sráide á éascú ag an am céanna;
- Sráideanna 'Déan féin é';
- Iniúchtaí ar dhearadh cáilíochta agus ar inrochtaineacht coisithe a cheangal in iarratais phleanála ar limistéir chónaithe nua;
- Trasrianta coisithe agus rothaíochta a sholáthar chun limistéir atá leithscartha ag bóithre nó ag baic fhisiciúla eile a nascadh; agus
- Pleanáil agus dearadh lena gcinntítear inrochtaineacht do dhaoine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu.

Tá an Treoir Dea-Chleachtais maidir le Tréscaoilteacht ón Údarás ar fáil chun cabhrú le húdaráis áitiúla agus le heagraíochtaí eile agus iad ag iarraidh dul i ngleic leis na saincheisteanna a dhéanann difear do thréscaoilteacht, agus an bonn le dul i ngleic le hoidhreacht an scoilte á sholáthar.


## BEART WK5

**Bearta Tacaíochta don Siúl**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Córas aimsiú bealaigh do choisithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme do Lár Cathrach Luimnigh agus do Shionainn;
- A chinntiú gur cuimsitheach agus inrochtana do gach duine, beag beann ar chumas agus ar aois, a bheidh an bonneagar coisithe, ach úsáid a bhaint as prionsabail an Deartha Uilíoch agus as comhoibriú idir raon éagsúil geallsealbhóirí;
- Tionscadail tréscaoilteachta a sholáthar ar fud limistéir uirbeacha, ar tionscadail iad lena laghdófar an t-achar is gá a thaisteal de shiúl na gcos chuig príomhchinn scríbe agus chuig seirbhísí iompair phoiblí. I láithreacha roghnaithe, forbrófar pacáiste tionscadal tréscaoilteachta mar chuid de phleananna limistéir áitiúil nó de mháistirphleananna;
- Tabhairt faoi iniúchtaí insiúltachta i láithreacha ina bhfuil éileamh ard ar ghníomhaíocht coisithe agus inar sainaithníodh easnaimh ar an ngréasán; agus

Leanúint le cur chun feidhme a dhéanamh ar thionscnaimh athrú iompraíochta, ar tionscnaimh iad lena gcuirtear an siúl chun cinn agus a sholáthraítear trí áiteanna oibre agus trí scoileanna, e.g., Taisteal Níos Cliste, agus leanúint le tionscnaimh amhail Bealaí Sábháilte chuig an Scoil agus Sráideanna Scoile a chur chun feidhme.


AN ROTHAÍOCHT
28.2m
turas de rothar
gach bliain
10-15%
Sciar Mhodh na Rothaíochta*
Tógtar níos mó ná
27,000
turas de rothar le linn bhuaic-amanna na maidine, rud lena maolaítear an plódú
*Is í sin sprioc na bliana 2040 don Limistéar Ceannchathartha, in ionad í a bheith ar an toradh samhaltaithe.
Gréasán Bealaí
Príomhúla
Rothaíochta atá 41 km ar fad
Gréasán Bealaí
Tánaisteacha
Rothaíochta atá 45 km ar fad
Gréasán Bealaí
Friothálacha
Rothaíochta atá 41 km ar fad
Gréasán
Glasbhealaí
atá
61 km
ar fad
Tionchar
dearfach ar an
meabhairshláinte
Trí ghníomhaíocht a dhéanamh ar feadh 20 nóiméad sa lá, laghdaítear faoi 20% ar a laghad an baol go mbeidh galar croí, diaibéiteas chineál 2 agus roinnt cineálacha ailse ar dhuine
Leathnú na gCóras
Comhroinnte Rothar
Saoráidí
breisithe Deireadh Turais
Meastar gurb ionann costas na Straitéise agus thart ar
€74m
(móide gnéithe rothaíochta BusConnects)

# 09 AN ROTHAÍOCHT

**Is é an fhís atá ag Staidéar ar Ghréasán Rothaíochta do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh ná go bhforbrófaí gréasán comhsheasmhach, soiléir agus leanúnach raonta uirbeacha agus fo-uirbeacha rothaíochta ar fud Limistéar Ceannchathartha Luimnigh chun a chinntiú go n-éireoidh an rothaíocht ina rogha réadúil iompair.**

An Staidéar ar Ghréasán Rothaíochta do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh 2016.

**Is é an fhís do bhaile Shionainne ná go n-éireodh sé ina bhaile a thacaíonn le rothaithe. Éireoidh an rothaíocht ina gnáthmhodh chun taisteal thart, go háirithe le haghaidh turais ghearra. Cuirfear an rothaíocht chun cinn chun freastal ar rothaithe comaitéireachta, ar rothaithe áineasa, ar rothaithe turasóireachta agus ar rothaithe iomaíocha.**

Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus a Phurlán 20112-2018.

Modh iompair a ngabhann costais ísle leis, atá inbhuanaithe agus a bhíonn ag fás is ea an rothaíocht. Tá an-acmhainneacht neamhshaothraithe ag Cathair Luimnigh chun a tairiscint rothaíochta agus a cultúr rothaíochta a bhreisiú go mór de bharr na topagrafaíochta réidhe agus an dearaidh dhlúith atá aici agus de bharr na fírice gur féidir taisteal ó Lár na Cathrach go dtí an t-imeall uirbeach laistigh de 30 nóiméad.

Go bunúsach, is amhlaidh, a luaithe a bheidh an bonneagar i bhfeidhm, gurb oiriúnach don rothaíocht a bheidh gach turas, beagnach, laistigh de Chathair Luimnigh agus a Bruachbhailte agus laistigh de na bailte ceannchathartha.

Tá tús á chur ag an Údarás le clár rí-uaillmhianach a chur i bhfeidhm le haghaidh bonneagar rothaíochta a fhorbairt ar fud na tíre. Tá foirne Taistil Ghníomhaigh á mbunú laistigh de na húdaráis áitiúla chun tionscadail a fhorbairt agus a chur chun feidhme sa réimse seo. Cisteofar na hacmhainní sin tríd an Údarás agus cuirfear de chúram orthu an gréasán rothaíochta don Limistéar Ceannchathartha a chur chun feidhme. Leis an struchtúr nua sin, comhlánófar agus neartófar an clár deontas reatha a riarann an tÚdarás é sna cathracha réigiúnacha.

Gealltar sa Phlean Forbartha Náisiúnta gréasáin rothaíochta a sholáthar do gach ceann de chathracha na hÉireann. Ar leibhéal réigiúnach, is iad an Staidéar ar Ghréasán Rothaíochta do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh agus Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus a Phurlán an bonn le gréasán rothaíochta an Limistéir Cheannchathartha.

Teastaíonn bonneagar ar ardchaighdeán agus bearta tacaíochta chun cultúr rothaíochta a chothú sa Limistéar Ceannchathartha agus chun an rogha chun rothaíocht a dhéanamh a thabhairt do gach duine. Áirítear leo sin:

- Bealaí Príomhúla, Tánaisteacha, Idiruirbeacha agus Friothálacha, Glasbhealaí agus Bealaí Ciúine a shainaithint;
- Saoráidí atá deartha de réir chaighdeáin an Lámhleabhair Náisiúnta Rothaíochta, lena n-áirítear saoráidí páirceála rothar;
- Leithscaradh iomlán nó éadrom ó mhodhanna eile chun sábháilteacht agus compord a chinntiú do gach úsáideoir bóithre;
- Moilliú tráchta áitiúil, luasteorainneacha níos ísle agus cóireálacha acomhail, go háirithe ag acomhail chasta i limistéir uirbeacha; agus
- Comhtháthú le timpeallachtaí coisithe i limistéir lárnacha.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, maidir leis na mionsonraí faoi ailínithe atá leagtha amach sna rannáin seo a leanas, go bhfuil siad táscach agus faoi réir tuilleadh forbartha de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar na próisis deartha agus phleanála le haghaidh tionscadail aonair.

## 9.1 GRÉASÁN ROTHAÍOCHTA NA STRAITÉISE SEO

### 9.1.1 An Staidéar ar Ghréasán Rothaíochta do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh

Is leagtha amach sa Staidéar ar Ghréasán Rothaíochta do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh an gréasán rothaíochta beartaithe do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh. Tá an Staidéar sin mar bhonn leis an nGréasán Rothaíochta a sholáthar. Is é atá sa Staidéar ná comhpháirt thábhachtach d'fhís Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le cultúr rothaíochta a fhorbairt laistigh de Limistéar Ceannchathartha Luimnigh.



Forbraíodh an Staidéar ar aon dul le cuspóirí tábhachtacha Taistil Níos Cliste, i.e., is de rothar a thógfar 10% de na turais uile (lena n-áirítear turais atá comhcheangailte leis an iompar poiblí).

### 9.1.2 Príomhaidhmeanna an Staidéir

- Gréasán rothaíochta a shainaithint lena soláthraítear bealaí leanúnacha comhleanúnacha idir na príomhnithe a dhéanann turais a ghiniúint agus a mhealladh;
- Cáilíocht seirbhíse atá de leibhéal B nó níos airde a bhaint amach i ngach conair phríomhúil;
- Cáilíocht seirbhíse atá de leibhéal B nó nach isle ná leibhéal C a bhaint amach ar bhealaí tánaisteacha; agus
- Cáilíocht seirbhíse atá de leibhéal B a sholáthar ar bhealaí friothálacha.

### 9.1.3 Conairí Ardacmhainne

Sainaithníodh trí Chonair Gheilleagracha sa Staidéar seo, mar atá an Chonair Thrasnach; an Chonair Thiar Thuaidh; agus an Chonair Thoir Theas. Áirítear na nithe seo leis na príomhnithe a ghineann turais feadh na gconairí sin:

- Ospidéal Ollscoile Luimnigh;
- Ollscoil Luimnigh;
- Ionad Siopadóireachta an Chorráin;
- Limistéir chónaithe i dTuar an Daill, i gCaladh an Treoigh, i mBéal Átha na Cora agus i Móin an Lín;
- Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne;
- Coláiste Mhuire gan Smál;
- Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh; agus
- An Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta.

Is é an Staidéar ar Ghréasán Rothaíochta an bonn le gréasán rothaíochta na Straitéise seo, i dteannta roinnt bealaí breise a sainaithníodh ó fhoilsiú an Staidéir i leith.

### 9.1.4 An Gréasán Bealaí Príomhúla Rothaíochta

Comhfhreagraíonn Bealaí Príomhúla sainithe dóibh sin a bhfuil an leibhéal is airde éilimh iontu. Is bealaí díreacha iad Bealaí Príomhúla i bhformhór na gcásanna agus soláthraíonn siad naisc ghathacha mheánfhada chuig príomhchinn scríbe. Forlíontar na bealaí sin le bealaí tánaisteacha agus friothálacha a thugann rochtain ar cheantair chónaithe agus ar shaoráidí/sheirbhísí áitiúla.

**Bealaí Gathacha Príomhúla**

- Mungairit go Lár na Cathrach feadh an R510, an R526, Bhóthar Bhéal Átha na Cora, an Chuarbhóthair Theas agus Shráid Anraí;
- Bóthar Bhéal Átha Síomoin (an R527) a théann ar atreo isteach ar Sheanbhóthar Bhéal Átha Síomoin sa chuid thoir;
- Lár na Cathrach go hOllscoil Luimnigh agus go dtí an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta feadh Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath agus Bhóthar Pháirc Plassey;
- Lár na Cathrach go Westbury agus Ard na Croise feadh Bhóthar an Chorrbhaile (an R463);
- Crois Chathair Dháibhín go Droichead an tSáirséalaigh trí Bhóthar na Creatalaí, trí Shráid Uí Sheasnáin, tríd an mBóthar Ard, trí Ghairdíní Bellefield agus trí Thrá Mhic Fhlanncha; agus
- Bóthar na hInse go Droichead an tSáirséalaigh.

**Cuarbhealach Príomhúil**

Is iad na lánaí leithscartha rothar ar Bhóthar Childers an bonneagar is inmhianaithe le haghaidh Bealaí Príomhúla ó thaobh na sábháilteachta agus an chompoird de.

## BEART CC1

**Gréasán Cuimsitheach Straitéiseach Rothaíochta a Fhorbairt**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cur leis an Staidéar ar Ghréasán Rothaíochta do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh agus le Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus a Phurlán atá ann cheana chun gréasán cuimsitheach rothaíochta do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne a sholáthar ar shlí atá comhsheasmhach leis an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta;
- Gréasán rothaíochta a sholáthar a bheidh comhtháite, láncheangailte agus ar ardchaighdeán agus lena nascfar na príomhphointí tosaithe uile agus na príomhchinn scríbe uile laistigh den Limistéar Ceannchathartha;
- Gréasán Idiruirbeach a fhorbairt lena nascfar Cathair Luimnigh, Sionainn, lár na mbailte ceannchathartha agus Inis;
- Gréasán rothaíochta ar ardchaighdeán a fhorbairt laistigh de Bhailte Ceannchathartha an Limistéir Cheannchathartha;
- Sainaithint a dhéanamh ar na deiseanna áitiúla atá ann le haghaidh tréscaoilteachta agus bealaí friothálacha chun feabhas a chur ar naisc chuig an ngréasán bealaí príomhúla agus tánaisteacha agus glasbhealaí agus cur lena tharraingtí atá an rothaíocht le haghaidh turais ghearra;
- An bonneagar atá ann cheana a chothabháil agus a bhreisiú de réir ardchaighdeáin;
- Comhoibriú leis an nGarda Síochána i dtaca le forfheidhmiú a dhéanamh ar na dlíthe um thrácht ar bhóithre de réir mar a bhaineann siad le raonta rothar agus le lánaí rothar; agus

## BEART CC1 AR LEAN

- Tabhairt faoi phleanáil, dearadh agus forbairt bealaí rothar de réir na Treorach maidir le Gnáthóga agus de réir gach reachtaíochta lena dtrasuitear an Treoir sin.

### 9.1.5 Trasrian na Sionainne

Is bac mór ar an rothaíocht agus foinse mhór scoilte iad na droichid thar an tSionainn. Is timpeallachtaí atá cúng, ar mhórán tráchta agus neamhoiriúnach do choisithe agus do rothaithe iad Droichead Thuamhan agus Droichead an tSáirséalaigh.

Mar chuid den Straitéis seo, tá sé beartaithe ag an Údarás agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh trácht carranna príobháideacha a bhaint de Dhroichead an tSáirséalaigh agus gan ach busanna, tacsaithe, rothaithe agus coisithe a cheadú. Mar chuid den tionscadal seo, agus bainteach le soláthar an bhealaigh phríomhúil rothaíochta ó Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne go Lár na Cathrach, rud atá ag céim an deartha agus na pleanála faoi láthair, féachfar le dea-sholáthar do rothair a chruthú ar Dhroichead an tSáirséalaigh.

Chomh maith leis sin, féachfaidh an tÚdarás agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le droichead nua coisithe agus rothar a sholáthar thar an tSionainn ag pointe feadh Thrá Uí Cheallacháin, faoi réir Measúnacht Chuí agus aon cheanglas maolaithe ina dhiaidh sin maidir le limistéir atá ainmnithe mar Limistéir Oidhreachta Náisiúnta nó mar Limistéir Chaomhantais Speisialta.

De bhreis air sin, féachfaidh an tÚdarás agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le bonneagar buan rothaíochta a sholáthar ar Dhroichead na Sionainne, lena n-áirítear ag an acomhal timpealláin le Cé an Easpaig/Bóthar an Duga.

## BEART CC2

**Trasrian na Sionainne**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Bonneagar rothaíochta atá breisithe go mór a sholáthar thar an tSionainn i Lár Cathrach Luimnigh trí dhroichid atá ann cheana a uasghrádú agus trí thrasrian nua atá tiomnaithe do choisithe agus do rothaithe a sholáthar;
- Ar leibhéal an tionscadail, déanfar Measúnacht Chuí iomlán chun a chinntiú nach rachaidh an tionscadal chun dochair do shláine láithreáin Eorpaigh nó láithreán Eorpach agus go gcuirfear gach céim den phróiseas Measúnachta Cuí i gcrích go hiomlán de réir na Treorach maidir le Gnáthóga agus de réir gach reachtaíochta lena dtrasuitear an Treoir sin; agus
- Ar leibhéal an tionscadail, déanfar Measúnú Chuí i gcomhréir go hiomlán leis na Treorach maidir le Gnáthóga agus de réir gach reachtaíochta lena dtrasuitear an Treoir sin.

### 9.1.6 An Gréasán Bealaí Tánaisteacha Rothaíochta

Nascann Bealaí Tánaisteacha limistéir chónaithe, thráchtála agus fostaíochta chuig an nGréasán Bealaí Príomhúla. Ina lán chásanna, tá siad comhthreomhar le Bealaí Príomhúla, agus nasc malartach á sholáthar acu. Tá Bealaí Tánaisteacha comhdhéanta de bhealaí rothaíochta easbhóthair, de lánaí rothar, de lánaí comhroinnte bus agus rothar agus de bhóithre ar a bhfuil bearta moillithe tráchta i bhfeidhm. Áirítear na nithe seo a leanas leis na Príomhbhealaí Tánaisteacha a sainaithníodh sa Staidéar ar Ghréasán Rothaíochta do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh:

- Bóthar an Athar Ruiséil ón R510 go Bóthar Neasáin;
- Bóthar Thuar an Daill ón M20 go Timpeallán Bhaile Uí Chaoimh;
- Bóthar an Duga trí Ascaill Ashbourne go Bóthar Ros Uí Bhriain;
- Bóthar de hÍde ó Bhóthar Childers go Lár na Cathrach;
- Lár na Cathrach go Southill trí Bhóthar Bhaile an Róistigh;
- Bóthar Chill Mocheallóg agus Bóthar an Chnoic Ghlais ón M7 go Lár na Cathrach;
- Bóthar Bhéal Átha Síomoin;
- Timpeallán na Grúdan trí Bhóthar Bhaile Átha Cliath;
- Nascbhóthar na Grúdan (an L5173);
- Bóthar na Réabóige;
- Bóthar Pa Healy;
- Droichead Thuamhan go Sráid Áth Longfoirt;
- Bóthar Shíol Bhroin;
- Bóthar Chnoc an Lisín; agus
- An R464/Bóthar an Phairtín.

### 9.1.7 An Gréasán Rothaíochta Glasbhealaí

Comhfhreagraíonn Gréasáin Glasbhealaí do bhealaí atá saor ó thrácht nó atá ar bheagán tráchta. Sa chuid is mó de chásanna, tá siad comhdhéanta de línte iarnróid thréigthe ar athraíodh a gcuspóir agus de bhealaí trí pháirceanna agus le taobh aibhneacha. Ós rud é gur faoin tuath agus dírithe ar an dúlra atá an-chuid de na bealaí sin, is féidir leo feidhm taitneamhachta agus feidhm comaitéireachta araon a chomhlíonadh. Forbraíodh an Gréasán Glasbhealaí atá beartaithe don Limistéar Ceannchathartha ar bhonn gréasán Glasbhealaí atá ann cheana agus uasghrádú na gconairí atá ann cheana chun gréasán cuimsitheach rothaíochta a sholáthar. Áirítear na nithe seo a leanas leis na Glasbhealaí atá beartaithe:


- Glasbhealach Pháirceanna na Sionainne go hOllscoil Luimnigh a leathnú ar bhruach na Sionainne go dtí an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta agus go hÁth an Choite;
- Lár Cathrach Luimnigh go Tobar Phádraig feadh an Iarnróid as úsáid ó Luimneach go Faing, nó cóngarach don Iarnród sin. Cé nach bhfuil an líne sin in úsáid faoi láthair, is cuspóir de chuid na Straitéise é imscrúdú a dhéanamh ar í a thabhairt ar ais;
- An fhéidearthacht le hé sin a nascadh go Glasbhealach Mhórchonair an Deiscirt a nascann Ráth Caola go Trá Lí, Co. Chiarraí, trí Mhainistir na Féile agus an Caisleán Nua (ar bailte iad a bhfuil méid mór comaitéireachta amach astu chuig an Limistéar Ceannchathartha);
- Bealach Dhugaí Luimnigh comhthreomhar leis an N69;
- Breithniú a dhéanamh ar iarnród Irish Cement as úsáid ón N69 (Mungairit) go Ros Uí Bhriain a úsáid mar rogha eile ar an mbealach thuas; agus
- Lár na Cathrach go Bun Raite, cóngarach don tSionainn.

### 9.1.8 An Gréasán Idiruirbeach

Leis an nGréasán Idiruirbeach Rothaíochta sa Limistéar Ceannchathartha, nasctar na bailte ceannchathartha chuig Cathair Luimnigh. Áirítear na bealaí seo leis na Príomhbhealaí Idiruirbeacha a mholtar sa Straitéis seo:

- Lár Cathrach Luimnigh go Sionainn; agus
- Lár Cathrach Luimnigh agus Sionainn go lonnaíochtaí eile sa Limistéar Ceannchathartha, lena n-áirítear Tobar Phádraig, Bun Raite agus Droichead Abhann Ó gCearnaigh.

Is féidir go ndéanfar Glasbhealaí agus Bealaí Idiruirbeacha atá de bhreis orthu sin atá leagtha amach thuas a imscrúdú, faoi réir athruithe sa dáileadh beartaithe daonra agus fostaíochta mar chuid d'athbhreithniú tréimhsiúil beartaithe na Straitéise seo.


GRÉASÁN ROTHAÍOCHTA LUIMNIGH ATÁ BEARTAITHE
Tá gach ceann de na bealaí agus na hailínithe táscach agus tá siad faoi réir athruithe trid an bpróiseas reachtúil breithmheasa scéime.
Cluain Lára
Caisleán Uí Chonaill
Ard na Croise
An Pairtín
Maigh Rois
An Cnoc
Ollscoil Luimnigh
Caladh an Treoigh
Áth an Choite
Stáisiún Cholbaird
Tuar an Daill
Mungairit
EOCHAIR - PRÍOMHFHAISNÉIS
Bealach Glas
Príomhúil
Tánaisteach
Friothálach
Bóithre Náisiúnta
Bóithre Réigiúnacha
Rian Iarnróid

De bhreis air sin, éascófar agus comhtháthófar isteach sa ghréasán Ceannchathartha na bealaí idiruirbeacha uile lena nasctar Luimneach chuig bailte agus cathracha lasmuigh den Limistéar Ceannchathartha agus atá mar chuid den Ghréasán Náisiúnta Rothaíochta.

### 9.1.9 An Gréasán Bealaí Friothálacha Rothaíochta

Nascann Bealaí Friothálacha criosanna áitiúla go Bealaí Príomhúla agus Tánaisteacha agus go Glasbhealaí. Faoi bhearta leordhóthanacha um moilliú tráchta agus um bainistíocht tráchta, is féidir Bealaí Friothálacha a úsáid chun rothaithe agus gluaisteánaithe a mheascadh go sábháilte. Áirítear na nithe seo a leanas leis na Príomhbhealaí Friothálacha a sainaithníodh sa Staidéar:

- Páirc Granville;
- Bóthar Phádraig;
- Bóthar an Mhuilinn;
- Bóthar an Oileáin;
- Bóthar Mhílic;
- Bóthar Redgate;
- Bóthar Rochtana Mhaigh Rois; agus
- Ascaill Uí Dhonnchú.

### 9.1.10 Bealaí Ciúine

Tríd is tríd, is ionann bealaí ciúine agus rotharbhealaí leanúnacha caoithiúla ar bhealaí atá ar bheagán tráchta amhail cúlsráideanna. Sna cásanna is fearr, tá siad díreach agus furasta le leanúint do na daoine sin ar fearr leo rothaíocht a dhéanamh ar bhealaí atá níos ciúine agus níos socra. Ba cheart gréasán Bealaí Ciúine a shainaithint idir gearrthéarma an Phlean agus meántéarma an Phlean. Má sholáthraítear comharthaí bóthair le haghaidh na mbealaí sin, cabhrófar le hiad a chomhtháthú isteach sa mhórghréasán rothaíochta le haghaidh úsáid ghinearálta.

### 9.1.11 Gréasán Rothaíochta Shionainne

Tá ag Sionainn an-acmhainneacht chun gréasán rothaíochta a bheidh cuimsitheach agus ar ardchaighdeán a fhorbairt toisc go bhfuil aici lár measartha dlúth, carrbhealaí leathana agus 4 km de rotharbhealaí atá ann cheana.

Tá cuspóirí ag Plean Limistéir Áitiúil Shionainne chun feabhas suntasach a chur ar an nascacht coisithe agus rothaíochta idir lár an bhaile, limistéir thionsclaíocha, Aerfort na Sionainne agus limistéir fho-uirbeacha fhorimeallacha agus ar bhealaí níos faide go hInis agus go Droichead Abhann Ó gCearnaigh.

Áirítear na nithe seo leis na príomhchuspóirí atá socraithe ag an bPlean Limistéir Áitiúil don rothaíocht:

- Suiteáil a dhéanamh ar rotharbhealaí ar an mbóthar agus rotharbhealaí easbhóthair a thiocfaidh as cuarbhealach timpeall lár an bhaile;
- Oibreachas feabhais a dhéanamh ag acomhail, go háirithe timpealláin i lár an bhaile, chun gluaiseacht rothaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear ardlínte stop a shuiteáil ag soilse tráchta;
- An soláthar áiteanna páirceála rothar a mhéadú;
- Straitéis aimsiú bealaigh a chur chun feidhme feadh bealaí chuig limistéir a bhfuil tábhacht straitéiseach leo sa bhaile;
- Moilliú tráchta a shuiteáil nuair is gá chun timpeallacht níos sábháilte a chruthú do rothaithe;
- Spreagadh agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an nglacadh le hoiliúint rothaíochta, le ranganna cothabhála rothar agus le hoideachas um shábháilteacht ar bhóithre i scoileanna agus in áiteanna oibre; agus
- A chinntiú go ndéanfar bonneagar rothaíochta agus saoráidí rothaíochta a chothabháil i gceart.

Déanfar iarracht le Máistirphlean Lár Baile Shionainne agus Plean Soghluaisteachta Shionainne atá ag teacht chun cinn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin freisin.

Rinne Comhairle Contae an Chláir Páirc Bhaile Shionainne atá ann cheana agus Páirc Rinn Eanaigh in aice léi a bhunathrú ina bPáirc Baile shuaitheanta le déanaí. Áirítear leis an obair sin trasrian nua Túcánach do choisithe/rothair ar Bhóthar na Linne. Tuigtear go nascfar an pháirc sin chuig rotharbhealaí sa todhchaí.

Déantar soláthar sa Straitéis seo d'úsáid na gconairí atá ann cheana i Sionainn le haghaidh glasbhealaí rothaíochta, lena n-áirítear an gréasán Cosán Dubh agus naisc easbhóthair a chur ar áireamh feadh na habhann idir Sionainn agus Bun Raite.

## 9.2 BEARTA TACAÍOCHTA

Moltar sa Straitéis seo roinnt beart tacaíochta chun an Gréasán Rothaíochta atá beartaithe a chomhlánú. Tá tuilleadh beart leagtha amach sa Chaibidil dar teideal 'Bearta Tacaíochta'.

### 9.2.1 Scéimeanna Comhroinnte Rothar

Is féidir le Scéimeanna Comhroinnte Rothar poiblí rannchuidiú go dearfach leis an gceantar iompair phoiblí a leathnú agus le dul i ngleic leis an 'míle deiridh' de thuras, agus raon leathan turas á n-éascú ina n-iomláine laistigh den chathair. Seoladh Scéim Comhroinnte Rothar i Luimneach sa bhliain 2014 agus tá sí comhdhéanta de 23 stáisiún agus 215 rothar ar fud Lár na Cathrach.
I limistéir lasmuigh de Lár na Cathrach agus i limistéir fho-uirbeacha istigh inar dóigh nach mbeidh sé indéanta Scéim Comhroinnte Rothar Luimnigh atá ann cheana a leathnú idir an


GRÉASÁN ROTHAÍOCHTA SHIONAINNE ATÁ BEARTAITHE
Tá gach ceann de na bealaí agus na hailínithe táscach agus tá siad faoi réir athruithe trid an bpróiseas reachtúil breithmheasa scéime.
Droichead Abhann Ó gCearnaigh
Go hInis
trí Chora Chaitlín
Sionainn
Go Droichead
Abhann Ó gCearnaigh
Aerfort na
Sionainne
Bun Raite
Go Droichead
Abhann Ó gCearnaigh
An Chreatalach
EOCHAIR - PRÍOMHFHAISNÉIS
Bealach Glas
Príomhúil
Tánaisteach
Friothálach
Bóithre Náisiúnta
Bóithre Réigiúnacha
Rian Iarnróid

gearrthéarma agus an meántéarma, ba cheart samhlacha eile, amhail rothair gan nasc, a bhreithniú. Ba cheart tacú leis na scéimeanna sin trí mhéadú suntasach sa soláthar saoráidí páirceála rothar i lár ceantar, in ionaid oideachais agus in ionaid chomharsanachta.

## BEART CC3

**Scéimeanna Comhroinnte Rothar**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Scéim Comhroinnte Rothar Chathair Luimnigh a chothabháil agus an tseirbhís a mhéadú nuair is indéanta ar bhonn na bpatrún féideartha sainaitheanta éilimh;
- Breithniú a dhéanamh ar a indéanta atá sé Scéim Comhroinnte Rothar gan Nasc a sholáthar i Luimneach agus i Sionainn;
- Scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le rothair lasta agus rothair neamhchaighdeánacha eile a sholáthar i scéimeanna cíosa; agus
- Iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le tuilleadh scéimeanna comhroinnte rothar a sholáthar lena bhfreastalófar ar champais 3ú leibhéal agus ar mhór-chinn scríbe chomhdhlúite eile turas.

### 9.2.2 Saoráidí Páirceála Rothar Gearrfhanachta

Chun tacú leis an éileamh atá ann cheana agus a bheidh ann sa todhchaí ar an rothaíocht, is gá cur go mór leis an soláthar saoráidí páirceála rothar gearrfhanachta atá sábháilte agus ar ardchaighdeán i Lár na Cathrach, i lár bailte ceannchathartha, i scoileanna, i stáisiúin iarnróid agus bus, i bhfoirgnimh phoiblí, i limistéir shiopadóireachta agus in áiteanna oibre.

### 9.2.3 Saoráidí Páirceála Rothar Fadfhanachta

Is féidir le heaspa saoráidí sábháilte páirceála rothar an bonn a bhaint dá tharraingtí atá an rothaíocht mar rogha thaistil laethúil. Má sholáthraítear locair rothar aonair, moil rothar agus haingir chomhroinnte ar an tsráid, tairgtear slándáil do rothaithe agus soláthraítear réiteach nuálach ar riachtanais pháirceála rothar ar feadh tréimhsí fada ama, go háirithe i gcás nach bhfuil mórán spáis stórála istigh ar fáil.

Ba cheart saoráidí daingne páirceála rothar fadfhanachta a sholáthar i Stáisiún Cholbaird agus ag nóid thábhachtacha eile iompair ar fud an Limistéir Cheannchathartha. Leasófar suas freisin na ceanglais bhainistíochta forbartha le haghaidh níos mó saoráidí páirceála rothar a sholáthar i limistéir chónaithe agus ag áiteanna oibre. Comhpháirt thábhachtach de chultúr rothaíochta a chur chun cinn agus de thurais chomhcheangailte a éascú ar fud an Limistéir Cheannchathartha is ea moil pháirceála rothar a sholáthar sna láithreacha straitéiseacha sin.

## BEART CC4

**Saoráidí Páirceála Rothar**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Saoráidí páirceála rothar ardchaighdeáin ar an tsráid agus saoráidí poiblí páirceála rothar a bheidh faoi dhíon agus daingean a sholáthar; agus
- A chinntiú go soláthrófar saoráidí páirceála rothar a bheidh faoi dhíon agus daingean mar chuid d'aon tograí forbartha, ar aon dul, ar a laghad, leis na caighdeáin atá leagtha amach sa Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta.

### 9.2.4 Saoráidí Deireadh Turais

Má sholáthraítear saoráidí deireadh turais amhail cithfholcadáin, seomraí feistis agus taisceadáin ag áiteanna oibre, is féidir go méadófar go mór a tharraingtí atá an rothaíocht, go háirithe i gcás turas fadachair nó i ndálaí drochaimsire. Is é atá i méadú na saoráidí deireadh turais sin ná sprioc nach mór d'Údaráis Áitiúla a chur san áireamh le linn dóibh Pleananna Forbartha reachtúla a athbhreithniú. Ba cheart áiteanna oibre a spreagadh freisin leas a bhaint as na dreasachtaí rialtais a bhfuil mar aidhm leo áitribh a iarfheistiú nó ba cheart iad a spreagadh ranníocaíocht a dhéanamh le saoráidí comhroinnte.

## BEART CC5

**Saoráidí Deireadh Turais**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú go soláthrófar saoráidí tacaíochta deireadh turais amhail cithfholcadáin agus taisceadáin i bhforbairtí nua.

### 9.2.5 Athrú Iompraíochta agus Cur Chun Cinn

Is féidir imeachtaí cur chun cinn agus feachtais mhargaíochta a úsáid mar uirlis éifeachtach athrú iompraíochta. Áirítear leo sin:

- Áiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus Campais Taistil Níos Cliste;
- Bus Rothaíochta Scoile Luimnigh;
- Modúl Taistil na Scoileanna Glasa;
- Cothabháil rialta 'an Dr Rothar'. Imeachtaí aonuaire amhail Lá Saor ó Charranna, Seachtain Soghluaisteachta an Aontais Eorpaigh, Cyclovia agus comhdhálacha eile amhail POLIS agus Velo-city;
- Oiliúint rothaíochta a sholáthar i scoileanna, in áiteanna oibre agus in ionaid phobail; agus

- Aipeanna tiomnaithe rothaíochta chun sonraí a shluafhoinsiú ar mhaithe le feabhsuithe a mholadh ar an timpeallacht rothaíochta.

## BEART CC6

**Athrú Iompraíochta agus Cur Chun Cinn**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Leanúint le cultúr rothaíochta a chothú sa Limistéar Ceannchathartha trí imeachtaí cur chun cinn agus tionscnaimh athrú iompraíochta mar chuid de Chlár na nÁiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus na gCampas Taistil Níos Cliste atá á reáchtáil ag an Údarás agus trí Chlár Taistil na Scoileanna Glasa atá á reáchtáil ag An Taisce i gcomhar leis an Údarás.

### 9.2.6 Rothair Leictreacha

Is é is rothair leictreacha ann ná rothair a bhfuil mótar leictreach comhtháite acu, a úsáidtear chun tiomáint a bhrú chun cinn. Dá bhrí sin, is féidir leo an t-achar taistil, nó na grádáin a thrasnaítear, a mhéadú i bhfad os cionn ghnáth-theorainneacha an ghnáthrothair. Baintear úsáid as ceallraí in-athluchtaithe iontu agus is gnách go dtéann siad chomh gasta le 25 ciliméadar san uair.

Tá deis shuntasach ann le ról na rothar leictreach troitheánchuidithe i gcóras iompair an Limistéir Cheannchathartha a mhéadú go mór. Is í an phríomhshlí ar féidir déanamh amhlaidh ná an raon turas is féidir a chur i gcrích de rothar a mhéadú go 10 gciliméadar agus níos mó. Tá dúshláin ag baint le rothair leictreacha, a bhaineann le feithiclí luasanna difriúla a mheascadh, leis an bhfonn atá ar dhaoine scoitheadh, agus le hionchais luais na gcoisithe agus na ngluaisteánaithe. Tá an pointe deireanach sin bainteach leis an ngá le bonneagar feabhsaithe rothaíochta. Tá an tÚdarás den tuairim go leanfaidh an treocht éiritheach sin ar aghaidh agus go gcaithfidh tosaíochtaí infheistíochta iompair a bheith ag teacht le fás na rothar leictreach troitheánchuidithe.

## BEART CC7

**Rothair Leictreacha**

Le linn an ghréasán iompair sa Limistéar Ceannchathartha a phleanáil agus a dhearadh, tabharfaidh an tÚdarás agus údaráis áitiúla aird ar an úsáid mhéadaitheach a bhítear ag baint as rothair leictreacha agus ar na sochair a d'fhéadfadh teacht astu.

### 9.2.7 Feithiclí Soghluaisteachta Pearsanta

Is é atá i micrea-shoghluaisteacht ná tagairt d'fheithiclí pearsanta amhail scútair leictreacha. Tháinig micrea-shoghluaisteacht chun cinn le blianta beaga anuas mar shamhail iompair phearsanta chomhroinnte i gcathracha ar fud an domhain.

Tá micrea-shoghluaisteacht ina rud caoithiúil go háirithe i gcás turas gearr agus is féidir léi a bheith ina réiteach éifeachtach ar thurais an chéad mhíle agus thurais mhíle deiridh, agus tacaíocht á tabhairt aici do ghréasán níos comhtháite iompair ina leagtar díriú ar thurais iompair phoiblí agus ar thurais idirmhódacha soghluaisteachta gníomhaí.

Ós rud é gur turais atá 6 km nó níos lú iad thart ar 50% de na turais uile a thógtar in Éirinn (Foinse: an Suirbhé Taistil Náisiúnta ón bPríomh-Oifig Staidrimh, 2016), is ann d'acmhainneacht mhór le haghaidh micrea-shoghluaisteachta chun soghluaisteacht áitiúil a bheidh níos caoithiúla agus níos solúbtha a chumasú.

Tá reachtaíocht náisiúnta le ceadú chun an úsáid a bhaintear as scútair leictreacha in áiteanna poiblí in Éirinn a rialáil. Déanfar úsáid scútar leictreach agus modhanna éiritheacha taistil soghluaisteachta pearsanta a éascú agus a chur chun cinn le linn thréimhse feidhme na Straitéise seo, a luaithe a rithfear an reachtaíocht sin.

## BEART CC8

**Micrea-shoghluaisteacht**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Úsáid scútar, scútar leictreach agus modhanna éiritheacha taistil soghluaisteachta pearsanta a éascú agus a chur chun cinn, a luaithe a rithfear an reachtaíocht lena dtugtar a n-úsáid chun rialtachta. Áirítear leis sin fiosrú a dhéanamh ar scéim cíosa scútar a thabhairt isteach i gCathair Luimnigh agus i Sionainn

### 9.2.8 Úsáid Rothaíochta

Mar thoradh ar an topagrafaíocht measartha réidh atá le fáil i limistéir uirbeacha Luimnigh agus Shionainne agus mar thoradh ar mhéid gheografach na limistéar sin, is ann do dhálaí an-mhaith le haghaidh ardleibhéal rothaíochta laistigh den limistéar ceannchathartha.

Is é an toradh a bheidh ar an mbonneagar rothaíochta atá beartaithe faoin Straitéis seo ná go soláthrófar gréasán cuimsitheach sábháilte rotharbhealaí a fhreastalóidh ar gach ceann de na príomhlimistéir agus na príomhchinn scríbe agus ag a mbeidh acmhainn chun freastal ar líon mór rothaithe. A luaithe a bheidh an bonneagar sin i bhfeidhm, beidh an leibhéal úsáide ag brath ar an toilteanas le húsáid a bhaint as an rothaíocht in ionad modhanna eile, go háirithe modh an chairr.

Ag teacht sna sála ar fhorbairt an bhonneagair ghréasáin rothaíochta, beidh bearta athrú iompraíochta agus cur chun cinn ina n-uirlisí an-tábhachtach maidir le húsáid rothar a mhéadú. De bhreis air sin, is féidir go mbeidh sé riachtanach bearta bainistíochta éilimh a dhéanamh chun tacú le leibhéil níos airde ghlactha.

# BUS

## Paisinéirí Bus

**Méadú 400%**
in Acmhainn Bus na Cathrach

**Méadú 156%**
sa líon paisinéirí le linn Bhuaic-amanna na Maidine idir an bhliain 2016 agus an bhliain 2040

## Feidhmíocht na gConairí Bus

**Trí bhus** gach dhá nóiméad

Droichead an tSáirséalaigh **Trí bhus** gach dhá nóiméad

**Laghdaítear** Meán-agaí Turais Bus go Lár na Cathrach **faoi 59%** le linn bhuaic-amanna na maidine

## An Gréasán Bus agus Feithiclí

**85km** de lánaí bus agus de bhearta tosaíochta bus

**200** an líon busanna nua a theastaíonn

**4** láithreán straitéiseacha Páirceála agus Taistil

**137km** de bhealaí traschathrach

**28km** de chuarbhealaí

**66km** de bhealaí gathacha

## Lár Cathracha agus Lárionaid Cheannchathartha a Nascadh

**Nascadh chuig Stáisiún Cholbaird, Ollscoil Luimnigh, Lár Baile Shionainne** agus an Gréasán Páirceála agus Taistil agus cómhalartú a sholáthar idir seirbhísí gathacha bus agus cuarsheirbhísí bus

**5,800** an líon paisinéirí a bhíonn ag cómhalartú gach lá idir Seirbhísí Gathacha, Seirbhísí Traschathrach agus Cuarsheirbhísí Bus agus Iarnróid

## Meastachán Costais

Meastar gurb ionann costas na Straitéise agus thart ar **€483m**

# 10 BUS

**Thar shaolré an Phlean Forbartha Náisiúnta seo, déanfar dul chun cinn suntasach ar BusConnects a sholáthar. Táthar ag súil leis go mbeidh tógáil na gCroíchonairí Bus críochnaithe, tríd is tríd, i ngach ceann de na cúig chathair faoin mbliain 2030..**

An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030.

## 10.1 RÉAMHRÁ

Tá busanna ina modh iompair thar a bheith éifeachtúil agus beidh siad mar bhonn don chóras iompair phoiblí a fhreastalóidh ar an Limistéar Ceannchathartha. Ní féidir leis an Limistéar Ceannchathartha fás ar shlí inbhuanaithe ach amháin i gcás go neartófar an ról atá ag an iompar poiblí. A bhuí le solúbthacht busanna, is féidir bealaí agus minicíochtaí a oiriúnú go tapa chun tacú le céimeanna forbartha nua. Is féidir iad a oiriúnú aon uair is gá déanamh amhlaidh freisin. Imreoidh busanna ról níos tábhachtaí fós de réir mar a fhorbraítear saoráidí Páirceála agus Taistil.

Ceann de na príomhchumasóirí do Luimneach, de réir an Chreata Náisiúnta Pleanála, is ea gréasán iompair phoiblí a sholáthar ar fud na cathrach, agus inrochtaineacht fheabhsaithe ann ó Lár na Cathrach go dtí an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, go hOllscoil Luimnigh agus go hAerfort na Sionainne. Tá sé sin ag teacht freisin leis an bPlean Gnímh don Aeráid, leis an bPlean Forbartha Náisiúnta agus leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, ina mbeartaítear seirbhís bus i bhfad níos fearr a sholáthar i Luimneach faoin mbliain 2030.

Ar mhaithe leis an Straitéis a mheas, rinneadh gréasán táscach bus amach anseo don bhliain 2040 a fhorbairt agus a bheachtú ar shlí atriallach, agus aird á tabhairt ar anailísí ar an éileamh taistil feadh na gconairí. Beidh gá ann le pleanáil seirbhísí níos mionsonraithe a dhéanamh don ghréasán bus deiridh a chuirfear chun feidhme idir an gearrthéarma agus an meántéarma agus is féidir go mbeidh an gréasán sin difriúil leis sin atá toimhdithe sa Straitéis seo mar gheall ar riachtanais oibríochtúla mhionsonraithe agus ar thosca athraitheacha tráchta áitiúil, i measc nithe eile.

## 10.2 PRIONSABAIL AN GHRÉASÁIN BHUS

Cuireadh na bearta atá sa chaibidil seo le chéile bunaithe ar na sé ghné seo a leanas:

- Acmhainn;
- Minicíocht;
- Luas;
- Dírí;
- Cumhdach; agus
- Cómhalartú.

## 10.3 BUSCONNECTS LUIMNIGH

Le clár BusConnects Luimnigh, soláthrófar seirbhís iontaofa ardmhinicíochta iompair phoiblí chun feabhas a chur ar nascacht Chathair Luimnigh agus a bruachbhailte. Beidh an tseirbhís fheabhsaithe sin i bhfad níos fearr ná an córas atá ann cheana agus cuimseoidh sí gréasán níos cuimsithí, tosaíocht bus agus flít nua. Freastalóidh sí ar gach príomhcheann scríbe agus soláthróidh sí cómhalartú leis an ngréasán iarnróid agus leis na seirbhísí beartaithe Páirceála agus Taistil.

Tá dhá phríomhghné i gceist le BusConnects, is iad sin:

- Tosaíocht bus a sholáthar trí lánaí bus, trí gheataí bus, trí naisc do bhusanna amháin agus trí bhearta eile; agus
- Athruithe a dhéanamh ar an ngréasán seirbhíse bus chun minicíocht mhéadaithe agus oibríochtaí níos éifeachtúla a sholáthar.

### BEART BC1

**BusConnects Luimnigh**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla Clár BusConnects Luimnigh a fhorbairt agus a sholáthar. Is é a bheidh i gceist leis an obair sin: Athruithe ar an ngréasán seirbhíse, lena n-áirítear:

- Gréasán 'brainse agus dromlaigh';
- Cuarbhealaí;
- Bealaí gathacha breise;
- Toilleadh méadaithe agus minicíocht mhéadaithe;
- Cómhalartú breisithe le seirbhísí iarnróid, nuair is cuí; agus
- Iompar atá Freagrúil don Éileamh i láithreacha ina mbíonn ísealphátrúnacht iompair phoiblí ann.

## BEART BC1 AR LEAN.

**BusConnects Luimnigh**

Leibhéil mhéadaithe tosaíochta bus, as a dtiocfaidh agaí turais níos giorra agus tuilleadh iontaofachta, mar a leanas:

- Lánaí bus leanúnacha ar na príomhbhealaí gathacha, nuair is indéanta;
- Geataí bus i láithreacha áirithe, áit nach gceadófar ach d'fheithiclí iompair phoiblí agus do rothaithe amháin úsáid a bhaint as codanna áirithe den ghréasán bóithre;
- Socruithe eile bainistíochta tráchta a sholáthraíonn tosaíocht bus; agus
- Naisc nua do bhusanna amháin.

Áireofar na nithe seo a leanas leis na feabhsuithe a dhéanfar ar an bhflít agus ar ghnéithe eile:

- An flít iompair phoiblí a thiontú ina fheithiclí atá saor ó charbón; agus
- Feabhsuithe a chur ar tháillí, ar thicéadú agus ar sheirbhísí agus bonneagar cómhalartaithe.

## 10.4 TOSAÍOCHT BUS

Ó thaobh tosaíochta bus de, tá na hailínithe táscacha le haghaidh conairí a bhfuil sé beartaithe go mbeidh busanna in ann taisteal gan mhoill orthu leagtha amach sa léarscáil dar teideal Bearta Tosaíochta Bus atá Beartaithe faoin mBliain 2040.

### 10.4.1 Croíchonairí Bus Luimnigh

Tá sé ríthábhachtach tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí bus in ionad trácht ginearálta ar mhaithe le córas bus atá éifeachtúil, minic agus iontaofa a sholáthar. Beidh an méid sin ina chuid dhílis de chlár foriomlán BusConnects.

Rachaidh an méadú beartaithe in acmhainn agus seirbhísí bus chun tairbhe do sciar suntasach de dhaonra Luimnigh. Mura gcuirtear an tosaíocht bus chun feidhme ina hiomláine, áfach, ní bhainfear an tairbhe uasta amach toisc go moilleofar busanna i dtrácht ginearálta.

Tá méid na mbeart beartaithe tosaíochta bus ag teacht leis na patrúin éilimh atá ag teacht chun cinn, á chinntiú gur féidir freastal ar sheirbhísí éifeachtúla, iontaofa agus minice. Is é an cuspóir atá le conairí sainaitheanta, i bprionsabal, ná tosaíocht bus ó cheann go ceann a sholáthar sa dá threo. Ar chodanna áirithe den ghréasán bóithre Náisiúnta, beidh sé riachtanach tuilleadh imscrúdaithe agus anailíse a dhéanamh le Bonneagar Iompair Éireann chun na torthaí tosaíochta bus is fearr a chinneadh agus beidh sé riachtanach na torthaí sin a chomhaontú leis.

I limistéir áirithe den ghréasán, tá an carrbhealach atá ann cheana faoi shrian ag caolais bhóthair agus ag an bpáirceáil ar an tsráid. Ar mhaithe le tosaíocht bus a sholáthar, beidh gá ann le bearta, amhail iad seo a leanas, a dhéanamh: deireadh a chur le páirceáil carranna ar an tsráid, le lánaí tráchta ghinearálta agus le córais tráchta aontreo; Córas Cliste Iompair a chur i bhfeidhm, amhail geataí bus agus Ardchomharthaíocht Bus; agus talamh a fháil.

### 10.4.2 Scéimeanna Féideartha

10.4.2.1 Feabhsuithe ar Shráid Uí Chonaill

Sa bhliain 2019, cheadaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh scéim le haghaidh Sráid Uí Chonaill a athdhearadh.

Mar chuid den scéim cheadaithe sin, cuireadh an acmhainneacht atá ann le haghaidh tosaíocht bus iomlán dhá threo san áireamh san obair deartha agus pleanála. Is í Sráid Uí Chonaill an rogha roghnaithe chun gníomhú mar phríomhdhromlach iompair phoiblí Luimnigh do sheirbhísí agus do bhearta tosaíochta bus araon. Moltar sa Straitéis seo gur conair dhá threo don iompar poiblí amháin a bheadh i Sráid Uí Chonaill ar na cúiseanna seo a leanas:

- Soláthraíonn Sráid Uí Chonaill an ródú is dírí le haghaidh seirbhísí bus a nascann na príomhlimistéir fho-uirbeacha thráchtála agus chónaithe le croílár Lár na Cathrach. Is tríd an mbealach sin a thógáil a fhreastalófar ar an tslí is fearr ar an éileamh méadaithe ar thaisteal isteach go Lár Cathrach Luimnigh, ar éileamh é a thiocfaidh as forbairt a chomhdhlúthú ar láithreáin láir;
- Trí sheirbhísí a ródú feadh Shráid Uí Chonaill, freastalófar ar an tslí is éifeachtaí ar an limistéar láir tríd an líon uasta daoine a thabhairt go díreach chuig a gcinn scríbe miondíola agus fostaíochta deiridh ar Shráid Uí Chonaill agus a purláin; agus
- Éascaíonn Sráid Uí Chonaill bainistíocht tráchta níos éifeachtúla, agus í ag cur ar chumas carranna codanna eile de Lár na Cathrach a rochtain ag an am céanna.


## BEART BC2

**Sráid Uí Chonaill**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh trácht ginearálta a bhaint de Shráid Uí Chonaill chun deireadh a chur le moilleanna ar sheirbhísí bus. Tá sé mar rún acu freisin athfhorbairt Lár Cathrach Luimnigh a éascú trí inrochtaineacht an chroiláir a uasmhéadú.

## AN GRÉASÁN BUS ATÁ BEARTAITHE FAOIN MBLIAIN 2040

Tá gach ceann de na bealaí agus na hailínithe táscach agus tá siad faoi réir athruithe tríd an bpróiseas forbartha gréasáin agus trí chomhairliúchán poiblí.



**Droichead an tSáirséalaigh**
Mar chuid de ghréasán BusConnects agus de bhainistíocht tráchta Lár na Cathrach, moltar go soláthródh Droichead an tSáirséalaigh do thosaíocht bus dhá threo, do thacsaithe, don rothaíocht agus don siúl amháin.

## BEART BC3

**Droichead an tSáirséalaigh**
Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé trácht ginearálta a bhaint de Dhroichead an tSáirséalaigh chun moilleanna a laghdú ar sheirbhísí straitéiseacha bus ón gClár, Aerfort na Sionainne san áireamh, agus ó Chathair Luimnigh Thiar Thuaidh.

**Droichead Thuamhan agus Droichead na Sionainne**
Beidh sé tábhachtach a chinntiú nach mbeidh busanna a thaistealaíonn go Lár Cathrach Luimnigh agus uaidh araon faoi réir moill mhíchuí ar Dhroichead Thuamhan ná ar Dhroichead na Sionainne. Cé go bhfuil an dá cheann de na naisc sin faoi shrian fisiciúil agus nach bhfuil sé beartaithe faoi láthair trácht ginearálta a bhaint díobh, tá acmhainneacht ann comharthaí tosaíochta nó bearta eile den chineál céanna a thabhairt isteach ar na bealaí isteach, rud a thabharfadh méid tosaíochta do bhusanna i gcomparáid le trácht ginearálta. D'éascódh bearta den sórt sin oibríochtaí éifeachtúla bus agus an sruth tráchta ghinearálta araon.

## BEART BC4

**Droichead Thuamhan agus Droichead na Sionainne**
Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí bus a úsáideann Droichead Thuamhan agus Droichead na Sionainne.

10.4.2.2 Stáisiún Cholbaird
Is é Stáisiún Cholbaird an príomhstáisiún bus agus traenach i Luimneach. Beidh feabhsuithe ar na stadanna bus os comhair an Stáisiúin ag teastáil chun an cómhalartú a éascú.

Moltar sa Straitéis seo go soláthrófaí nasc do bhusanna amháin taobh thiar de Stáisiún Cholbaird ar Bhóthar Bhaile an Róistigh. Chuirfeadh sé sin feabhas suntasach ar thréscaoilteacht agus nascacht Stáisiún Cholbaird do bhusanna réigiúnacha agus áitiúla, toisc nach bhfuil ach pointe rochtana amháin ann, trí Shráid Parnell/Bóthar de hÍde, faoi láthair. Tá tuilleadh plé déanta ar Stáisiún Cholbaird sa Chaibidil dar teideal 'Iarnród'.

## BEART BC5

**Nasc do Bhusanna Amháin ag Stáisiún Cholbaird**
Tá sé mar rún ag an Údarás, ag Bus Éireann agus ag na húdaráis áitiúla scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé nasc do bhusanna amháin a sholáthar taobh thiar de Stáisiún Cholbaird ar Bhóthar Bhaile an Róistigh.

## 10.5 SEIRBHÍSÍ BUS

### 10.5.1 An Gréasán Gearrthéarmach

Is léirithe ar an gcéad leathanach eile atá gréasán gearrthéarmach bus a d'fhéadfaí a sholáthar i gCathair Luimnigh agus a Bruachbhailte thar na blianta atá romhainn de réir mar a chuirtear BusConnects chun feidhme. Tá sé sin faoi réir measúnacht mhionsonraithe áitiúil a dhéanamh ar an éileamh, ar nithe oibríochtúla agus ar riachtanais bhonneagair agus idirchaidreamh a dhéanamh le hoibritheoirí bus agus le pobail áitiúla.

## BEART BC6


**Athbhreithniú ar an nGréasán Gearrthéarmach Bus**
Tá sé mar rún ag an Údarás, ag Bus Éireann agus ag na húdaráis áitiúla athbhreithniú a dhéanamh ar Ghréasán Seirbhíse Bus Limistéar Ceannchathartha Luimnigh agus athruithe a chur chun feidhme air mar chuid de BusConnects Luimnigh ar mhaithe le héifeachtacht agus éifeachtúlacht chóras iompair phoiblí na cathrach a uasmhéadú.


### 10.5.2 An Gréasán Seirbhíse Bus Amach Anseo

Cé go ndíreofar ar an ngearrthéarma san athbhreithniú gréasáin atá le déanamh mar chuid de BusConnects Luimnigh agus go mbeidh an t-athbhreithniú sin bunaithe go príomha ar phatrúin taistil atá ann cheana, beidh gá ann le faireachán leanúnach a dhéanamh ar phatrúin taistil thar thréimhse feidhme na Straitéise seo agus leis an ngréasán bus a leasú tuilleadh chun freastal ar athruithe ar an éileamh iompair.

## AN GRÉASÁN GEARRTHÉARMACH FÉIDEARTHA BUS

Tá gach ceann de na bealaí agus na hailínithe táscach agus tá siad faoi réir athruithe tríd an bpróiseas forbartha gréasáin agus trí chomhairliúchán poiblí.






Tá an gréasán seirbhíse fadtéarmach féideartha iomlán don Limistéar Ceannchathartha léirithe sa léarscáil dar teideal An Gréasán Bus atá Beartaithe faoin mBliain 2040. Is bealaí táscacha iad na hailínithe bealaigh agus tá siad faoi réir tuilleadh forbartha de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar na próisis deartha agus phleanála le haghaidh tuilleadh athruithe ar an ngréasán.

## BEART BC7

### Faireachán agus Athbhreithniú ar an nGréasán Seirbhíse Bus

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag Bus Éireann faireachán leanúnach a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí bus sa Limistéar Ceannchathartha thar thréimhse feidhme na Straitéise seo agus an gréasán seirbhíse a bhreisiú nó a leasú de réir mar is cuí.

10.5.2.1 Príomhbhealaí Dromlaigh

Nascann Príomhbhealaí Dromlaigh comharsanachtaí agus limistéir fho-uirbeacha amuigh le Lár na Cathrach agus forbrófar iad chun an t-éileamh taistil Traschathrach a phéireáil ar mhaithe le húsáid seirbhísí bus a uasmhéadú. Moltar go soláthrófaí na bealaí sin gach 10 nóiméad an lá ar fad, agus minicíochtaí níos airde á soláthar ag buaicuaireanta. Beidh acmhainneacht ann minicíochtaí níos airde a sholáthar an lá ar fad de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh thar thréimhse na Straitéise.

10.5.2.2 Bealaí Gathacha Tacaíochta

Soláthróidh bealaí gathacha tacaíochta cumhdach breise do na Bealaí Dromlaigh ag minicíocht níos ísle in áiteanna nach dtugann an t-éileamh taistil údar le seirbhísí ardmhinicíochta.

10.5.2.3 Cuarbhealaí
Samhlaítear sa Ghréasán táscach Cuarsheirbhísí Bus dhá chuarsheirbhís ardmhinicíochta (ar dtús), atá chun freastal ar roinnt príomhcheann scríbe lasmuigh de Lár na Cathrach, lena n-áirítear Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne. A bhuí leis an ngréasán uasghrádaithe cuarsheirbhísí, soláthrófar nascacht bhreise agus cómhalartú breise le seirbhísí gathacha bus.

10.5.2.4 An Cuarbhealach Theas
Freastalóidh an Cuarbhealach Theas ar an taobh theas de Chathair Luimnigh, lena n-áirítear Baile na Cora, Béal Átha Síomoin, Garraí Eoin agus Ollscoil Luimnigh.

10.5.2.5 An Cuarbhealach Thuaidh
Tá acmhainneacht ann cuarsheirbhís thuaidh a bhunú sa mheántéarma, rud a d'fhreastalódh ar an taobh thuaidh de Chathair Luimnigh, lena n-áirítear Maigh Rois, Oileán an Rí agus an Corrbhaile. Chríochnódh an tseirbhís sin ag Ollscoil Luimnigh, tríd an gcampas thuaidh. Déanfar cineál an ghréasáin bóithre idir an Corrbhaile agus Ollscoil Luimnigh, agus an acmhainneacht atá ann le haghaidh uasghrádú áitiúil, a chur san áireamh sna socruithe mionsonraithe don tseirbhís sin.

## 10.6 ÉIRE A NASCADH

Is ionann an clár 'Éire a Nascadh' agus clár an Údaráis atá ceaptha chun dul i ngleic leis na bearnaí atá ann i naisc chuig lárionaid áitiúla agus réigiúnacha i gceantar tuaithe na hÉireann chun gur féidir seirbhísí áitiúla a rochtain gan aon ghá le carr agus chun iompar níos inbhuanaithe a sholáthar ar fud an réigiúin. Tá sé beartaithe an gréasán seirbhísí a thabhairt chun críche ar bhonn contae i gcomhairle le húdaráis áitiúla agus tús a chur le comhairliúchán poiblí iomlán ar na tograí go luath sa bhliain 2022.

Thar thréimhse feidhme na straitéise, agus chun a chinntiú gur féidir rogha éifeachtach eile ar an gcarr príobháideach a thairiscint i gcodanna tuaithe de Limistéar Ceannchathartha Luimnigh le haghaidh gach cuspóra turais, déanfaidh an tÚdarás tuilleadh feabhsuithe seirbhíse tar éis chur i bhfeidhm tosaigh an chláir 'Éire a Nascadh' a chríochnú. Déanfar amhlaidh in áiteanna ina bhfuil éileamh sainaitheanta ann agus/nó in áiteanna a léirítear san anailís ar phatrúin taistil go mbíonn ardspleáchas ar an gcarr príobháideach iontu i gcónaí. Le himeacht ama, táthar ag súil leis go bhfásfaidh na seirbhísí a sholáthraítear faoin gclár 'Éire a Nascadh' agus go dtiocfaidh borradh fúthu chun gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar an ngá atá ann le sciar suntasach de thurais chairr a aistriú chuig an iompar poiblí ar mhaithe le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

### 10.6.1 An Gréasán Réigiúnach Bus

Comhlíonann seirbhísí réigiúnacha bus gné thábhachtach den Straitéis seo maidir le nascacht réigiúnach a chur chun cinn, rud atá ar cheann de na príomhchuspóirí straitéiseacha atá leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach.

Faoin gclár 'Éire a Nascadh', tá sé beartaithe ag an Údarás feabhas leanúnach a chur ar an ngréasán seirbhísí réigiúnacha atá ann cheana d'fhonn minicíocht seirbhísí a mhéadú chun freastal ar an éileamh méadaitheach, de réir mar is gá.

Sna pleananna bainistíochta tráchta do na bailte, beidh sé riachtanach go bhfreastalófaí ar thrébhluaiseacht busanna réigiúnacha agus go dtacófaí leis an tréghluaiseacht sin.



## BEART BC8

**Gréasáin Réigiúnacha Bhus**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Gréasáin réigiúnacha bhus a chothabháil agus a fheabhsú ar aon dul leis an gclár 'Éire a Nascadh'.

## 10.7 SEIRBHÍSÍ BUS GO SIONAINN

Cuirfear feabhas suntasach ar nascacht go Sionainn thar thréimhse feidhme na Straitéise. Cuirfear feabhas ar sheirbhísí bus atá ann cheana trí roinnt seirbhísí breise nua a chur leo, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Lár Cathrach Luimnigh – Lár Baile Shionainne – Limistéar Neamhchustaim na Sionainne – Aerfort na Sionainne (Mearsheirbhís);
- Lár Cathrach Luimnigh – An Chreatalach – Bun Raite – Lár Baile Shionainne – Limistéar Neamhchustaim na Sionainne – Aerfort na Sionainne;
- Stáisiún iarnróid Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh – Sionainn (Seirbhís tointeála);
- Sionainn – Inis;
- Sionainn go hOllscoil Teicneolaíochta na Sionainne agus go hOllscoil Luimnigh; agus
- Déanfar scrúdú ar an acmhainneacht atá ann seirbhísí díreacha breisithe a sholáthar ó Shionainn go Corcaigh agus go Gaillimh.

Mar chuid den fheabhas ar na seirbhísí bus go Sionainn, tabharfar aird ar an acmhainneacht atá ann na seirbhísí sin a chomhtháthú ar shlí níos fearr le heitiltí isteach go hAerfort na Sionainne agus amach as.

## BEART BC9

**Nascacht Bus go Sionainn**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Feabhas a chur ar nascacht áitiúil agus réigiúnach bus go lár baile Shionainne, go limistéir fostaíochta i Sionainn agus go hAerfort na Sionainne.

## 10.8 NASC ÁITIÚIL AGUS IOMPAR ATÁ FREAGRÚIL DON ÉILEAMH

### 10.8.1 Nasc Áitiúil

Chun an gréasán bus atá beartaithe agus na seirbhísí áitiúla atá beartaithe i mbailte ceannchathartha a chomhlánú, oibríonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair seirbhís ar a dtugtar Nasc Áitiúil. Tá sé mar aidhm le Nasc Áitiúil dul i ngleic le heisiamh sóisialta faoin tuath agus seirbhísí bus a chomhtháthú le bealaí atá ann cheana, nuair is féidir. Gné ar leith de sheirbhísí Nasc Áitiúil is ea bealaí ó dhoras go doras, a thairgeann sársheirbhís do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu agus/nó nach bhfuil aon rochtain acu ar an iompar poiblí i limistéir thuaithe. Oibríonn seirbhísí Nasc Áitiúil ar fud Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne agus níos faide i gcéin.

### 10.8.2 Iompar atá Freagrúil don Éileamh

Laistigh de Chathair Luimnigh agus a Bruachbhailte agus sna himill pheirea-uirbeacha, tá roinnt láithreacha leithlisithe ann ina bhfuil an t-éileamh ar an iompar chomh híseal sin go bhfuil sé dúshlánach údar a thabhairt le seirbhísí amchláraithe rialta a sholáthar iontu. Agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar an ngréasán seirbhíse don limistéar ceannchathartha, sainaithneoidh an tÚdarás na láithreacha sin agus, nuair is infheidhme, molfaidh sé seirbhís shaincheaptha níos éifeachtúla a fhreagróidh go díreach d'éilimh athraitheacha le linn an lae.

## BEART BC10

**Seirbhísí Nasc Áitiúil**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Seirbhísí Nasc Áitiúil a chothabháil agus a fheabhsú nuair is gá.

## 10.9 TOSAÍOCHT BUS I MBAILTE CEANNCHATHARTHA

Ba cheart tosaíocht bus a sholáthar ag caolais bhóthair shainaitheanta i mbailte Ceannchathartha chun oibriú éifeachtúil seirbhísí bus agus agaí iontaofa turais a chinntiú. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar thosaíocht bus a sholáthar idir stáisiún traenach Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh agus Sionainn, mar shampla.

## BEART BC11


**Seirbhísí Nasc Áitiúil**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá ann le tosaíocht bus i mBailte agus Sráidbhailte Ceannchathartha ar fud an Limistéir Cheannchathartha, agus soláthar a dhéanamh don tosaíocht sin, nuair is gá.

# BEARTA TOSAÍOCHTA BUS ATÁ BEARTAITHE FAOIN MBLIAIN 2040

Tá gach ceann de na bealaí agus na hailínithe táscach agus tá siad faoi réir athruithe tríd an bpróiseas reachtúil breithmheasa scéime



## 10.10 STADANNA BUS AGUS SCÁTHLÁIN BHUS

Faoi chlár BusConnects Luimnigh agus faoin gclár 'Éire a Nascadh', cuirfimid feabhas ar stadanna bus i réigiún Limistéar Ceannchathartha Luimnigh trí fhaisnéis níos fearr a thabhairt faoi bhealaí agus trí fhaisnéis amchláir atá sonrach do gach stad ar leith a chur leo.

Suiteálfaimid tuilleadh comharthaí Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí feadh na gconairí nua bus agus in áiteanna eile ar fud an réigiúin, agus faisnéis chruinn á soláthar faoi theacht an chéad bhus eile.

Cuirfear borradh mór faoin soláthar scáthlán bus mar chuid de chlár BusConnects Luimnigh agus den chlár 'Éire a Nascadh'. Soláthrófar líon mór scáthlán bus breise i láithreacha nua, go háirithe in áiteanna ina soláthraítear seirbhísí de chuid an chláir 'Éire a Nascadh'. Fiosrófar an fhéidearthacht a bhaineann le dearadh uirbeach agus gnéithe atá tairbheach don chomhshaol a chur ar áireamh i stadanna nua bus agus scáthláin nua bhus.

### BEART BC12

**Straitéis Bainistíochta Cóistí**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Straitéis Bainistíochta Cóistí a tháirgeadh chun tacú le líon méadaitheach cuairteoirí.

Tugann cóistí a lán cuairteoirí go Cathair Luimnigh agus go dtí na limistéir cheannchathartha mórthimpeall, Sionainn san áireamh, go Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite, agus feadh bhealach Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Chun a chinntiú go mbeidh an Limistéar Ceannchathartha in ann freastal ar líon méadaitheach cuairteoirí, moltar go ndéanfaí an méid seo a leanas:

- Measúnacht a dhéanamh ar oibriú socruithe tuirlingthe agus bordála na seirbhísí cóiste atá ann cheana ar mhaithe le feabhas a chur ar na dálaí atá ann cheana; agus
- Straitéis chomhtháite Bainistíochta Cóistí a cheapadh chun tacú le bearta bainistíochta tráchta, leis an bpáirceáil agus le limistéir thuirlingthe ag príomhchinn scríbe.

### BEART BC13

**Straitéis Bainistíochta Cóistí**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Straitéis Bainistíochta Cóistí a tháirgeadh chun tacú le líon méadaitheach cuairteoirí.

## 10.12 BEARTA TACAÍOCHTA

Uasghrádófar an Gréasán nua Bus i Luimneach go suntasach de réir chaighdeáin BusConnects. Uasghrádófar an gréasán réigiúnach bus ar an tslí chéanna, chun go n-áireofar leis bearta amhail iad seo a leanas:


- Tuilleadh Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí a sholáthar;
- Uathaimsiú Feithiclí ar bord a chomhtháthú i bhfíor-am le Córais Chliste Iompair chun tosaíocht a thabhairt do ghluaiseachtaí iompair phoiblí ag acomhail shoilsithe;
- Uasghráduithe a dhéanamh ar an ngréasán siúil chuig stadanna bus agus timpeall orthu chun compord, sábháilteacht agus inrochtaineacht a chinntiú do choisithe;
- Breithniú a dhéanamh ar sheirbhísí 24 huaire a leathnú;
- Ticéadú cliste a chur i bhfeidhm chun comhtháthú a chumasú le modhanna eile iompair agus chun moilleanna a laghdú;
- Flít busanna atá lán-inrochtana a oibriú;
- Flít busanna uirbeacha an Limistéir Cheannchathartha a aistriú go foinsí breosla atá saor ó charbón agus ina dteicneolaíochtaí eile astaíochtaí ísle, lena n-áirítear busanna leictreacha; agus
- Stíl chaighdeánaithe a ghlacadh i leith comharthaí stad bus, cuaillí stad bus agus painéil faisnéise ag stadanna bus, agus brandáil chomhsheasmhach agus libhré comhsheasmhach á n-úsáid.

### BEART BC14

**Bearta Tacaíochta**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Bearta tacaíochta a dhéanamh chun cur chun feidhme BusConnects Luimnigh agus seirbhísí réigiúnacha feabhsaithe a chomhlánú.



IARNRÓD
Méadú 35%
sa líon daoine a chónaíonn laistigh d'achar siúil ó stáisiún traenach
Méadú 48%
sa líon daoine a théann ar bhord traenacha agus a thagann díobh sa Limistéar
Saoráidí Páirceála agus Taistil
ag Stáisiún Bhéal Átha Síomoin nua
Stáisiúin Nua
ag Béal Átha Síomoin agus Maigh Rois
Feabhsuithe Stáisiúin
agus Uasghráduithe orthu
Minicíochtaí Méadaithe
Seirbhísí Comaitéireachta
Dhá thraein in aghaidh na huaire
ar an Líne ón Aonach go Baile Uí Bhróithe
Trí thraein in aghaidh na huaire
ar Líne Inse
Nascacht Fheabhsaithe Idirchathrach
An Débhóthar Iarainn a uasghrádú idir Stáisiún Cholbaird agus Gabhal

# 11 IARNRÓID

**Tá na línte iarnróid ó Bhaile Átha Cliath go Gabhal Luimnigh/Corcaigh faoi réir scrúdaithe chun luas na línte a ardú agus/nó chun iad a leictriú, rud a chuirfeadh feabhas ar nascacht agus ar agaí turais go cathracha réigiúnacha.**

Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt.

Moltar sa Straitéis seo go mbainfí an chuid is fearr as na deiseanna a ghabhann leis an ngréasán iarnróid atá ann cheana chun feabhas a chur ar nascacht réigiúnach agus fho-uirbeach. Tríd an gcuid is fearr a bhaint as an acmhainneacht atá ag na conairí iarnróid, tacófar le pleanáil úsáide talún agus iompar poiblí a chomhtháthú lena chéile ar shlí níos fearr.

Ag Stáisiún Cholbaird, soláthraíonn an gréasán iarnróid atá ann cheana sa Limistéar Ceannchathartha rochtain ar Lár Cathrach Luimnigh ó Bhaile Átha Cliath, ó Inis agus ón Aonach. Tá Gabhal Luimnigh ina shócmhainn thábhachtach réigiúnach a idirnascann conairí iarnróid Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh agus Phort Láirge.

## 11.1 SEIRBHÍSÍ IDIRCHATHRACH

Tá ag Cathair Luimnigh roinnt seirbhísí Idirchathrach a sholáthraíonn naisc dhíreacha iarnróid ó Stáisiún Cholbaird go hInis agus go Gaillimh agus naisc, trí Ghabhal Luimnigh, go Baile Átha Cliath, go Corcaigh, go Cluain Meala, go Trá Lí agus go Port Láirge.
Tá ag Luimneach an líon is airde nasc ó Bhaile Átha Cliath, a soláthraítear an chuid is mó díobh ag Gabhal Luimnigh ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh.

Mar atá sainaitheanta sa Phlean Forbartha Náisiúnta, sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, agus sa Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar an Iarnród, 2016, ó Iarnród Éireann, tá na línte iarnróid ó Bhaile Átha Cliath go Gabhal Luimnigh/Corcaigh faoi réir scrúdaithe chun luas na línte a ardú, rud a chuirfeadh feabhas ar nascacht go cathracha réigiúnacha a bhuí leis an bhfeabhas ar agaí turais iarnróid.

Luaitear sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach go ndéanfar na tairbhí geilleagracha a bhaineann le hiarnród ardluais do na línte idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, idir Baile Átha Cliath agus Gabhal Luimnigh agus idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh a mheas in aghaidh feabhsuithe ar na luasanna líne atá ann cheana, agus leas á bhaint as próisis bhreithmheasa ábhartha agus as tástálacha luach ar airgead.

Chríochnaigh an Roinn Iompair staidéar ar an acmhainneacht atá ann Conair Iarnróid an Iarthair a leathnú. Ar leithligh ón obair sin, tá Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid uile-oileáin á dhéanamh ag an Roinn Iompair i gcomhar le Roinn Bonneagair Thuaisceart Éireann faoi láthair.
Sainaithníodh i dtionscadal an N20/M20 rogha roghnaithe le haghaidh seirbhís dhíreach ó Luimneach go Corcaigh. Beidh sé sin ina ionchur freisin sa phleanáil agus sa dearadh le haghaidh seirbhísí níos fearr idir na cathracha agus déantar soláthar dó sa Straitéis seo.

### 11.1.1 Débhóthar Iarainn idir Stáisiún Cholbaird i Luimneach agus Gabhal Luimnigh

Cé go bhfuil sé suite lasmuigh de Limistéar Staidéir an Limistéir Cheannchathartha, tá sé beartaithe débhóthar iarainn a sholáthar idir Stáisiún Cholbaird agus Gabhal Luimnigh chun feabhas a chur ar nascacht náisiúnta agus réigiúnach, rud atá ar cheann de phríomhchuspóirí straitéiseacha an Chreata Náisiúnta Pleanála. Bíonn agaí feithimh fada agus moilleanna rialta ann ar an mbóthar iarainn aonair atá ann cheana. Is é an toradh a bheadh ar an débhóthar iarainn ná go gcuirfí feabhas ar agaí turais agus go mbeifí in ann minicíocht seirbhísí agus nasc a mhéadú.

Ba cheart an débhóthar iarainn a sholáthar i gcomhar le mórfheabhsuithe ar mhinicíocht seirbhísí Idirchathrach chun seirbhísí agus amchláir idir Corcaigh agus Baile Átha Cliath a ailíniú. D'fhéadfaí tosú ar stáisiúin nua in Úlla agus i bPailís Ghréine a bhreithniú agus a bhreithmheas thar thréimhse feidhme na Straitéise.

**BEART RL1**

**Seirbhísí Idirchathrach**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla obair i gcomhar le hIarnród Éireann agus le geallsealbhóirí ábhartha eile sa Limistéar Ceannchathartha chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An feabhas ar sheirbhísí Idirchathrach agus ar agaí turais idir Baile Átha Cliath, Gabhal Luimnigh, Port Láirge agus Corcaigh a éascú de réir an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid Uile-Oileáin agus na dtograí iarnróid a thiocfaidh chun cinn as tionscadail straitéiseacha bhonneagair.

## BEART RL2

**Débhóthar Iarainn ó Stáisiún Cholbaird i Luimneach go Gabhal Luimnigh**

Tá sé mar rún ag an Údarás, ag Iarnród Éireann agus ag an dá údarás áitiúla obair i gcomhar lena chéile chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Débhóthar iarainn a sholáthar idir Stáisiún Cholbaird i Luimneach agus Gabhal Luimnigh chun nascacht fheabhsaithe náisiúnta agus réigiúnach a éascú agus chun minicíocht seirbhísí a fheabhsú ar aon dul leis an éileamh méadaithe.

## 11.2 GRÉASÁN IARNRÓID CHOMAITÉIREACHTA LUIMNIGH

Agus an Straitéis seo á forbairt, agus ar iarraidh ón Aire Iompair, rinneadh measúnachtaí mionsonraithe ar thograí éagsúla iarnróid agus ar phacáistí éagsúla tograí. Ina measc sin, rinneadh measúnachtaí ar ghréasán iarnróid cuimsitheach, lena n-áirítear naisc nua agus seirbhísí nua paisinéirí, a sholáthar go Sionainn, go hÁth Dara agus go Mungairit, i dteannta na naisc iarnróid atá ann cheana a uasghrádú ina ndébhóithre iarainn, mar aon le roinnt stáisiún iarnróid nua a fhorbairt.

Faoin gcás reatha úsáide talún don limistéar ceannchathartha, sainaithníodh in obair measúnachta samhaltaithe iompair gur bheag úsáid a bhainfeadh paisinéirí as na línte breise comaitéireachta suas go dtí an bhliain 2040, agus é i bhfad ní b'ísle ná na leibhéil a bhaineann le gréasáin chomaitéireachta iarnróid throm de ghnáth. Tuaradh go dtiocfadh méadú ar an líon paisinéirí nuair a cuireadh leibhéil níos airde forbartha timpeall stáisiúin iarnróid ón mbliain 2040 i leith san áireamh san anailís samhaltaithe iompair chun cur chuige um Fhorbairt atá Dírithe ar an Iompar a léiriú. Tugtar le fios san obair sin go mbeadh fiúntas ag baint le cur chuige malartach a ghlacadh i leith úsáid talún, áit a ndíreofaí forbairt timpeall gréasán stáisiún iarnróid féideartha agus a bhféachfaí le dlús forbartha dóthanach a sholáthar chun tacú le gréasán iarnróid cuimsitheach a oibriú.

Breithníodh raon éagsúil cásanna iarnróid agus an Straitéis seo á forbairt, mar aon le mionsonraí faoin dóigh ar forbraíodh na beartais úsáide talún don tréimhse ón mbliain 2040 go dtí an bhliain 2070 chun tacú le hinfheistíocht san iarnród. Dá dtabharfaí na beartais úsáide talún sin ar aghaidh chuig an tréimhse idir seo agus an bhliain 2040, ba mhó fós an acmhainneacht a bheadh ann infheistíocht mhéadaithe san iarnród a chur chun feidhme tráth níos luaithe.

De bhun na hoibre measúnachta sin, sainaithníodh roinnt tograí iarnróid lena gcur ar áireamh sa Straitéis. Tá siad sin scoilte isteach sa dá chéim tograí infheistíochta seo a leanas:

### 11.2.1 Gréasán Chéim 1

Tá Gréasán Chéim 1 comhdhéanta de thograí a d'fhéadfaí a fhorbairt idir an gearrthéarma agus an meántéarma, bunaithe ar na leibhéil thuartha reatha fáis daonra agus fostaíochta agus ar bheartais reatha úsáide talún; agus

### 11.2.2 Gréasán Chéim 2

Cuimsíonn Gréasán Chéim 2 clár níos uaillmhianaí don ghréasán iarnróid réigiúnach agus don ghréasán iarnróid chomaitéireachta atá le forbairt san fhadtéarma, bunaithe ar leibhéal níos airde fáis thuartha don Limistéar Ceannchathartha, rud a bheadh dáilte ar bhonn na bprionsabal um Fhorbairt atá Dírithe ar an Iompar.


Mar chuid de Ghréasán Chéim 1, tá sé beartaithe stáisiúin iarnróid bhreise a sholáthar i Maigh Rois agus i mBéal Átha Síomoin (in éineacht le saoráid páirceála agus taistil). Coinneofar an acmhainneacht atá ann stáisiúin eile a sholáthar ar an ngréasán iarnróid atá ann cheana faoi athbhreithniú, lena n-áirítear stáisiúin ag an gCorrbhaile agus ag Bealach na Páirce, agus iad nasctha leis an soláthar páirceála agus taistil, b'fhéidir. In éineacht le débhóthar iarnróid a sholáthar ar an líne idir Gabhal Luimnigh agus Stáisiún Cholbaird, agus le minicíocht seirbhísí a mhéadú ar an líne idir an tAonach agus Baile Uí Bhróithe agus Inis, soláthróidh sé sin córas iarnróid i bhfad níos fearr i Limistéar Ceannchathartha Luimnigh.

San fhadtéarma, thacódh aistriú i dtreo Forbairt atá Dírithe ar an Iompar, ina gcuirtear an bhéim ar an mbeartas réigiúnach úsáide talún, le breithniú a dhéanamh ar ghréasán iarnróid níos cuimsithí – Céim 2 – lena n-áirítear línte féideartha go hÁth Dara, go Mungairit agus go Sionainn. Mar sin féin, beidh soláthar na línte sin de réir caighdeáin paisinéirí iarnróid ag brath ar leibhéal cuí forbartha a bheith ann sna limistéir ábhartha chun tacú leis an soláthar sin agus chun údar a thabhairt leis. Tá tuilleadh mionsonraí faoin acmhainneacht atá ann dá leithéid leagtha amach i dTuarascáil ar leith maidir leis an Straitéis Iarnróid.

Aithnítear gur cuireadh coimirce bhonneagair do líne iarnróid Shionainne ar áireamh i bPlean Forbartha Contae an Chláir. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur táscach amháin atá an t-ailíniú atá léirithe i dtuarascáil na Straitéise seo agus go scrúdófar gach rogha indéanta mar chuid d'aon tionscadal a d'fhéadfadh teacht chun cinn ag céim níos moille de chur chun feidhme na Straitéise seo chun an líne sin a sholáthar.

# GRÉASÁN IARNRÓID FÉIDEARTHA CHÉIM 2

Tá gach ceann de na bealaí agus na hailínithe táscach agus tá siad faoi réir athruithe tríd an bpróiseas reachtúil breithmheasa scéime.






## BEART RL3

**Gréasán Iarnróid Comaitéireachta Luimnigh**

Tá sé mar rún ag an Údarás an méid seo a leanas a dhéanamh i gcomhar le hIarnród Éireann, le Tionól Réigiúnach an Deiscirt, le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus le Comhairle Contae an Chláir:

- Infheistiú i nGréasán Iarnróid Chéim 1 don Limistéar Ceannchathartha mar a leanas:
  - Stáisiún iarnróid nua ag Maigh Rois, de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh taistil ar aon dul le hathghiniúint an limistéir sin;
  - Stáisiún iarnróid nua ag Béal Átha Síomoin, lena n-áirítear saoráid Páirceála agus Taistil;
  - Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann stáisiúin bhreise a sholáthar, lena n-áirítear an acmhainneacht le haghaidh an tSaoráid bhusbhunaithe Páirceála agus Taistil ag an bPort Nua a chomhtháthú isteach sa ghréasán iarnróid;
  - Feabhas a chur ar an minicíocht seirbhísí ar Líne Iarnróid na hInse chun seirbhís éifeachtach éifeachtúil iarnróid chomaitéireachta a éascú san fhadtéarma;
  - Feabhas a chur ar an minicíocht seirbhísí ar an líne idir Luimneach, an tAonach agus Baile Uí Bhróithe, de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh taistil.

## BEART RL3 AR LEAN

**Gréasán Iarnróid Comaitéireachta Luimnigh**

- Tabhairt faoin méid seo a leanas i ndáil le Gréasán Iarnróid Chéim 2 a sholáthar don Limistéar Ceannchathartha:
  - I gcomhar le Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus leis na húdaráis áitiúla, féachaint le beartais úsáide talún a fhorbairt lena gcur chun feidhme tríd an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus trí Phleananna Forbartha, ar beartais iad lena ndíreofar forbairt sa Limistéar Ceannchathartha, agus sa mhór-réigiún, ar an ngréasán iarnróid ar mhaithe le Forbairt atá Dírithe ar an Iompar a sholáthar agus ar mhaithe le tuilleadh infheistíochta a chothú san iarnród fo-uirbeach; agus
  - Iniúchadh a dhéanamh ar a indéanta atá sé an gréasán iomlán iarnróid chomaitéireachta a sholáthar don Limistéar Ceannchathartha, lena n-áirítear línte Fhaighne agus Mhungairit a athúsáid, líne nua a sholáthar go Sionainn, agus stáisiúin nua a sholáthar ag láithreacha cuí, agus iad comhtháite le Forbairt ard-dlúis atá Dírithe ar an Iompar.

## 11.3 LASTA IARNRÓID

Tá líne lasta iarnróid idir Luimneach agus Port Fhainge neamhghníomhach ón mbliain 2001 i leith. Is ionann an líne sin agus an teorainn thoir idir bruachbhaile Thuar an Daill agus limistéar fostaíochta an Ráithín. Téann sí trí Thobar Phádraig agus ar an limistéar atá ar an gcuid thuaidh d'Áth Dara. Sa Straitéis ghlactha Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, moltar go ndéanfaí imscrúdú ar an acmhainneacht atá ann an líne lasta sin a thabhairt ar ais chun port is doimhne na hÉireann a nascadh leis an ngréasán iarnróid náisiúnta. Aithnítear inti freisin an acmhainneacht atá ann Gabhal Luimnigh a fhorbairt le haghaidh lóistíocht lasta iarnróid. Mar chuid den straitéis iompair seo, moltar go dtabharfaí an bóthar iarnróid aonair ar ais ar an líne ó Luimneach go Faing chun seirbhís 'lasta amháin' a sholáthar, agus cur chuige deartha atá cost-éifeachtúil á ghlacadh. Le linn na hoibre forbartha ar an líne lasta sin, déanfar obair mheasúnachta chun meastóireacht a dhéanamh ar na costais incriminteacha agus na tairbhí a bhaineann leis an líne sin a fhorbairt tuilleadh go leibhéal na seirbhíse paisinéirí, agus an acmhainneacht á cruthú le haghaidh seirbhís paisinéirí a sholáthar ó dheas go hÁth Dara mar chuid de sholáthar na líne. Tá an Straitéis seo i bhfách le tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar a indéanta atá sé lasta iarnróid go ginearálta a éascú sa Limistéar Ceannchathartha. Moltar go ndéanfaí tuilleadh breithnithe thar thréimhse feidhme na Straitéise ar Phort Chorcaí agus Port Fhaighne, ar poirt Leibhéal 1 iad, agus Port Ros Láir, ar port Leibhéal 2 é, a nascadh le chéile trí iarnród, de bhreis ar mheasúnú a dhéanamh ar shaoráid lasta iarnróid a sholáthar ag Gabhal Luimnigh.

## BEART RL4

**Lasta Iarnróid**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag Iarnród Éireann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An líne iarnróid ó Luimneach go Faing a thabhairt ar ais chun seirbhís lasta a sholáthar;
- Imscrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le saoráid lasta iarnróid a sholáthar ag Gabhal Luimnigh; agus
- Imscrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé lasta iarnróid a éascú ó Phort Fhainge go Corcaigh agus Ros Láir thar thréimhse feidhme na Straitéise.

## 11.4 SAORÁID IARNRÓDBHUNAITHE PÁIRCEÁLA AGUS TAISTIL

De réir mar a bhaintear feabhsuithe minicíochta amach ar línte Bhaile Uí Bhróithe agus Ghabhal Luimnigh, tiocfaidh méadú ar an acmhainneacht atá ann saoráid Páirceála agus Taistil a sholáthar san áit a dtagann an dá líne le chéile. Mar sin, d'fhéadfadh an tsaoráid bhusbhunaithe Páirceála agus Taistil atá beartaithe ag Béal Átha Síomoin a bheith ina láthair oiriúnach le haghaidh saoráid iarnródbhunaithe atá ceangailte le stáisiún nua. Chuirfeadh an tsaoráid sin feabhas ar nascacht inbhuanaithe ón gcuid theas agus ón gcuid thoir den Limistéar Ceannchathartha agus ón mór-réigiún agus d'fhreastalódh sí ar an taisteal busbhunaithe agus an taisteal iarnródbhunaithe ar aghaidh araon go Lár na Cathrach.

## BEART RL5

**Saoráid Iarnródbhunaithe Páirceála agus Taistil**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla obair i gcomhar le hIarnród Éireann agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Stáisiún iarnródbhunaithe Páirceála agus Taistil a sholáthar ag Béal Átha Síomoin chun leibhéil tráchta a laghdú ar an N24 i dtreo Chathair Luimnigh, ar aon dul le minicíochtaí méadaithe seirbhísí a sholáthar; agus
- Imscrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann saoráidí breise Páirceála agus Taistil a sholáthar in áiteanna a dtagann an gréasán bóithre straitéiseacha le chéile le seirbhísí ardmhinicíochta iarnróid.

## 11.5 STÁISIÚN CHOLBAIRD

Is é Stáisiún Cholbaird an príomhchríochfort le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí i gCathair Luimnigh, agus é lonnaithe 15 nóiméad de shiúl na gcos ó Lár na Cathrach, tamall beag ó Shráid Parnell agus ó Bhóthar de hÍde. Freastalaíonn seirbhísí Idirchathrach, seirbhísí iarnróid réigiúnacha, seirbhísí bus agus roinnt seirbhísí bus cathrach ar an stáisiún, a fhágann go bhfuil deiseanna ann le haghaidh cómhalartú.

Is gá foirgneamh an stáisiúin féin a nuashonrú agus, sa bhliain 2014, d'fhorbair Iarnród Éireann agus an tÚdarás scéim chun feabhas suntasach a chur ar fhoirgneamh agus purláin an stáisiúin, ar aon dul le Plean Eacnamaíoch agus Spáis Luimneach 2030. Ba é a bhí i gceist le Céim 1 den tionscadal sin ná an carrchlós os comhair an stáisiúin a bhaint agus plás poiblí agus ionad rothar a fhorbairt.

### BEART RL6

**Athfhorbairt Stáisiún Cholbaird**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla obair i gcomhar le hIarnród Éireann agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Athfhorbairt stáisiún iarnróid agus bus Cholbaird a chur i gcrích chun eispéireas níos tarraingtí, níos sláine agus níos compordaí a sholáthar do phaisinéirí, ar aon dul leis an tionscadal a d'fhorbair Iarnród Éireann agus an tÚdarás; agus
- Iniúchadh a dhéanamh ar a indéanta atá sé nasc do bhusanna amháin a sholáthar taobh thiar de Stáisiún Cholbaird ar Bhóthar Bhaile an Róistigh agus feabhas a chur ar nascacht siúil, rothaíochta agus bus go Lár na Cathrach.

I dteannta na bhfadhbanna a bhaineann leis an bhfoirgneamh agus leis na purláin, níl aon nasc follasach soiléir ag Stáisiún Cholbaird le Lár na Cathrach ach oiread. Is tearcfhorbartha atá na saoráidí trasrian coisithe ar an mbealach is follasaí sa chomharsanacht – Sráid na Sionainne/Sráid Parnell – agus, cé go mbíonn feabhas ag teacht ar na saoráidí rothaíochta, níl siad soláthartha go Lár na Cathrach ar shlí leanúnach.

San am i láthair, níl ach pointe rochtana amháin ag busanna ar Stáisiún Cholbaird, trí Shráid Parnell/Bóthar de hÍde.

Den chuid is mó, is í forbairt úsáide measctha atá ar bheagán carranna an cineál forbartha a shamhlaítear sna tograí ón nGníomhaireacht Forbartha Talún agus ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le déanaí chun breis agus 100 acra de thalamh faoi úinéireacht an Stáit timpeall Stáisiún Cholbaird a mháistirphleanáil agus a fhorbairt. Cuirfidh naisc fheabhsaithe bhus, shiúil agus rothaíochta bonn eolais faoin bpróiseas sin.

## 11.6 BONNEAGAR TACAÍOCHTA

### 11.6.1 Feabhsuithe agus Uasghráduithe ar Stáisiúin

Thar thréimhse feidhme na Straitéise, déanfar breithniú ar fheabhsuithe agus uasghráduithe a dhéanamh ar stáisiúin atá ann cheana chun oibriú éifeachtach éifeachtúil seirbhísí iarnróid a éascú. Áirítear leis sin feabhsuithe ar a inrochtana atá stáisiún Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh, mar atá leagtha amach sa chaibidil dar teideal 'Siúl'.

Nithe atá tábhachtach maidir le sásamh paisinéirí iarnróid is ea cáilíocht, glaineacht, slándáil agus inrochtaineacht na stáisiún agus an chuma atá orthu. Áirítear iad seo a leanas leis na feabhsuithe ina leith sin:

- Stáisiúin a dhéanamh lán-inrochtana do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe, cathaoir rothaí nó bugaí acu;
- Saoráidí ticéadaithe chliste a sholáthar i stáisiúin;
- Láithreacha feithimh compordacha faoi dhíon a sholáthar do phaisinéirí;
- Faisnéis chruinn Fíor-Ama do Phaisinéirí a sholáthar faoi thraenacha agus faoi nascbhusanna araon; agus
- Spásanna daingne páirceála rothar faoi dhíon atá lonnaithe in áiteanna áisiúla a sholáthar ar aon dul leis an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta.

### 11.6.2 Feabhsuithe Comharthaíochta

Beidh feabhsuithe comharthaíochta ag teastáil chun na seirbhísí méadaithe a éascú agus chun moilleanna agus coinbhleachtaí féideartha a sheachaint.

Cé go bhfuil sé suite lasmuigh den Limistéar Staidéir, beidh feabhsuithe comharthaíochta ag teastáil ag Gabhal Luimnigh má thagann méadú ar an minicíocht seirbhísí Idirchathrach thar thréimhse feidhme na Straitéise.

### 11.6.3 Ionad Rialaithe Comharthaí

Oibríonn Iarnród Éireann Ionad Láraithe um Rialú Tráchta i Stáisiún Uí Chonghaile faoi láthair, áit a rialaítear cuid mhór den ghréasán iarnróid in Éirinn. Gealltar sa Phlean Forbartha Náisiúnta Ionad Náisiúnta nua um Rialú Traenach a chur i gcrích thar thréimhse feidhme na Straitéise. Beidh sé sin ag teastáil chun freastal ar na riachtanais rialaithe atá ag an ngréasán iarnróid faoi láthair agus orthu sin a bheidh aige sa todhchaí.

### BEART RL7

**Bonneagar Tacaíochta Iarnróid**

Tá sé mar rún ag an Údarás, ag Iarnród Éireann agus ag geallsealbhóirí ábhartha eile an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cur lena tharraingtí agus lena éifeachtúla atá seirbhísí iarnróid an Limistéir Cheannchathartha trí fheabhsuithe a chur ar stáisiún Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh agus ar stáisiún Chaisleán Uí Chonaill, trí fheabhsuithe comharthaíochta a dhéanamh agus tríd an Ionad Náisiúnta um Rialú Traenach a chur i gcrích.

#### 11.6.4 Bainistíocht Tuile i mBaile Uí Chárthaigh

Is minic is gá an líne idir Luimneach agus Inis i mBaile Uí Chárthaigh a dhúnadh de bharr tuile faoi láthair, rud a chuireann isteach go mór ar Ghréasán Iarnróid an Limistéir Cheannchathartha. Tá réiteach teicniúil á imscrúdú ag Iarnród Éireann chun an fhadhb sin a mhaolú.

### BEART RL8

**Bainistíocht Tuile i mBaile Uí Chárthaigh**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla obair i gcomhar le hIarnród Éireann agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An fhadhb áitiúil tuile a réiteach ar an líne idir Luimneach agus Inis i mBaile Uí Chárthaigh.

## 11.7 LEICTRIÚ AGUS/NÓ BREOSLÚ MALARTACH AN GHRÉASÁIN IARNRÓID

Is é atá i gceist le Gníomh 92 den Phlean Gnímh don Aeráid 2019 a foilsíodh le déanaí ná tús a chur leis an aistriú i dtreo traenacha leictreacha/hibrideacha ar mhaithe le leictriú leathnaithe seirbhísí iarnróid a éascú. Tá an Straitéis seo i bhfách leis an ngníomh sin, rud as a dtiocfadh méadú ar fheidhmíocht agus laghdú ar chostais chothabhála, ar chostais fuinnimh agus ar astaíochtaí. Tá sé ríthábhachtach go n-ísleofaí astaíochtaí aeir agus torainn chun tacú le taitneamhacht chónaithe forbartha nua atá comhdhlúite timpeall na conaire iarnróid.

### BEART RL9

**Leictriú agus Breoslú Malartach**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla obair i gcomhar le hIarnród Éireann agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Leictriú an Ghréasáin Iarnróid a chur ar aghaidh ar aon dul leis an bPlean Gnímh don Aeráid 2019; agus
- Aistriú i dtreo flít traenacha leictreacha/hibrideacha ar mhaithe le seirbhísí traenach astaíochtaí ísle a sholáthar.

Gealltar sa Phlean Forbartha Náisiúnta na línte iarnróid fo-uirbeacha i mBaile Átha Cliath a leictriú faoin mbliain 2027 faoin gClár um Leathnú DART. Is dóigh gur sa dara leath de thréimhse na Straitéise seo a chomhlíonfaí gealltanas den chineál céanna do Ghréasán Iarnróid an Limistéir Cheannchathartha.

De mhalairt ar an ngréasán iarnróid a leictriú go hiomlán, d'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé an flít traenacha a uasghrádú ina dtraenacha ceallra-oibrithe agus/nó hibrideacha. Cé go soláthródh sé tairbhí atá cosúil leo sin a ghabhann le gréasán leictrithe caighdeánach, is amhlaidh, i gcomparáid leis an ngnáthobair iarfheistithe a theastaíonn, nach dteastaíonn ón gcineál traenach leictrí sin go ndéanfaí iarfheistiú mór ar an mbonneagar leictrithe ar fud an ghréasáin, amhail athruithe ar an soláthar cumhachta agus ar dhroichid. Mar sin, b'ísle i bhfad na costais a bheadh i gceist leis ná na costais a bheadh i gceist le leictriú an ghréasáin iarnróid.

## 11.8 LÍNTE IARNRÓID AGUS GLASBHEALAÍ

Leis an Straitéis seo, tacaítear leis an soláthar glasbhealaí a fhorbairt chun nascacht a sholáthar idir Cathair Luimnigh agus lár Bailte Ceannchathartha agus lonnaíochtaí i gCorcaigh Thuaidh, i dTiobraid Árann, ar an gClár agus i gCiarraí trí Mhórchonair an Deiscirt.

### BEART RL10

**Línte Iarnróid agus Glasbhealaí**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla obair i gcomhar le hIarnród Éireann agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé glasbhealaí nua a sholáthar laistigh de línte iarnróid atá as úsáid nó díreach cóngarach do chonairí iarnróid atá ann cheana nó atá beartaithe.


Coca-Cola
zero

# 12 ÚSÁID TALÚN, ATHGHINIÚINT AGUS SCOILEANNA

**Is é an sprioc atá ann 40% ar a laghad de na tithe nua ar fad a sholáthar laistigh de na limistéir faoi fhoirgnimh de chuid cathracha, bailte agus sráidbhailte a sholáthar ar láithreáin inlíonta agus/nó ar láithreáin athfhorbraíochta.**

An Creat Náisiúnta Pleanála 2040.

Aithnítear gur rannchuidigh patrún stairiúil na forbartha ar fud an Limistéir Cheannchathartha le hardrátaí spleáchais ar an gcarr. Chun a chinntiú go dtitfidh an fás réamh-mheasta daonra agus fostaíochta amach ar shlí inbhuanaithe, tá sé ríthábhachtach go mbeadh úsáid talún agus pleanáil iompair ailínithe go dlúth lena chéile. Is féidir le pleanáil chomhtháite iompair agus úsáide talún laghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann le taisteal de charr agus is féidir léi tacú le feidhmiú córais nasctha iompair inbhuanaithe.

Is é an aidhm atá leis an Straitéis seo freastal ar riachtanais an daonra atá ann cheana agus tacaítear léi leis an sprioc fáis daonra don Limistéar Ceannchathartha agus leis an bhfás gaolmhar fostaíochta agus oideachais faoin mbliain 2040 a bhaint amach. Beidh an Limistéar Ceannchathartha ar cheann de na príomhnithe a bhrúfaidh fás daonra agus gníomhaíocht gheilleagrach chun cinn thar thréimhse feidhme na Straitéise seo, go háirithe do Réigiún an Iarthair Láir.

Chun tacú leis an ardmhian dlúthfháis atá ag an gCreat Náisiúnta Pleanála, díreofar ar dheiseanna suntasacha athghiniúna a chruthú i láithreacha athfhorbraíochta i Lár Cathrach Luimnigh, lena n-áirítear na láithreacha seo a leanas:

- Láithreán an Árais Cheoldrámaíochta;
- An Cheathrú Sheoirseach;
- Iarláithreán Cleeves;
- An Baile Gaelach;
- Bunachar talún faoi úinéireacht an stáit atá suite ar an taobh theas de Stáisiún Cholbaird;
- Oileán an Rí;
- Láthair Ollscoil Luimnigh atá suite ag seanláithreán Dunnes Stores;
- Forbairt an Cheantair Dugaí; agus
- Forbairt Ché Artúir.

Ó thaobh fostaíochta agus oideachais de, is amhlaidh leis an Straitéis seo go dtacaítear le forbairt feadh a conairí sainaitheanta iompair phoiblí ardacmhainne chun freastal ar Ollscoil Luimnigh, ar Ospidéal Ollscoile Luimnigh, ar Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh roimhe sin), ar Thuar an Daill, ar Choláiste Mhuire gan Smál, ar an bPáirc Náisiúnta Teicneolaíochta, ar Bhaile Shionainne, ar an Limistéar Neamhchustaim agus ar an Aerfort Idirnáisiúnta.

## 12.1 TOSAÍOCHTAÍ ÚSÁIDE TALÚN NA STRAITÉISE SEO

Leis an Straitéis seo, tugtar aghaidh ar na blianta fada ina bhfacthas ardleibhéil fáis agus ardleibhéil aistrithe úsáidí talún go láithreacha imill fho-uirbigh agus pheirea-uirbigh. I bhformhór na gcásanna, tharla sé sin ag dlúis níos ísle agus ní raibh aon nasc aige le seirbhísí iompair phoiblí a bhí ann cheana nó a bhí beartaithe.

Chun rath na Straitéise seo a chinntiú, ní mór go mbeidh sé mar aidhm leis na creataí beartais phleanála agus leis na bearta cur chun feidhme de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Chomhairle Contae an Chláir dlúis níos airde agus forbairtí úsáide measctha a bhaint amach i limistéir ina bhfuil deiseanna ann cheana chun iompar inbhuanaithe a sholáthar agus inar féidir an méid sin a dhéanamh ar mhodh a ailíníonn an soláthar iompair leis an éileamh ar shlí níos fearr.

Is é a bheidh i gceist leis sin prionsabail um Fhorbairt atá Dírithe ar an Iompar Poiblí a chur chun feidhme. Is féidir Forbairt atá Dírithe ar an Iompar Poiblí a shainmhíniú mar fhorbairt atá comhdhlúite timpeall stáisiúin iarnróid atá ann cheana nó atá beartaithe agus/nó feadh conairí ardmhinicíochta bus ag méid agus dlús a sholáthraíonn mais chriticiúil chun tacú le hinmharthanacht iompair phoiblí ardacmhainne.

Cuireann Forbairt atá Dírithe ar an Iompar Poiblí agus an comhdhlúthú gníomhaíochta laistigh de na ceantair atá i gceist na nithe seo a leanas chun cinn:

- Nascacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta;
- Aistriú modha i dtreo taisteal inbhuanaithe;
- Mais chriticiúil chun tacú le hinmharthanacht conairí iompair phoiblí; agus
- An fheidhm straitéiseach atá ag an ngréasán bóithre Náisiúnta a chosaint.

Leis an Straitéis seo, tabharfar an deis chun forbairt nua úsáide measctha a chomhtháthú ag dlúis chuí le bonneagar iompair phoiblí ardacmhainne i gcomhar le gréasáin siúil agus rothaíochta níos



tarraingtí agus le feabhsuithe ar an ríocht phoiblí. Ní hé amháin go bhféadfadh sé sin ceantar na modhanna inbhuanaithe a leathnú chuig tuilleadh daoine agus áiteanna, ach d'fhéadfadh sé cur le hinmharthanacht na hinfheistíochta amach anseo san iompar poiblí trí éileamh níos airde a mhealladh freisin.

Ar aon dul le prionsabail an Chreata Náisiúnta Pleanála, treoróidh na cuspóirí seo a leanas an dóigh a gcomhtháthófar pleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair lena chéile sa Limistéar Ceannchathartha:

## BEART LU1

**Tailte Cholbaird**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Comhoibriú go dlúth le Bus Éireann, le hIarnród Éireann agus le húinéirí talún amhail Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Ghníomhaireacht Forbartha Talún chun uasmhéadú a dhéanamh ar acmhainneacht forbartha na dtailte ag Stáisiún Cholbaird.

## BEART LU2

**Athbheochan Lár na Cathrach**

Tá sé mar rún ag an Údarás an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Athbheochan Lár Cathrach Luimnigh a chothú agus a éascú mar lárionad réigiúnach le haghaidh gníomhaíocht gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha agus mar láthair le haghaidh forbairt cónaithe ard-dlúis.

## BEART LU3

**Prionsabail le haghaidh Úsáid Talún agus Pleanáil Iompair a Chomhtháthú lena chéile**

Chun an t-iompar poiblí, an siúl agus an rothaíocht a chur chun cinn ar fud an Limistéir Cheannchathartha, tá sé mar rún ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Forbairt a chomhdhlúthú isteach i lár cathracha, bailte, limistéar fo-uirbeach agus sráidbhailte de réir choincheap na cathrach agus na comharsanachta 15 nóiméad;
- Forbairt a chomhdhlúthú timpeall seirbhísí agus saoráidí iompair phoiblí atá ann cheana agus atá beartaithe;
- Dlúis a mhéadú i bhforbairtí cónaithe agus fostaíochta amach anseo;
- Tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt úsáide measctha lena laghdaítear an gá atá ann leis an taisteal;
- A chinntiú go mbeidh gach limistéar forbraíochta nua tréscaoilteach go hiomlán do choisithe agus do rothaithe trí phrionsabal na tréscaoilteachta scagtha a chur i bhfeidhm, áit a ndíspreagtar tréthrácht ag an gcarr príobháideach;
- Scéimeanna a sholáthar chun feabhas a chur ar an tréscaoilteacht don siúl agus don rothaíocht i limistéir fhorbartha atá ann cheana; agus
- A chinntiú go dtabharfar tosaíocht don siúl agus don rothaíocht sa leagan amach ar fhorbairtí nua agus gur féidir seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar go héifeachtúil iontu.

## 12.2 ATHGHINIÚINT LUIMNIGH

Is é seo a leanas fisráiteas an Chreat-Phlean Cur Chun Feidhme um Athghiniúint Luimnigh, mar a glacadh:

"Pobail shábháilte inbhuanaithe deise ina mbeidh dea-cháilíocht na beatha agus teach ar dhea-chaighdeán ag daoine de gach aois agus ina mbeidh siad bródúil as a n-áit. Beidh comharsanachtaí tarraingteacha dea-sheirbhísithe nasctha go fisiciúil agus comhtháite go hiomlán le saol sóisialta, geilleagrach agus cultúrtha Luimnigh."

Níl aon rochtain ar charr ag beagnach leath na dteaghlach uile i limistéir athghiniúna Luimnigh. Léiríonn sé sin cé chomh tábhachtach agus atá sé roghanna eile iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta a sholáthar sna láithreacha sin mar mhodh le haghaidh inrochtaineacht a éascú ar phoist, ar an oideachas, ar mhiondíol agus ar sheirbhísí eile ar fud an Limistéir Cheannchathartha.

Tá na gnéithe fisiciúla seo a leanas mar shaintréithe ag na limistéir athghiniúna:

### 12.2.1 Easpa Tréscaoilteachta agus Inléiteachta

Is é an phríomh-shaincheist iompair do na limistéir athghiniúna ná an easpa nascachta idir iad féin agus na comharsanachtaí mórthimpeall. Laistigh de Mhaigh Rois agus de Southill, go háirithe, tá sé deacair taisteal mar gheall ar an leagan amach neamh-thréscaoilteach bloic atá orthu, áit a gcuimsíonn gach fo-eastát limistéir mhóra cul-de-sac. Tá an tsaincheist sin taobh thiar de chuid mhór de na mórfhadhbanna gluaiseachta atá ann sna limistéir sin. I bhfianaise na heaspa tréscaoilteachta agus inléiteachta sin, tá drochrochtain ann ar fhostaíocht agus ar sheirbhísí.

Tá tionchar diúltach aige sin ar sheirbhísí féideartha iompair phoiblí freisin, toisc go n-éiríonn sé róchasta patrúin ródaithe a chumadh.

### 12.2.2 Scoilteadh

Cruthaíonn scoilteadh bacainní láithreacha sna limistéir athghiniúna. I gcásanna áirithe, tá na bacainní sin i bhfeidhm d'aon ghnó: e.g., na ballaí agus na fálta a shíneann ar feadh níos mó ná 1.5 ciliméadar feadh an imill theas de Mhaigh Rois. I bhformhór na gcásanna, tagann scoilteadh sna limistéir athghiniúna as bonneagar iompair amhail na línte iarnróid a imríonn tionchar ar Southill agus ar Mhaigh Rois nó bóithre tráchta throm amhail Bóthar Childers, an Cnoc Theas agus Bóthar an Oileáin, Oileán an Rí, rud a scoilteann Páirc Mhuire ón gcuid eile d'Oileán an Rí.

### 12.2.3 Ceannas na Gluaiseachta Feithiclí

Tá na bóithre sna limistéir athghiniúna deartha go príomha le haghaidh gluaiseacht thapa feithiclí a éascú. Is é ceann de na príomhchuspóirí atá ann ná sráideanna tráchtmhoillithe a chruthú, áit a dtugtar tosaíocht do na riachtanais atá ag coisithe, ag rothaithe agus ag úsáideoirí iompair phoiblí. Agus sráideanna á bhforbairt nó á n-athdhearadh, is gá breithniú cúramach a dhéanamh ar úsáidí talún agus ar thíopeolaíochtaí forbartha ina bhfuil éadanas gníomhach agus faireachas éighníomhach, tréscaoilteacht mhéadaithe agus feabhsuithe tírdhreachaithe. Cabhróidh an méid sin ar fad le laghdú a dhéanamh ar a mhéid atá na limistéir athghiniúna scartha ó na mórchomharsanachtaí agus ó na mórcheantair.

Chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh iompair sin, thosaigh an tÚdarás ar fheabhsuithe a chur ar sheirbhísí iompair phoiblí trí mhinicíocht sheirbhís 303 ó Mhaigh Rois go Southill, trí Lár Cathrach Luimnigh, a dhúbailt.

Níl ansin ach sampla amháin den dóigh ar féidir le cur chun feidhme na Straitéise seo, i gcomhar le cláir nó gníomhaireachtaí eile, tairbhí suntasacha a sholáthar do na limistéir athghiniúna.

## BEART LU4

**Iompar Poiblí do na Limistéir Athghiniúna**

Tá sé mar rún ag an Údarás feabhsuithe a shainaithint agus a dhéanamh ar an tairiscint iompair phoiblí sna limistéir athghiniúna, i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus le geallsealbhóirí eile. Áirítear iad seo a leanas leis na feabhsuithe sin:

- Feabhsuithe seirbhíse;
- Faisnéis iompair phoiblí a fheabhsú;
- Feabhsuithe ar shaoráidí feithimh;
- Bearta chun slándáil phearsanta a fheabhsú; agus
- Idirchaidreamh níos dlúithe a dhéanamh le pobail áitiúla.

## BEART LU5

**Siúl agus Rothaíocht sna Limistéir Athghiniúna**

Tá sé mar rún ag an Údarás feabhsuithe sonracha a shainaithint agus a dhéanamh ar an mbonneagar siúil agus rothaíochta sna limistéir athghiniúna, i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus le geallsealbhóirí eile. Áirítear iad seo a leanas leis na feabhsuithe sin, agus iad bunaithe ar na bearta atá sainaitheanta sa Chreat-Phlean um Athghiniúint:

- Raonta rothar;
- Glasbhealaí;

## BEART LU5 CONTINUED

**Siúl agus Rothaíocht sna Limistéir Athghiniúna**

- Naisc nua shiúil agus rothaíochta a oscailt suas chun feabhas a chur ar thréscaoilteacht laistigh de na limistéir athghiniúna agus idir na limistéir athghiniúna agus na comharsanachtaí mórthimpeall; agus
- Spásanna páirceála rothar a sholáthar ag asraonta miondíola, ag stadanna iompair phoiblí agus ag seirbhísí eile.

## BEART LU6

**Bóithre Nua chun freastal ar na Limistéir Athghiniúna**

Féachfaidh an tÚdarás agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh leis na nithe seo a dhéanamh:

- Scéimeanna bóithre nua a sholáthar sna limistéir athghiniúna chun freastal ar iompar poiblí breisithe in áiteanna a sainaithneofar riachtanais nó a mbeidh riachtanas socheacnamaíoch ann le naisc den sórt sin a sholáthar.

## BEART LU7

**Cora Thuamhan**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Faoi réir tairbhí socheacnamaíocha a shainaithint, Cora Thuamhan a athfhorbairt chun Páirc Mhuire a nascadh go díreach siar, rud a chuirfidh feabhas ar nascacht chuig an gcuid thiar thuaidh de Chathair Luimnigh, lena n-áirítear Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne agus Páirc Thuamhan.

## BEART LU7 CONTINUED

**Cora Thuamhan**

- Ar leibhéal an tionscadail, déanfar Measúnacht Chuí iomlán chun a chinntiú nach rachaidh an tionscadal chun dochair do shláine láithreáin Eorpaigh nó láithreán Eorpach agus go gcuirfear gach céim den phróiseas Measúnachta Cuí i gcrích go hiomlán de réir na Treorach maidir le Gnáthóga agus de réir gach reachtaíochta lena dtrasuitear an Treoir sin.

## BEART LU8

**Naisc chuig Maigh Rois**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Feabhas suntasach a chur ar inrochtaineacht do choisithe agus do rothaithe ag pointí éagsúla idir Maigh Rois agus Bóthar na Creatalaí.

## BEART LU9

**An bealach isteach chuig Southill**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Bóthar Bhaile an Róistigh agus Timpeallán Bhaile an Róistigh a uasghrádú chun freastal ar choisithe, ar rothaithe agus ar iompar poiblí, agus chun Southill a chomhtháthú ar shlí níos fearr leis na limistéir lastuaidh de.

## 12.3 TAISTEAL CHUIG AN SCOIL

De réir an Daonáirimh, rinne 153 dhéagóir rothaíocht chun an oideachais i gCathair Luimnigh agus a Bruachbhailte sa bhliain 2016. Cailíní a bhí i seisear díobh sin. I gcomparáid leis sin, ba de charr a

thaistil beagnach 3,000 duine. Ba iad na figiúirí comparáideacha do Chathair Luimnigh sa bhliain 1996, agus í ina limistéar níos lú ag an am, ná 717 nduine agus 88 nduine faoi seach. Ba de charr a thaistil thart ar 1,700 duine. Tháinig laghdú ar an sciar modha do dhéagóirí a rinne rothaíocht chuig an scoil i limistéar uirbeach Luimnigh, ó 9% sa bhliain 1996 go 2.5% sa bhliain 2016.

I Sionainn, rinne 18 ndéagóir rothaíocht chuig an scoil nó chuig an gcoláiste sa bhliain 2016. Buachaillí a bhí iontu sin go léir.

Cé go bhfuil an céatadán de na leanaí uile a thaistil de shiúl na gcos measartha ard don dá lonnaíocht (31% agus 56% faoi seach), ba de charr a thaistil níos mó ná leath na leanaí uile i Luimneach agus aon trian de na leanaí uile i Sionainn chuig an scoil. Tá feidhm ag figiúirí den chineál céanna maidir le lonnaíochtaí eile ar fud an Limistéir Cheannchathartha agus i gcodanna tuaithe. Cruthaíonn sé sin roinnt fadhbanna, lena n-áirítear:

- Plódú ag buaic-amanna;
- Forbairt an chultúir cairr, rud lena leabaítear an tiomáint mar norm i measc leanaí óga;
- Easpa idirghníomhaithe shóisialta do leanaí agus do thuismitheoirí;
- Leibhéil mhéadaithe truailliú aeir ag scoileanna, rud a mhéadaíonn asma i measc leanaí i Luimneach; agus
- Easpa aclaíochta do leanaí, rud is cúis le murtall agus le fadhbanna eile atá bainteach leis an tsláinte.

Is ar dhá dhóigh shonracha a bhfuil an tÚdarás ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna iompair scoile ar an leibhéal náisiúnta:

- Forbairt a dhéanamh ar bhonneagar rothaíochta agus coisithe lena bhfreastalaítear ar scoileanna; agus
- Modúl Taistil na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce a bhainistiú thar ceann na Roinne Iompair.

Leis an Straitéis seo, déantar soláthar do leanúint de na bearta sin sa Limistéar Ceannchathartha agus féachfar, i gcomhar le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile, le hinfheistíocht a spriocdhíriú ar na limistéir sin inar féidir an úsáid is éifeachtaí a bhaint aisti.

## BEART LU10

**Láthair na Scoileanna Nua**

Déanfaidh an tÚdarás na nithe seo:

- Tacú leis na húdaráis áitiúla dianiarracht a dhéanamh a chinntiú nach ndéanfar i bPleananna Forbartha agus i bPleananna Limistéir Áitiúil soláthar do scoileanna nua a fhorbairt ach amháin i láithreacha ina n-uasmhéadófar rochtain do dhaltaí tríd an siúl agus tríd an rothaíocht.

## BEART LU11

**Dearadh na Scoileanna Nua**

Déanfaidh na húdaráis áitiúla na nithe seo:

- A chinntiú go gcuirfear dearadh mionsonraithe na scoileanna nua i gcrích ar shlí a n-uasmhéadóidh an tosaíocht do choisithe agus do rothaithe maidir le socruithe rochtana agus maidir le láthair agus líon na spásanna páirceála carranna agus rothar.

## BEART LU12

**Modúl Taistil na Scoileanna Glasa**

Leanfaidh an tÚdarás leis na nithe seo a dhéanamh:

- Modúl Taistil na Scoileanna Glasa a leathnú i gcomhar leis An Taisce ar mhaithe le cur chun cinn a dhéanamh ar roghanna eile ar an gcarr príobháideach le haghaidh taisteal chuig an scoil ar fud an Limistéir Cheannchathartha trí leas

## BEART LU12 CONTINUED

**Modúl Taistil na Scoileanna Glasa**

a bhaint as an raon leathan tionscnamh athrú iompraíochta atá ar bun aige, amhail busanna siúil, iniúchtaí insiúltachta, páirceáil agus siúl, oiliúint rothaíochta, laethanta rothaíochta agus gníomhaíochtaí eile.

## BEART LU13

**Tionscnaimh Eile Athrú Iompraíochta**

Déanfaidh an tÚdarás agus na húdaráis áitiúla na nithe seo:

- Tacú le heagraíochtaí atá ag iarraidh tionscnaimh eile athrú iompraíochta a chur chun feidhme sa Limistéar Ceannchathartha, amhail Bus Rothaíochta Luimnigh, agus an t-aiseolas uathu a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh maidir le hinfheistíocht bonneagair.

## BEART LU14

**Clár an Údaráis um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil**

Faoinár gClár náisiúnta um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil, ullmhóidh an tÚdarás agus na húdaráis áitiúla clár oibreacha a bheidh dírithe go sonrach ar thimpeallachtaí sábháilte siúil agus rothaíochta a sholáthar chuig scoileanna sa Limistéar Ceannchathartha, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Sráideanna Scoile;
- Criosanna Scoile;
- Laghdú ar Luasteorainneacha;
- Páirceáil agus Siúl; agus
- Spásanna breise páirceála rothar agus scútar.



# 13 DEARADH UIRBEACH AGUS COMHFHORBAIRT ÁITE

**Ba cheart gréasáin sráideanna a dhearadh chun nascacht a uasmhéadú idir cinn scríbe ar mhaithe le leibhéil níos airde tréscaoilteachta agus inléiteachta a chur chun cinn do gach úsáideoir, go háirithe cineálacha níos inbhuanaithe iompair.**

An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha, 2019.

Tháinig athrú ar an dóigh a bhfeidhmíonn ár limistéir uirbeacha de bharr theacht an chairr phríobháidigh. D'éirigh ár sráideanna faoi cheannas méadaitheach ag carranna agus, ina lán cásanna, dearadh iad chun tosaíocht a thabhairt do thréghluaiseacht tráchta feithiclí.

Bhí athrú suntasach ann le blianta beaga anuas, áfach, chun athscrúdú a dhéanamh ar an ról a imríonn ár sráideanna mar áiteanna a dtacaíonn le raon níos leithne feidhmeanna. Tá an t-athrú dírithe sin ar aon dul leis an aitheantas a bhíonn á thabhairt do na tionchair a imríonn plódú agus astaíochtaí ar an gcomhshaol agus ar cháilíocht beatha daoine.

Bíonn cathracha agus bailte ar fud na cruinne ag athchumrú a gcuid sráideanna agus spásanna poiblí chun pobail áitiúla a chumasú bláthú, chun stíleanna maireachtála níos sláintiúla a spreagadh, chun aercháilíocht a fheabhsú agus chun tacú le geilleagair áitiúla. Tháinig sé sin chun tosaigh le linn phaindéim Covid-19, rud as ar eascair tuiscint mhéadaitheach don luach atá ar spás poiblí ar dhea-chaighdeán.

Toisc gurb airde anois ná ag am ar bith riamh an meas atá ar ár spásanna uirbeacha, tá sé ríthábhachtach go nglacfaí cur chuige réamhghníomhach i leith na spásanna sin a bhainistiú agus a athshamhlú mar áiteanna beoga tarraingteacha do dhaoine.

## 13.1 CUR CHUIGE MALARTACH AR AN TAISTEAL CARRBHUNAITHE

Ar aon dul leis an gcuspóir atá ag an gCreat Náisiúnta Pleanála Dlúthfhás a bhaint amach, tá sé mar aidhm leis an Straitéis seo tosaíochtaí forbartha straitéisí a sholáthar le haghaidh patrún lonnaíochta níos dlúithe a dháileadh, rud a bheidh bunaithe ar chomhtháthú éifeachtach a chinntiú idir an t-iompar agus úsáid talún. Soláthróidh sé sin argóint fhadtéarmach inbhuanaithe gheilleagrach, chomhshaoil agus shóisialta ar son iompar poiblí atá iontaofa agus bealaí siúil agus rothaíochta atá tréscaoilteach agus ar ardchaighdeán a sholáthar agus ar son ríocht phoiblí atá cuimsitheach agus duineláraithe a chruthú.

Ceann de phríomhphrionsabail na Straitéise seo, mar sin, is ea tosaíocht a thabhairt d'iompar poiblí atá iontaofa agus éifeachtúil agus bealaí breisithe siúil agus rothaíochta a sholáthar chun íoslaghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann le taisteal de charr. Cuirfidh cinntí cuí úsáide talún ón dá Údarás Áitiúla taca faoin méid sin, ar cinntí iad lena n-uasmhéadófar na deiseanna atá ann le haghaidh taisteal inbhuanaithe.

## 13.2 TACÚ LE SOGHLUAISTEACHT INBHUANAITHE

Is é is comhfhorbairt áite ann ná an próiseas um áiteanna ar ardchaighdeán ar mhaith le daoine cónaí, obair, infheistiú agus am a chaitheamh iontu a chruthú. Tá sí bunaithe ar phrionsabal simplí: gheobhaidh tú daoine agus áiteanna má phleanálann tú le haghaidh daoine agus áiteanna. Ní torthaí dosheachanta ar fhás iad méadú sa trácht agus an plódú. Is iad sin na torthaí atá ar na roghanna a rinneadh d'aon ghnó chun ár bpobail a mhúnlú ar son freastal ar an gcarr príobháideach. Leis an Straitéis seo, tugtar deis dúinn bogadh ar shiúl ón gcur chuige traidisiúnta sin i leith pleanáil iompair.

Aithnítear sa Straitéis seo go bhfuil dearadh na timpeallachta tógtha ar cheann de na tosca is tábhachtaí taobh thiar den dóigh a ngluaiseann daoine thart. Toradh amháin a bheidh ar dhearadh sráide níos fearr i limistéir uirbeacha is ea go spreagfar níos mó daoine le taisteal de shiúl na gcos, de rothar nó d'iompar poiblí tríd an eispéireas foriomlán a dhéanamh níos sábháilte, níos inrochtana agus níos tarraingtí. Toradh eile a bheidh air is ea go n-ísleofar luasanna tráchta, go laghdófar úsáid neamhriachtanach an chairr agus go gcruthófar timpeallacht thógtha lena bhfreagrófar ar shlí níos tuisceanaí do chineál suaithinseach na bpobal aonair agus na n-áiteanna aonair ar fud an Limistéir Cheannchathartha.

Dá bhrí sin, cuirfear feabhsuithe ardchaighdeáin ar dhearadh uirbeach agus ar chomhfhorbairt áite san áireamh le linn na scéimeanna iompair de chuid na Straitéise seo a chur chun feidhme chun tacú le soghluaisteacht inbhuanaithe.

### BEART UD1

**Tacú le Soghluaisteacht Inbhuanaithe**

Tá sé mar rún ag an Údarás, ag Bonneagar Iompair Éireann agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Spás bóthair a ath-leithdháileadh i Luimneach, i Sionainn agus i Lárionaid Cheannchathartha eile chun tosaíocht a thabhairt don siúl, don rothaíocht agus d'úsáid an iompair phoiblí;
- An gréasán bóithre a bhainistiú chun tréthrácht a dhíspreagadh i limistéir faoi fhoirgnimh; agus
- Tosaíocht a thabhairt do na feidhmeanna comhfhorbairt áite atá ag an ngréasán sráideanna uirbeacha ar aon dul leis an ordlathas atá leagtha amach sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha.

## 13.3 PLEAN BAINISTÍOCHTA TRÁCHTA LÁR NA CATHRACH

Tá oidhreacht shaibhir ailtireachta ag Lár Cathrach Luimnigh, idir a leagan amach eangaí Seoirsí, a spásanna poiblí amhail Cearnóg an Pheirigh, agus a throscán sráide agus a aghaidheanna foirgnimh bunaidh. Tá sráideanna limistéar Newtown Pery ina sampla uathúil do phleanáil an 18ú agus an 19ú haois in Éirinn.

Mar sin féin, tá cuid mhór de Lár Cathrach Luimnigh faoi cheannas ag carrchlóis phríobháideacha, ag tréthrácht agus ag feithiclí earraí troma. Tiocfaidh laghdú ar cheannas an chairr i Lár na Cathrach thar thréimhse feidhme na Straitéise seo. Tá an t-athrú dírithe sin ar aon dul leis an aitheantas a bhíonn á thabhairt do na tionchair dhíobhálacha a imríonn plódú tráchta agus na hastaíochtaí carbóin gaolmhara ar an gcomhshaol agus ar cháilíocht beatha daoine.

Déanfar athbhreithniú ar ghréasán sráideanna na Cathrach d'fhonn spás a chur i leataobh do sholáthar siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí ar mhaithe le heispéireas níos tarraingtí agus níos beoga a chruthú do chónaitheoirí agus do chuairteoirí.

Bainfear é sin amach trí mhéid suntasach spáis a ath-leithdháileadh ar mhodhanna inbhuanaithe sa limistéar láir trí dheireadh a chur le páirceáil ar an tsráid, tríd an méid carrthráchta a laghdú agus trí charrbhealaí agus acomhail a chúngú chun úsáid na sráideanna ag coisithe agus rothaithe a chothú ar shlí níos fearr.

Éascófar rochtain áitiúil go fóill trí leas a bhaint as bealaí tiomána ainmnithe chuig an gCathair agus as carrchlóis eas-sráide. Tabharfar tosaíocht don iompar poiblí ar roinnt bealaí i riocht buslánaí, geataí bus atá teoranta ó thaobh ama de nó Ardchomharthaíocht Bus ag acomhail.
Thar thréimhse feidhme na Straitéise, beidh sé riachtanach breithniú a dhéanamh ar bhearta bainistíochta éilimh a chur i bhfeidhm chun laghdú a dhéanamh ar cheannas an chairr sa limistéar Cathrach láir, ar aon dul le feabhsuithe iompair phoiblí a bheidh ceaptha chun tacú leis an mbeartú tosaíochta sin. Beidh na cineálacha beachta beart bainistíochta éilimh atá le breithniú bunaithe ar mheasúnacht ar leith a dhéanfar ag an am ábhartha, agus iad á dtreorú leis na beartais a fhorbrófar ar leibhéal an Rialtais láir.

Buntaca leis na bearta bainistíochta tráchta i Lár na Cathrach a bheidh sna feabhsuithe ar an riocht phoiblí, ar feabhsuithe iad lena dtacófar le hinsiúltacht agus le taisteal gníomhach, lena gcuirfear ardchaighdeán deartha uirbigh chun cinn agus lena soláthrófar ómós áite soiléir a urramaíonn saintréith reatha oidhreacht Sheoirseach Luimnigh.

## 13.4 PLEANANNA DO LÁR BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE

Le linn thréimhse feidhme na Straitéise, ceapfar Pleananna do Lár Bailte agus Sráidbhailte do na bailte agus na sráidbhailte atá suite ar fud an Limistéir Cheannchathartha.

Is féidir go n-áireofar na nithe seo a leanas leis na bearta a dhéanfar chun taisteal inbhuanaithe agus an fheidhm áite atá ag na láir sin a chur chun cinn:

- Na gréasáin siúil agus rothaíochta atá ann cheana a uasghrádú;
- Cosáin nua agus saoráidí tiomnaithe rothaíochta a sholáthar, ar nithe iad a nascfaidh limistéir chónaithe le taitneamhachtaí agus le seirbhísí;
- Tréscaoilteacht a iarfheistiú i bhforbairtí atá ann cheana chun ceantar seirbhísí agus saoráidí áitiúla a mhéadú, lena n-áirítear scoileanna agus stadanna iompair phoiblí;

- Nascacht a fheabhsú idir stáisiúin traenach agus stadanna bus atá ann cheana agus lár bailte agus sráidbhailte; agus
- Tograí úsáide talún lena gcomhcheanglófar lár sráidbhailte, lena neartófar an fheidhm áite atá acu agus lena laghdófar na patrúin forbartha ribíní atá le feiceáil i sráidbhailte amhail Clár Aidhne agus Tobar Phádraig.

Sa Chaibidil dar teideal 'Siúl' den Straitéis seo, leagtar amach sraith tograí sonracha le haghaidh lár bailte agus sráidbhailte an Limistéir Cheannchathartha.

### BEART UD2

**Bainistíocht Tráchta i gCathair Luimnigh agus i Lárionaid Cheannchathartha**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An gréasán bóithre a bhainistiú chun tréthrácht a dhíspreagadh i limistéir faoi fhoirgnimh;
- Tosaíocht a thabhairt do na feidhmeanna comhfhorbairt áite atá ag an ngréasán sráideanna uirbeacha ar aon dul leis an ordlathas atá leagtha amach sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha;
- Feabhsuithe a chur ar an ríocht phoiblí i Lár Cathrach Luimnigh i gcomhar le Plean Bainistíochta Tráchta Lár na Cathrach agus leis an Straitéis éiritheach um Ríocht Phoiblí Lár na Cathrach, ar feabhsuithe iad atá tuisceanach faoina suíomh stairiúil;
- Feabhsuithe a chur ar an ríocht phoiblí i lár bailte agus sráidbhailte Ceannchathartha; agus
- Tosaíocht bus a sholáthar.

## 13.5 ROCHTAIN UILÍOCH

Is gá don ríocht phoiblí bheith inrochtana do gach duine aonair, beag beann ar aois nó ar mhíchumas (e.g., míchumas soghluaisteachta, amhairc, cognaíoch, intleachtúil). Tá an t-iompar dírithe ar fhreastal ar gach earnáil den tsochaí, agus níor cheart an rochtain atá ann ar dheiseanna le post a fháil, le hoideachas a fháil nó le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile a chur i gcontúirt trí dhearadh na timpeallachta iompair.

Buntaca leis an Straitéis is ea obair leanúnach an Údaráis ar fheabhas a chur ar an gcomhéadan idir an gréasán iompair agus daoine atá faoi mhíchumas fisiciúil agus intleachtúil.

Cloífear le prionsabail an Deartha Uilíoch le linn an ríocht phoiblí agus an sráid-dreach a fheabhsú freisin.


Is uilechuimsitheach atá na gnéithe de Dhearadh Uilíoch sa timpeallacht thógtha. Áirítear leo sin cosáin ar ardchaighdeán, pábháil thadhlach, colbhaí íslithe, soláthar dóthanach áiteanna inar féidir le daoine a scíth a ligean, leithris phoiblí, baint tranglam sráide, gréasáin sráideanna atá inléite agus tréscaoilteach, agus aimsiú bealaigh, i measc nithe eile.

Tá treoir dea-chleachtais maidir le ríocht phoiblí inrochtana a dhearadh ar fáil ón Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais, ó Aoisbhá Éireann agus sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha. Beidh gach scéim iompair de chuid na Straitéise seo lánchuimsitheach agus cloífear leis na caighdeáin sin iontu.

## 13.6 DEARADH CUIMSITHEACH

Gné thábhachtach de dhea-chomhfhorbairt áite is ea a chinntiú go bhfuil ár gcuid spásanna poiblí agus gréasán iompair deartha ar shlí a bhfágann go bhfuil siad oiriúnach agus cuimsitheach do gach duine aonair, beag beann ar aois, ar inscne nó ar chumas.

Ardtosaíocht don Straitéis seo maidir le gach duine a chumasú siúl, rothaíocht a dhéanamh agus an t-iompar poiblí a úsáid is ea aghaidh a thabhairt ar bhraistint na sábháilteachta agus na slándála aonair agus ar a éasca atá sé gluaiseacht trí spásanna poiblí. Dá bhrí sin, tá bearta slándála neamh-ionsáiteacha – lena n-áirítear soilsiú cuí ar leibhéal na gcoisithe, amharclínte soiléire, éadanas gníomhach bunurláir agus faireachas éighníomhach – ina dtosca áite tábhachtacha ó thaobh úsáid talún de agus ó thaobh pleanáil iompair de araon ar fud an Limistéir Cheannchathartha.





## BEART UD3

**Inrochtaineacht agus Cuimsiú**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú go gcuirfear san áireamh i ngach scéim iompair dearadh ríochta uirbí ar ardchaighdeán atá tarraingteach, sábháilte, compordach agus inrochtana do gach duine aonair.

## 13.7 AIMSIÚ BEALAIGH DO CHOISITHE AGUS DO ROTHAITHE

Baineann aimsiú bealaigh, nó inléiteacht, lena éasca atá sé do dhaoine iad féin a threosuíomh i spás agus dul ó áit go háit.

Tugtar treoir maidir le haimsiú bealaigh sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha. Tá roinnt teicnící aimsiú bealaigh ann, lena n-áirítear leideanna amhairc amhail sainchomharthaí tíre, cóireáil dromchla, soilsiú, amharclínte, agus, nuair is cuí, comharthaíocht. Tá sé tábhachtach nach gcuirfeadh teicnící aimsiú bealaigh le tranglam sráide.

Tá roinnt tíopeolaíochtaí comharthaíochta éagsúla ann ar fud Chathair Luimnigh. Ba cheart córas comhsheasmhach aimsiú bealaigh atá ag teacht le córas Legible London a chur i bhfeidhm, i dteannta ghréasáin siúil agus rothaíochta na Straitéise seo a sholáthar. Rachadh sé sin chun tairbhe don mhuintir áitiúla agus do chuairteoirí araon.

## BEART UD4

**Inléiteacht agus Aimsiú Bealaigh**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Dearadh ríochta poiblí agus sráid-dreacha ar ardchaighdeán a chinntiú, rud atá tarraingteach, compordach agus inrochtana do gach duine aonair; agus
- Feabhas a chur ar na córais aimsiú bealaigh i Luimneach (tosaíodh ar straitéis a ullmhú ina leith sin cheana féin), i Sionainn agus i bpríomhchinn scríbe eile ar fud an Limistéir Cheannchathartha.

## 13.8 LAGHDÚ AR LUASTEORAINNEACHA

D'fhéadfaí úsáid na sráideanna ag modhanna eile a dhéanamh níos sábháilte trí luasteorainneacha a laghdú i limistéir uirbeacha. Spreagtar úsáid modhanna inbhuanaithe ar na sráideanna is ísle luasteorainn, a n-éilítear a ndearadh ar ghluaisteánaithe moilliú, go háirithe úsáid na modhanna sin ag na húsáideoirí is soghonta bóithre agus ag a dtuismitheoirí nó a gcúramóirí. Cuireadh luasteorainneacha laghdaithe de 30 ciliméadar san uair chun feidhme ar a lán bóithre uirbeacha, agus tá sé sin ar cheann de na bearta is tábhachtaí bainistíochta tráchta maidir leis an gcomhfhorbairt áite, an siúl agus an rothaíocht a chur chun cinn.

## BEART UD5

**Laghdú ar Luasteorainneacha**

Tabharfaidh an tÚdarás tacaíocht agus spreagadh d'údaráis áitiúla luasteorainneacha 30 ciliméadar san uair a chur chun feidhme i ngach limistéar cónaithe agus i lárionaid uirbeacha agus bearta deartha tacaíochta a chur san áireamh iontu, nuair is gá.

## 13.9 COMHARSANACHTAÍ ÍSEALTRÁCHTA

Tá comharsanachtaí ísealtráchta comhdhéanta de ghrúpaí sráideanna cónaithe, a bhfuil bhóithre dáileacháin mar theorainn leo, áit a gcuirtear in aghaidh "tréthrácht" mótarfheithiclí nó a mbaintear é go hiomlán. Is ann do roinnt beart is féidir a chur chun feidhme chun comharsanacht den sórt sin a chruthú. Áirítear leo sin scagairí módúla; comharthaí 'cosc ar iontráil'; nó coisc ar thiontú. Sna cásanna uile, is féidir le cónaitheoirí tiomáint chuig a dteach fós agus is féidir seachadtaí a dhéanamh fós, ach is rud rí-mhíchaoithiúil nó rud nach gceadaítear go bunúsach í gluaiseacht tréthráchta.

## BEART UD6

**Comharsanachtaí Ísealtráchta**

Tacóidh an tÚdarás le húdaráis áitiúla atá ag iarraidh Comharsanachtaí Ísealtráchta a chur chun feidhme i limistéir uirbeacha ar fud an réigiúin.

## 13.10 CRIOSANNA ATÁ SAOR Ó CHARRANNA

D'fhéadfaí buntáiste a thabhairt do mhodhanna iompair inbhuanaithe agus an spás poiblí a fheabhsú agus úsáid an spáis phoiblí a athchur in ord tosaíochta trí chriosanna atá saor ó charranna a thabhairt isteach. Is féidir criosanna atá saor ó charranna a chur chun feidhme ar scála mór nó ar scála beag, mar shampla ar leibhéal bloc cathrach nó ar leibhéal mórchomharsanachta, agus is féidir rochtain a choinneáil ar bun do dhaoine a chónaíonn sa limistéar nó do sheirbhísí bunriachtanacha agus iompar poiblí a éascú ag an am céanna. Is féidir iad a chur chun feidhme ag amanna éagsúla den lá nó ar laethanta éagsúla den tseachtain freisin, go háirithe i gcéim trialacha trínar féidir tuiscint a ghnóthú ar láidreachtaí agus laigí na dtograí.

## BEART UD7

**Criosanna atá Saor ó Charranna**

Tacóidh an tÚdarás le húdaráis áitiúla atá ag iarraidh criosanna atá saor ó charranna a sholáthar i limistéir uirbeacha, i gcás go rachaidh sé sin chun tairbhe don iompar, do thrácht agus/nó don gheilleagar áitiúil.


## 13.11 SRÁIDEANNA CÓNAITHE

Is é is Sráid Chónaithe ann ná sráid nó grúpa sráideanna atá deartha chun na riachtanais atá ag coisithe, ag rothaithe agus ag leanaí a chothromú leis na riachtanais sin atá ag gluaisteánaithe, d'fhonn spleáchas na ngluaisfheithiclí a laghdú. Is é an coincheap atá taobh thiar di ná go gcomhroinntear an spás idir gach úsáideoir, seachas tús áite a bheith ag modh úsáideora ar leith, agus go mbaintear tréthrácht feithiclí den tsráid. Laghdaítear luasanna trí dhearadh, áit a bhfuil na sráideanna cúng agus ina gcuirtear cora/lúba sa bhóthar ar áireamh sa phlean. Fágann sé sin, mar shampla, nach mbeidh aon ghá ann le rampaí a iarfheistiú tráth níos déanaí. Ba cheart riachtanais na n-úsáideoirí uile, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil lagú amhairc orthu, a chur san áireamh agus Sráideanna Cónaithe á ndearadh.

## BEART UD8

**Sráideanna Cónaithe**

Tacóidh an tÚdarás le húdaráis áitiúla atá ag iarraidh sráideanna cónaithe a sholáthar i limistéir chónaithe, de réir mar is cuí.



BÓITHRE AGUS BAINISTÍOCHT ÉILIMH
Bóithre Réigiúnach a agus Dáileacháin
chun feidhm ilmhódach a sholáthar
Plean Bainistíochta Tráchta Chathair
Luimnigh
Bainistíocht
Feithiclí Earraí Troma i
gCathair Luimnigh
An N20/M20
An Bóthar idir Corcaigh agus Luimneach
An M21/N69
An Bóthar idir Faing agus Luimneach
An M7/N18
Seachbhóthar Chathair Luimnigh
An N18/N19
Uasghrádú Cómhalartaithe agus Nascacht Fheabhsaithe Bus go Sionainn
Uasghráduithe ar an Ríocht Phoiblí
do Chathair Luimnigh
Feabhsuithe do Choisithe
i ngach Lárionad Ceannchathartha
Córais Chliste Iompair agus Rialú Uirbeach Tráchta
Córais Chliste Iompair agus Feabhsuithe ar Rialú Uirbeach Tráchta
Meastar gurb ionann an costas ar fheabhsuithe an bhonneagair bóithre sa Limistéar Ceannchathartha agus thart ar
€150m

# 14 BÓITHRE AGUS BAINISTÍOCHT ÉILIMH

**Ba cheart gréasáin sráideanna a dhearadh chun nascacht a uasmhéadú idir cinn scríbe ar mhaithe le leibhéil níos airde tréscaoilteachta agus inléiteachta a chur chun cinn do gach úsáideoir, go háirithe cineálacha níos inbhuanaithe iompair.**

An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha, 2019.

**Ní mór don chóras pleanála a chinntiú go ndéanfar an fheidhm tráchta straitéisigh atá ag Bóithre Náisiúnta a chothabháil trí theorainn a chur le méid na forbartha a ghinfeadh trácht turais ghearr ar Bhóithre Náisiúnta.**

Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta.

Tá sa Limistéar Ceannchathartha gréasán dea-fhorbartha bóithre agus sráideanna Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla atá ann cheana. Ní hé amháin go mbaineann an gréasán bóithre leis an gcarrbhealach féin, ach baineann sé le bonneagar eile mórbhealaigh freisin, lena n-áirítear droichid, Tollán na Sionainne, cosáin, rotharbhealaí, comharthaíocht, marcanna agus soilse tráchta.

Leanfaidh gréasán bóithre an Limistéir Cheannchathartha le líon suntasach turas a thógann daoine agus earraí a iompar. Mar gheall ar chineál na bpatrún taistil atá ann cheana sa Limistéar Ceannchathartha, is amhlaidh, nuair a bheidh aon acmhainn bóithre nua á soláthar, go mbeidh sé riachtanach cothromaíocht a bhaint amach idir cur ar chumas an Limistéir Cheannchathartha an acmhainneacht fáis atá aige a bhaint amach agus a chinntiú ag an am céanna nach meallfaidh aon acmhainn bóithre bhreise tuilleadh turas de charr príobháideach agus nach n-éascóidh sí patrúin forbartha mhíchuí. Beidh sé riachtanach go bhfreastalódh an t-iompar poiblí, an siúl agus an rothaíocht go príomha ar aon limistéir a dtiocfaidh fás suntasach orthu amach anseo.

**BEART RS1**

**An Gréasán Bóithre agus Sráideanna**

Tá sé mar rún ag an Údarás, ag Bonneagar Iompair Éireann agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An bonneagar bóithre atá ann cheana a chothabháil, a bhainistiú agus a oibriú chun tacú le leibhéil níos airde iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta.

## 14.1 TACÚ LE SOGHLUAISTEACHT INBHUANAITHE

Mar thoradh ar chineál scaipthe na forbartha agus ar láthair na bpríomhcheann scríbe i gcoibhneas le láthair na tithíochta laistigh den Limistéar Ceannchathartha, beidh sé dúshlánach laghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann le taisteal de charr príobháideach.

Tacóidh gréasán bóithre an Limistéir Cheannchathartha leis an taisteal inbhuanaithe chun na dúshláin sin a shárú ar an tslí seo a leanas:

- Mar thoradh ar chur chun feidhme ghréasán beartaithe BusConnects agus na ngréasán beartaithe Páirceála agus Taistil, laghdófar an t-éileamh ar bhóithre Náisiúnta agus cuirfear feabhas ar nascacht réigiúnach, go háirithe do dhaoine a bhíonn ag taisteal ó limistéir nach bhfreastalaíonn an t-iompar poiblí go maith orthu;
- Déanfar rochtain áitiúil ar an ngréasán bóithre straitéiseacha a bhainistiú agus a theorannú chun an fheidhm atá ag bóithre Náisiúnta a chosaint agus chun daoine a dhíspreagadh an carr a úsáid ar bhóithre Náisiúnta le haghaidh turais ghearra;
- Bearta bainistíochta éilimh a chur chun feidhme;
- Dearfar bóithre agus sráideanna uirbeacha chun tuilleadh siúil agus rothaíochta a éascú; agus
- Cuirfidh gréasáin sráideanna atá suite laistigh de limistéir agus comharsanachtaí uirbeacha istigh béim ar an bhfeidhm 'áite' atá acu agus cuirfidh siad lena inchónaithe atá na limistéir sin.

Ba cheart a chur in iúl go soiléir go dtiocfaidh athrú ar chineál na mbóithre agus na sráideanna ar aon dul le héilimh athraitheacha, de réir mar a thaistealaíonn duine trí chodanna difriúla den Limistéar Ceannchathartha. I gcás gach bealaigh, mar shampla, tiocfaidh laghdú ar a dhírithe atá siad ar an gcarr – ó thaobh feidhmeanna, deartha agus úsáide de – de réir mar a thaistealaíonn duine i dtreo na Cathrach agus lárionaid uirbeacha eile, áit a n-éiríonn an soláthar don iompar poiblí, don siúl agus don rothaíocht níos tábhachtaí.


SHANNON
BUS
Bus Éireann

## BEART RS2

**Tacú le Soghluaisteacht Inbhuanaithe**

Tá sé mar rún ag an Údarás, ag Bonneagar Iompair Éireann agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An gréasán bóithre a bhainistiú ar shlí níos fearr chun an fheidhm atá ag an ngréasán bóithre straitéiseacha a chosaint agus chun laghdú a dhéanamh ar úsáid an chairr phríobháidigh le haghaidh turais ghearra.

### 14.2 Prionsabail le haghaidh Bóithre Nua a Sholáthar laistigh den Limistéar Ceannchathartha

Moltar sa Straitéis seo líon teoranta tionscadal bótharbhunaithe nua, ar tionscadail iad a theastaíonn chun gluaiseacht inbhuanaithe daoine, earraí agus seirbhísí a éascú agus chun cuspóirí taistil inbhuanaithe agus bainistíochta tráchta a chomhlánú.

Ar aon dul leis na hathruithe a rinneadh le déanaí ar bheartais náisiúnta iompair, aeráide agus talún, cuirfear na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm maidir le haon bhóithre nua a sholáthrófar sa Limistéar Ceannchathartha:

- Forbrófar gach scéim bóithre de réir chuspóir Dlúthfháis an Chreata Náisiúnta Pleanála agus de réir Thosaíochtaí Infheistíochta an Rialtais, mar atá ar áireamh sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta;
- Agus bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla á bpleanáil, á ndearadh agus á n-oibriú, ní mór a chinntiú go ndéanfar an acmhainn agus an fheidhm atá ag bóithre Náisiúnta ó thaobh tráchta straitéisigh de a chothabháil de réir chuspóir an Chreata Náisiúnta Pleanála chun Inrochtaineacht Réigiúnach a Fheabhsú. Atreorófar trácht áitiúil chuig bealaí cuí agus íoslaghdófar an líon pointí rochtana isteach ar an ngréasán bóithre Náisiúnta;
- Seachas tograí le haghaidh Mótarbhealaí nó luasbhóithre, dearfar gach scéim bóithre nua chun socruithe sábháilte cuí a sholáthar chun soláthar siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí a éascú; agus
- Ní mór a léiriú i scéimeanna bóithre nua nach féidir le réitigh mhalartacha, amhail iompar poiblí a sholáthar, bearta bainistíochta tráchta a dhéanamh nó bearta bainistíochta éilimh a dhéanamh, aghaidh a thabhairt go héifeachtach agus go sásúil ar na himthosca atá taobh thiar den togra bóithre nó nach bhfuil na réitigh mhalartacha sin infheidhmithe nó cuí.

Sainaithnítear sna rannáin seo a leanas na feabhsuithe bonneagair beartaithe ar na gréasáin bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla laistigh den Limistéar Ceannchathartha, ar feabhsuithe iad a theastaíonn chun an Straitéis seo a chomhlíonadh. Déanfar ailíniú agus cineál gach togra bóithre Náisiúnta a chinneadh ar aon dul leis na Treoirlínte Breithmheasa Tionscadail ó Bhonneagar Iompair Éireann agus leis an treoir ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le breithmheas scéime, lena n-áirítear Measúnacht ar Roghanna Bealaigh agus Cás Gnó. Tá na tograí seo a leanas faoi réir an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Gnáthóga agus/nó an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hÉin a chomhlíonadh.

## BEART RS3

**Prionsabail le haghaidh Bóithre Nua a Sholáthar**

Tá sé mar rún ag an Údarás, ag Bonneagar Iompair Éireann agus ag na húdaráis áitiúla:

- Gurb amhlaidh, faoi réir an phróisis mheasúnachta indéantachta agus timpeallachta, lena n-áirítear cur i bhfeidhm iomlán na Treorach maidir le Gnáthóga agus gach reachtaíocht trasuímh, go ndéanfar aon bhóithre nua a sholáthrófar a fhorbairt de réir na bprionsabal agus na mbeart atá leagtha amach sa chaibidil seo.

### 14.3 AN GRÉASÁN BÓITHRE NÁISIÚNTA

Imríonn bóithre Náisiúnta na hÉireann ról ríthábhachtach laistigh dá córas iompair foriomlán agus maidir lena forbairt gheilleagrach, shóisialta agus fhisiciúil. Soláthraíonn bóithre Náisiúnta nascacht straitéiseach idir príomh-lárionaid daonra agus fostaíochta na tíre agus tairseacha tábhachtacha idirnáisiúnta amhail poirt agus aerfoirt.

Leagfar an díriú ar an infheistíocht a rinneadh cheana féin a chothabháil chun sócmhainní bóithre Náisiúnta atá ann cheana a chosaint agus chun iad a choinneáil sábháilte agus oiriúnach don fheidhm trí chleachtais chuí bhainistíochta conairí a chur i bhfeidhm. Ar aon dul leis sin, beidh laghdú sa spleáchas ar an gcarr do chuarthurais ag teastáil má táthar chun na leibhéil phlódaithe a laghdú ar an N18, ar bóthar é a bhfuil tábhacht straitéiseach leis, ar an M7 agus ar bhóithre Náisiúnta eile sa mhór-réigiún.

Tá na ceanglais le haghaidh bóithre Náisiúnta a phleanáil agus a fhorbairt laistigh den Limistéar Ceannchathartha leagtha amach thíos, a mhéid a bhaineann siad le tacú le cuspóirí iompair inbhuanaithe na Straitéise seo, agus iad ailínithe

go hiomlán leis na sainmhínithe agus na prionsabail atá leagtha amach sa doiciméad Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta ón Rialtas.

- Is é an phríomhfheidhm atá ag bóthar Náisiúnta ná freastal ar thrácht straitéiseach;
- I gcomhthéacs bóithre Náisiúnta, bíonn trácht straitéiseach comhdhéanta go príomha de thrácht idiruirbeach agus de thrácht idir-réigiúnach – bíodh feithiclí earraí troma, carranna, seirbhísí bus iompair phoiblí nó feithiclí eile seirbhíse poiblí i gceist leo – a rannchuidíonn le forbairt shocheacnamaíoch agus le hiompar earraí agus táirgí, go háirithe trácht chuig na príomhphoirt agus na príomhaerfoirt agus uathu araon, idir thrácht a ghabhann don iompar lasta agus thrácht a ghabhann don iompar paisinéirí;
- Níor cheart feidhmeanna tánaisteacha áitiúla a spreagadh, ná pleanáil a dhéanamh dóibh, ar bhóithre Náisiúnta laistigh den Limistéar Ceannchathartha;
- Tabharfar tosaíocht d'fhorbairt láithreán athfhorbraíochta i limistéir a bhfreastalaíonn iompar poiblí atá ann cheana nó atá beartaithe orthu agus d'Fhorbairt atá Dírithe ar an Iompar Poiblí lena gcriosú;
- Féadfar glacadh le trácht feidhme tánaistí áitiúla ar bhóithre Náisiúnta a mhéid nach mbeidh aon tionchar ag an trácht sin ar an bpríomhfheidhm atá acu, is é sin, freastal ar thrácht straitéiseach; agus
- I gcás go mbeidh tionchar ag feidhmeanna tánaisteacha atá ann cheana ar an bpríomhfheidhm atá ag bóithre Náisiúnta, cuirfear bearta bainistíochta éilimh i bhfeidhm chun an tionchar sin a mhaolú.

Is é an toradh a bheidh ar na bearta sin ná carrthrácht áitiúil a chur ó úsáid mhíchuí a bhaint as an ngréasán bóithre Náisiúnta, cur lena tharraingtí atá roghanna eile iompair phoiblí, agus infheistíocht i bhfeabhsuithe iompair phoiblí den sórt sin a dhéanamh níos inmharthana ón taobh eacnamaíoch de. Gan na hidirghabhálacha sin, leanfaidh plódú agus úsáid an chairr phríobháidigh le méadú sa Limistéar Ceannchathartha, rud a chuirfidh i mbaol aon infheistíocht shubstaintiúil a rinneadh cheana féin i mbóithre náisiúnta a bhfuil tábhacht straitéiseach leo.

## BEART RS4

**Bóithre Náisiúnta**

Tá sé mar rún ag an Údarás, ag Bonneagar Iompair Éireann agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An fheidhm straitéiseach atá ag an ngréasán bóithre Náisiúnta a choinneáil agus a chosaint;
- An próiseas breithmheasa a chur i gcrích agus Scéim an N/M20 ó Chorcaigh go Luimneach a sholáthar;
- Plódú a laghdú ag buaic-amanna ar ghréasán an N18/N19 ag Sionainn agus uasghrádú an N19 a chur ar aghaidh; agus
- An N69/M21 ó Fhaing go Luimneach (Seachbhóthar Áth Dara san áireamh) a thógáil de réir chaighdeán an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair.
- An próiseas indéantachta agus an próiseas um roghnú roghanna a chríochnú agus féachaint leis an mbreithmheas ar réiteach iompair do Chonair an N24, agus le soláthar an réitigh sin, a chur ar aghaidh.

### 14.3.1 An M7/N18

Tá mórthábhacht straitéiseach ag baint le Seachbhóthar Chathair Luimnigh an M7/N18 toisc go soláthraíonn sé nascacht straitéiseach idir an M7 go Baile Átha Cliath, an N24 go Port Láirge, an N/M20 go Corcaigh, an N21 go Trá Lí, an N69 go Port Fhainge, an N18 go Gaillimh agus an N19 go Sionainn. Soláthraítear leibhéal bainistíochta éilimh ar an M7/N18 mar gheall ar an gceanglas atá ann dola a íoc chun tollán na Sionainne a úsáid.

Cé go n-oibríonn carrbhealach príomhlíne an M7/N18 de réir acmhainne le linn an lae, aithnítear go mbíonn plódú áitiúil ann ar na hacomhail ilairde ar an mbóthar sin, go háirithe: Timpeallán Mackey (an Port Nua), Acomhal Bhéal Átha Síomoin agus Acomhal Bhóthar an Duga. Rud atá tábhachtach don Straitéis seo is ea a chinntiú nach mbeidh aon tionchar ag an bplódú acomhail áitiúil sin ar an bhfeidhm straitéiseach atá ag an M7/N18. Dá réir sin, déantar soláthar sa Straitéis seo d'fheabhsuithe a dhéanamh ar na hacomhail ar an mbealach sin.

### 14.3.2 An N/M20 ó Chorcaigh go Luimneach

Tá soláthar bóthair Náisiúnta thiomnaithe/ Mótarbhealaigh thiomnaithe chun feabhas a chur ar nascacht idir an dara cathair is mó agus an tríú cathair is mó in Éirinn ag teacht le Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2 an Chreata Náisiúnta Pleanála, is é sin: Inrochtaineacht Réigiúnach Fheabhsaithe a sholáthar.

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta, sainaithnítear scéim an N/M20 ó Chorcaigh go Luimneach mar cheann atá le forbairt, faoi réir breithmheasa, pleanála agus soláthair. Tá bealach an N20 ó Chorcaigh go Luimneach mar chuid den Ghréasán Cuimsitheach tras-Eorpach Iompair.

## AN GRÉASÁN BÓITHRE ATÁ BEARTAITHE FAOIN mBLIAIN 2040

Tá gach ceann de na bealaí agus na hailínithe táscach agus tá siad faoi réir athruithe tríd an bpróiseas reachtúil breithmheasa scéime.



Sainaithneofar an réiteach do chonair an N/M20 tríd an bpróiseas breithmheasa do Scéim an N/M20 ó Chorcaigh go Luimneach agus trí chás gnó a fhorbairt don Scéim.

### 14.3.3 An N18/N19 ag Sionainn

Soláthraíonn an N18 nascacht idir Luimneach agus Gaillimh agus soláthraíonn an N19 nascacht idir an N18 agus Aerfort na Sionainne. Cé go n-oibríonn carrbhealaí an N18 agus an N19 de réir acmhainne, aithnítear go mbíonn plódú tráchta ann ag buaic-amanna ag acomhal ilairde an N18/N19. Moltar sa Straitéis seo roinnt tograí lena gcabhrófaí leis an éileamh sin a laghdú, lena n-áirítear dlúthfhás a chur chun cinn i limistéar Lár Baile Shionainne (agus laghdú á dhéanamh ar an ngá atá ann le taisteal chun na hoibre), an gréasán iompair phoiblí a bhreisiú go suntasach ó Chathair Luimnigh agus ó Bhailte Ceannchathartha, agus tionscnaimh Thaistil Níos Cliste a chur i bhfeidhm a mbeadh mar aidhm leo trácht a leathadh thar thréimhse níos faide, agus plódú á laghdú ag buaic-amanna dá bharr sin.

Moltar go n-uasghrádófaí na hacomhail ábhartha ar an N18/N19 chun go n-áireofaí leo bearta atá ceaptha chun laghdú a dhéanamh ar chruachadh ar na rampaí. Cé go bhféadfadh córas cliste iompair agus comharthaíocht chliste tráchta a bheith i gceist leis sin, beidh gá ann le gach rogha a mheas.

Tá ceithre phointe rochtana bóthair suite laistigh de 3.5 km ón N19 ó thuaidh go limistéar Shionainne. D'fhéadfadh sé sin deis a thabhairt rochtain thiomnaithe don iompar poiblí amháin a sholáthar ón N18 ó thuaidh go Sionainn, rud a chuirfeadh úsáid an iompair phoiblí chun cinn agus a chuirfeadh feabhas ar agaí turais.

Is gá an N19 a fhreastalaíonn ar Aerfort na Sionainne a uasghrádú.

### 14.3.4 An M21/N69 ó Fhaing go Luimneach (Seachbhóthar Áth Dara san áireamh)

Tá an bóthar atá beartaithe ó Fhaing go Luimneach 35 km ar fad. Áirítear leis an mbóthar seachbhóthar Áth Dara, rud a nascfaidh Port Fhainge leis an nGréasán Mótarbhealaí ar an taobh thiar theas de Chathair Luimnigh ag Áit Tí Flainn, ag Acomhal 5 ar an M20/N21 i ngar do Thobar Phádraig.

Tá an feabhas ar nascacht bóithre go Port na Sionainne/Fhainge sainaitheanta mar phríomhchumasóir fáis sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Meastar uasghrádú an bhóthair a bheith ina ghné thábhachtach de thacú le leathnú Phort Fhainge, mar atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Port ón Rialtas agus sa Chreat Náisiúnta Pleanála. Tá Port Fhainge ainmnithe mar Chroíphort faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gréasán tras-Eorpach Iompair). Ceanglaítear leis na rialacháin maidir le gréasán tras-Eorpach iompair go gcuirfí nascacht bóithre ar ardchaighdeán i bhfeidhm, rud a chuirfeadh feabhas ansin ar iontaofacht agaí turais agus ar shábháilteacht do gach úsáideoir bóithre.

Cabhróidh an bóthar le tréthrácht (go háirithe feithiclí earraí troma agus feithiclí lasta eile) a bhaint de shráidbhailte agus de bhailte, lena n-áirítear iad sin atá suite lasmuigh den Limistéar Ceannchathartha ag Áth Dara. Taisceadh iarratas pleanála leis an mBord Pleanála i mí na Nollag 2019, agus tá an Straitéis seo i bhfách leis an iarratas sin.

Mar thoradh ar athailíniú beartaithe an N69 chun go nascfaidh sé leis an M20 agus ar dhí-aicmiú an N69 atá ann cheana ina bhóthar Réigiúnach, athshannfar trácht isteach ar an M20 idir Tobar Phádraig agus an M7.

### 14.3.5 An N24 ó Phort Láirge go Luimneach

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta, sainaithnítear an N24 a bheith mar chuid den ghréasán bóithre náisiúnta a chuirfear ar aghaidh chun tosaíocht a thabhairt do thionscadail lena dtógáil. Ceapadh sainchomhairleoirí ina leith agus tá próiseas indéantachta agus próiseas um roghnú roghanna ar siúl anois.

Mar thoradh ar réiteach iompair a sholáthar do Chonair an N24, cuirfear lena inrochtana atá port Ros Láir agus leis an nascacht a sholáthraíonn sé chuig margaí san Aontas Eorpach agus sa Ríocht Aontaithe.

## 14.4 BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA

### 14.4.1 Ceanglais

Ceanglaítear ar an ngréasán bóithre Réigiúnacha na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Naisc shiúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán a sholáthar;
- Rochtain agus tosaíocht a sholáthar do bhealaí iompair phoiblí – idir chuarbhealaí agus bhealaí gathacha;
- Gluaiseacht tréthráchta ar fud Lár Cathrach Luimnigh a theorannú; agus
- Cabhrú le trácht áitiúil a bhaint den ghréasán bóithre straitéiseacha.

Chun na ceanglais sin a chomhlíonadh, is amhlaidh, ar thrasghearradh (neas-trasghearradh) na mbóithre sin, nach mór spás a leithdháileadh go cothrom don siúl, don rothaíocht, don iompar poiblí agus do charrthrácht.

Leagtar amach sna rannáin seo a leanas an bonneagar breise bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chruthófar sa Limistéar Ceannchathartha agus na feabhsuithe a dhéanfar ina leith sin.

### 14.4.2 Srianta an Ghréasáin Bóithre Réigiúnacha

Tá sé beartaithe aghaidh a thabhairt ar dhá shaincheist shuntasacha srianta bóithre réigiúnacha a théann i bhfeidhm ar ghluaiseacht an iompair phoiblí agus ar shaoráidí siúil agus rothaíochta atá cuimsitheach, sábháilte agus tarraingteach a sholáthar ar phríomhchonairí isteach i gCathair Luimnigh, eadhon:

- Bainistíocht tráchta agus sábháilteacht bóithre ag Timpeallán Mackey, Acomhal 28 ar an M7, agus ar a bhóithre isteach; agus
- Srianta suntasacha maidir le saoráidí tosaíochta bus agus saoráidí rothar a sholáthar ar chonair Bhóthar an Chorrbhaile.

Dá réir sin, déanfaidh na húdaráis áitiúla, ag obair dóibh i gcomhar leis an Údarás agus le Bonneagar Iompair Éireann (i gcás gur sainaithníodh tionchair ar an ngréasán bóithre náisiúnta), scéimeanna a fhorbairt agus a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

## BEART RS5

**Aghaidh a Thabhairt ar Shrianta an Ghréasáin Bóithre Réigiúnacha**

Na gníomhartha seo a leanas a ghabháil de láimh chun aghaidh a thabhairt ar shrianta suntasacha an ghréasáin bóithre réigiúnacha:

1. Scéim a fhorbairt agus a sholáthar chun plódú agus saincheisteanna gaolmhara sábháilteachta bóithre ag Acomhal 28 den M7/timpeallán Mackey agus ag bóithre isteach a bhainistiú. Breithneofar na nithe seo a leanas sa scéim seo:
   - Saoráid bhusbhunaithe Páirceála agus Taistil a sholáthar i gcomharsanacht Acomhal 28 ar an M7/thimpeallán Mackey;
   - Ath-leithdháileadh an spáis bóthair sa Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta agus in Ollscoil Luimnigh ar an mbus agus an rothaíocht; agus
   - Nasc díreach nua iompair a sholáthar ó Acomhal 28 den M7/timpeallán Mackey isteach sa Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta agus isteach in Ollscoil Luimnigh.
2. I gcomhar leis an gclár BusConnects, sainaithint agus soláthar a dhéanamh ar thionscadal nó ar thionscadail, a bhféadfadh go n-áireofaí leo saoráid Páirceála agus Taistil, athrú iompraíochta agus bearta bainistíochta tráchta chun an líon carranna a thrasnóidh Droichead Áth Longfoirt ar chonair an Chorrbhaile a laghdú.

Mar chuid den obair sin, déanfar breithniú ar cé acu is gá nó nach gá Ordú Mótarbhealaigh le haghaidh aon mhodhnaithe ar mhótarbhealach ainmnithe, lena n-áirítear nascacht bhreise. Le Treoirlínte Alt 28 ón Aire dar teideal 'Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála' (an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012), bunaítear an comhthéacs beartais pleanála úsáide talún le haghaidh acomhail nua agus/nó breisithe ar acomhail atá ann cheana ar bhóithre náisiúnta.

### 14.4.3 Bóthar Childers go Golf Links Road

Sainaithníodh go bhfuil riachtanas ann le nascbhóthar ó Bhóthar Childers go Golf Links Road trí Bhóthar Mhuileann na Fola agus trí Bhóthar na Grúdan chun freastal ar limistéir forbraíochta nua sa láthair sin agus chun soláthar a dhéanamh do bhealach breise iompair phoiblí ó Lár na Cathrach i dtreo Mhóin an Lín agus ar aghaidh i dtreo Áth an Choite. Theastódh ón mbealach iompair phoiblí sin nasc nua do bhusanna amháin ó Gharraí Eoin go Bóthar Childers. Soláthrófar codanna den nasc sin sa ghearrthéarma, faoi réir tuilleadh pleanála agus breithmheasa. Tá na codanna eile (an nasc do bhusanna amháin san áireamh) le cur ar aghaidh sna céimeanna deireanacha den straitéis.

### 14.4.4 Tograí Bóithre na nÚdarás Áitiúil

Is ann do roinnt scéimeanna bóithre breise atá ar áireamh sna pleananna reachtúla éagsúla de chuid na n-údarás áitiúil. Cé gur féidir nach bhfuil go leor tábhachta straitéisí ag na scéimeanna sin lena gcur ar áireamh sa Straitéis seo, aithnítear go bhféadfadh siad rannchuidiú le cuspóirí na Straitéise seo, agus measúnófar iad i gcomórtas le prionsabail na Straitéise seo ar leibhéal an tionscadail dá réir. Níor cuireadh aon soláthar cistiúcháin le haghaidh Bhóthar Dáileacháin Thuaidh Luimnigh ar áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 ón Rialtas. Ina theannta sin, d'iarr an tAire Iompair ar an Údarás gan Bóthar Dáileacháin Thuaidh Luimnigh a chur ar áireamh sa Straitéis seo.

### 14.4.5 Feabhsuithe Acomhail

Moltar feabhsuithe acomhail a dhéanamh chun feabhas a chur ar an sruth tráchta, chun soláthar a dhéanamh don iompar poiblí agus, i gcásanna áirithe, chun feabhas a chur ar an timpeallacht coisithe. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin ná acomhail a uasghrádú chun go n-áireofar leo Córais Chliste Tráchta agus comharthaíocht chliste tráchta.

## 14.5 BAILTE CEANNCHATHARTHA

Samhlaítear gurb iad feabhsuithe ar an sráid-dreach agus ar an ríocht phoiblí, a pléadh roimhe seo sa Chaibidil dar teideal 'Siúl', a bheidh i gceist go príomha leis na feabhsuithe a dhéanfar ar an ngréasán bóithre thar thréimhse feidhme na Straitéise. Den chuid is mó, díreofar sna limistéir sin ar shárú a dhéanamh ar na dúshláin a thagann as oidhreacht na forbartha scaipthe agus na lár drochshainithe.

Ba cheart cuspóirí do na limistéir sin a fhorbairt trí Phleananna Áitiúla Iompair aonair. Áirítear iad seo a leanas leis na bailte ceannchathartha atá lonnaithe sa Limistéar Staidéir:

- Tobar Phádraig;
- Caisleán Uí Chonaill;
- Sionainn;
- Droichead Abhann Ó gCearnaigh;
- Ard na Croise;
- Cluain Lára;
- An Chreatalach;
- Mileac/Baile Uí Chanann;
- Bun Raite; agus
- An Pairtín.

## 14.6 BAINISTÍOCHT ÉILIMH

Maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar an mbonneagar iompair agus na seirbhísí iompair atá leagtha amach sna rannáin roimhe, tá sé tuartha nach leor é sin ina aonar chun úsáid carranna a laghdú agus na hastaíochtaí gaolmhara a laghdú, ar cuspóirí iad is gá a chomhlíonadh chun spriocanna an Phlean Gnímh don Aeráid a bhaint amach. Dá bhrí sin, teastaíonn bearta breise a bhfuil mar aidhm leo an t-éileamh ar thaisteal de charr a bhainistiú. An phríomhdhóigh ar a bhfuil sé beartaithe an t-éileamh i Luimneach a bhainistiú is ea an dóigh a soláthraítear páirceáil a athrú. Baineann sé sin leis an méid páirceála i bhforbairtí nua; le páirceáil ar an tsráid a bhaint chun modhanna iompair inbhuanaithe a éascú; agus le costas na páirceála. De bhreis air sin, is amhlaidh, chun críocha na Straitéise seo, a scrúdaíodh an dóigh a n-oibríonn soilse tráchta d'fhonn iad a bharrfheabhsú le haghaidh modhanna iompair inbhuanaithe.

### 14.6.1 Páirceáil

Tá an fháil agus an praghas ar pháirceáil i measc na bpríomhthosca a chuirtear san áireamh nuair a bhíonn tarraingteacht an chairr phríobháidigh i gcoibhneas le roghanna iompair inbhuanaithe á meas. Fágann sé sin gur uirlis éifeachtach bainistíochta éilimh iad. Is é an aidhm atá le bainistíocht éifeachtach ná an fháil agus an praghas ar pháirceáil a rialú.

Tá an-tábhacht ag baint le forfheidhmiú páirceála freisin maidir lena chinntiú nach mbacfaidh carranna páirceáilte cosáin, lánaí bus agus lánaí rothar toisc gur féidir leis sin gluaiseacht coisithe agus rothaithe a chosc, go háirithe coisithe agus rothaithe atá faoi mhíchumas.

### 14.6.2 Páirceáil le haghaidh Forbairt Nua

Sa Chreat Náisiúnta Pleanála, leagtar cuspóirí síos nár cheart aon cheanglais pháirceála carranna a bheith ann le haghaidh forbairtí nua atá lonnaithe i lár na gcúig chathair nó i ngar dóibh agus gur cheart ceanglais i bhfad níos boige a bheith ann sna bruachbhailte istigh. Luaitear sa Chreat Náisiúnta Pleanála freisin gur cheart critéir fheidhmíochtbhunaithe atá sonrach don láithreán a chur in ionad caighdeáin uilíocha le haghaidh páirceáil carranna.

Bíonn ag méadú ar an úsáid a bhaintear as forbairt atá ar bheagán carranna nó atá saor ó charranna mar uirlis le haghaidh forbairt ard-dlúis a éascú agus le haghaidh tosaíocht a thabhairt don iompar inbhuanaithe. I bhformhór na gcásanna, cuirtear srianta ar áitritheoirí na forbartha nua iarratas a dhéanamh ar cheadanna páirceála ar an tsráid chun an strus páirceála áitiúil a mhaolú. Cuirfear roghanna eile ar úinéireacht cairr phríobháidigh ar fáil, lena n-áirítear bánna a sholáthar do chlubanna comhroinnte carranna, cártaí iompair phoiblí a sholáthar agus scéimeanna fruilithe rothar, agus ballraíocht na scéimeanna sin, a leathnú.
Áirítear iad seo a leanas na treoirphrionsabail le haghaidh páirceáil i bhforbairtí nua sa Limistéar Ceannchathartha:

- Ní mór don dá Údarás Áitiúla uaschaighdeáin pháirceála a chur i bhfeidhm agus ní mór iad a nuashonrú sna Pleananna Forbartha atá le teacht, de réir mar is gá;
- Teorannófar an rósholáthar sealadach spásanna páirceála carranna le linn na luathchéimeanna forbartha. D'fhéadfaí moil soghluaisteachta áitiúla a úsáid chun cur chun feidhme céimnithe spásanna páirceála a éascú le haghaidh forbairtí nua in imthosca áirithe;

- Ba cheart fostóirí a spreagadh an fháil atá ar spásanna páirceála saor in aisce a theorannú nó deireadh a chur leo;
- Úsáid talún cónaithe ard-dlúis agus úsáidí lena ngintear líon ard turas, lena n-áirítear fostaíocht, oideachas agus miondíol, a dhíriú ar limistéir a bhfreastalaíonn seirbhísí ardmhinicíochta iompair orthu faoi láthair nó a bhfreastalóidh siad orthu sa todhchaí; agus
- Caighdeáin atá saor ó charranna nó atá ar bheagán carranna a leagan amach i limistéir forbraíochta atá lonnaithe laistigh de cheantar siúil 800 m ó Lár Cathrach Luimnigh agus/nó ar iompar poiblí ar ardchaighdeán.

Tá mionsonraí faoi na caighdeáin pháirceála le haghaidh forbairtí nua a cuireadh i bhfeidhm sa mheasúnú ar an Straitéis Iompair seo tugtha i dtuarascáil ar leith maidir le Samhaltú.

### 14.6.3 Páirceáil ar an tSráid

Tá éilimh shuntasacha, ar éilimh iad a bhíonn san iomaíocht lena chéile go minic, ar spásanna cois cosáin i Lár Cathrach Luimnigh, i Sionainn agus i lár bailte ceannchathartha eile. Áirítear iad seo a leanas leis na héilimh sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Páirceáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach;
- Saoráidí lódála agus dílódála;
- Bearta le haghaidh tosaíocht bus agus éascaíocht bordála;
- Stadanna tacsaithe;
- An mhian atá ann leithead cosán a mhéadú agus bonneagar tiomnaithe rothaíochta a sholáthar;
- Bearta bainistíochta tuile; agus
- Páircíní, crainn sráide agus troscán.

Chun an t-éileamh sin a idirghabháil, beidh gá ann le leibhéil pháirceála ar an tsráid a laghdú de réir a chéile i lárionaid uirbeacha thar thréimhse feidhme na Straitéise seo.

Oibríonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh déchóras íocaíochta páirceála ar an tsráid faoi láthair, rud a chuimsíonn dioscaí páirceála indiúscartha agus córas leictreonach íocaíochta páirceála. Is i measc na muirear is saoire in Éirinn atá na muirir a ghearrtar i leith páirceáil ar an tsráid i gCathair Luimnigh. Déanfar athbhreithniú ar an bhfáil ar pháirceáil ar an tsráid laistigh den Limistéar Ceannchathartha, agus ar an struchtúr praghsála don pháirceáil sin, i gcomhthráth le cur chun feidhme na Straitéise seo d'fhonn bogadh i dtreo córas níos cliste lena n-éascaítear iomlaoid níos tapa spásanna, rud a chabhraíonn leis na feidhmeanna geilleagracha atá ag lár bailte a chomhlíonadh agus le Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha a sholáthar.

Is iad na cuspóirí a bheidh ann i limistéir chónaithe ná cur in aghaidh páirceáil comaitéirí a rannchuidíonn le strus páirceála agus cleachtais neamhshábháilte pháirceála go díreach lasmuigh de chriosanna páirceála íoctha, mar aon leis an spás cois cosáin a fhuascailt trí roghanna eile a sholáthar ar úinéireacht cairr phríobháidigh.

Is mar a leanas atá an cur chuige beartaithe i leith páirceáil ar an tsráid:

- Athbhreithnithe cuimsitheacha rollacha a dhéanamh ar an spás cois cosáin atá ar fáil i lár bailte chun a thuiscint conas a bhíonn an spás á úsáid agus chun an úsáid sin a mheas in aghaidh riachtanais atá ann cheana agus riachtanais amach anseo, lena n-áirítear cur chun feidhme BusConnects;



- Córais chliste fheidhmíochtbhunaithe phraghsála páirceála a chur i bhfeidhm i lár bailte chun a chinntiú go n-úsáidfear spásanna go héifeachtúil agus go mbeidh siad ar fáil go réidh chun críocha neamhchomaitéireachta, lena n-áirítear siopadóireacht. Ba cheart an phraghsáil a shocrú chun áitíocht 85% ar a mhéad a bhaint amach ar mhaithe le trácht cuardaigh, plódú agus astaíochtaí a laghdú;
- Cumhdach rialuithe na gcriosanna páirceála a leathnú ar fud an Limistéir Cheannchathartha chun spásanna a chosaint do chónaitheoirí, chun dul i ngleic le páirceáil neamhdhleathach agus chun páirceáil comaitéirí agus cineálacha eile páirceála fadfhanachta a dhíspreagadh.
- Breithniú a dhéanamh ar an bpraghas ar cheadanna a mhéadú de réir a chéile, go háirithe i limistéir ina bhfuil roghanna páirceála eas-sráide ar fáil go héasca; agus
- Roghanna eile a sholáthar ar úinéireacht cairr phríobháidigh, lena n-áirítear tuilleadh spáis ar an tsráid a athoiriúnú do chlubanna comhroinnte carranna, do chórais chomhroinnte rothar agus do bhearta den chineál céanna.

### 14.6.4 Páirceáil Eas-sráide

Is é an príomhchuspóir atá le bearta páirceála eas-sráide ná spás cois cosáin a fhuascailt laistigh de lárionaid uirbeacha agus tacú le córas inmharthana iompair phoiblí.

Fágann an cur chuige atá beartaithe go mbeidh comhordú ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta ag teastáil. Áirítear leis an gcur chuige sin na nithe seo a leanas:

- Gréasán saoráidí straitéiseacha ardacmhainne fadfhanachta Páirceála agus Taistil a chur chun feidhme lasmuigh de na príomhbhóithre isteach chuig an gcathair, rud a bhfreastalóidh seirbhísí cuí ardmhinicíochta bus agus gréasáin chuí siúil agus rothaíochta air;
- Scrúdú a dhéanamh ar an argóint ar son Moil Soghluaisteachta a bhfuil sé beartaithe go bhfreastalóidh gréasáin iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta orthu;
- Táillí páirceála a thabhairt isteach ag ionaid mhiondíola ar imeall an bhaile mhóir chun laghdú a dhéanamh ar an bplódú áitiúil a bhaineann leis na forbairtí sin;
- Scrúdú a dhéanamh ar an argóint ar son Tobhach Páirceála ag an Áit Oibre a thabhairt isteach, mar atá ann in Nottingham, chun plódú a laghdú agus chun cistiú a imfhálú le haghaidh soláthar iompair inbhuanaithe;
- Tacú le laghdú céimnithe fadtéarmach a dhéanamh ar an líon spásanna páirceála carranna trí úsáid a bhaint as Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta atá éigeantach agus spriocbhunaithe le haghaidh forbairt nua agus as pleanáil taistil limistéarbhunaithe le haghaidh braislí áiteanna oideachais agus fostaíochta atá ann cheana; agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar pháirceáil i mBaile Shionainne d'fhonn Straitéis Bainistíochta Páirceála a fhorbairt.

Tugadh sa tuarascáil Samhaltaithe a ghabhann leis seo mionsonraí faoin gcur chuige i leith bainistíocht páirceála ar an tsráid agus bainistíocht páirceála eas-sráide, ar cur chuige é ar baineadh úsáid as sa mheasúnú ar an Straitéis seo.

## BEART RS6

**Bainistíocht Páirceála**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla páirceáil a bhainistiú ar shlí níos fearr mar a leanas:

- Uaschaighdeáin pháirceála carranna a chur chun feidhme do gach forbairt nua;
- Forbairt atá saor ó charranna agus atá ar bheagán carranna a lorg i limistéir láir agus i limistéir inrochtana;
- Ionaid pháirceála carranna a athoiriúnú chun tacú leis an tosaíocht bus, le lánaí rothar, le leathnú cosán, le crainn sráide agus le gnéithe comhfhorbairt áite;
- Tacú leis an laghdú a thiocfaidh de réir a chéile ar an líon spásanna páirceála fadfhanachta ar an tsráid i lárionaid uirbeacha;
- Tacú le spásanna páirceála eas-sráide a athfhorbairt le haghaidh úsáidí lena mbaineann an luach is airde, lena n-áirítear úsáidí cónaithe agus fostaíochta; agus
- Iniúchadh a dhéanamh ar an argóint ar son Tobhach Páirceála ag an Áit Oibre a thabhairt isteach agus ar son muirir a ghearradh i leith seachadtaí siopadóireachta Idirlín agus i leith ionaid siopadóireachta ar imeall an bhaile mhóir.


### 14.6.5 Barrfheabhsú Soilse Tráchta

Is é an fheidhm atá taobh thiar d'oibriú traidisiúnta soilse tráchta ná an sreabhadh ag mótarfheithiclí a uasmhéadú. Measúnaíodh an Straitéis seo ach úsáid a bhaint as aga ciogail atá níos giorra ar an iomlán, rud a rachadh chun tairbhe do na daoine sin a bheadh ag taisteal de shiúl na gcos agus de rothar tríd an tréimhse ama a fhanann siad le solas glas a laghdú.

### 14.6.6 Bearta Breise Bainistíochta Éilimh

Scrúdaíodh sa Staidéar Bainistíochta Éilimh ar na Cúig Chathair raon leathan beart féideartha do chathair Luimnigh. Ina theannta sin, tugadh raon beart breise atá de bhreis ar an bpáirceáil ar aghaidh, cé go ndearnadh beag is fiú de ghnáthmhuirear plódaithe a chur isteach. Mar atá leagtha amach thuas, is amhlaidh, chun críocha na Straitéise seo, a cuireadh an díriú ar an laghdú san fháil ar spásanna páirceála agus ar shásraí praghsála a úsáid, de bhreis ar roinnt athruithe a dhéanamh ar shoilse tráchta chun tuilleadh tosaíochta a thabhairt do mhodhanna inbhuanaithe. Is é an toradh a bheidh ar na bearta sin a chur i bhfeidhm ná go laghdófar astaíochtaí iompair a mhéid a theastaíonn faoin mbliain 2030, i gcomhar le leictriú an fhlít. Mura gcuirtear ceann ar bith de na bearta sin i gcrích go hiomlán, beidh bearta breise ag teastáil.

I gcur chun feidhme na Straitéise seo agus san athbhreithniú a dhéanfar uirthi roimh an mbliain 2028, tabharfar aird iomlán ar an dul chun cinn a bheidh déanta ar astaíochtaí a laghdú agus déanfaidh an tÚdarás, an Rialtas agus údaráis áitiúla bearta fioscacha breise a thabhairt ar aghaidh, amhail Cánachas Feithiclí atá Bunaithe ar Mhíleáiste, chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh a d'fhéadfadh teacht aníos.



# 15 LASTA, SEACHADADH AGUS SEIRBHÍSIÚ

**Leagfaimid sprioc síos chun tionchar comhshaoil an lasta a laghdú agus, ag an am céanna, chun éifeachtúlacht a fheabhsú sa ghluaiseacht earraí agus chun iomaíochas geilleagrach a chur chun cinn.**

Taisteal Níos Cliste: Beartas Iompair Nua d'Éirinn 2009-2020.

Chun réamh-mheastacháin fáis an Chreata Náisiúnta Pleanála a chomhlíonadh, tiocfaidh méadú ar ghluaiseacht lasta mar thoradh ar thithe, oifigí agus scoileanna nua a thógáil. Tiocfaidh méadú ar ghníomhaíocht seachadta agus seirbhísithe agus ar ghníomhaíocht bainistíochta dramhaíola freisin. Cé go gcruthóidh siad dúshláin ó thaobh sábháilteachta, plódaithe agus truaillithe aeir agus torainn de, fágfaidh an braisliú gníomhaíochtaí agus an feabhas ar an mbonneagar iompair straitéisigh go mbeifear in ann cineálacha nuálacha cur chuige a ghlacadh chun tionchar na gníomhaíochta lasta a mhaolú.

Leis an bPlean Gnímh don Aeráid agus leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach araon, tacaítear leis an ngá atá ann le Straitéis Lasta Réigiúnach a fhorbairt chun dlús a chur le dícharbónú na hearnála lasta, chun teicneolaíochtaí cliste a chomhtháthú isteach i mbainistíocht lóistíochta agus chun treisiú a dhéanamh ar an ról tábhachtach a imríonn an gréasán bóithre straitéiseacha agus iarnróid (lena n-áirítear an gréasán tras-Eorpach iompair) maidir le lasta a ghluaiseacht go héifeachtúil. Leis an Straitéis seo, tacaítear le straitéis den sórt sin a fhorbairt mar gheall ar an ngá atá ann le lasta agus cineál idir-réigiúnach gluaiseachtaí lasta a dhícharbónú, go háirithe mar thoradh ar an ngníomhaíocht mhéadaithe go Port Fhainge agus go hAerfort na Sionainne agus uathu araon agus mar thoradh ar an bhforbairt mhéadaithe ar fud an Limistéir Cheannchathartha. Chomh maith leis sin, tá sé ar cheann de na príomhchuspóirí atá leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach feabhas a chur ar rochtain ar Phort na Sionainne agus Fhainge agus ar Aerfort na Sionainne.

## 15.1 FEITHICLÍ EARRAÍ TROMA

Imríonn feithiclí earraí troma ról ríthábhachtach maidir le hearraí a ghluaiseacht ar fud an Limistéir Cheannchathartha agus ar fud na tíre. Is féidir le gluaiseacht feithiclí earraí troma tionchair shuntasacha a bheith acu ar oibríochtaí tráchta, ar thorann, ar thruailliú aeir agus ar shábháilteacht úsáideoirí eile bóithre, go háirithe laistigh de thimpeallachtaí uirbeacha.

Níl limistéar láir Chathair Luimnigh oiriúnach do thrácht earraí troma agus ba cheart é a theorannú do na feithiclí sin ina bhfuil méid oiriúnach agus a bhíonn ag teacht ón lár nó ag dul chuig an lár agus do na feithiclí sin amháin. Moltar sa Straitéis seo go ndéanfaí tuilleadh breithnithe ar ghluaiseacht feithiclí earraí troma a theorannú laistigh de Iorg coise reatha Chathair Luimnigh agus a Bhruachbhailte.

De réir an Staidéir ar Fheithiclí Earraí Troma i Luimneach 2015, is é an toradh a bheadh ar fheithiclí earraí troma a chosc ó Lár na Cathrach ó 07:00 go 19:00 ná go rannchuideofaí le timpeallacht shábháilte chairdiúil a chruthú do rothaithe agus do choisithe tríd an spás sráide a aisghabháil agus trí laghdú a dhéanamh ar choinbhleacht idir na modhanna. Chomh maith leis sin, is é an toradh a bheadh ar 'bhealaí leoraithe' ainmnithe a chur chun feidhme ar bhóithre Náisiúnta ag amanna ainmnithe den lá ná go gcabhrófaí le tréthrácht a laghdú agus le maolú a dhéanamh ar mhoilleanna agus ar choinbhleacht le modhanna eile.

De bhreis air sin, rannchuideofaí le plódú tráchta áitiúil a fhritháireamh trí amanna seachadta a rialáil trí iad a theorannú do thréimhsí seachbhuaice. D'fhéadfadh sé sin tairbhí breise a sholáthar d'oibritheoirí lasta freisin maidir le laghduithe ar agaí taistil agus ar chostais oibriúcháin.

### BEART FDS1

**Srianta ar Fheithiclí Earraí Troma**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Sainaithint a dhéanamh ar bhealaí sonracha leoraithe agus/nó ar shrianta ama chun gluaiseachtaí feithiclí earraí troma trí Chathair Luimnigh agus trína comharsanachtaí a laghdú ag buaic-amanna.



## BEART FDS2

**Bainistíocht Lasta Áitiúil**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé ionaid chomhdhlúthaithe agus saoráidí lasta ghinearálta a bhunú lasmuigh den ghréasán bóithre Náisiúnta sa mheántéarma chun gur féidir beagfheithiclí a úsáid chun seachadtaí a dhéanamh chuig Lár Cathrach Luimnigh.

Áirítear iad seo a leanas leis na tograí le haghaidh bainistíocht feithiclí earraí troma:

- Srianta ar ghluaiseacht feithiclí earraí troma a chur chun feidhme laistigh de lorg coise reatha Chathair Luimnigh agus a Bruachbhailte. Ba cheart do Bhonneagar Iompair Éireann, don Údarás, do gheallsealbhóirí ón tionscal lasta agus do na hÚdaráis Áitiúla modh cur chun feidhme, modh forfheidhmithe, bealaí rochtana agus méid na scéime a chinneadh tráth níos déanaí; agus
- Pleanáil bainistíochta soghluaisteachta a dhéanamh ag príomhláithreacha lasta amhail Port Fhainge agus Aerfort na Sionainne.

## 15.2 IONAID TÓGÁLA AGUS LÓISTÍOCHTA

Tháinig ionaid chomhroinnte tógála agus lóistíochta chun cinn le déanaí i gcathracha Eorpacha ina meastar go mbeidh méaduithe suntasacha ann ar an daonra agus ar ghníomhaíocht tógála sna blianta atá le teacht.

I bhformhór na gcásanna, bunaítear na hionaid in aice le limistéir forbartha straitéisí ar láithreáin atá cóngarach don ghréasán bóithre straitéiseacha ar mhaithe le hachair thaistil a íoslaghdú le haghaidh ábhair thógála. Ina lán cásanna, ceanglaítear ar

fhorbróirí clárú le hionaid chomhroinnte tógála agus lóistíochta mar chuid den phróiseas bainistíochta forbartha.

Íoslaghdaítear turais chuig láithreáin tógála agus uathu araon trí fheithiclí earraí troma a bhfuil níos lú ná 80% dá spás ar fad in úsáid acu a choinneáil san ionad go dtí go mbeidh siad lán agus trí thurais chuig láithreáin tógála a rialú le córas áirithinte. Is cosúil go bhfuil údar ann le roinnt ionad den sórt sin a bhunú, mar gheall ar na leibhéil forbartha atá sannta do limistéir ainmnithe ar fud an Limistéir Cheannchathartha.

### BEART FDS3

**Straitéis Lasta Réigiúnach**

Tá sé mar rún ag an Údarás, ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le Straitéis Lasta Réigiúnach a fhorbairt chun dlús a chur le dícharbónú na hearnála lasta, chun teicneolaíochtaí cliste a chomhtháthú isteach i mbainistíocht lóistíochta agus chun treisiú a dhéanamh ar an ról tábhachtach a imríonn an gréasán bóithre straitéiseacha agus iarnróid maidir le lasta a ghluaiseacht go héifeachtúil.

## 15.3 STRAITÉIS LASTA

Sa Phlean Gnímh don Aeráid agus sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach araon, moltar go bhforbrófaí Straitéis Lasta Réigiúnach chun dlús a chur le dícharbónú na hearnála lasta, chun teicneolaíochtaí cliste a chomhtháthú isteach i mbainistíocht lóistíochta agus chun treisiú a dhéanamh ar an ról tábhachtach a imríonn an gréasán bóithre straitéiseacha agus iarnróid (lena n-áirítear an gréasán tras-Eorpach iompair) maidir le lasta a ghluaiseacht go héifeachtúil. Leis an Straitéis seo, tacaítear le Straitéis Lasta Réigiúnach a fhorbairt mar gheall ar chineál idir-réigiúnach gluaiseachtaí lasta agus feithiclí earraí troma, go háirithe mar thoradh ar an ngníomhaíocht mhéadaithe go Port Fhainge, go hAerfort na Sionainne agus go limistéir thionsclaíocha agus uathu araon agus mar thoradh ar an bhforbairt mhéadaithe ar fud an Limistéir Cheannchathartha.

### BEART FDS4

**Straitéis Seachadta agus Seirbhísithe**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Laghdú a dhéanamh ar an líon 'turas míle deiridh' a thógtar le feithiclí innealghluaiste;
- Éascú a dhéanamh ar an aistriú i dtreo feithiclí seachadta astaíochtaí nialasacha amhail rothair lasta, feithiclí grianchumhachtaithe agus feithiclí leictreacha;
- tacú le hionaid chomhdhlúthaithe agus saoráidí lasta ghinearálta a sholáthar agus a soláthar a chinntiú, rud a éascóidh beagfheithiclí atá ag déanamh seachadtaí chuig Lár Cathrach Luimnigh agus chuig mórlár bailte eile; agus
- Tacú le saoráidí áitiúla 'Cliceáil agus Bailigh' a bhunú, nuair is cuí, chun íoslaghdú a dhéanamh ar an líon turas a thógtar chuig tithe aonair agus chuig áiteanna oibre.

## 15.4 STRAITÉIS SEACHADTA AGUS SEIRBHÍSITHE

Tá i Luimneach roinnt mórlimistéar athghiniúna agus fostaíochta as a dtiocfaidh méadú ar riachtanais seachadta agus seirbhísithe. Tiocfaidh méadú ollmhór ar sheirbhísí seachadta pearsanta agus ar sheirbhísí bainistíochta dramhaíola pearsanta freisin de réir mar a chónaíonn tuilleadh daoine sa Limistéar Ceannchathartha.

Áirítear iad seo a leanas leis na cuspóirí atá i gceist le bainistíocht a dhéanamh ar an méadú sin i seachadadh agus i seirbhísiú:

- Scrúdú a dhéanamh ar an argóint ar son an líon turas míle deiridh a thógtar le feithiclí innealghluaiste a laghdú i lárionaid uirbeacha nó i lárionaid mhicrea-chomhdhlúthaithe laistigh de Chathair Luimnigh, e.g., scrúdú a dhéanamh ar an argóint ar son rothair lasta nó beagveaineanna leictreacha a úsáid chun seachadtaí a dhéanamh chuig bialanna agus chuig siopaí;
- Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé seachadadh agus seirbhísiú a dhéanamh lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre trí úsáid a bhaint as feithiclí ísealtorainn amhail Feithiclí Leictreacha agus ar a indéanta atá sé coinníollacha pleanála a athrú nuair is cuí;
- Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé beagfheithiclí nach feithiclí innealghluaiste iad a úsáid chun seachadadh agus seirbhísiú a dhéanamh chun truailliú torainn agus aeir a laghdú agus chun gur féidir tuilleadh spáis sráide a chur i leataobh do choisithe agus do rothaithe;
- An líon turas fillte folamh a íoslaghdú, bunaithe ar chleachtais nuálacha amhail Cargohopper in Utrecht agus córas seachadta cathrach Stadleveransen in Gothenburg; agus
- Tacú le saoráidí áitiúla 'Cliceáil agus Bailigh' a shuí ag stáisiúin iarnróid, ag forbairtí cónaithe nua agus ag saoráidí Páirceála agus Taistil chun laghdú a dhéanamh ar an líon seachadtaí pearsanta aonair a dhéantar chuig áiteanna oibre agus chuig tithe as a mbíonn an faighteoir as láthair go minic.


Siúlán Cois Abhann
Riverside Walk
Lár na Cathrach
City Centre
Iarsmalann Hunt
The Hunt Museum

# 16 BEARTA TACAÍOCHTA AGUS COMHTHÁTHÚ

**Cuirtear san áireamh i gcineálacha comhtháite cur chuige gnéithe de dhearadh agus tírdhreachú uirbeach a athraíonn iompraíocht ó instinn, rud a laghdaíonn an gá atá ann le bearta traidisiúnta (amhail bacainní fisiciúla agus leagan amach na mbóithre), agus bearta den sórt sin amháin, a dhéanamh chun iompraíocht a bhainistiú.**

An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha, 2019.

Leis an Straitéis seo, soláthrófar córas iompair i bhfad níos fearr a thacóidh le fás amach anseo an Limistéir Cheannchathartha, a chuirfidh taisteal níos inbhuanaithe chun cinn, a laghdóidh an spleáchas ar an gcarr príobháideach agus a rannchuideoidh le maolú a dhéanamh ar thionchair an iompair ar an athrú aeráide.

Is é an ról atá ag bearta tacaíochta ná aon infheistíocht bonneagair a chomhlánú. Ní féidir lántairbhí na hinfheistíochta suntasaí a sholáthrófar faoin Straitéis seo a bhaint amach trí bhonneagar a sholáthar amháin agus ní mór bearta a thacóidh leis an mbonneagar sin a úsáid ar an tslí is fearr a chur chun feidhme freisin.

Beidh bearta tacaíochta na Straitéise seo ríthábhachtach maidir le timpeallachtaí fisiciúla, sóisialta agus cultúrtha a chruthú ina mbeidh an siúl, an rothaíocht agus an t-iompar poiblí ina roghanna eile tarraingteacha, praiticiúla agus loighciúla ar an gcarr príobháideach.

## 16.1 PLEANANNA ÁITIÚLA IOMPAIR

Ba cheart do na hÚdaráis Áitiúla féachaint le torthaí agus cuspóirí uileghabhálacha na Straitéise seo a aistriú trí Phleananna Áitiúla Iompair atá sonrach don limistéar a úsáid ar leibhéal Lár na Cathrach nó ar leibhéal an Láir Bhaile Cheannchathartha.

Beidh na Pleananna sin bunaithe ar an treoirnóta dar teideal Measúnacht Iompair Limistéarbhunaithe ón Údarás Náisiúnta Iompair/Bonneagar Iompair Éireann. Ba cheart spriocanna uaillmhianacha a leagan amach iontu, ar spriocanna iad a éascóidh aistriú suntasach sna sciartha modha atá ag modhanna taistil ghníomhaigh agus inbhuanaithe agus a éascóidh laghdú sa líon turas de charr príobháideach idir an gearrthéarma agus an meántéarma.

### BEART SM1

**Pleananna Áitiúla Iompair**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Pleananna Áitiúla Iompair a fhorbairt chun an Straitéis seo a aistriú ar leibhéal Lár na Cathrach nó ar leibhéal an Láir Bhaile Cheannchathartha bunaithe ar an treoirnóta ón Údarás Náisiúnta Iompair/Bonneagar Iompair Éireann.

Ba cheart Pleananna Taistil Ócáide a bhreithniú le haghaidh ócáidí lena ngintear líon ard turas, amhail laethanta cluiche agus ceolchoirmeacha, etc., chun maolú a dhéanamh ar aon tionchair dhiúltacha ar an limistéar agus ar an ngréasán bóithre mórthimpeall.

## 16.2 Páirceáil agus Taisteal

Tá nasc seanbhunaithe ann idir an soláthar páirceála agus an fháil agus an praghas ar pháirceáil agus tarraingteacht an chairr phríobháidigh i gcoibhneas le roghanna iompair inbhuanaithe. Ba cheart bainistíocht stuama páirceála a úsáid mar uirlis éifeachtach bainistíochta éilimh chun turais de charr príobháideach a dhíspreagadh, go háirithe do thurais ghearra ar fud an Limistéir Cheannchathartha. I gcás turas fada, cuirfear an bhéim ar thréthurais a dhíspreagadh i limistéir uirbeacha trí shaoráidí Páirceála agus Taistil a sholáthar agus trí chómhalartú iontaofa a éascú leis an soláthar siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí.

Is é atá i gceist le Páirceáil agus Taisteal ná saoráidí ardacmhainne páirceála carranna a sholáthar ag cómhalartuithe ainmnithe iompair phoiblí ar na bóithre isteach go Cathair Luimnigh (agus go Sionainn freisin, b'fhéidir). Tá saoráidí Páirceála agus Taistil ina gcomhpháirt thábhachtach den Straitéis seo agus is modh iad trínar féidir ceantar an ghréasáin iompair a leathnú chuig daoine nach mbeadh rochtain acu ar an ngréasán sin ar shlí eile tríd an siúl, tríd an rothaíocht nó tríd an iompar poiblí.

Is féidir le saoráidí Páirceála agus Taistil na tairbhí seo a leanas a sholáthar don Limistéar Ceannchathartha:

- Turais chomaitéireachta a aistriú ón gcarr príobháideach chuig an taisteal inbhuanaithe agus gníomhach;

- Tacú le beogacht gheilleagrach trí fheabhas a chur ar an inrochtaineacht fhoriomlán ar Lár Cathrach Luimnigh agus ar phríomhchinn scríbe eile;
- Plódú tráchta a laghdú ar bhealaí gathacha;
- Cur lena tharraingtí atá Lár na Cathrach do chuairteoirí agus do shiopadóirí;
- Freastal ar na heasnaimh san acmhainn páirceála i lárionaid uirbeacha agus laghdú a éascú i bpáirceáil ar an tsráid;
- Pátrúnacht iompair phoiblí a uasmhéadú trí cheantar éifeachtach an ghréasáin iompair phoiblí a mhéadú; agus
- Feabhas a chur ar rochtain do dhaoine a chónaíonn i mbailte agus sráidbhailte réigiúnacha agus i limistéir thuaithe.

San am i láthair, níl aon bhuansaoráidí tiomnaithe Páirceála agus Taistil ann laistigh den Limistéar Ceannchathartha. Leis an Straitéis seo, tabharfar aghaidh ar an easnamh sin. Beifear ag súil leis go bhfreastalóidh na saoráidí straitéiseacha Páirceála agus Taistil ar líon spásanna páirceála carranna atá sa raon idir 400 ceann agus 600 ceann agus go dtacófar leo i ngach cás trí sheirbhísí iontaofa ardmhiniciochta bus a sholáthar, mar aon le stáisiún iarnróid féideartha nua i mBéal Átha Síomoin.

Is iad seo a leanas na láithreacha táscacha a mholtar do na saoráidí Páirceála agus Taistil:

- An M7: Timpeallán an Phoirt Nua;
- An M20/N21: an Ráithín;
- An N18: Bóthar na hInse; agus
- An N24: Béal Átha Síomoin (iarnród agus bus).

Níl sna láithreacha thuas ach láithreacha táscacha amháin agus tá siad faoi réir tuilleadh imscrúdaithe. I bhformhór na gcásanna, beidh saoráidí straitéiseacha Páirceála agus Taistil bainteach le gréasán BusConnects a sholáthar agus teastóidh uathu go gcuirfí bearta tosaíochta bus chun feidhme roimh a n-oscailt. Déanfar breithniú ar shaoráidí Páirceála agus Taistil a sholáthar ag an gCorrbhaile agus feadh an N69 i gcás go dtiocfaidh éileamh chun cinn.

Beidh sé riachtanach go mbeadh saoráidí Páirceála agus Taistil ar oscailt ag amanna seachbhuaice chun tacú le páirceáil ócáide ag staideanna spóirt agus ag féilte agus go soláthrófaí freisin seirbhísí áitiúla níos solúbtha bus agus cóiste a thairgeann bealaí díreacha chuig an ócáid. Is trí Phleananna Taistil don Áit Oibre, trí Phleananna Taistil don Scoil agus trí Phleananna Rochtana agus Soghluaisteachta a shainaithneofar deiseanna chun acmhainneacht na saoráidí a uasmhéadú tuilleadh.

Beifear ag súil leis go soláthrófar seirbhísí coimhdeacha ag gach saoráid Páirceála agus Taistil/Iarnróid, lena n-áirítear na seirbhísí seo a leanas:

- Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí;
- Láithreacha feithimh faoi dhíon; agus
- Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha.
- Saoráidí tiomnaithe mol rothaíochta le haghaidh spásanna páirceála fadfhanachta rothar.

Agus gach ceann de na saoráidí á ndearadh agus á bhforbairt, déanfar breithniú ar phointí luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar chun oiriúnú do raon éagsúil luasanna luchtaithe chun tacú leis an aistriú i dtreo feithiclí astaíochtaí ísle agus rothair leictreacha. Tá sé beartaithe go mbeidh gach saoráid Páirceála agus Rothar inrochtana tríd an siúl, tríd an rothaíocht agus tríd an iompar poiblí ar ardchaighdeán chun a chinntiú go mbeifear in ann turais ar aghaidh a thógáil ar shlí inbhuanaithe.

Le saoráidí Páirceála agus Taistil, soláthrófar deiseanna le haghaidh cómhalartú idir modhanna difriúla agus leathnófar an ceantar do sheirbhísí iompair phoiblí, agus rochtain á méadú ar na príomhchinn scríbe ag an am céanna. A bhuí leis an nascacht inbhuanaithe níos fearr agus leis na deiseanna cómhalartaithe níos fearr ón Limistéar Ceannchathartha chuig an mór-réigiún, neartófar an gaol feidhmiúil idir na limistéir sin. Tá sé sin ábhartha go háirithe do limistéir thuaithe nó do limistéir ísealdlúis, áit nach bhfuil sé indéanta seirbhísí ardmhinicíochta iompair phoiblí a sholáthar.

### 16.2.1 Saoráidí Páirceála agus Taistil a Chur Chun Feidhme

Agus na saoráidí Páirceála agus Taistil á gcur chun feidhme ar bhonn céimnithe, beidh laghdú céimnithe ann san fháil ar pháirceáil ar an tsráid, soláthrófar BusConnects Luimnigh agus bearta tosaíochta bus agus cuirfear feabhas ar an ngréasán iarnróid in áiteanna a sainaithneofar éileamh ar shaoráidí Páirceála agus Taistil.

Ar mhaithe le hinmharthanacht fhadtéarmach na saoráidí Páirceála agus Taistil a chinntiú, moltar go bhféachfadh an dá Údarás Áitiúla leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Spásanna a chur i leataobh d'fhorbróirí óstán i lár cathracha agus bailte ceannchathartha, d'fhorbróirí bloc oifige, d'fhorbróirí saoráidí oideachais agus d'fhorbróirí limistéar cónaithe eile, i measc daoine eile, ag an gcéim is luaithe is féidir den phróiseas iarratais phleanála; agus

- Struchtúr cuimsitheach bainistíochta páirceála ar an tsráid a chur chun feidhme agus forfheidhmiú láidir a dhéanamh i limistéir chónaithe lasmuigh de chriosanna páirceála rialaithe atá ann cheana chun nach mbeidh aon sceitheadh isteach i limistéir chomharsanacha ann.

Cuirfidh na bearta sin le rath na saoráidí Páirceála agus Taistil agus rachaidh siad chun tairbhe d'fhorbróirí agus do na hÚdaráis Áitiúla araon. Cumasóidh siad do na hÚdaráis Áitiúla cleachtais níos déine pháirceála eas-sráide a chur i bhfeidhm sna Pleananna Forbartha, sna Pleananna Limistéir Áitiúil agus sna beartais eile uathu faoi seach. Laghdóidh siad go mór an tógáil talún agus an costas a bheidh ag baint le spásanna páirceála eas-sráide aonair a fhorbairt freisin. Ullmhófar Straitéis Páirceála agus Taistil don Limistéar Ceannchathartha, mar atá molta sa Phlean Gnímh don Aeráid.

### BEART SM2

**Saoráidí Páirceála agus Taistil**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Gréasán saoráidí straitéiseacha Páirceála agus Taistil a chur chun feidhme, rud a bhfreastalóidh seirbhísí ardmhinicíochta iompair phoiblí agus gréasáin siúil agus rothaíochta orthu;
- Imscrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le saoráidí áitiúla Páirceála agus Taistil a sholáthar i láithreacha eile amhail an Corrbhaile; agus
- Agus an gréasán ceannchathartha bus agus iarnróid á fhorbairt, breithniú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag saoráidí Páirceála agus Taistil a d'fhéadfaí a sholáthar lasmuigh den Limistéar Ceannchathartha.

## 16.3 MOIL SOGHLUAISTEACHTA

Coincheap measartha nua i gcathracha Eorpacha is ea coincheap na Mol Soghluaisteachta. Bíonn an tóir ar Mhoil Soghluaisteachta ag méadú, áfach, go háirithe i limistéir athghiniúna nua atá pleanáilte timpeall ollchórais iompair phoiblí (Forbairt atá Dírithe ar an Iompar Poiblí). Tá Moil Soghluaisteachta ina modh trínar féidir tacú leis an tsamhail thraidisiúnta páirceála um thuar agus um sholáthar a aistriú ina samhail lena n-éascaítear laghdú i gcaighdeáin pháirceála carranna i láithreáin athghiniúna trí chórais Soghluaisteachta ar Éileamh agus tríd an taisteal gníomhach.

I gcomhthéacs an Limistéir Cheannchathartha, spreagfar moil soghluaisteachta i limistéir láir ina bhfuil tithíocht ard-dlúis pleanáilte, amhail tailte na Gníomhaireachta Forbartha Talún ag Stáisiún Cholbaird, chun rannchuidiú le spriocanna do sciar modha an iompair inbhuanaithe agus chun laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar an gcarr príobháideach, go háirithe do thurais ghearra.

Tá cur i bhfeidhm na mol soghluaisteachta ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus le Rannán 28 de na Treoirlínte maidir le Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe, ina bhféachtar le páirceáil carranna a íoslaghdú, nó í a laghdú go hiomlán, i limistéir láir nó i limistéir a bhfreastalaíonn an t-iompar poiblí go maith orthu.

Saintréithe na Mol Soghluaisteachta:

- Ionaid chomhdhlúite pháirceála carranna ina bhfreastalaítear go príomha ar úsáid chónaithe fadfhanachta;
- Pointe fócasach a sholáthar sa ghréasán iompair, áit a gcomhtháthaítear modhanna difriúla iompair go réidh chun uasmhéadú a dhéanamh ar an nascacht idir an chéad mhíle agus an mhíle deiridh le gréasán ardmhinicíochta iompair phoiblí agus le gréasáin siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán;
- Tacú le córais Soghluaisteachta ar Éileamh, lena n-áirítear comhroinnt carranna, clubanna comhroinnte carranna, córais chomhroinnte rothar, rothair lasta agus Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha;
- Áiteanna diansaothraithe a rannchuidíonn go dearfach le beogacht a dtimpeallachta trí árasáin, saoráidí dín, amhail clóis súgartha, agus úsáidí gníomhacha bunurláir, amhail saoráidí siopadóireachta agus bialanna áitiúla, a sholáthar timpeall an ionaid pháirceála; agus
- Ionaid fágála/bhailithe agus seirbhísí concierge a sholáthar chun gluaiseacht feithiclí seachadta a íoslaghdú.

### BEART SM3

**Moil Soghluaisteachta**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cinneadh a dhéanamh ar a indéanta atá sé moil soghluaisteachta a chruthú chun tacú le Forbairt atá Dírithe ar an Iompar Poiblí agus le láithreáin athghiniúna atá ar bheagán carranna.

## 16.4 MOIL RÉIGIÚNACHA IOMPAIR

Baile Contae an Chláir agus baile tábhachtach sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach is ea Inis. Fágann sé sin gur tionscnamh agus ceann scríbe tábhachtach í do thurais go dtí an Limistéar Ceannchathartha agus uaidh araon. Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Contae an Chláir an baile

a fhorbairt ina nascmhol bus agus iarnróid don Chontae agus do na limistéir mórthimpeall agus tá seirbhís bus baile mhóir á forbairt. Agus bonneagar agus seirbhísí iompair laistigh den Limistéar Ceannchathartha á bpleanáil agus á ndearadh, tabharfar aird ar an éileamh taistil go hInis agus uaithi araon agus ar na cuspóirí don bhaile, mar atá leagtha amach sa doiciméad Inis 2040.

Baile tábhachtach i dTiobraid Árann is ea an tAonach, ag a bhfuil naisc straitéiseacha iarnróid agus bóithre go Luimneach agus go Sionainn. Tá caidreamh láidir ann idir an tAonach agus an Limistéar Ceannchathartha maidir le comaitéireacht a dhéanamh chun na hoibre agus an oideachais agus tá sé ar intinn ag Comhairle Contae Thiobraid Árann an caidreamh sin a chothú agus a fhorbairt.

Tá Baile Thiobraid Árann ina lonnaíocht thábhachtach ó thaobh nascachta réigiúnaí de, mar gheall ar é a bheith lonnaithe i ngar do Ghabhal Luimnigh agus feadh an N24 agus mar gheall go bhfreastalaíonn an tseirbhís iarnróid idir Gabhal Luimnigh agus Port Láirge air.

Leis an Straitéis seo, déanfar seirbhísí níos fearr a éascú agus a chur chun cinn idir Inis, an tAonach agus Baile Thiobraid Árann agus Sionainn agus Luimneach, rud a thacóidh leis na róil atá acu mar Mhoil Réigiúnacha Iompair.

De bhreis air sin, is ann do roinnt lonnaíochtaí i ngar do theorainn an Limistéir Cheannchathartha a bhfuil dlúthbhaint acu leis an limistéar staidéir. Áirítear leo sin Áth Dara, Cora Chaitlín, an Port Nua, Cill Dalua agus Béal an Átha. Le linn pleanáil le haghaidh na lonnaíochtaí sin, ba cheart aird a thabhairt ar an mbaint sin.

### BEART SM4

**Moil Réigiúnacha Iompair**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le hInis, leis an Aonach agus le Baile Thiobraid Árann mar Mhoil Réigiúnacha Iompair.

## 16.5 OIFIGEACH SIÚIL AGUS ROTHAÍOCHTA

Ba cheart don dá Údarás Áitiúla breithniú a dhéanamh ar Oifigeach tiomnaithe Siúil agus Rothaíochta (cosúil leis sin atá ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) a cheapadh. Maidir leis an duine a cheapfar chuig an ról sin, b'fhearr go mbeadh sé/sí oilte san athrú iompraíochta agus go mbeadh eolas oibre aige/aici ar an dearadh. D'fhéadfaí freagracht as na nithe seo a leanas a leagan ar an Oifigeach Siúil agus Rothaíochta:

- Fóram geallsealbhóirí ábhartha a chomhordú chun saincheisteanna áitiúla a bhaineann leis an taisteal gníomhach a tharraingt anuas;
- Raon éagsúil ócáidí cur chun cinn a reáchtáil chun próifíl an taistil ghníomhaigh a ardú i ngach lárionad ceannchathartha uirbeach; agus
- Ról gníomhach a imirt sna luathchéimeanna de scéimeanna ríochta poiblí, de thionscadail bóithre agus de thograí eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an timpeallacht coisithe agus rothaithe.

### BEART SM5

**Oifigigh Shiúil agus Rothaíochta**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Oifigeach tiomnaithe Siúil agus Rothaíochta a cheapadh laistigh de gach Údarás Áitiúil.

## 16.6 ATHRÚ IOMPRAÍOCHTA

Cuimsítear in Athrú Iompraíochta san earnáil iompair raon leathan beart a bhfuil mar aidhm leo iompraíocht taistil inbhuanaithe a spreagadh agus a dhreasú. Is féidir iad a spriocdhíriú ar dhaoine aonair, ar chomharsanachtaí, ar áiteanna oibre, ar scoileanna agus ar choláistí. Tríd is tríd, is iad feachtais phromóisin agus scaipeadh faisnéise a chomhlánaíonn an infheistíocht i mbonneagar agus seirbhísí iompair atá á déanamh mar chuid de chláir eile na nithe a bhíonn i gceist leo. Ina lán cásanna, áfach, is féidir le hinfheistíocht i nithe amhail saoráidí páirceála rothar agus comharthaíocht a bheith mar chuid de chlár.


Tá an tÚdarás ag reáchtáil Chlár na nÁiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus na gCampas Taistil Níos Cliste ar shlí éigin ó bhunú na gníomhaireachta sa bhliain 2009 amach agus tá sé ag bainistiú Mhodúl Taistil Chlár na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce thar ceann na Roinne Iompair thar an tréimhse sin freisin.

Sa bhliain 2012, roghnaíodh Cathair agus Contae Luimnigh mar Limistéar Taistil Níos Cliste agus tugadh €9m do na húdaráis áitiúla chun clár cúig bliana a reáchtáil. Oibríonn an clár Taistil Níos Cliste i gcomhpháirt le raon leathan geallsealbhóirí chun pleananna taistil a fhorbairt agus chun cur chun cinn a dhéanamh ar ócáidí amhail Seachtain na Rothar, Féile Rothaíochta BeSPOKE agus Seachtain Soghluaisteachta na hEorpa.

Cé go ndírítear sa straitéis ar na cláir sin agus ar a leathnú féideartha, d'fhéadfadh gineadóirí mórthráchta eile amhail clubanna spóirt agus cumainn spóirt a gcláir athraithe iompraíochta féin a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna

## LÁITHREACHA STRAITÉISEACHA TÁSCACHA PÁIRCEÁLA AGUS TAISTIL

Tá gach ceann de na bealaí agus na hailínithe táscach agus tá siad faoi réir athruithe tríd an bpróiseas reachtúil breithmheasa scéime.



amhail plódú áitiúil agus páirceáil neamhfhoirmiúil ar an tsráid agus ar spásanna oscailte i gcóngar do pháirceanna imeartha.

Tá Athrú Iompraíochta ina chuid dhílis d'fheidhmeanna agus freagrachtaí an Údaráis agus beidh sé sin amhlaidh thar thréimhse feidhme na Straitéise Iompair.

### 16.6.1 Áiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus Campais Taistil Níos Cliste

Is é is Clár na nÁiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus na gCampas Taistil Níos Cliste ann ná clár feasachta poiblí a oibríonn le fostóirí móra agus le coláistí chun pleananna deonacha taistil a chur chun feidhme bunaithe ar choincheap na Margaíochta Sóisialta Pobalbhunaithe.

Bíonn líon méadaitheach fostóirí Éireannacha ag gabháil don Taisteal Níos Cliste, agus iad ag obair lena gcuid fostaithe chun iompar inbhuanaithe a spreagadh mar rogha taistil, rud a laghdaíonn costais taistil, a chuireann le folláine fostaithe agus a éascaíonn bainistíocht páirceála níos fearr. Tá ag an gclár breis agus 200 comhpháirtí sa tír, lena n-áirítear braislí cuideachtaí i roinnt láithreacha. Áirítear leo sin an-chuid de na fostóirí is mó in Éirinn agus a lán údarás áitiúil agus ospidéal.

Tá Clár na gCampas Taistil Níos Cliste ina chlár teagmhálach a oibríonn le hinstitiúidí tríú leibhéal chun cur chun feidhme a dhéanamh ar phleananna taistil don champas atá ceaptha chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus do bhaill foirne siúl, rothaíocht a dhéanamh, an t-iompar poiblí a thógáil nó carr-roinnt ar an turas chun an champais.

Is rídhearfach go dtí seo atá na torthaí ar an idirchaidreamh díreach sin le háiteanna oibre agus le campais. Baineadh laghdú idir 10% agus 24% in úsáid an chairr phríobháidigh amach tríd an gclár. Mar sin féin, ní hé amháin go dtomhaistear toradh an chláir sin de réir an lín turas cairr aonphaisinéara atá á mbaint de na bóithre, ach tomhaistear é freisin de réir an mhéid a chothaitear cultúr iompair inbhuanaithe in áiteanna inar imir an carr ról ceannasach roimhe sin.

Mar gheall ar an bhfás fostaíochta ar fud an Limistéir Cheannchathartha, mar atá réamh-mheasta sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, moltar sa Straitéis seo a cheangal go n-ullmhófaí Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta/Pleananna Taistil don Áit Oibre. Ar mhaithe le Pleananna Taistil don Áit Oibre a chur chun feidhme go láidir, moltar go mbeadh dlúth-chomhoibriú ann idir na hÚdaráis Áitiúla agus na braislí áiteanna oibre ag Páirc Tionscail an Ráithín, ag an bPáirc Náisiúnta Teicneolaíochta, i Lár Baile Shionainne agus sna mórlimistéir fostaíochta.

**BEART SM6**

**Áiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus Campais Taistil Níos Cliste**

Leanfaidh an tÚdarás le Clár na nÁiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus na gCampas Taistil Níos Cliste a leathnú chun tionchar díreach a imirt ar iompraíocht taistil sa Limistéar Ceannchathartha agus chun go mbainfear an úsáid is mó as an mbonneagar iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta agus na seirbhísí iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta atá le forbairt faoin Straitéis Iompair.

### 16.6.2 Clár Taistil na Scoileanna Glasa

Is é is Clár na Scoileanna Glasa ann ná príomhchlár bainistíochta comhshaoil agus oideachais comhshaoil na hÉireann do scoileanna. Is é Taisteal an ceathrú modúl den chlár agus, trí raon leathan beart agus ardleibhéal idirchaidrimh theagmhálaigh le pobail scoileanna, tá ag éirí go rímhaith leis an gclár seo an clár oibre taistil inbhuanaithe a chur chun cinn agus úsáid an chairr a laghdú le haghaidh an taistil chun na scoile. Is bunaithe ar dhá thoisc atá rath chlár Taistil na Scoileanna Glasa. Is é atá sa chéad toisc ratha ná go soláthraítear modúl Taistil na Scoileanna Glasa trína mhodheolaíocht éifeachtach '7 gCéim' (atá leagtha amach ar shuíomh Gréasáin na Scoileanna Glasa), a ghníomhaíonn mar threoir do mhúinteoirí agus do dhaltaí.

Is é atá sa dara toisc ratha ná go bhfuil Oifigigh Oideachais sheanchleachta Chlár Taistil na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce ar fáil chun cabhrú le scoileanna ar mian leo iompraíocht taistil a athrú. Tairgeann siad acmhainní, comhairle agus an deis le líonrú le scoileanna eile. Tá an tÚdarás tiomanta don chlár sin a chothabháil agus a leathnú ar bhonn náisiúnta.

**BEART SM7**

**Modúl Taistil na Scoileanna Glasa**

Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag tacú leis An Taisce chun Modúl Taistil na Scoileanna Glasa a oibriú agus a leathnú mar phríomhbheart i gcultúr iompair inbhuanaithe a chothú i leanaí ó aois óg aníos agus in úsáid an chairr sa taisteal chun na scoile a laghdú.

### 16.6.3 Pleanáil Taistil Chónaithe

Is é atá i gceist le cláir um Pleanáil Taistil Chónaithe nó Pleanáil Taistil Phearsanta ná sraith beart a sholáthar do chomharsanacht nó do limistéar forbartha. Tá an aidhm fhoriomlán cosúil le cláir áiteanna oibre, campas nó scoileanna, ach soláthraítear na cláir ar bhonn pearsantaithe ó dhoras go doras. Áirítear leo suirbhéanna a dhéanamh; faisnéis phearsantaithe taistil a sholáthar; ócáidí a óstáil; agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh. Ós rud é go mbaineann siad le daonraí móra agus go dteastaíonn cur chuige atá saincheaptha don duine aonair agus pearsanta uathu, teastaíonn acmhainní suntasacha, lena n-áirítear acmhainní suntasacha pearsanra, ó na cláir sin.

Maidir le mórbhonneagar nua a fhorbairt agus feabhsuithe suntasacha a chur ar sheirbhísí iompair phoiblí mar chuid de chur chun feidhme na Straitéise Iompair, d'fhéadfadh siad deis a chruthú le haghaidh an chineáil sin idirchaidrimh dhírigh le pobail.

### BEART SM8

**Pleanáil Taistil Chónaithe**

Ag obair dó i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus leis na hoibritheoirí iompair, breithneoidh an tÚdarás ról na gclár um Pleanáil Taistil Chónaithe in iompraíocht taistil inbhuanaithe a spreagadh ar fud an Limistéir Cheannchathartha.

### 16.6.4 Dreasachtaí Taistil Inbhuanaithe

Is ann do roinnt beart a tugadh isteach chun iompraíocht taistil inbhuanaithe a dhreasú tríd an gcóras cánach, lena n-áirítear:

- Mótarcháin atá bunaithe ar astaíochtaí;
- An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre; agus
- Ticéad Taxsaver

Ag obair dó i gcomhar leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí eile, déanfaidh an tÚdarás iniúchadh ar thuilleadh beart a d'fhéadfadh a bheith cuí maidir le hiompraíocht taistil inbhuanaithe, agus úsáid an iompair phoiblí agus an rothaíocht go háirithe, a chur chun cinn.

### BEART SM9

**Dreasachtaí Iompair Inbhuanaithe**

Ag obair dó i gcomhar leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí eile, déanfaidh an tÚdarás, thar thréimhse feidhme na straitéise iompair, iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhaineann le tuilleadh dreasachtaí iompair inbhuanaithe a thairiscint chun níos mó daoine a spreagadh chun aistriú chuig an iompar poiblí agus chuig an rothaíocht.

## 16.7 TEICNEOLAÍOCHT AR SON IOMPAR INBHUANAITHE

A bhuí leis an dul chun cinn teicneolaíochta, tá acmhainneacht bhunathraitheach ann freagairt do roinnt de na saincheisteanna atá leagtha amach sa Straitéis seo. Dá réir sin, bainfear leas méadaitheach as an teicneolaíocht thar thréimhse feidhme na Straitéise. Tá roinnt teicneolaíochtaí seanbhunaithe agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn sa tionscal iompair atá ábhartha don Straitéis seo leagtha amach thíos.

### 16.7.1 Soghluaisteacht ar Éileamh

Is é is Soghluaisteacht ar Éileamh ann ná coincheap trína n-úsáidtear an teicneolaíocht chun tacú le comhtháthú agus leis an taisteal ilmhódach. Is ionann í agus aistriú ar shiúl ón spleáchas ar iompar atá faoi úinéireacht phearsanta agus i dtreo samhail trína soláthraítear soghluaisteacht ar éileamh. Is é a bhíonn i gceist le soghluaisteacht ar éileamh de ghnáth ná cuntas aontaithe tairsí/ar líne, rud lena dtugtar rochtain don úsáideoir ar an iompar poiblí, ar fhruiliú rothar, ar chlubanna comhroinnte carranna agus ar thacsaithe gan ach cnaipe a bhrú.

Beidh soghluaisteacht ar éileamh ina huirlis úsáideach freisin maidir le húsáid talún a phleanáil chun tacú le forbairtí atá saor ó charranna nó atá ar bheagán carranna i ngar do mhoil iompair phoiblí agus soláthrófar léi rochtain ar charr nuair is gá, gan aon ghá le ceann a cheannach.

### 16.7.2 Córais Chliste Iompair

Cuirfear le héifeachtúlacht an chórais iompair trí Chórais Chliste Iompair a chur i bhfeidhm ann. Is é atá i gceist le Córais Chliste Iompair ná bainistíocht tráchta a aistriú ó ghníomhaíocht statach neamhfhreagrúil ina gníomhaíocht dhinimiciúil fhreagrúil atá in ann oiriúnú do dhálaí tráchta síorathraitheacha i bhfíor-am. Fágann siad gur féidir freagairt go tapa do dhálaí fíor-ama. Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna is féidir a bhaint as Córais Chliste Iompair:

- Luasteorainneacha Athraitheacha a chur i bhfeidhm;
- Córais dhinimiciúla pháirceála a úsáid;
- Ardchomharthaíocht Bus; agus
- Córais chliste seachadta agus seirbhísithe, amhail bánna seachadta a chur in áirithe roimh ré.

### 16.7.3 Clubanna Comhroinnte Carranna

Bíonn ag méadú ar an líon clubanna comhroinnte carranna in Éirinn, agus club comhroinnte carranna YUKO i mBaile Átha Cliath ag dul i bpáirt le déanaí le club seanbhunaithe GoCar atá ar bun ar fud na tíre. Is féidir le clubanna comhroinnte carranna a bheith ina n-uirlis thábhachtach le haghaidh forbairt

atá saor ó charranna nó atá ar bheagán carranna a éascú i limistéir uirbeacha, agus rochtain á tabhairt do chónaitheoirí ar charr gan an costas leanúnach a bhaineann le carr a choinneáil.

Tá fianaise inchreidte ann lena dtugtar le tuiscint go dtagann laghdú ar úinéireacht cairr phríobháidigh as an bhfáil mhéadaithe ar chlubanna comhroinnte carranna. I suirbhé a sheol Steer Davies Gleave i Londain le déanaí (Carplus, 2016), tugtar le tuiscint gurb é an toradh a bhíonn ar gach feithicil de chuid clubanna comhroinnte carranna ná go mbaintear 10.5 carr príobháideach de bhóithre Londan, de réir mar a fhaigheann úsáideoirí réidh lena gcarr féin. Ina theannta sin, thuairiscigh aon trian de na baill de chlubanna comhroinnte carranna turais fillte go gceannódh siad carr príobháideach mura rachadh siad isteach sa chlub. Fágann sé sin gur iarchuireadh ceannach 22 charr eile a bhuí le gach feithicil de chuid clubanna comhroinnte carranna.

San am i láthair, tá ocht gclub comhroinnte carranna de chuid GoCar ar bun i Lár Cathrach Luimnigh, lena n-áirítear ceann amháin atá lonnaithe ag Stáisiún Cholbaird. Samhlaítear sa Straitéis seo go mbeidh méadú ann sa soláthar clubanna comhroinnte carranna, go háirithe mar chuid de mhoil soghluaisteachta i bhforbairtí cónaithe ard-dlúis nó i limistéir ina bhfuil ard-chomhchruinniú úsáidí fostaíochta nó tráchtála. Ba cheart tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar chlubanna comhroinnte carranna aontreo nó 'aistreacha' amhail DriveNow nó Zipcar Flex a thabhairt isteach.

### 16.7.4 Córais Dhinimiciúla Pháirceála/Córais Fhiorúla Bánna Lódála

Chun tacú le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as an spás cois cosáin, tosaíodh ar theicneolaíocht chliste a thriail i limistéir uirbeacha san Eoraip, lena n-áirítear samhlacha dinimiciúla páirceála ar an tsráid agus córais fhíorúla bánna lódála, agus costais á bhforchúiteamh trí mhuirir a ghearradh ar fheithiclí i leith na seirbhísí sin a úsáid. Is féidir an teicneolaíocht sin a imscrúdú tuilleadh in Éirinn chun coinbhleacht a íoslaghdú idir na héilimh éagsúla ar an spás bóthair teoranta atá ar fáil agus chun trácht cuardaigh agus plódú áitiúil a laghdú. Trí chórais fhíorúla pháirceála a úsáid agus trí bhánna lódála a chur in áirithe roimh ré, is féidir cabhrú le cuideachtaí seachadtaí a dhéanamh in am, agus plódú agus coinbhleacht á laghdú dá bharr sin.

### 16.7.5 Feithiclí Leictreacha

Táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú suntasach ar úsáid feithiclí leictreacha sna blianta atá romhainn. Samhlaítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála, ar aon dul leis an bPlean Gnímh don Aeráid agus leis an bPlean Maolaithe Aeráide, go mbeidh aistriú de réir a chéile ann i dtreo úsáid a bhaint as feithiclí leictreacha agus as córais hibrideacha tarraingthe le haghaidh feithiclí príobháideacha agus flíteanna iompair phoiblí. Samhlaítear sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus i bPlean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus a Phurláin 2012-2018 freisin go dtiocfaidh méadú ar úsáid feithiclí leictreacha ar na bóithre mar gheall ar a gcuid straitéisí taistil níos cliste.

Ní mór bonneagar luchtaithe poiblí a fhorbairt chun tacú leis an méadú ionchasach sin in úsáid feithiclí leictreacha. Soláthraíonn Bord Soláthair an Leictreachais 1,100 ceann de phointí luchtaithe poiblí in Éirinn faoi láthair, agus níos lú ná 15 cinn díobh lonnaithe sa Limistéar Ceannchathartha. Samhlaítear sa Straitéis seo go mbeidh méadú ann sa líon pointí luchtaithe feithiclí leictreacha ar fud an Limistéir Cheannchathartha. Áireofar leo sin saoráidí mall-luchtaithe, meánluchtaithe agus mearluchtaithe, a chuirfear go príomha in áit spásanna páirceála atá ann cheana.

Níl feithiclí leictreacha ina réiteach uileghabhálach, áfach, le haghaidh plódú a mhaolú nó le haghaidh spás stórála carranna príobháideacha a ath-leithdháileadh don iompar inbhuanaithe agus don bhithéagsúlacht. Ba cheart an díriú a leagan ar dtús ar fheithiclí astaíochtaí ísle a úsáid do thurais 'riachtanacha' amhail iompar poiblí, flíteanna údaráis phoiblí, fruilfheithiclí príobháideacha, seachadadh agus seirbhísiú, agus bailiú dramhaíola.

### 16.7.6 Feithiclí Uathrialaitheacha

D'fhéadfaí feithiclí uathrialaitheacha, nó carranna gan tiománaí, a úsáid chun feabhas a chur ar shábháilteacht, áit a mbeadh carranna ríomhchláraithe chun cloí le rialacháin tráchta agus le luasteorainneacha agus a mbeadh geofhálú suiteáilte iontu chun cosc a chur orthu dul isteach i spásanna áirithe. D'fhéadfadh úsáid carranna gan tiománaí spás cois cosáin a fhuascailt toisc nach mbeadh gá ann a thuilleadh le páirceáil cónaithe agus fadfhanachta ar an tsráid. Ní fhéachtar ar fheithiclí uathrialaitheacha mar rogha eile ar an siúl, ar an rothaíocht ná ar an iompar poiblí, áfach. Tá roinnt saincheisteanna reachtacha, dlíthiúla agus teicniúla fós le réiteach i ndáil le feithiclí uathrialaitheacha agus i ndáil leis an tionchar atá acu ar an taisteal gníomhach agus ar an iompar poiblí.

### BEART SM10

**Teicneolaíocht ar son Iompar Inbhuanaithe**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Imscrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann córais Soghluaisteachta ar Éileamh a úsáid chun iompar inbhuanaithe a éascú;
- Iniúchadh a dhéanamh ar an argóint ar son na nuálaíochta agus ar son an líon clubanna comhroinnte carranna a mhéadú chun laghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann le húinéireacht cairr phríobháidigh;
- Imscrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé córais dhinimiciúla pháirceála agus lódála a úsáid;
- Cabhrú leis an aistriú i dtreo úsáid Feithiclí Leictreacha agus feithiclí eile astaíochtaí ísle; agus
- Faireachán a dhéanamh ar éabhlóid Feithiclí Uathrialaitheacha agus measúnacht a dhéanamh ar bhuntáistí (agus míbhuntáistí) an tionchair is dóigh a bheith acu ar an spás sráide agus ar an soláthar iompair phoiblí, ar cheanglais reachtaíochta agus ar a inmhianaithe atá sé tosaíocht a thabhairt don Taisteal Gníomhach.

Cé nach dtagann siad faoi raon feidhme na Straitéise seo, beidh ar an Údarás agus ar na hÚdaráis Áitiúla araon measúnacht agus faireachán a dhéanamh ar na buntáistí (agus na míbhuntáistí) ar dóigh dóibh teacht as úsáid chomhroinnte feithiclí uathrialaitheacha thar thréimhse feidhme na Straitéise agus reachtaíocht a rith ina leith. Sa mheasúnacht sin, beidh gá ann lena mheas cé chomh hábhartha agus atá úsáid feithiclí uathrialaitheacha do na cuspóirí uileghabhálacha atá ann taisteal níos gníomhaí, iompar cothromasach agus fostaíocht a chur chun cinn agus plódú, truailliú agus tranglam sráide a laghdú.

## 16.8 BEAGFHEITHICLÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

Soláthraíonn tacsaithe seirbhís thábhachtach iompair lena dtairgtear turais ó dhoras go doras, agus is féidir leo córas iompair phoiblí a fhorlíonadh. Tairgeann tacsaithe an cumas chun turais aonuaire a chur i gcrích a bhféadfadh sé doiligh soláthar a dhéanamh go héifeachtúil dóibh trí mhodhanna eile. Sa Straitéis seo, moltar go ndéanfaí an méid seo a leanas i leith beagfheithiclí seirbhíse poiblí:

- Dea-chleachtas a chur chun feidhme i mbainistíocht éifeachtúil limistéar cois cosáin, amhail dé-úsáid bánna seachadta agus stadanna tacsaithe, trí shrianta ama a chur i bhfeidhm chun tacú leis an ngeilleagar lae agus leis an ngeilleagar oíche araon. Tá ábharthacht ar leith ag baint leis sin mar gheall ar an úsáid mhéadaithe a bhíonn á baint as aipeanna fóin chliste;
- Tosaíocht a thabhairt do thacsaithe a thiontú ina bhfeithiclí astaíochtaí ísle;
- A chinntiú go mbeidh gach tacsaí lánoiriúnach do chathaoir rothaí;
- Feabhas a chur ar chomhtháthú beagfheithiclí seirbhíse poiblí isteach sa mhórghréasán iompair phoiblí trí dheiseanna cómhalartaithe agus faisnéis níos fearr a sholáthar; agus
- Soláthar seirbhísí áitiúla fruilchairr a spreagadh i limistéir nach mbíonn fáil ar ghnáthsheirbhísí tacsaí iontu de ghnáth.

### BEART SM11

**Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí**

Tá sé mar rún ag an Údarás, ag na húdaráis áitiúla agus ag geallsealbhóirí eile an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Imscrúdú a dhéanamh ar an úsáid mhéadaitheach a bhíonn á baint as teicneolaíocht fóin chliste chun breithniú a dhéanamh ar an ngá atá ann le buanstadanna tacsaithe;
- Tosaíocht a thabhairt d'fheithiclí seirbhíse poiblí a thiontú ina bhfeithiclí astaíochtaí ísle nó ina bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha;
- Comhtháthú níos fearr a sholáthar leis an ngréasán iompair phoiblí; agus
- A chinntiú go mbeidh feithiclí nua seirbhíse poiblí lán-inrochtana.

## 16.9 COMHTHÁTHÚ

Ceann de na spriocanna atá ag an Straitéis seo is ea córas comhtháite iompair a sholáthar, áit ar féidir le daoine agus le hearraí gluaiseacht chomh héifeachtúil agus chomh réidh agus is féidir ar fud an Limistéir Cheannchathartha ar fud gach seirbhíse agus modha iompair. Teastaíonn gréasán lán-chomhtháite chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Rogha eile iontaofa tharraingteach ó cheann go ceann a sholáthar ar an gcarr príobháideach;
- Éascaíocht agus éifeachtúlacht a uasmhéadú d'úsáideoirí maidir le ham, costas, sábháilteacht, inrochtaineacht agus áisiúlacht taistil;
- Taisteal ilmhódach a spreagadh; agus
- Ceantar an ghréasáin iompair inbhuanaithe a uasmhéadú.

Teastaíonn ó chóras iompair atá comhtháite go rathúil go nglacfaí cur chuige ilghnéitheach agus braitheann sé ar mheascán de bhearta 'crua' agus de bhearta 'boga' araon. Tacaíonn trí cholún le gréasán iompair an Limistéir Cheannchathartha a chomhtháthú, is iad sin:

- **Pleanáil Chomhtháite Úsáide Talún agus Iompair:** Áirítear leis seo cur chun cinn a dhéanamh ar chomhdhlúthú úsáide talún, ar dhlúthfhás agus ar fhorbairt atá dírithe ar an iompar poiblí, agus iad suite timpeall pointí cómhalartaithe ar ardchaighdeán chun achair agus agaí feithimh a íoslaghdú idir seirbhísí agus chun aistriú réidh a éascú idir modhanna.
- **Comhtháthú Oibríochtúil agus Teicneolaíochta:** Is é atá i gceist leis seo ná amchláir seirbhísí agus struchtúir táillí a chomhordú. Mar atá molta thuas, beidh ról ríthábhachtach ag an teicneolaíocht chliste maidir leis an Straitéis seo trí úsáid Córas Cliste Iompair agus córas Soghluaisteachta ar Éileamh a imscrúdú.
- **Rialachas Comhtháite:** Baineann an colún seo leis an ngá atá ann le struchtúr aontaithe rialachais trínar féidir an Straitéis seo a chomhlíonadh ar shlí chomhordaithe chomhtháite. Áirítear leis an struchtúr sin an dá Údarás Áitiúla, an tÚdarás, Bonneagar Iompair Éireann, Tionól Réigiúnach an Deiscirt, Iarnród Éireann, Bus Éireann agus geallsealbhóirí eile.

Sna rannáin thuas den Chaibidil seo, leagtar amach raon leathan beart a chomhlánóidh an mhórinfheistíocht bonneagair atá le soláthar faoin Straitéis seo. Tugtar sa rannán seo a leanas forbhreathnú ar na príomhghnéithe den Straitéis seo lena rannchuideofar le gréasán iompair an Limistéir Cheannchathartha a chomhtháthú go rathúil.

### 16.9.1 Pleanáil Chomhtháite Úsáide Talún

Is gá úsáid talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú lena chéile chun réigiún inbhuanaithe cathrach a chruthú. Is é an toradh is féidir a bheith ar phatrúin lonnaíochta agus úsáide talún a ailíniú le straitéis chomhtháite iompair ná deiseanna a chruthú le haghaidh spleáchas ar an gcarr a laghdú agus le haghaidh aistriú modha a éascú i dtreo modhanna inbhuanaithe.

Sa Chaibidil dar teideal 'Úsáid Talún, Athghiniúint agus Scoileanna', leagtar amach roinnt cuspóirí a chuireann comhdhlúthú úsáide talún agus forbairt atá dírithe ar an iompar poiblí chun cinn, ar aon dul leis an gCuspóir Straitéiseach atá ag an gCreat Náisiúnta Pleanála Dlúthfhás a bhaint amach. Rannchuideoidh sé sin le dlúthlorg coise uirbeach a chruthú, rud a laghdóidh an gá foriomlán atá ann le taisteal, an t-achar a thaistealaítear agus an méid ama a chaitear ag taisteal agus a fhágfaidh go mbeidh tuilleadh daoine i gcóngar do sheirbhísí iompair phoiblí.

Beidh gá ann le forbairt amach anseo a dhíriú feadh na gcroíchonairí, áit ar féidir le modhanna iompair inbhuanaithe freastal go maith uirthi. Beidh ról ríthábhachtach ag cur chuige comhordaithe i leith bainistíocht éilimh, soláthar páirceála agus prionsabail deartha amhail tréscaoilteacht maidir leis an siúl, leis an rothaíocht agus le húsáid an iompair phoiblí a chur chun cinn freisin.

Tá tuilleadh cuspóirí le haghaidh pleanáil úsáide talún curtha i láthair sa Chaibidil dar teideal 'Úsáid Talún, Athghiniúint agus Scoileanna'.

### 16.9.2 Cómhalartú

Is gá cómhalartú ar ardchaighdeán a bheith ann idir modhanna agus seirbhísí chun go n-éireoidh leis an Straitéis, agus is féidir leis an gcómhalartú tionchar mór a imirt ar na roghanna taistil a dhéanann daoine. A bhuí le cómhalartú éifeachtach, beifear in ann cumhdach an iompair phoiblí a leathnú, rud a chuirfidh feabhas ar inrochtaineacht agus nascacht ar fud an Limistéir Cheannchathartha agus a éascóidh turais ilmhódacha.

A bhuí leis an nascacht níos fearr agus leis na deiseanna cómhalartaithe níos fearr idir Lár Cathrach Luimnigh, Baile Shionainne agus príomhchinn scríbe agus lonnaíochtaí eile laistigh den Limistéar Ceannchathartha agus an mór-réigiún, neartófar an gaol feidhmiúil idir na limistéir sin. I gcás an Limistéir Cheannchathartha, beidh tábhacht ar leith ag baint leis an gcómhalartú idir seirbhísí bus.

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhghnéithe de chómhalartú ar ardchaighdeán:

- Leanúnachas brandála agus stíle le haghaidh inléiteacht agus sainaithint cómhalartaithe;
- Faisnéis shoiléir inléite, lena n-áirítear amchláir le haghaidh láithreacha agus seirbhísí;
- Comharthaíocht aimsiú bealaigh chun úsáideoirí a threorú chuig seirbhísí eile nó chuig cinn scríbe in aice láimhe;
- Achair íoslaghdaithe idir seirbhísí nasctha; agus
- Saoráidí breise amhail láithreacha scíthe, leithris phoiblí agus spásanna páirceála rothar ag príomhphointí cómhalartaithe.

Le linn thréimhse na Straitéise, déanfar soláthar do phointí cómhalartaithe agus BusConnects á fhorbairt. Díobh sin, beidh Stáisiún Cholbaird ina mhol mór-chómhalartaithe i gCathair Luimnigh, mar aon leis na Moil Réigiúnacha Iompair eile – Inis, an tAonach agus Tiobraid Árann san áireamh – de réir Chuspóir SM2.

Tá sé beartaithe saoráidí Páirceála agus Taistil a chruthú i moil mhór-chómhalartaithe atá suite ar imeall Chathair Luimnigh agus a Bruachbhailte freisin. Comhtháthófar na saoráidí Páirceála agus Taistil sin leis na gréasáin iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta, agus iad ina modh éifeachtach trínar féidir inrochtaineacht an ghréasáin iompair inbhuanaithe a leathnú chuig daoine nach mbeadh rochtain acu ar an ngréasán ar shlí eile. Tá sé sin ábhartha go háirithe do dhaoine a thaistealaíonn isteach sa Chathair ó limistéir thuaithe nó ó limistéir ísealdlúis, áit nach bhfuil sé indéanta seirbhísí ardmhinicíochta iompair phoiblí a sholáthar.
Tá tuilleadh tograí agus cuspóirí mionsonraithe maidir le saoráidí Páirceála agus Taistil agus maidir leis an bPáirceáil leagtha amach sa Chaibidil dar teideal 'Bóithre agus Páirceáil' den Straitéis seo.

## BEART SM12

**Cómhalartú**

Tá sé mar rún ag an Údarás, ag na húdaráis áitiúla agus ag geallsealbhóirí ábhartha eile an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Pointí cómhalartaithe ar ardchaighdeán a sholáthar ar fud an Limistéir Cheannchathartha chun aistriú réidh a éascú idir modhanna agus seirbhísí difriúla.

### 16.9.3 Faisnéis

Ceann de na gnéithe is tábhachtaí de chóras iompair atá comhtháite go rathúil is ea faisnéis inrochtana inléite a chur ar fáil go forleathan, lena n-áirítear amchláir seirbhísí, Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí, léarscáileanna bealaigh agus comharthaíocht aimsiú bealaigh ag láithreacha straitéiseacha. Le faisnéis den sórt sin, cumasaítear do dhaoine a mbealach a dhéanamh tríd an ngréasán iompair agus gluaiseacht go héasca idir modhanna difriúla. Beidh tábhacht ar leith ag baint leis sin de réir mar a chuirtear na tograí de chuid na Straitéise seo i bhfeidhm.

Soláthraítear faisnéis fíor-ama ó Bhus Éireann, ó Iarnród Éireann, ó Go-Ahead Ireland agus ó chuideachtaí eile ar shuíomh Gréasáin agus aip fón póca Iompar d'Éirinn (TfI), ar faisnéis í lena gcumasaítear d'úsáideoirí a dturas a phleanáil go héifeachtúil.

De ghnáth, is é a bhíonn i gceist le córais Soghluaisteachta ar Éileamh, mar atá leagtha amach faoi Chuspóir SM5, ná cuntas ar líne lena gcumasaítear d'úsáideoirí faisnéis a rochtain faoi sheirbhísí iompair phoiblí, faoi bhealaí rothaíochta, faoi scéimeanna comhroinnte carranna, faoi scéimeanna comhroinnte rothar, faoi sheirbhísí tacsaithe agus faoi sheirbhísí eile atá ar fáil in aice láimhe. I bhformhór na gcásanna, is féidir leis an úsáideoir seirbhísí den sórt sin a phleanáil agus a chur in áirithe agus íoc astu trí na córais sin. Ar an tslí sin, is féidir le córais Soghluaisteachta ar Éileamh bunathrú a dhéanamh ar eispéireas an úsáideora ar an ngréasán comhtháite iompair tríd an bhfaisnéis riachtanach ar fad a sholáthar ar dheis an úsáideora. Imscrúdófar an acmhainneacht atá ann córais Soghluaisteachta ar Éileamh a úsáid sa Limistéar Ceannchathartha de réir mar a bhaintear leas méadaitheach as an teicneolaíocht sin le linn thréimhse feidhme na Straitéise seo.

## BEART SM13

**Faisnéis**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Faisnéis shoiléir inléite a sholáthar faoin ngréasán iompair, lena n-áirítear amchláir, faisnéis fíor-ama do phaisinéirí, agus láithreacha cómhalartaithe aimsiú bealaigh; agus
- Imscrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann córais Soghluaisteachta ar Éileamh a úsáid chun iompar inbhuanaithe a éascú.

### 16.9.4 Ticéadú Cliste

Tairgtear leis an ticéadú comhtháite agus leis an teicneolaíocht cárta chliste slí áisiúil inar féidir táillí iompair phoiblí a íoc agus comhtháthú go réidh le modhanna difriúla ar fud an ghréasáin.

## BEART SM14

**Ticéadú Cliste**

Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An córas ticéadaithe a uasghrádú agus a chomhtháthú ar fud an chórais iompair phoiblí i gcomhthráth le BusConnects Luimnigh; agus
- Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann cárta Leap a chomhtháthú le modhanna eile iompair amhail Rothair Luimnigh agus Clubanna Comhroinnte Carranna.

#### 16.9.5 Táillí Iompair Phoiblí

Is é an mórphrionsabal le haghaidh táillí iompair phoiblí ná gur cheart don chóras:

- Bheith éasca le húsáid agus le tuiscint;
- Bheith deartha chun dreasachtaí praghais a sholáthar le haghaidh úsáid mhinic;
- Bheith comhtháite go réigiúnach leis an oiread modhanna iompair agus is féidir; agus
- Bheith ar fáil ar phraghas réasúnach chun an t-iompar poiblí a dhéanamh ina rogha eile tharraingteach ar an gcarr príobháideach.

Tá struchtúr táillí criosbhunaithe ar fáil ar sheirbhísí iompair phoiblí Bhus Éireann i gCathair Luimnigh agus a Bruachbhailte faoi láthair.

Leanfaidh an tÚdarás le hathruithe a chur chun feidhme ar tháillí iompair phoiblí thar thréimhse feidhme na Straitéise seo. Déanfar athbhreithniú ar an struchtúr táillí chun a chinntiú go dtacófar le gréasáin na Straitéise seo ar shlí a spreagfaidh úsáid mhéadaithe an iompair phoiblí agus a ndéanfaidh soláthar d'aisghabháil chuí costais. Tá sé beartaithe struchtúr táillí níos simplithe a chur i bhfeidhm, amhail córas táillí comhréidhe nó táillí criosbhunaithe, rud lena n-éascófar roinnt turas a thógáil ar mhodhanna difriúla gan ach táille aonair a íoc.

Is iad seo a leanas na struchtúir táillí a d'fhéadfaí a bhreithniú le linn thréimhse feidhme na Straitéise seo:

- Struchtúr Táillí Síntiúsbhunaithe, rud lena dtugtar luach saothair d'úsáideoirí minice trí phas a thabhairt dóibh le haghaidh líon neamhtheoranta turas, criosanna agus modhanna ar feadh thréimhse an tsíntiúis. Mar shampla, soláthraítear le Citymapper Pass, i gcomhar le haip soghluaisteachta ilmhódaí, seirbhís shíntiúsbhunaithe do gach cónaitheoir i Londain. Agus é á reáchtáil ag an earnáil phríobháideach, is féidir an cárta gan tadhall a úsáid ar fud na seirbhísí difriúla iompair de chuid TfL agus de chuid oibritheoirí áitiúla eile laistigh de chrios Oyster i Londain.
- Struchtúr Táillí Ilmhódacha, rud a chuirtear i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath faoi láthair trí lascaine Leap90. Maidir le húsáideoirí iompair a úsáideann níos mó ná modh amháin laistigh de 90 nóiméad ón gcéad uair a thadhlaíonn siad ar aon mhodh, faigheann siad lascaine uathoibríoch ar na céimeanna turais ina dhiaidh sin. Is féidir cárta Luas a úsáid i mBaile Átha Cliath freisin chun GoCars agus BSS a rochtain.

> **BEART SM15**
>
> **Táillí Iompair Phoiblí**
>
> Tá sé mar rún ag an Údarás agus ag na húdaráis áitiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:
>
> - An struchtúr táillí iompair phoiblí a athbhreithniú i gcomhthráth le cur chun feidhme BusConnects Luimnigh.

## 16.10 COMHIONANNAS SAN IOMPAR

#### 16.10.1 Réamhrá

Ní earra poiblí is féidir le gach duine den tsochaí a rochtain ar shlí chothrom é an t-iompar. Is ann do roinnt foras ar ar féidir le daoine idirdhealú agus neamhionannas a eispéiriú san iompar, go háirithe ar fhoras míchumas, ar fhoras inscne agus ar fhoras aoise. Ceanglaítear ar ghníomhaireachtaí iompair agus ar oibritheoirí iompair leis an reachtaíocht bonneagar iompair agus seirbhísí iompair a dhearadh agus a oibriú ar shlí nach mbeidh mar chúis le hidirdhealú den sórt sin.

I gcás inscne, mar shampla, is ann d'ábhair imní shonracha faoin rochtain ar iompar poiblí do mhná agus do chailíní, go mall san oíche go háirithe, agus is saincheist ollmhór freisin atá i sábháilteacht agus slándáil an tsiúil agus na rothaíochta do mhná agus do chailíní. Tugann an tÚdarás aghaidh ar roinnt de na nithe sin trínár gcláir um athrú iompraíochta (rannán 9.9) agus trí chláir eile ach tabhairt faoi dhearadh mionsonraithe scéimeanna siúil agus rothaíochta.

De bhreis ar na gnéithe sin, cuspóir eile is ea a chinntiú go bhfáilteoidh an córas iompair roimh gach úsáideoir féideartha gan aon idirdhealú. Cé go bhfuil gné atá sonrach don iompar i gceist le gach ceann de na saincheisteanna sin, ní féidir leis an iompar iad uile a réiteach ina aonar. Is é atá san idirdhealú agus an choireacht in aghaidh daoine ná mórfhadhbanna sóisialta nach féidir tabhairt fúthu ach amháin ar an leibhéal sin. Mar sin féin, bíonn ról mór le himirt acu sin atá freagrach as bonneagar iompair agus seirbhísí iompair a sholáthar.

> **BEART SM16**
>
> **Comhionannas san Iompar**
>
> Ag obair dó i gcomhar leis na hoibritheoirí iompair, le húdaráis áitiúla, le Bonneagar Iompair Éireann, leis an nGarda Síochána agus le geallsealbhóirí eile, déanfaidh an tÚdarás dianiarracht a chinntiú go ndéanfar an córas iompair sa Limistéar Ceannchathartha a dhearadh, a oibriú agus a bhainistiú ar shlí a bhféachann le deireadh a chur le hidirdhealú.

#### 16.10.2 Feachtais Ionchuimsitheachta

Tá sé mar aidhm leis an gcóras iompair phoiblí a bheith ina chóras iontaofa inrochtana agus ina chóras a bhfuil muinín ag daoine as taisteal

air agus a measann siad go bhfuil siad sábháilte taisteal air. Leanfar le feachtais a sheoladh ar gach modh iompair phoiblí chun a chur i gcuimhne do dhaoine gur cheart dóibh múinteacht agus béasaíocht a thaispeáint do dhaoine eile de réir mar a thaistealaímid le chéile. Maidir le feachtais frithchiníochais; leis an gCárta JAM (cárta lena gcumasaítear do dhaoine a bhfuil deacracht foghlama acu, a bhfuil uathachas orthu nó a bhfuil bac cumarsáide orthu a chur in iúl do dhaoine eile ar shlí dhiscréideach éasca nach dteastaíonn ach pas beag ama bhreise uathu); le feachtais LADTI+; agus le feachtais um Meas ar bhaill foirne, leanfar le béim a leagan orthu ar an gcóras iompair phoiblí.

## BEART SM17

**Feachtais Ionchuimsitheachta**

Ag obair dó i gcomhar leis na hoibritheoirí iompair, leanfaidh an tÚdarás le feachtais ionchuimsitheachta a chur chun feidhme ar fud ghréasán iompair phoiblí an Limistéir Cheannchathartha.

### 16.10.3 Measúnachtaí Tionchair Comhionannais

Tá gá ann lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an Straitéis Iompair caighdeáin an chomhionannais ar fud na naoi bhforas faoina bhféadfadh daoine neamhionannas a eispéiriú, atá mar a leanas:

- Inscne;
- Stádas pósta;
- Stádas teaghlaigh;
- Aois;
- Míchumas;
- Gnéaschlaonadh;
- Reiligiún;
- Cine; agus
- Bheith mar dhuine den Lucht Siúil.

Cé go bhféachann a lán beart iompair laistigh den Straitéis Iompair le haghaidh a thabhairt ar an neamhionannas trí fheabhas a chur ar an rochtain ar an gcóras iompair do gach duine, beag beann ar aois agus ar chumas, agus cé go bhféadfaí an córas é féin a mheas a bheith neodrach, tríd is tríd, faoi roinnt de na ceannteidil sin, rinneadh Measúnacht Tionchair Comhionannais don straitéis seo atá mar bhonn eolais faoi na tograí agus faoin bhfaireachán, agus moltar tuilleadh measúnachtaí a dhéanamh ar leibhéal an tionscadail ar a lán mórthionscadal le linn an straitéis a chur chun feidhme, de réir mar is cuí.

## BEART SM18

**Measúnachtaí Tionchair Comhionannais**

Ag obair dó i gcomhar le gníomhaireachtaí iompair agus le húdaráis áitiúla, cinnteoidh an tÚdarás go ndéanfar measúnacht tionchair comhionannais ar thionscadail agus scéimeanna a eascraíonn as an Straitéis Iompair, de réir mar is cuí.

### 16.10.4 Iompar go Mall san Oíche

Bunriachtanas d'aon chathair nua-aimseartha is ea roghanna iompair san oíche a sholáthar. Teastaíonn iompar go mall san oíche go mór chun freastal ar na riachtanais taistil a bhíonn ag comaitéirí a thaistealaíonn go mall san oíche/go luath ar maidin, chun freastal ar gheilleagar oíche Chathair Luimnigh, na mór-lárionad fo-uirbeach agus na mbailte réigiúnacha, agus chun rogha iontaofa eile iompair ar an gcarr príobháideach a sholáthar. Le blianta beaga anuas, tá an tÚdarás ag tosú ar sheirbhísí bus 24 huaire an chloig a thabhairt isteach i mBaile Átha Cliath agus tá sé tiomanta don ghnáth-thairiscint iompair phoiblí a leathnú amach as na buaic-amanna traidisiúnta agus thar na sceidil thraidisiúnta, faoi réir an cistiú riachtanach a bheith á sholáthar in áiteanna eile sa tír.

Is toisc thábhachtach eile í sábháilteacht na ndaoine a bhíonn ag siúl agus ag rothaíocht san oíche agus beidh sé riachtanach í a bhreithniú ar shlí níos cúramaí le linn scéimeanna iompair agus seirbhísí iompair a dhearadh.

## BEART SM19

**Iompar go Mall san Oíche**

Chun freastal orthu sin a thaistealaíonn chun na hoibre lasmuigh de bhuaic-amanna na maidine agus an tráthnóna; chun tacú le geilleagar oíche Chathair Luimnigh agus an Limistéir Cheannchathartha go ginearálta; agus chun rochtain ar an iompar poiblí a mhéadú go ginearálta ag na hamanna uile chun gach críche turais, fiosróidh an tÚdarás an acmhainneacht a bhaineann le raon seirbhísí iompair phoiblí a oibriú ar bhonn 24 huaire an chloig, de réir mar is cuí.

## BEART SM20

**Taisteal san Oíche**

Oibreoidh an tÚdarás i gcomhar le hoibritheoirí iompair, le húdaráis áitiúla agus leis an nGarda Síochána chun slándáil agus braistintí slándála a fheabhsú do dhaoine a úsáideann iompar poiblí agus a thaistealaíonn de shiúl na gcos agus de rothar san oíche trí fheabhas a chur ar an soilsiú ag stadanna agus stáisiúin iompair phoiblí agus feadh pointí rochtana chuig stadanna agus amach astu; trí chabhrú le húdaráis áitiúla faireachas éighníomhach agus soilsiú ardchaighdeáin a dhearadh feadh bealaí coisithe; agus trí iompraíocht fhrithshóisialta a laghdú timpeall stadanna agus stáisiún.

### 16.10.5 Bonneagar Inrochtana

Is ann do lear stáisiún bus agus iarnróid ar an ngréasán ar ina leith nár tugadh aird ar dhearadh uilíoch nuair a tógadh iad ar dtús mórán blianta ó shin. Chun go mbeidh gach duine in ann an t-iompar poiblí a úsáid, is gá nach gcuirfidh an bonneagar bac ar dhaoine na seirbhísí a rochtain. Rinneadh obair shuntasach cheana féin ar stáisiúin traenach agus bus a iarfheistiú chun inrochtaineacht bhreisithe a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas. Mar sin féin, tá tuilleadh oibre ag teastáil fós chun a chinntiú go mbeidh na stáisiúin uile lán-inrochtana.

Is ann do mhórán ardaitheoirí i stáisiúin traenach atá ann cheana. Is bunriachtanas iad do roinnt paisinéirí chun go mbeidh siad ábalta ardán nó foirgneamh stáisiúin a rochtain. Maidir le hardaitheoirí a chliseann nó atá as seirbhís ar feadh tréimhsí fada ama, is féidir leo a fhágáil go gcaillfidh custaiméirí muinín as a n-ábaltacht an stáisiún atá i gceist a rochtain agus d'fhéadfadh go gcuirfí bac orthu an t-iompar poiblí a úsáid in aon chor dá mbarr. Tá cistiú suntasach á sholáthar chun seanardaitheoirí a athsholáthar agus/nó a athchóiriú chun a chinntiú go mbeidh siad in ordú maith oibre dá bpaisinéirí. Tá fisfhaireachas ar na hardaitheoirí á suiteáil chun an fhéidearthacht go dtiocfadh clistí chun cinn sa todhchaí de dheasca loitiméireachta a laghdú.

I roinnt láithreacha, measadh é a bheith níos cuí rampaí a sholáthar mar rogha eile ar ardaitheoirí toisc nach dteastaíonn aon chothabháil uathu. Dá ainneoin sin, is amhlaidh a sholáthraíonn siad bealach níos neamhdhírí chuig ardán an stáisiúin d'úsáideoirí cathaoir rothaí agus dóibh sin a bhfuil bugaí acu. Scrúdófar rampaí a úsáid ar bhonn cáis. Is iad busanna ísealurláir a fhreastalaíonn ar fhormhór na stadanna bus sa Limistéar Ceannchathartha. Is busanna iad sin atá inrochtana d'úsáideoirí cathaoir rothaí a théann ar bhord an bhus trí rampa cathaoir rothaí. Maidir le bealaí cóiste, a oibríonn ar luas níos airde agus nach gceadaítear do phaisinéirí a bheith ina seasamh orthu, baintear úsáid as ardaitheoirí cathaoir rothaí ar roinnt feithiclí. Teastaíonn ó ardaitheoirí cathaoir rothaí i bhfad níos mó spáis ar leibhéal an chosáin chun go mbeidh an t-ardaitheoir cathaoir rothaí in ann oibriú.

Tá clár iarfheistithe ar bun chun stadanna oiriúnacha a chruthú ag ar féidir ardaitheoirí cathaoir rothaí ar chóistí a oibriú, agus leanfar leis mar chuid den Straitéis seo. De bhreis air sin, d'infheistigh an tÚdarás i bhfeithiclí nuafhorbartha cóiste ísealurláir, ar feithiclí iad lena gcumasaítear rochtain níos áisiúla trí rampa cathaoir rothaí ó ghnáthstadanna bus.

> **BEART SM21**
>
> **Bonneagar Inrochtana**
>
> Le linn thréimhse feidhme na Straitéise seo, cinnteoidh an tÚdarás go mbeidh an bonneagar iompair phoiblí agus na saoráidí iompair phoiblí sa Limistéar Ceannchathartha inrochtana do gach úsáideoir agus go gcuirfear acmhainní breise ar fáil le haghaidh ardaitheoirí a chothabháil agus a dheisiú.

### 16.10.6 Faisnéis Inrochtana Iontaofa

Aithníonn an tÚdarás gur gá do phaisinéirí bheith in ann a dturas a phleanáil agus faisnéis iontaofa a fháil ar shlí réidh inrochtana. Bíonn suíomh Gréasáin TFI á nuashonrú go seasta chun nach gá do chustaiméirí dul ach chuig an aon áit amháin chun faisnéis a fháil faoi na modhanna iompair uile. Le hAip an Phleanálaí Turais Náisiúnta, cuirtear ar chumas daoine faisnéis faoina dturais a rochtain i bhfíor-am chun cabhrú leo cinneadh eolach a dhéanamh.

I láthair na huaire, is é atá sna cuaillí bus ná éagsúlacht cuaillí dearga, liatha agus buí ag stadanna bus. Déanann oibritheoirí difriúla, lena n-áirítear oibritheoirí tráchtála, iad a chothabháil. Is é an toradh a bheidh ar chuaille stad bus de stíl aonair a shuiteáil ag na stadanna bus uile in Éirinn ná go mbeifear in ann limistéar an stad bus a ghlanadh amach. Tabharfar faisnéis cothrom le dáta faoi na seirbhísí a stopann sa láthair ar phláta cinn buí/glas agus ar thimpeallán buí ar an gcuaille bus (lena soláthrófar tuilleadh infheictheachta do dhaoine lagamhairc). Beidh paisinéir in ann cód QR a úsáid chun nascadh go díreach chuig Aip an Phleanálaí Turais ar mhaithe le faisnéis fíor-ama a fháil faoi na seirbhísí a stopann ag an stad ar leith sin.

> **BEART SM22**
>
> **Faisnéis Taistil**
>
> Cinnteoidh an tÚdarás gur caighdeánaithe, cothrom le dáta agus inrochtana do gach duine a bheidh an fhaisnéis iompair phoiblí ar shuíomhanna Gréasáin, ar aipeanna, ar an tsráid, ag láithreacha tábhachtacha agus laistigh d'fheithiclí – bíodh an fhaisnéis i bhformáid dhigiteach nó i gcló.

### 16.10.7 An Scéim Cúnaimh Taistil

Is féidir gur rud scanrúil in amanna do lear daoine faoi mhíchumas é úsáid a bhaint as an gCóras Iompair Phoiblí. Leis an Scéim Cúnaimh Taistil, rud a gcistíonn an tÚdarás é, soláthraítear seirbhís ina mbuailtear le daoine aonair chun a thaispeáint dóibh conas taisteal óna dteach chuig a gceann scríbe roghnaithe go dtí go mbeidh muinín ag an duine as déanamh amhlaidh ina aonar/

haonar. Cumhdaítear léi sin na seirbhísí iompair phoiblí uile a soláthraíonn an Stát iad sa Limistéar Ceannchathartha.

### BEART SM23

**An Scéim Cúnaimh Taistil**

Ag obair dó i gcomhar leis na hoibritheoirí iompair, déanfaidh an tÚdarás an Scéim Cúnaimh Taistil a chothabháil agus a leathnú, agus acmhainní a bheith á méadú chun aghaidh a thabhairt ar na hathruithe ar phatrúin seirbhíse a eascróidh as infheistíocht in BusConnects agus sa chlár 'Éire a Nascadh'.

## 16.11 GRÚPA COMHAIRLEACH ÚSÁIDEOIRÍ IOMPAIR

Bhunaigh an tÚdarás Grúpa Comhairleach Úsáideoirí Iompair. Tá an Grúpa comhdhéanta de dhaoine a úsáideann an t-iompar poiblí go rialta agus a idirghníomhaíonn leis na modhanna éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí traenach, tram, bus agus tacsaí, mar aon le rothaithe agus le coisithe. Áirítear leis sin freisin triúr ó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do leasanna daoine faoi mhíchumas. Táthar ag súil go n-éascóidh obair an ghrúpa seo teagmháil dhíreach agus aiseolas ar shlí chórasach, rud a chruthóidh eispéireas níos fearr do chustaiméirí agus d'úsáideoirí sa chóras iompair.

### BEART SM24

**Grúpa Comhairleach Úsáideoirí Iompair**

Déanfaidh an tÚdarás an caidreamh díreach idir an córas iompair agus an pobal agus geallsealbhóirí a chothú agus a bhreisiú tríd an nGrúpa Comhairleach Úsáideoirí Iompair chun feabhsuithe ar na gréasáin agus na seirbhísí a sholáthar agus a chothabháil.

## 16.12 FORFHEIDHMIÚ NA NDLÍTHE UM THRÁCHT AR BHÓITHRE

Infheisteoidh an tÚdarás agus údaráis áitiúla suimeanna suntasacha airgid phoiblí i scéimeanna iompair amhail lánaí rothar, lánaí bus agus línte iarnróid a sholáthar. Maidir leis an leibhéal seirbhíse a sholáthraítear leis an infheistíocht sin, bíonn sé ag brath ar na dlíthe um thrácht ar bhóithre a bheith á gcomhlíonadh sa chuid is mó de chásanna, agus ní i gcónaí a bhaintear an comhlíonadh sin amach. Is féidir leis na cionta seo a leanas go háirithe drochthionchar suntasach a bheith acu ar a fhónta atá an bonneagar iompair:

- Páirceáil ar chosáin;
- Páirceáil ar raonta rothar agus ar lánaí rothar;
- Spásanna Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas a bheith á n-úsáid go neamhdhleathach ag daoine nach bhfuil faoi mhíchumas;
- Lódáil ó raonta rothar agus ó lánaí rothar;
- Gluaisteánaithe a bheith ag tiomáint i lánaí bus;
- Gluaisteánaithe a bheith ag tiomáint go róthapa i limistéir chónaithe;
- Droichid iarnróid a bheith á mbualadh ag gluaisteánaithe trucaile;
- Gluaisteánaithe gan a bheith ag scoitheadh rothaithe ó fhad sábháilte;
- Tiomáint ar róluas ar mhótarbhealaí, rud is cúis le corrail agus le plódú;
- Cliseadh stopadh ag crosairí comhréidhe iarnróid, rud is cúis le himbhuailtí le bacainní agus le seirbhísí a bheith á gcur ar fionraí;
- Rothaithe a bheith ag taisteal ar chosáin nó ar shráideanna atá áirithithe do choisithe;
- Rothaithe a bheith ag dul trí shoilse dearga, go háirithe ag trasrianta coisithe;
- Cosáin a bheith blocáilte ag ábhar tógála agus ag trealamh eile oibre; agus
- Tiomáint chontúirteach is cúis le himbhuailtí agus le timpeallacht atá díobhálach do choisithe agus do rothaithe.

Leanfaidh an tÚdarás, údaráis áitiúla agus an Garda Síochána ar aghaidh ag comhoibriú lena chéile agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile, amhail an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Bonneagar Iompair Éireann, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna thuas. Breithneofar roinnt tograí agus modhanna, lena n-áireofar tuilleadh úsáide a bhaint as teicneolaíocht ceamara (ceamaraí ar bord san áireamh), feachtais oideachais agus reachtaíocht bhreise. Sa réimse sin, ba cheart aird a thabhairt ar na moltaí sa Mheasúnacht Tionchair Comhionannais de réir mar is cuí.

### BEART SM25

**Forfheidhmiú na nDlíthe um Thrácht ar Bhóithre**


Ag obair dó i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, le Bonneagar Iompair Éireann, le hoibritheoirí iompair agus leis an nGarda Síochána, féachfaidh an tÚdarás lena chinntiú go gcosnófar infheistíocht i mbonneagar iompair agus i seirbhísí iompair trí fhorfheidhmiú cuimsitheach a dhéanamh ar na dlíthe um thrácht ar bhóithre, lena n-áireofar modhanna nua nuálacha a iniúchadh, agus tacóidh sé le feachtais faisnéise agus oideachais don phobal ar an tsaincheist sin.



# 17 BAINISTÍOCHT A DHÉANAMH AR GHNÍOMHAÍOCHT AR SON NA HAERÁIDE

**Tá an t-iompar freagrach as thart ar 20% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann. Tá an t-iompar de bhóthar freagrach as 96% de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin. Ar na saincheisteanna gaolmhara atá bainteach le hardleibhéil iompair de bhóthar tá truailliú ó thorann, timpistí, agus an plódú, rud ar féidir leis cáilíocht na beatha a laghdú, taisteal gníomhach a dhíspreagadh, agus a fhágáil go gcailleann an tsochaí na céadta milliúin euro in aghaidh na bliana as am amú. Rud atá ríthábhachtach don bheartas aeráide is ea soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn, agus gabhann deis leis freisin chun feabhas a chur ar ár gcuid sláinte, cáilíocht ár mbeatha a bhreisiú, freastal ar riachtanais ár lárionad uirbeach a bhíonn ag fás, amhail Luimneach, agus ár bpobail tuaithe, uirbeacha agus fho-uirbeacha a nascadh.**

An Plean Gnímh don Aeráid 2019.



## 17.1 RÉAMHRÁ

Is é an aidhm atá leis an Straitéis seo córas iompair atá éifeachtach agus inbhuanaithe a sholáthar ar fud an réigiúin agus an fás taistil amach anseo a éascú ar shlí bhainistithe chothromaithe. A bhuí leis an soláthar méadaithe iompair phoiblí agus leis na saoráidí breisithe rothaíochta agus siúil sna limistéir uirbeacha, cumasófar do roinnt mhaith daoine aistriú chuig modhanna taistil níos inbhuanaithe agus beifear in ann freastal ar chuid mhór den éileamh taistil méadaithe.

Tá ceanglas reachtach ann anois, áfach, a fhágann nach mór do chomhlachtaí poiblí an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, a chur san áireamh le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Rud sonrach, ceanglaítear leis an Acht go mbainfí laghdú iomlán 51% amach in astaíochtaí gás ceaptha teasa thar an tréimhse go dtí an bhliain 2030, i gcoibhneas le figiúr bonnlíne na bliana 2018. Cé nár imdhealaíodh an sprioc fhoriomlán sin ina spriocanna earnála go fóill, tuigtear go mbeidh ar an earnáil iompair laghdú 50% a bhaint amach.

Is sprioc ríshuntasach rídhúshlánach í sin agus, chun í a bhaint amach, beidh sé riachtanach athruithe bunúsacha a dhéanamh i réimse an iompair thar an gcéad deich mbliana eile. Gné lárnach de na hathruithe sin a bheidh sa ghá atá ann le méadú a dhéanamh ar an gcéatadán den taisteal a dhéantar de mhodhanna inbhuanaithe agus le laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as feithiclí faoi chumhacht Inneall Dócháin Inmheánaigh.

Cé go spreagfar gluaiseacht mhéadaithe de mhodhanna inbhuanaithe agus go mbainfear an ghluaiseacht mhéadaithe sin amach mar thoradh ar bhonneagar agus seirbhísí iompair nua agus breise a sholáthar, ní bheidh an soláthar sin dóthanach leis féin chun an laghdú astaíochtaí a bheidh ag teastáil faoin mbliain 2030 a bhaint amach. Dá réir sin, beidh gá ann le bearta breise bainistíochta éilimh a chur i bhfeidhm chun an soláthar breise iompair a chomhlánú agus chun an sprioclaghdú foriomlán 50% a bhaint amach. Leagtar amach sna rannáin seo a leanas na bearta breise ar gá iad a ghlacadh.

## 17.2 LEICTRIÚ AGUS BITHBHREOSLAÍ

Ceann de na príomhbheartais a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú san earnáil iompair is ea an t-aistriú ar shiúl ó fheithiclí faoi chumhacht breoslaí iontaise chuig feithiclí leictreacha. Ar an leibhéal náisiúnta, leagtar amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021 ón Rialtas an rún atá ann an líon feithiclí leictreacha sa Stát a mhéadú go 936,000 ceann faoin mbliain 2030, agus é comhdhéanta de na nithe seo a leanas:

- 845,000 carr paisinéara;
- 95,000 Veain Astaíochtaí Ísle;
- 3,500 Feithicil Earraí Troma Astaíochtaí Ísle; agus
- 1,500 bus leictreach agus seirbhísí leathnaithe iarnróid leictrithe.

Tá sé sin ina leibhéal uaillmhianach aistrithe chuig feithiclí leictreacha agus rannchuideoidh sé go mór le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Leagtar amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021

freisin an beartas atá ann an méid bithbhreosla a úsáidtear san earnáil iompair de bhóthar a mhéadú mar bhreosla cumaiscthe le haghaidh feithiclí faoi chumhacht peitril agus díosail. Moltar ann ráta treáite cumaisc 10% i bpeitreal agus ráta treáite cumaisc 20% i ndíosal a bhaint amach faoin mbliain 2030.

## 17.3 MEASÚNUITHE TOSAIGH AR ASTAÍOCHTAÍ

Úsáideadh an Córas um Shamhaltú Réigiúnach atá i bhfeidhm ag an Údarás chun an laghdú in astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh faoi chásanna éagsúla.

Mar a sainaithníodh níos luaithe, is é atá sa sprioc fhoriomlán is gá a bhaint amach sa bhliain 2030 ná laghdú 50% ar an leibhéal foriomlán astaíochtaí ar fud Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne.

Rinneadh measúnú ar an leibhéal tuartha astaíochtaí a bheidh ann sa bhliain 2030, agus aird á tabhairt ar an mbonneagar agus na seirbhísí iompair breise atá leagtha amach i dtograí na Straitéise Iompair, ar leictriú feithiclí agus ar na tograí le haghaidh úsáid bithbhreoslaí a mhéadú. Agus na gnéithe uile sin i bhfeidhm, tuartar sa mheasúnú gur dóigh go mbeidh an laghdú ar astaíochtaí cothrom le thart ar 35%.

Chun an laghdú breise a bhaint amach, tá tuilleadh beart ag teastáil chun úsáid feithiclí faoi chumhacht peitril/díosail a laghdú.

## 17.4 AGHAIDH A THABHAIRT AR AN EASNAMH

Chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh maidir leis an sprioc fhoriomlán a bhaint amach, sainaithníodh sraith croíbheart bainistíochta éilimh (na "Croíbhearta") lena measúnú i gcomhcheangal le trí chur chuige mhalartacha fhoriomlána i leith bainistíocht éilimh, is iad sin:

Cur Chuige 1 – Méaduithe ar phraghsanna breosla;
Cur Chuige 2 – Leictriú breise (lena n-áirítear feithiclí hidrigine), agus
Cur Chuige 3 – Táillí plódaithe/criosanna astaíochtaí ísle, mar aon le dolaí bóthair.

Breithníodh gach ceann de na trí chur chuige ansin chun a shuí cén dóigh a dtabharfaí leis an gcur chuige aghaidh ar an easnamh chun an sprioclaghdú 50% a bhaint amach ina iomláine.

### 17.4.1 Cur Chuige 1 – Méaduithe ar Phraghsanna Breosla

Tá cur chuige 1 dírithe ar athrú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le feithiclí peitril/díosail a oibriú.

Rinneadh measúnú chun a fháil amach cén leibhéal athraithe i bpraghsanna breosla a bheadh ag teastáil chun na laghduithe riachtanacha breise astaíochtaí a bhaint amach faoin gcur chuige seo. Sainaithníodh sa mheasúnú sin go mbeadh méadú suntasach ag teastáil chun an laghdú riachtanach in úsáid feithiclí faoi chumhacht peitril/díosail a bhaint amach. Sainaithníodh ann freisin, áfach, go bhféadfaí méadú den sórt sin a chur chun feidhme de réir a chéile thar roinnt blianta.

Mar sin féin, tá praghsáil breoslaí ina saincheist náisiúnta, seachas ina ní réigiúnach, agus is é an Rialtas amháin a fhéadfaidh na méaduithe sin a chur chun feidhme. Ina theannta sin, is dóigh go mbreithneofar an tsaincheist sin ar leithligh faoi na hathbhreithnithe ar an bPlean Gnímh don Aeráid agus faoi na buiséid charbóin atá beartaithe faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

### 17.4.2 Cur Chuige 2 – Leictriú Breise

Cur chuige eile i leith an sprioc astaíochtaí a bhaint amach ina hiomláine is ea leictriú breise a chur i bhfeidhm. Dhreasófaí leibhéal méadaithe aistrithe chuig feithiclí faoi chumhacht leictreachais faoin gcur chuige seo, agus na laghduithe riachtanacha breise astaíochtaí á mbaint amach mar thoradh ar an nglacadh méadaithe le feithiclí den sórt sin. Mar a tugadh faoi deara i Rannán 17.2, tá an sprioclaghdú leictriúcháin an-uaillmhianach cheana féin, go háirithe i gcás carranna. Dá réir sin, is dóigh gur ghá cineálacha eile feithiclí a leictriú tuilleadh mar chuid den chur chuige seo.

Beidh feithiclí earraí troma freagrach as comhpháirt ard de na hastaíochtaí iarmharacha sa bhliain 2030, ag teacht sna sála ar chur chun feidhme na ngnéithe den straitéis atá le cur i gcrích faoin dáta sin agus ar chur chun feidhme na socruithe leictriúcháin agus bithbhreoslaí atá leagtha amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021. Tá feithiclí den sórt sin freagrach as thart ar 50% de na hastaíochtaí iarmharacha.

Cé nach bhfuil sé inmharthana faoi láthair feithiclí ceallra-oibrithe earraí troma a úsáid thar achair fhada mar gheall ar na laigí éagsúla a bhaineann leo, tá sé indéanta ón taobh teicniúil de feithiclí


earraí troma faoi chumhacht hidrigine a úsáid. Le feithiclí faoi chumhacht hidrigine, úsáidtear breosla-chill a chumhachtaítear le hidrigin chun an fheithicil a oibriú go leictreach. Ceann de na príomh-mhíbhuntáistí atá i gceist le feithiclí den sórt sin a oibriú, áfach, is ea na hardchostais a bhaineann le breosla hidrigine faoi láthair.

Sainaithníodh in obair measúnaithe go mbainfí an laghdú riachtanach breise astaíochtaí amach trí thart ar aon trian den fhlít feithiclí earraí troma a leictriú, áit ar dóigh go n-úsáidfí breosla-chealla hidrigine chun déanamh amhlaidh.

Níl úsáid na cumhachta hidrigine i bhfeithiclí earraí troma ach ina tús faoi láthair. Fágann sé sin go bhfuil sé róluath brath ar an teicneolaíocht tiomána sin a fhorbairt go rathúil lena húsáid fhorleathan chun an sprioc astaíochtaí a bhaint amach.

Is léir, áfach, gur féidir leis an earnáil lasta rannchuidiú go mór le comhlíonadh ár sprice náisiúnta athrú aeráide agus le comhlíonadh na gcuspóirí réigiúnacha don Limistéar Ceannchathartha. Mar aon leis an acmhainneacht atá ann sciar d'fheithiclí earraí troma a oibriú trí chumhacht hidriginghinte (nó teicneolaíocht eile atá ag teacht chun cinn) a úsáid, áirítear iad seo a leanas le tionscnaimh eile lasta a bhfuil mar aidhm leo astaíochtaí carbóin a laghdú:

- Úsáid mhéadaithe a bhaint as lasta iarnróid le haghaidh seachadtaí fad-achair;
- Gluaiseachtaí earraí a aistriú tuilleadh i dtreo feithiclí beaga amhail veaineanna agus feithiclí beaga righne ar féidir iad a aistriú ar shlí níos réidhe ina bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha;
- Dlús a chur leis an bhflít mórfheithiclí earraí a aistriú ina bhfeithiclí leictreacha astaíochtaí nialasacha; agus
- Ionaid chomhdhlúthaithe a úsáid chun seachadtaí a dhéanamh ar shlí níos éifeachtúla.



### 17.4.3 Cur Chuige 3 – Táillí plódaithe/criosanna astaíochtaí ísle, mar aon le dolaí bóthair

D'fhéadfaí roinnt socruithe difriúla fioscacha a chur i bhfeidhm faoin gcur chuige seo chun an leibhéal taistil de charr a laghdú agus chun aistriú méadaithe chuig modhanna inbhuanaithe a chur chun cinn. Áirítear leo sin táillí plódaithe, crios (nó criosanna) astaíochtaí ísle, agus dolaí bóthair.

Is féidir cumraíochtaí agus meascáin éagsúla de na roghanna sin a chur i bhfeidhm chun an sprioclaghdú riachtanach breise astaíochtaí a bhaint amach.

Cás féideartha amháin ba ea pointí dola a thabhairt isteach ar na príomhbhealaí náisiúnta isteach sa chathair, áit a mbeadh an pointe dola lonnaithe ar an taobh cathrach de na saoráidí Páirceála agus Taistil atá beartaithe, agus rogha á tabhairt do ghluaisteánaithe aistriú chuig an iompar poiblí. Maidir le costas na páirceála ag an tsaoráid móide an táille iompair phoiblí, d'fhéadfaí iad a chumrú chun go mbeadh siad níos ísle ná costas an dola móide costas na páirceála i lár na cathrach.

Níl ansin ach iomalartú amháin as measc na gcumraíochtaí éagsúla atá ar fáil. Dá réir sin, beidh sé riachtanach meastóireacht mhionsonraithe a dhéanamh ar na socruithe beachta atá i gceist le cur chuige den sórt seo ag an gcéim cur chun feidhme, ar lena linn a bheidh gá ann leis na roghanna malartacha atá ar fáil a mheasúnú chun an chumraíocht deiridh a roghnú agus a chalabrú go cuí.

## 17.5 TOSCA EILE

Cé go ndírítear sna rannáin roimhe den chaibidil seo ar an ngá atá ann leis an sprioc astaíochtaí ó fheithiclí a bhaint amach, tá cúiseanna breise ann le bearta áirithe bainistíochta éilimh a chur chun feidhme. Mar shampla, dá dtiontófaí na feithiclí uile ina bhfeithiclí leictreacha, bheifí in ann na cuspóirí athrú aeráide a bhaint amach ina n-iomláine san earnáil iompair ach ní bheadh aon laghdú ann ar an bplódú. Dá mba rud é nach mbeadh aon athrú ann in úsáid an chairr, bheadh plódú tráchta ann go fóill agus d'éireodh sé níos measa, rud a laghdódh cáilíocht na beatha do chuid mhór comaitéirí a bhíonn ag streachailt le turais fhada i ndálaí plódaithe tráchta.

Ina theannta sin, tá gá ann lena chinntiú gur féidir leis an ngréasán bóithre náisiúnta an príomhról atá aige a chomhlíonadh go cuí – is é sin, freastal ar thrácht straitéiseach, go háirithe feithiclí a ghabhann don iompar earraí agus táirgí, feithiclí iompair phoiblí, agus cineálacha eile úsáide a rannchuidíonn le forbairt gheilleagrach náisiúnta agus réigiúnach. Fágann sé sin gur gá trácht neamhstraitéiseach a rialú ar na codanna sin den ghréasán foriomlán bóithre ar mhaithe lena chroífheidhmiúlacht a chaomhnú.

Ceann de na cuspóirí atá le beartais phleanála náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla is ea a chinntiú go bhfuil lárionaid uirbeacha dírithe ar dhaoine, agus ní ar fheithiclí. Fágann sé sin go bhfuil sé ríthábhachtach an líon feithiclí, go háirithe an líon carranna, a bhainistiú sna limistéir sin chun tacú leis na huaillmhianta comhfhorbartha áite atá leagtha amach i mbeartais agus pleananna éagsúla. Ar aon dul leis sin, tá gá ann le feabhas a chur ar aercháilíocht i lárionaid uirbeacha sula mbainfear lánleictriú feithiclí amach. Is féidir go mbeidh bearta, amhail criosanna astaíochtaí ísle a chur chun feidhme, ag teastáil chun an feabhas sin a bhaint amach.

Mar sin, i dteannta na sprioclaghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa, tá roinnt tosca éagsúla ann a thacaíonn le húsáid an chairr a bhainistiú, agus a éilíonn go ndéanfaí amhlaidh, ar mhaithe le cuspóirí eile a chomhlíonadh.

## 17.6 AN MEASÚNÚ DEIRIDH AR ASTAÍOCHTAÍ FAOIN MBLIAIN 2030

Mar thoradh ar chur chun feidhme na ngnéithe den Straitéis seo atá le cur i gcrích faoin mbliain 2030 – a chuimsíonn an clár uaillmhianach soláthair le haghaidh BusConnects Luimnigh agus Ghréasán Rothaíochta Luimnigh – agus mar thoradh ar an leictriú feithiclí atá beartaithe agus ar an úsáid mhéadaithe bithbhreoslaí atá leagtha amach sa Phlean Gnímh don Aeráid 2021, laghdóidh astaíochtaí iompair i Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne faoi thart ar 35%.

Tá bearta breise ag teastáil chun astaíochtaí a laghdú arís eile chun an sprioclaghdú 50% a bhaint amach. Tá roinnt cineálacha malartacha cur chuige ar fáil chun an laghdú forlíontach sin a bhaint amach, mar atá leagtha amach thuas, agus tá sé soiléir go bhfuil conairí inmharthana ar fáil chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar a laghdú faoina leath ar fud an réigiúin faoin mbliain 2030. Tar éis an leagan deiridh den Straitéis seo a ghlacadh, tá sé beartaithe staidéar eile a dhéanamh ar bhainistíocht éilimh, i gcomhar le scrúdú eile ar oibriú feithiclí earraí, chun tograí deiridh a fhorbairt ar mhaithe leis an leibhéal beartaithe laghduithe astaíochtaí a bhaint amach.

Aithnítear go bhfuil iomalartuithe éagsúla ar fáil chun an sprioc riachtanach a bhaint amach. Dá réir sin, beidh tuilleadh measúnaithe mhionsonraithe ag teastáil chun an creat is fearr is féidir a bhunú agus a chalabrú. Is ag luathchéim de thréimhse feidhme na Straitéise a dhéanfar an obair measúnaithe chun an creat sin a fhorbairt. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú sin na beartais a leagfar amach sna nuashonruithe ar an bPlean Gnímh don Aeráid 2021 agus a dhíorthófar ó na buiséid charbóin a bhunófar faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

## 17.7 LEIBHÉIL ASTAÍOCHTAÍ SA BHLIAIN 2040

Tá spriocanna astaíochtaí bunaithe go soiléir don bhliain 2030 faoi fhorálacha an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. Leagtar amach san Acht sin freisin an cuspóir atá ann “geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050”. Dá réir sin, cé nach bhfuil aon spriocanna sonracha leagtha síos don bhliain 2040, arb í bliain deiridh na straitéise seo í, tá sé beartaithe go leanfaidh astaíochtaí de bheith ag titim idir na blianta 2030 agus 2050.

Laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh de Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne arís eile mar thoradh ar leictriú leanúnach an fhlít iompair agus ar chur chun feidhme na ngnéithe eile den straitéis seo.



# 18 MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA AGUS MEASÚNACHT CHUÍ

**Rinneadh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí ar an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) (Leasú), 2011, agus de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011).**

Leagtar amach sa chaibidil seo an próiseas measúnachta a rinneadh agus sainaithnítear inti na príomhthionchair fhéideartha thimpeallachta agus na bearta maolaithe a dhéanfar chun na tionchair sin a laghdú nó a sheachaint, nuair is gá.


Ba cheart tograí le haghaidh infheistíochta i mbonneagar iompair a bheith bunaithe ar dhianstaidéir roghnúcháin suímh/bhealaigh agus áiritheoidh na húdaráis ábhartha go mbeidh an chinnteoireacht maidir le forbairtí den sórt sin mar bhonn eolais ag leibhéal iomchuí de mheasúnú comhshaoil, lena n-áirítear gach tuarascáil is gá chun an tionchar féideartha a mheasúnú. ar shuímh Eorpacha ainmnithe agus ar bhithéagsúlacht lasmuigh de chosaintí foirmiúla sa chaoi is nach gcuidíonn forbairt bheartaithe le cailliúint na bithéagsúlachta.

## 18.1 MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA

Bunaithe ar dhá Chuspóir Straitéiseacha Timpeallachta dhéag a sainíodh ag céim scópála na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta, rinneadh measúnacht ar na tionchair shuntasacha fhéideartha thimpeallachta i leith na dtograí uile atá leagtha amach i ngach ceann de na hocht gcaibidil atá sa Straitéis seo (siúl; rothaíocht; BusConnects; iarnród; úsáid talún, athghiniúint agus scoileanna; bóithre agus páirceáil; seachadadh agus seirbhísiú lasta; agus bearta tacaíochta agus comhtháthú. Cuireadh an mheasúnacht in aghaidh na gCuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta i gcrích ar dtús gan na bearta maolaithe atá molta sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta a chur san áireamh. Cuireadh an mheasúnacht i gcrích arís ansin, ar lena linn a cuireadh moltaí maolaithe na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta san áireamh.

Is iad seo na Cuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta:


- **Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 1:** Cáilíocht na beatha a chosaint agus a fheabhsú, a mhéid a bhaineann leis an iompar, agus inrochtaineacht saoráidí geilleagracha, fostaíochta agus pobail a mhéadú ag an am céanna.
- **Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 2:** Damáiste do shaoráidí áineasa agus taitneamhachta a sheachaint le linn bonneagar iompair nua a thógáil, agus rochtain a éascú agus a fheabhsú ar an áineas turasóireachta.
- **Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 3:** Damáiste don bhithéagsúlacht talún, uisce agus ithreach a chosc agus an bhithéagsúlacht sin a fheabhsú, nuair is cuí, go háirithe láithreáin ainmnithe agus speicis chosanta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta.
- **Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 4:** Saintréith agus éagsúlacht thírdhreach na hÉireann a chosaint agus éifeachtaí amhairc a íoslaghdú ar thírdhreacha íogaire ainmnithe agus ar radhairc phoiblí.
- **Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 5:** Damáiste d'acmhainní oidhreachta cultúrtha agus do shuíomh na n-acmhainní sin a sheachaint agus acmhainní oidhreachta cultúrtha a chothabháil agus iad a fheabhsú, nuair is cuí.



- **Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 6:** Coinbhleachtaí a sheachaint le láithreáin gheolaíocha a bhfuil luach ar leith ag baint leo. Cailliúint acmhainní ithreach a íoslaghdú agus rannchuidiú le hacmhainní agus cáilíocht ithreach a bhainistiú go cuí.
- **Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 7:** Meath a chosc ar an stádas cáilíochta uisce atá ag dobharlaigh dhromchla agus screamhuisce, de réir mar is cuí don Chreat-treoir Uisce, gan rioscaí ó thuilte agus leochaileacht i leith riosca tuile a mhéadú ag an am céanna.
- **Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 8:** Úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha (talamh san áireamh) a chur chun cinn, éifeachtúlacht fuinnimh, athúsáid agus athchúrsáil a spreagadh agus úsáid éifeachtach an bhonneagair atá ann cheana a chothú.
- **Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 9:** Íoslaghdú a dhéanamh ar an rannchuidiú leis an athrú aeráide (astaíochtaí gás ceaptha teasa san áireamh) a eascraíonn as bonneagar iompair nua nó uasghrádaithe a thógáil nó as gréasáin iompair nua agus gréasáin iompair atá ann cheana a oibriú. Rannchuidiú leis an méid astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an iompar a laghdú trí athruithe modha a dhéanamh nó trí theicneolaíochtaí nua a úsáid.
- **Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 10:** A chinntiú go mbeidh an athléimneacht i leith an athraithe aeráide deartha don ghréasán iompair atá ann cheana agus don ghréasán nua, agus athléimneacht fheabhsaithe an chomhshaoil i leith an athraithe aeráide a chothú.

Tá príomhthionchair fhéideartha chomhshaoil na Straitéise Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne achoimrithe thíos. Tá tuilleadh mionsonraí tugtha sa Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, rud a ghabhann leis an doiciméad Straitéise seo.

- Tionchair dhearfacha ar an tsláinte, ar cháilíocht na beatha, ar inrochtaineacht saoráidí geilleagracha, fostaíochta agus pobail agus ar thruailliú aeir agus torainn (Cuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta 1, 7 agus 8) a bhaineann leis an siúl, leis an rothaíocht, le BusConnects, leis an iarnród agus le cuspóirí eile a chothaíonn aistriú modha ar shiúl ó fheithiclí príobháideacha a úsáid agus i dtreo an iompair phoiblí, an tsiúil agus na rothaíochta. Beidh tionchar dearfach ag na cuspóirí sin ar Chuspóir Straitéiseach Timpeallachta 9 freisin, mar aon le cuspóirí eile a bhaineann leis an tionscal lasta a dhícharbónú agus le húsáid feithiclí leictreacha a chothú trí chabhrú leis an méid astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an iompar a laghdú sa Limistéar Ceannchathartha.
- Tionchair dhearfacha ar shaoráidí áineasa agus ar an tionscal turasóireachta (Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 2) a bhuí le feabhsuithe ar an ríocht coisithe i Luimneach agus ar an ríocht phoiblí ar Sheanbhóthar Bhun Raite agus a bhuí le rochtain níos fearr ar na príomhnithe is díol spéise do thurasóirí ó ghlasbhealaí.



- Tionchair dhearfacha in aghaidh Chuspóir Straitéiseach Timpeallachta 11 agus Chuspóir Straitéiseach Timpeallachta 12, ar tionchair iad a thiocfaidh as an deis a bheidh ann chun bonneagar iompair nua agus bonneagar iompair atá ann cheana a uasghrádú ionas go mbeidh siad athléimneach i leith réamh-mheastacháin an cháis is measa don athrú aeráide agus as an deis a bheidh ann chun socruithe a chur i bhfeidhm le haghaidh úsáid an bhonneagair a éascú in aeráid athraitheach amach anseo, amhail láithreacha breise suí faoi dhíon a sholáthar ag stáisiúin agus feadh bealaí siúil agus rothaíochta.
- An acmhainneacht atá ann go n-imreofaí tionchair mheasctha dhearfacha agus dhiúltacha ar thírdhreacha agus ar bhailedhreacha (Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 4). Cé go mbeadh tionchar dearfach ag feabhsuithe ríochta poiblí agus ag conairí gormghlasa ar bhailedhreacha, d'fhéadfadh cineálacha eile tógála bonneagair drochthionchar a bheith acu. Dhéanfaí tionchair fhéideartha den sórt sin a mheas agus a mhaolú tráth níos déanaí tríd an bpróiseas Measúnachta Tionchair Timpeallachta.
- Tionchair mheasctha dhearfacha agus dhiúltacha ar an mbithéagsúlacht (Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 3), mar aon le tionchair dhiúltacha fhéideartha a bhaineann go príomha le trasrianta coisithe nua a chruthú feadh na Sionainne laistigh de Limistéar Caomhantais Speisialta na Sionainne Íochtair agus le scéimeanna bóithre agus iarnróid nua a sholáthar. Sainaithníodh tuilleadh mionsonraí, lena n-áirítear bearta mionsonraithe sonracha le haghaidh tionchair a mhaolú ar na láithreáin sin sa Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus, i gcás na láithreán Eorpach, breithnítear iad

sin ar leithligh sa Ráiteas Tionchair Natura agus tá siad pléite sa rannán Measúnachta Cuí thíos. Sheachnófaí drochthionchair dho-ghlactha ar shócmhainní eile trí staidéir shuímh agus ródaithe atá sonrach don láithreán a dhéanamh agus trí Straitéis Oidhreachta Nádúrtha na Straitéise Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne a chur chun feidhme.

- An acmhainneacht atá ann go n-imreofaí tionchair, a bheadh sa raon idir tionchair dhiúltacha agus tionchair neodracha, ar shócmhainní oidhreachta tógtha (Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 5) agus ar iarsmaí seandálaíochta agus ithreacha luachmhara atá ar eolas agus nach bhfuil ar eolas de bharr bonneagar nua a thógáil. Is féidir na tionchair sin a mhaolú trí staidéir shuímh agus ródaithe atá sonrach don láithreán a dhéanamh agus trí Straitéis Oidhreachta Nádúrtha na Straitéise Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne a chur chun feidhme.
- An acmhainneacht atá ann go n-imreofaí tionchair dhiúltacha ar thuile mar thoradh ar limistéir nua dhromchla chrua-sheasta a thógáil. Tá acmhainneacht ann freisin go n-imreofaí tionchair dhiúltacha ar an gCreat-treoir Uisce de bharr trasrianta abhann nua a chruthú feadh na Sionainne, na Dubhabhann, Abhainn na Mainistreach agus Abhainn na Bearna Coill. Meastar gur féidir aon tionchair a bhaineann le tuile agus leis an gCreat-treoir Uisce a mhaolú trí na próisis Mheasúnachta Tionchair Timpeallachta agus Mheasúnachta Riosca Tuile agus trí phróiseas na Creat-treorach Uisce ag céim an tionscadail.

Mar achoimre, mura ndéanfaí na bearta maolaithe atá molta sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta, meastar go mbeadh éifeachtaí dochracha suntasacha féideartha nó éifeachtaí measctha féideartha dearfacha agus diúltacha ann do Chuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta 3, 4 agus 7 agus meastar go mbeadh éifeachtaí féideartha neodracha nó dearfacha ann do gach Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta eile. Dá gcuirfí na bearta maolaithe sin chun feidhme, meastar go mbeadh éifeachtaí neodracha nó éifeachtaí atá sa raon idir éifeachtaí neodracha agus éifeachtaí tairbheacha ann do gach Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta, seachas Cuspóir Straitéiseach Timpeallachta 4 (Tírdhreach) ar ina leith a bheadh éifeachtaí iarmharacha measctha ann. I gcás na bithéagsúlachta, sainaithnítear sa mheasúnú an fhéidearthacht go mbeadh éifeachtaí diúltacha iarmharacha ann, mar gheall ar an bhféidearthacht go gcaillfí gnáthóga agus mar gheall ar éiginnteacht maidir leis an scóip le haghaidh seachanta, maolaithe nó breisithe.

Ar na moltaí sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta tá an t-ordlathas maolaithe a chur i bhfeidhm maidir le cur chun feidhme na scéimeanna beartaithe atá ar áireamh sa Straitéis seo. Ar an gcéad dul síos, féachtar le héifeachtaí dochracha suntasacha a sheachaint, go háirithe ar láithreáin Eorpacha agus ar láithreáin ainmnithe náisiúnta agus le héifeachtaí nó riosca a laghdú agus, nuair is cuí, le bearta cúitimh a sholáthar, mar shampla, féachaint lena chinntiú nach mbeidh aon ghlanchailliúint gnáthóige ann. Tá breithniú le déanamh freisin ar dheiseanna le haghaidh breisithe. Forbraíodh plean faireacháin agus cur chun feidhme chun dul chun cinn na Straitéise Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne a sheiceáil in aghaidh na gCuspóirí Straitéiseacha Timpeallachta ar feadh thréimhse feidhme na Straitéise. Cumhdaítear sa phlean sin an maolú a sainaithníodh do bhearta aonair atá ar áireamh sa Straitéis athbhreithnithe ina hiomláine, lena n-áirítear tionchair charnacha i gcomhcheangal le pleananna agus cláir eile. Is féidir an Plean Faireacháin agus Cur Chun Feidhme a aimsiú sa Tuarascáil Timpeallachta maidir leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, rud a ghabhann leis an doiciméad Straitéise seo, agus beidh an Plean Faireacháin agus Cur Chun Feidhme sin mar chuid de sholáthar agus faireachán foriomlán na Straitéise atá tuairiscithe i rannán 19.



## 18.2 MEASÚNACHT CHUÍ

I measúnú scagtha na Measúnachta Cuí agus an Ráitis Tionchair Natura, sainaithníodh an acmhainneacht le haghaidh éifeachtaí suntasacha dóchúla a bheith ann ar Láithreáin Eorpacha de bharr chur chun feidhme na Straitéise Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne. Rud sonrach, bhain na héifeachtaí suntasacha dóchúla le Leasanna Cáilitheacha na láithreán seo: Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Eanach Eas Géitine; Limistéar Caomhantais Speisialta Choillte na Cora; Limistéar Caomhantais Speisialta na Sionainne Íochtair; Limistéar Caomhantais Speisialta Shliabh gCruinn; Limistéar Cosanta Speisialta Loch Bhaile Uí Áille; Limistéar Cosanta Speisialta Loch Deirgeirt (Shionainne); agus Limistéar Cosanta Speisialta Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais. Is láithreáin ainmnithe iad na láithreáin sin toisc go gcothaítear iontu gnáthóga agus/nó speicis atá liostaithe in Iarscríbhinn I/II a ghabhann leis an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Gnáthóga.

Bunaithe ar an toradh ar an gcleachtadh scagtha le haghaidh éifeachtaí suntasacha dóchúla, rinneadh measúnú breise ar na láithreáin sin chun breithniú a dhéanamh ar struchtúr agus feidhm na láithreán Eorpach ábhartha, ar a gcuspóirí caomhantais agus ar na héifeachtaí ag an tionscadal/ag an bplean ina aonar agus i gcomhcheangal le tionscadail nó pleananna eile chun éifeachtaí dochracha ar shláine an láithreáin a dhéanamh amach.

Fuarthas amach sa Mheasúnacht Chuí/Ráiteas Tionchair Natura a ullmhaíodh mar thaca leis an Straitéis seo gurbh amhlaidh, mura ndéanfaí bearta cuí seachanta/maolaithe, a d'fhéadfadh an Straitéis seo a bheith mar chúis le héifeachtaí dochracha ar shláine na láithreán seo, i bhfianaise a gCuspóirí Caomhantais: Limistéar Caomhantais Speisialta na Sionainne Íochtair; Limistéar Caomhantais Speisialta Choillte na Cora; Limistéar Caomhantais Speisialta Choimpléasc Eanach Eas Géitine; Limistéar Caomhantais Speisialta Shliabh gCruinn; Limistéar Cosanta Speisialta Loch Bhaile Uí Áille; Limistéar Cosanta Speisialta Loch Deirgeirt (Shionainne); agus Limistéar Cosanta Speisialta Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais.

Leagfar díriú i gcur chun feidhme na Straitéise seo ar éifeachtaí suntasacha dóchúla/éifeachtaí dochracha ar shláine an láithreáin trí ghealltanas uileghabhálach go gcuirfí an t-ordlathas maolaithe i bhfeidhm ar leibhéal an phlean, rud a bheadh mar bhonn eolais faoi dhearadh/dhul chun cinn a dhéanamh ar na tionscadail agus na pleananna atá laistigh den Straitéis seo.

Ar leibhéal an tionscadail, áit a sainaithnítear i measúnú breise níos mine, bunaithe ar dhearadh agus faisnéis suirbhé ar leibhéal an tionscadail, go bhfuil féidearthacht ann fós go dtiocfadh éifeachtaí dochracha ar shláine an láithreáin chun cinn d'ainneoin bearta cuí seachanta/maolaithe a chur chun feidhme, ní dhéanfaí dul chun cinn ar an tionscadal atá sa Straitéis seo mura féidir réiteach malartach a chur chun feidhme, ar réiteach é lena ndéantar an tionchar a sheachaint/a laghdú go leibhéal a fhágann nach ndéanfar difear do shláine an láithreáin Eorpaigh ghaolmhair.

Bunaithe ar na Measúnachtaí Cuí a foilsíodh mar chuid den fhaisnéis ar leibhéal an tionscadail don phróiseas um roghnú bealaí le haghaidh an N/M20 ó Chorcaigh go Luimneach agus le haghaidh scéim an N69/M21 i bhFaing, cuireadh bearta maolaithe ar áireamh sa Mheasúnacht Chuí ar an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne chun a chinntiú nach mbeadh aon éifeacht shuntasach acu, ina n-aonar nó i gcomhcheangal le tionscadail eile, ar Chuspóirí Caomhantais gach ceann de na Leasanna Cáilitheacha atá ag na Láithreáin Eorpacha a mbeadh tionchar ag na scéimeanna sin orthu.

Cuireadh bearta seachanta/maolaithe le haghaidh Cuspóirí Siúil agus Rothaíochta óna dteastaíonn go ndéanfaí trasrianta nua a chruthú agus trasrianta atá ann cheana a athghiniúint feadh na Sionainne nó a craobh-aibhneacha (an Dubhabhainn agus Abhainn na Mainistreach) ar áireamh sa Mheasúnacht Chuí chun a chinntiú nach mbeadh aon éifeacht shuntasach dhóchúil ná aon éifeacht dhochrach ar shláine an láithreáin acu, ina n-aonar nó i gcomhcheangal le tionscadail eile, ar Chuspóirí Caomhantais gach ceann de na Leasanna Cáilitheacha atá ag an tSionainn Íochtair nó ag Limistéar faoi Chosaint Speisialta Inbhir na Sionainne agus an Fhorghais.

Bunaithe ar an Measúnacht Chuí a ullmhaíodh chun tacú leis an Straitéis seo, cuireadh bearta oiriúnacha seachanta/maolaithe ar áireamh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go mbeadh éifeachtaí dochracha ann ar shláine láithreáin Eorpaigh. Ní fhágann sé sin nach gá measúnacht a dhéanamh ar leibhéal an tionscadail, áfach. Tá seans ann go dtiocfaidh tionscadal sonrach mionsonraithe chun cinn nach féidir leis tionchar díreach ar Leas Cáilitheach atá ag láithreán Eorpach, cailliúint bhuan gnáthóige nó éifeachtaí indíreacha ar Leas Cáilitheach a sheachaint, d'ainneoin na mbeart seachanta/maolaithe a chuirtear ar áireamh sa

Mheasúnacht Chuí. I gcásanna den sórt sin, beidh ar thionscnóir an tionscadail a léiriú go bhfuil an tionscadal i gcomhréir leis an Measúnacht Chuí ar an Straitéis Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne ó thaobh seachanta, laghdaithe agus maolaithe de. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin measúnachtaí ar leibhéal an tionscadail, agus úsáid á baint as na forálacha iomlána le haghaidh Measúnacht Chuí atá leagtha amach i gceanglais Threoir (AE) 92/43/CEE maidir le Gnáthóga Nádúrtha agus Fauna agus Flóra Fiáine a Chaomhnú (an Treoir maidir le Gnáthóga).

Mar chonclúid, faoi réir chur chun feidhme iomlán cuí na mbeart seachanta/maolaithe atá leagtha amach sa Ráiteas Tionchair Natura, lena n-áirítear imscrúduithe cuí ar leibhéal an láithreáin, ní bheadh aon éifeachtaí dochracha ag cur chun feidhme na Straitéise Iompair do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne ar shláine láithreáin Eorpaigh.

# CUID C – NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE


**19** Cur Chun Feidhme ........ 145
**20** Torthaí na Straitéise ........ 153



# 19 CUR CHUN FEIDHME

**Braitheann rath an Chreata Náisiúnta Pleanála ar a mhachnamh beartais agus ar sheachadadh clár ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.**

An Creat Náisiúnta Pleanála 2040.

Tá an Straitéis seo ceaptha chun bheith inscálaithe agus solúbtha agus chun freastal ar athruithe i bhfás daonra agus fostaíochta sa todhchaí. Is doiciméad beo í, a bheidh faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil gach sé bliana.

Chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint as an Straitéis seo, oibreoidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Contae an Chláir i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, le Bonneagar Iompair Éireann, le Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus le príomh-gheallsealbhóirí eile chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An comhdhlúthú riachtanach úsáide talún a sholáthar chun dlúthfhás agus mais chriticiúil a bhaint amach;
- Infheistíocht chaipitil a áirithiú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, mar aon le cineálacha eile infheistíochta;
- Gréasán iompair, bearta tacaíochta agus bearta bainistíochta éilimh na Straitéise seo a chur chun feidhme;
- Moltaí beartaithe ón Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, ón Measúnacht Chuí agus ón Measúnacht Tionchair Comhionannais le haghaidh tionchair a sheachaint/le haghaidh maolaithe/le haghaidh breisithe a chur ar áireamh, de réir mar is cuí; agus
- Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn.

## 19.1 FAIREACHÁN

Tacóidh an tÚdarás leis na húdaráis áitiúla faireachán tréimhsiúil a dhéanamh ar threochtaí agus patrúin iompair. I dteannta na léargas rialta sin a fháil, leanfaidh an tÚdarás le faireachán a dhéanamh ar shonraí paisinéirí iompair phoiblí mar chuid den ról atá aige an t-iompar poiblí a rialáil. Cuirfear na sonraí a bhaileofar le linn na bpróiseas sin san áireamh nuair a bheidh cinntí infheistíochta iompair á ndéanamh faoin Straitéis seo.

Le torthaí an chéad Daonáirimh eile, atá le foilsiú go mion sa bhliain 2023, soláthrófar an tacar sonraí is cuimsithí faoi threochtaí iompair agus taistil sa Limistéar Ceannchathartha. Bainfear leas díreach as na sonraí sin sa chéad athbhreithniú eile ar an Straitéis seo.

Déanfar faireachán breise le haghaidh na Straitéise, faoi mar atá leagtha amach i bplean faireacháin na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta atá mar chuid den phróiseas reachtúil Measúnachta Straitéisí Timpeallachta, agus áireofar leis freisin an faireachán atá molta sa Tuarascáil maidir leis an Measúnacht Tionchair Comhionannais. Áireofar leis an bhfaireachán faireachán Aercháiliochta a ndéanfaidh na húdaráis áitiúla iad agus suirbhéanna ar dhearcthaí maidir leis an iompar a ngabhfaidh an tÚdarás agus oibritheoirí iompair iad de láimh.

## 19.2 SÁSRAÍ LE HAGHAIDH SOLÁTHAIR

Úsáidfear roinnt sásraí chun an Straitéis seo a sholáthar, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

### 19.2.1 Iarratais Mheasúnachta Tionchair Timpeallachta chuig an mBord Pleanála

Tá scéimeanna iompair atá os cionn tairseach áirithe faoi réir na Treorach maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus faoi réir na reachtaíochta lena dtrasuitear an Treoir sin. Cuirtear forbairtí den sórt sin faoi bhráid an Bhoird Phleanála lena meas. Thiocfadh mórscéimeanna bóithre agus mórscéimeanna bus áirithe faoin gcatagóir sin.

### 19.2.2 Ordú Iarnróid agus Ordú Mótarbhealaigh

Cuirtear iarratais ar línte iarnróid nua agus/nó ar bhonneagar tacaíochta nua agus iarratais ar mhótarbhealaí nua nó ar athruithe ar mhótarbhealaí atá ann cheana faoi bhráid an Bhoird Phleanála lena meas mar Orduithe Iarnróid agus mar Orduithe Mótarbhealaigh faoi seach.


### 19.2.3 Forbairtí Chuid 8

Tá a lán scéimeanna siúil, rothaíochta agus bóithre faoi réir phróiseas Chuid 8, áit a ndéanann na Comhaltaí Tofa den Chomhairle measúnacht ar thionscadail atá os cionn tairseach áirithe ach atá faoi bhun na tairsí Measúnachta Tionchair Timpeallachta.

### 19.2.4 Forbairt faoi Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 (arna leasú)

Féadfaidh an tÚdarás Áitiúil ábhartha cur chun feidhme a dhéanamh ar bhearta áirithe a fheabhsóidh an soláthar seirbhísí bus poiblí agus

## IMPLEMENTATION PLAN



ar bhearta áirithe a chabhróidh le haicmí difriúla tráchta (coisithe agus rothaithe san áireamh) úsáid shábháilte a bhaint as bóithre poiblí.

### 19.2.5 Athruithe Oibríochtúla Bus

Is faoin Údarás atá sé cinneadh a dhéanamh ar athruithe ar amchláir agus ródú bealaí bus agus ar amchláir seirbhísí iarnróid.

## 19.3 FREAGRACHT AS SOLÁTHAR

Níl sé faoi aon ghníomhaireacht amháin ná faoi aon údarás amháin an Straitéis seo a sholáthar. Tabharfar faoi sholáthar na Straitéise ar shlí a gcinnfear leis an reachtaíocht lena socraítear sainchúram agus cumhachtaí gach gníomhaireachta. Cuirfear chun feidhme í ar shlí chomhoibríoch agus ar shlí lena leagfar béim ar chuspóirí comhroinnte na ngníomhaireachtaí uile maidir le feabhas a chur ar an tairiscint iompair sa réigiún. Tríd is tríd, tá na freagrachtaí mar a leanas:

- Seirbhísí Bus – an tÚdarás;
- Athbhreithniú ar Ghréasán Seirbhíse BusConnects – an tÚdarás;
- Tosaíocht Bus BusConnects – an tÚdarás, i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla;
- An Gréasán Rothaíochta (seachas é sin atá le soláthar ag BusConnects) – Údaráis Áitiúla, faoi chistiú ag an Údarás;
- Feabhsuithe do Choisithe – Údaráis Áitiúla, faoi chistiú ag an Údarás;
- Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla – Údaráis Áitiúla, faoi chistiú ag an Roinn Iompair;
- Seirbhísí Iarnróid – Iarnród Éireann, faoi chonradh leis an Údarás;
- Bonneagar Iarnróid – Iarnród Éireann; agus
- Bóithre Náisiúnta – Údaráis Áitiúla, i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann.

## 19.4 COMHAIRLIÚCHÁN

Tá an ceanglas chun comhairliúchán poiblí a sheoladh ar na próisis thuasluaite leagtha amach i reachtaíocht. I gcásanna nach ceanglas reachtúil é comhairliúchán a sheoladh, amhail i gcás athruithe ar róduithe bus, féachfaidh an tÚdarás le hidirchaidreamh a dhéanamh le pobail áitiúla mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.

## 19.5 CUR CHUN FEIDHME CÉIMNITHE

Cinneadh sa Phlean Forbartha Náisiúnta go ndéanfaí cur chun feidhme ar na mórthionscadail iompair phoiblí agus bhonneagair bóithre de chuid na Straitéise seo. Beidh cur chun feidhme na dtionscadal faoi réir athbhreithnithe ina dhiaidh sin. Mar sin féin, tá cur chun feidhme táscach ag gabháil leis seo, rud ina roinntear soláthar na dtionscadal ina thrí chéim mholta – an gearrthéarma, an meántéarma agus an fadtéarma.

Cuireadh an obair pleanála agus deartha i gcrích ar roinnt mórscéimeanna bóithre cheana féin agus soláthrófar iad ar aon dul leis na cinntí infheistíochta ón rialtas láir agus ón rialtas áitiúil.

Chun plean céimnithe a leagan amach don bhonneagar bus agus iarnróid, ullmhóidh an tÚdarás clár infheistíochta níos mionsonraithe a luaithe a bheidh an Straitéis seo tugtha chun críche agus a bheidh an t-athbhreithniú reatha ar chaiteachas caipitil críochnaithe. I gcás an bhonneagair bhus, tosóidh an tÚdarás ar chlár BusConnects Luimnigh a ullmhú láithreach agus foilseoidh sé mionsonraí coincheapa faoi chonairí bus féideartha agus faoi bhealaí nua chun gur féidir comhairliúchán poiblí a sheoladh orthu agus iad a fhorbairt laistigh de dhá bhliain ón Straitéis seo a thabhairt chun críche.

Maidir leis an siúl agus leis an rothaíocht, leanfar leis an Straitéis seo a chur chun feidhme go príomha mar chuid de na cláir seo a leanas:

- Clár Deontas Cathracha Réigiúnacha an Údaráis Náisiúnta Iompair;
- Clár na mBailte Taistil Ghníomhaigh; agus
- Bealaí Sábháilte chuig an Scoil.

I gcás na gclár sin, déanfaidh an tÚdarás formhaoirseacht ar chur i bhfeidhm an chistiúcháin a sholáthróidh an Roinn Iompair. Is iad Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Contae an Chláir a bheidh sna gníomhaireachtaí cur chun feidhme do na cláir sin, den chuid is mó.

D'ainneoin na nithe thuas, tá an tÚdarás agus an dá údarás áitiúla den tuairim go bhfuil an clár cur chun feidhme ardleibhéil atá leagtha amach thíos praiticiúil agus réadúil ag an gcéim seo de phróiseas na Straitéise seo. Féadfar an clár sin a athrú de bharr athruithe ar chistiú agus ar indéantacht agus ar cé chomh héifeachtúil agus a bheifear in ann scéimeanna a sholáthar trí na céimeanna um dhearadh agus pleanáil a cheadú.



## 19.6 IDIR AN GEARRTHÉARMA AGUS AN MEÁNTÉARMA

### 19.6.1 An Gréasán Siúil

- Iniúchadh a dhéanamh ar na saoráidí siúil a fhreastalaíonn ar scoileanna, agus Clár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil a ullmhú;
- Tabhairt faoi na bearta atá molta i gCreat Gluaiseachta Cheantar Ceannchathartha Luimnigh;
- Tabhairt faoi na bearta atá leagtha amach i Máistirphlean Lár Baile Shionainne;
- Feabhsuithe a chur ar an nGréasán Siúil, agus iad ailínithe le cur chun feidhme BusConnects Luimnigh agus leis an nGréasán Rothaíochta;
- Iniúchtaí insiúltachta agus tréscaoilteachta a dhéanamh ar fud an limistéir chun bonn eolais a chur faoi fheabhsuithe atá sonrach don láithreán; agus
- Cosáin, an ríocht phoiblí agus bonneagar eile coisithe a chothabháil, a uasghrádú agus a athnuachan go leanúnach.

### 19.6.2 An Gréasán Rothaíochta

- Iniúchadh a dhéanamh ar na saoráidí rothaíochta a fhreastalaíonn ar scoileanna, agus Clár um Bealaí Sábháilte chuig an Scoil a ullmhú;
- An Gréasán Rothaíochta Príomhúil agus an Gréasán Rothaíochta Tánaisteach a fhorbairt agus a chur i gcrích;
- Príomhbhealaí rothaíochta a sholáthar i Limistéir Athghiniúna Luimnigh;
- An Gréasán Friothálach agus Bealaí Ciúine a fhorbairt;
- An Gréasán Rothaíochta a chur chun feidhme i gcomhthráth le bearta tosaíochta bus BusConnects a sholáthar;
- An Gréasán Rothaíochta Idiruirbeach agus an Gréasán Rothaíochta Glasbhealaí a chur i gcrích; agus
- An gréasán a chur chun feidhme tuilleadh ar aon dul le deiseanna nua forbartha agus le moilliú tráchta.

### 19.6.3 An Gréasán Bus

- Tuilleadh forbartha, deartha agus cur chun feidhme a dhéanamh ar ghréasán seirbhíse agus bearta tosaíochta bus BusConnects do Luimneach, bunaithe ar na tograí de chuid na Straitéise seo;
- Tosaíocht bus a sholáthar ó Plassey agus ó Ollscoil Luimnigh go Lár Cathrach Luimnigh;
- Tosaíocht bus a sholáthar ón Ráithín go Lár Cathrach Luimnigh;
- Feabhas a chur ar sheirbhísí réigiúnacha ó Aerfort na Sionainne go Luimneach, go Corcaigh agus go Gaillimh; agus
- Bearta tosaíochta bus BusConnects Luimnigh a chur i gcrích.

### 19.6.4 An Gréasán Iarnróid

- Tabhairt faoi athbhreithniú chun scrúdú a dhéanamh ar na feabhsuithe ar agaí turas agus ar an infheistíocht san iarnród ardluais idir Béal Feirste, Baile Átha Cliath, Gabhal Luimnigh agus Corcaigh;
- Débhóthar iarainn a sholáthar idir Stáisiún Cholbaird i Luimneach agus Gabhal Luimnigh, faoi réir measúnacht indéantachta;
- Dearadh agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an uasghrádú ar líne iarnróid Bhaile Uí Chárthaigh chun tuile a mhaolú;
- Imscrúdú a dhéanamh ar thuilleadh infheistíochtaí a dhéanamh i ngréasán breisithe iarnróid comaitéireachta, lena n-áirítear na seirbhísí idir Luimneach agus Baile Uí Bhróithe; agus
- Stáisiúin nua a sholáthar ag Maigh Rois agus ag Béal Átha Síomoin, faoi réir measúnachtaí indéantachta;
- Méadú a dhéanamh ar an minicíocht seirbhísí isteach go Luimneach; agus
- Na stáisiúin atá ann cheana sa Limistéar Ceannchathartha a uasghrádú.

### 19.6.5 An Gréasán Bóithre

- Sainaithint a dhéanamh ar na feabhsuithe acomhail a theastaíonn chun feabhas a chur ar shaoráidí don iompar poiblí, don siúl agus don rothaíocht;
- Straitéis Bainistíochta Tráchta Lár na Cathrach a fhorbairt faoi stiúir an Údaráis agus Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh;
- Bearta tosaíochta iompair phoiblí a sholáthar i gcomhthráth le cur chun feidhme BusConnects;
- Bóthar a sholáthar idir Uí Chuanach agus Cnoc an Lisín;
- Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a chur ar aghaidh ar aon dul leis an bPlean Forbartha Náisiúnta; agus
- Athbhreithniú, faireachán agus cur chun feidhme leanúnach a dhéanamh ar bhearta bainistíochta éilimh ar an ngréasán bóithre Náisiúnta.

### 19.6.6 Páirceáil

- Tabhairt faoi dhearadh, pleanáil agus fáil talún do na saoráidí straitéiseacha Páirceála agus Taistil uile;
- Páirceáil ar an tsráid a laghdú le linn BusConnects agus an Gréasán Rothaíochta a sholáthar;
- Criosanna páirceála a chur chun feidhme ar fud an Limistéir Cheannchathartha;
- Moil Soghluaisteachta a fhorbairt i limistéir forbraíochta ard-dlúis;
- Leanúint le saoráidí Páirceála agus Taistil a sholáthar i gcomhthráth le cur chun feidhme BusConnects; agus
- Leanúint le páirceáil ar an tsráid a laghdú.

### 19.6.7 Lasta

- Straitéis Lasta Réigiúnach a ullmhú, rud a chuimseoidh Port Chorcaí agus Port na Sionainne agus Fhaighne, ar poirt Leibhéal 1 iad, agus Port Ros Láir, ar port Leibhéal 2 é; agus
- Straitéis lasta áitiúil a fhorbairt chun gluaiseacht feithiclí earraí troma i gCathair Luimnigh a bhainistiú ar shlí níos fearr.

## 19.7 AN FADTÉARMA

### 19.7.1 An Gréasán Siúil

- Cosáin agus an ríocht phoiblí a chothabháil agus a athnuachan go leanúnach agus na tograí don Ghréasán Siúil a bhaint amach ina n-iomláine.

### 19.7.2 An Gréasán Rothaíochta

- An bonneagar rothaíochta a chothabháil go leanúnach; agus
- Bonneagar rothaíochta a sholáthar chun freastal ar limistéir forbraíochta nua.

### 19.7.3 An Gréasán Bus

- Gréasán agus bearta tosaíochta BusConnects a oibriú agus a bharrfheabhsú go leanúnach; agus
- An gréasán bus agus an tosaíocht bus a leathnú chun freastal ar limistéir forbraíochta nua.

### 19.7.4 An Gréasán Iarnróid

- Línte iarnróid nua, stáisiúin iarnróid nua agus seirbhísí iarnróid breisithe a chur chun feidhme ar aon dul leis na pleananna infheistíochta, na tosaíochtaí agus na measúnachtaí indéantachta atá ag teacht chun cinn.

### 19.7.5 An Gréasán Bóithre

- Athbhreithniú, faireachán agus cur chun feidhme leanúnach a dhéanamh ar bhearta bainistíochta éilimh ar an ngréasán bóithre Náisiúnta;
- An gréasán bóithre réigiúnacha a fhorbairt go leanúnach chun rochtain inbhuanaithe a sholáthar ar thailte forbraíochta; agus
- Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a chur ar aghaidh agus a sholáthar sa Limistéar Ceannchathartha.

### 19.7.6 Páirceáil

- Na saoráidí Páirceála agus Taistil uile a sholáthar.

## 19.8 CISTIÚ AGUS COSTAIS

Beidh comhlíonadh na Straitéise seo faoi réir cistiú a bheith ar fáil. Glactar leis go ndéanfar gach ceann de na mórghnéithe den Straitéis seo a bhreithmheas ar bhonn aonair agus ar a fhiúntas féin ó thaobh indéantachta, deartha, pleanála, ceadaithe agus cistiúcháin de. Beidh cásanna gnó ag teastáil do gach ceann de na mórthograí bonneagair atá ar áireamh sa Straitéis, ar aon dul le ceanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus an Chomhchreata Breithmheasa. I dteannta infheistíocht chaipitil, tabhófar costais oibriúcháin leanúnacha le linn an Straitéis a chur chun feidhme. Cé go mbeidh cistiú Státchiste ón Rialtas Láir ag teastáil chun freastal ar sciar suntasach den infheistíocht chaipitil, beidh foinsí eile cistiúcháin fhorlíontaigh ag teastáil freisin.

Is dóigh go n-áireofar iad seo a leanas leis na foinsí sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Cistiú ó chistí an Aontais Eorpaigh agus/nó tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta;
- Ranníocaíochtaí forbartha le haghaidh bonneagar straitéiseach iompair phoiblí;
- Ranníocaíochtaí forbartha atá sonrach don láithreán le haghaidh feabhsuithe sonracha; agus
- Tobhaigh a d'fhéadfaí a fhorchur amach anseo ar chúiseanna plódaithe, sábháilteachta nó aercháiliochta, e.g., tobhaigh pháirceála ag an áit oibre, muirir ar úsáideoirí bóithre, criosanna páirceála, nó tobhaigh pháirceála ag ionaid siopadóireachta ar imeall an bhaile mhóir.

# TORTHAÍ NA STRAITÉISE

## Fás sa Todhchaí

132k daonra 2016

206k daonra 2040

## Éileamh Laethúil ar Thaisteal Inbhuanaithe

112k 2016

304k 2040

## Sciar Modha ag Buaic-amanna na Maidine 2016 - 2040

Bunaithe ar aschuir mhúnlaithe, méadófar Sciar Mhodh an Iompair Phoiblí leis na Bearta Breise Bainistíochta Éilimh a chuirfear chun feidhme ar aon dul leis an mBeartas Rialtais atá á fhorbairt

69.3% 2016
41.0% 2040

5.1% 2016
12.6% 2040

## Sábháilteacht agus an Comhshaol

Thar thréimhse feidhme straitéise 30 bliain

84% An laghdú in astaíochtaí $CO_2$ ó charranna idir 2016 agus 2040*

Laghdú i 13.1 Timpiste Mharfach

Laghdú i 66.3 Timpiste Throma

Laghdú i 1661.0 Timpiste Bheag

Tionchar comhcheangailte na Straitéise agus an Phlean Gnímh Náisiúnta don Aeráid. Bunaithe ar Réigiún an Iarthair Láir

## Inrochtaineacht agus Ionchuimsiú Sóisialta

Ceantar BusConnects
72.6% den daonra

72.7% de phoist

Ionchuimsiú Sóisialta:
suas le 7.5%

Ionchuimsiú Sóisialta: suas le 7.5%:an méadú i sciar mhodh an iompair phoiblí do limistéir faoi mhíbhuntáiste

## An Geilleagar agus Meastachán Costais

Luach Láithreach na gCostas: €1.20bn
Luach Láithreach na dTairbhí: €4.19bn
Glanluach Láithreach: €2.99bn

Cóimheas idir Tairbhí agus Costais: 3.5

Meastachán ar Chostas Iomlán na Straitéise
€1.5bn

# 20 TORTHAÍ NA STRAITÉISE

**Aithnítear sa Phlean Gnímh don Aeráid nach mór d'Éirinn aistriú suntasach modha ón gcarr chuig an taisteal gníomhach agus chuig an iompar poiblí a bhaint amach má táimid chun astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a laghdú faoi 51% faoin mbliain 2030 agus aeráidneodracht a bhaint amach ina dhiaidh sin faoin mbliain 2050.**

An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030,.

Is as cur chun feidhme rathúil thograí na Straitéise a thiocfaidh torthaí rídhearfacha do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne, agus tairbhí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil fadtéarmacha á soláthar don réigiún. Leis an Straitéis seo, tugtar aghaidh ar na dúshláin iompair atá ann cheana, mar atá leagtha amach sna caibidlí réamhléiritheacha.

## 20.1 PRÍOMHTHÁSCAIRÍ

### 20.1.1 Laghdú in Astaíochtaí CO2 ón Iompar sa Limistéar Ceannchathartha

I gcomhcheangal le roinnt tionscnamh ón Rialtas, a bhaineann go príomha leis an bhflít náisiúnta a thiontú ina fheithiclí astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, tá sé tuartha go dtiocfaidh as an Straitéis seo laghdú de thart ar 85% in Astaíochtaí CO2 ón iompar paisinéirí thar thréimhse feidhme na straitéise suas go dtí an bhliain 2040.

Is ag brath ar roinnt tosca, lena n-áirítear na dtosca seo a leanas, a bheidh an ráta ag a mbainfear an méid sin amach agus ag a laghdófar astaíochtaí ón iompar lasta, go háirithe suas go spriocdháta an Phlean Gnímh don Aeráid – is é sin, 2030:

a) An luas ag ar féidir an flít feithiclí a thiontú ina fheithiclí leictreacha;

b) A mhéid a sholáthróidh na húdaráis áitiúla agus an tÚdarás roghanna eile ar an gcarr príobháideach, amhail an Gréasán Rothaíochta agus Conairí Bus;

c) A mhéid a chuirfidh an rialtas áitiúil agus an rialtas náisiúnta bearta bainistíochta éilimh chun feidhme chun úsáid carranna a laghdú; agus

d) An dul chun cinn teicneolaíochta a dhéanfar maidir le breoslaí malartacha a úsáid le haghaidh feithiclí earraí.


Agus cur chun feidhme na Straitéise seo á chéimniú, tús-ualaíodh isteach sa chéad chéim cuid mhór de na príomhbhearta le haghaidh Bainistíocht a Dhéanamh ar Ghníomhaíocht ar son na hAeráide. Áirítear leo sin BusConnects Luimnigh, an gréasán rothaíochta, tosaíocht do mhodhanna inbhuanaithe ag soilse tráchta, laghdú i bpáirceáil, agus leictriú feithiclí. Cabhróidh na bearta sin, i gcomhar leis na bearta breise atá leagtha amach i gCaibidil 17, leis an spriocleibhéal laghdaithe in astaíochtaí iompair sa Limistéar Ceannchathartha a bhaint amach faoin mbliain 2030. Mar atá leagtha amach sa chaibidil sin, beidh sé riachtanach obair bhreise measúnaithe a dhéanamh ar na cineálacha eile cur chuige a ghlacfar i leith astaíochtaí a laghdú ar mhaithe leis an gcreat is fearr is féidir a bhunú agus a chalabrú, go háirithe i ndáil le bainistíocht éilimh. Is ag luathchéim de thréimhse feidhme na Straitéise seo agus i gcomhar leis an Rialtas agus leis na húdaráis áitiúla a thabharfar faoin obair measúnaithe chun an creat sin a fhorbairt.

### 20.1.2 Aercháilíocht

I gcomhcheangal le beartais agus cláir eile ón Rialtas, tá sé tuartha go dtiocfaidh as an Straitéis Iompair laghdú suntasach in astaíochtaí aerthruaillitheacha i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2016. (Tábla 20.1).

**Tábla 20.1** – Astaíochtaí Aerthruaillitheacha, 2016 agus 2040

| | $NO_{X}$/KG | $NO_2$/KG | PM10/KG | PM2.5/KG |
|---|---|---|---|---|
| **2016** | 695,863 | 218,402 | 50,826 | 33,888 |
| **2040** | 125,156 | 31,787 | 44,240 | 24,427 |
| **DIFF** | -82,0% | -85.4% | -13.0% | -27.9% |





**Fíor 20.1**: Sciar Modha 24 hUaire sa Limistéar Ceannchathartha, 2016 agus 2040




### 20.1.3 Sciar Modha

**Limistéar Ceannchathartha Luimnigh – Shionainne**

Tá sé tuartha go dtiocfaidh as an Straitéis seo laghdú suntasach, ó 70% sa bhliain 2016 go 46% sa bhliain 2040, ar sciar modha an chairr sa limistéar staidéir ina iomláine. Is iad na figiúirí comhfhreagracha do Bhuaic-amanna na Maidine ná 69% agus 41%. Tiocfaidh méadú ar sciar gach modha eile, agus an méadú comhréireach is airde ag teacht ar an rothaíocht. Tá na sonraí sin léirithe i bhFíoracha 20.1 agus 20.2 thíos





**Fíor 20.2:** Sciar Modha Bhuaic-amanna na Maidine sa Limistéar Ceannchathartha, 2016 agus 2040




**Fíor 20.3:** Sciar Modha 24 hUaire i gCathair Luimnigh agus a Bruachbhailte, 2016 agus 2040

**Cathair Luimnigh agus a Bruachbhailte**

Tá sé tuartha go dtiocfaidh as an Straitéis seo laghdú suntasach, ó 67% sa bhliain 2016 go 41% sa bhliain 2040, ar sciar modha an chairr i gCathair Luimnigh agus a Bruachbhailte. Is iad na figiúirí comhfhreagracha do Bhuaic-amanna na Maidine ná 66% agus 36%. Tiocfaidh méadú ar sciar gach modha eile, agus an méadú comhréireach is airde ag teacht ar an rothaíocht. Tá na sonraí sin léirithe i bhFíoracha 20.3 agus 20.4 thíos




**Fíor 20.4** Sciar Modha 24 hUaire i gCathair Luimnigh agus a Bruachbhailte, 2016 agus 2040

## 20.2 SPRIOCANNA DON SIÚL AGUS DON ROTHAÍOCHT

D'ainneoin na n-aschur thuas, a tháinig as cleachtadh samhaltaithe agus as sin amháin, féachfaidh an tÚdarás, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, leis na spriocanna roinnte modha atá leagtha amach thíos don siúl agus don rothaíocht a bhaint amach faoin mbliain 2040.

**Tábla 20.2** – Spriocanna don Siúl agus don Rothaíocht

| Modh | Siúl | Rothaíocht |
|---|---|---|
| Bonnlíne don Limistéar Ceannchathartha | 23% | 3% |
| Toradh Samhaltaithe don Limistéar Ceannchathartha | 29% | 15% |
| Sprioc don Limistéar Ceannchathartha | 30-35% | 10-15% |
| Luimnigh agus a Bruachbhailte | 30-35% | 15-20% |

Is é an toradh a bheidh ar an mbonneagar rothaíochta atá beartaithe faoin Straitéis seo ná go soláthrófar gréasán cuimsitheach sábháilte rotharbhealaí lena bhfreastalófar ar gach ceann de na príomhlimistéir agus na príomhchinn scríbe agus ag a mbeidh acmhainn chun freastal ar líon mór rothaithe.

A luaithe a bheidh an bonneagar sin i bhfeidhm, beidh an leibhéal úsáide ag brath ar an toilteanas le húsáid a bhaint as an rothaíocht in ionad modhanna eile, go háirithe modh an chairr. Dá réir sin, is sprioc uaillmhianach í an sprioc don rothaíocht agus, chun í a chomhlíonadh, beidh ardleibhéil chomhoibrithe ag teastáil as measc gach geallsealbhóra sa réigiún. Tá spriocanna níos airde leagtha síos do Chathair Luimnigh agus a Bruachbhailte mar gheall ar an acmhainneacht mhéadaithe atá ag na modhanna sin mar thoradh ar an líon turas gearr a bhíonn á dtógáil agus mar thoradh ar an topagrafaíocht réidh. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtugtar san aschur samhaltaithe i ndáil le sciar modha na rothaíochta aon aird ar aon mhéaduithe a thiocfaidh as cláir athrú iompraíochta agus as feachtais faisnéise spriocdhírithe, ar nithe iad a bhfuil sé deacair aird a thabhairt orthu i samhail straitéiseach iompair. A bhuí leis na bearta sin a dhéanamh, méadófar an sciar modha don rothaíocht arís eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go mbeidh sé riachtanach tabhairt faoi bhearta bainistíochta éilimh a mbeidh mar aidhm leo úsáid roghanna eile ar an gcarr príobháideach a spreagadh tuilleadh chun tacú leis na leibhéil níos airde ghlactha sin.

## 20.3 NA CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA A CHOMHLÍONADH

I gCaibidil 2, cuireadh síos ar na colúin ar ar forbraíodh an Straitéis seo. Chun feidhmíocht na Straitéise a mheas, bhí sé riachtanach na colúin uileghabhálacha sin a aistriú ina gcuspóirí straitéiseacha iompair. Tá an rannán seo le léamh i gcomhar leis an ngrafaic faisnéise agus leis na príomhtháscairí i dtús na caibidle seo agus achoimrítear ann an breithmheas faoi gach ceann de na cuspóirí sin.

1. Tús áite a thabhairt d'infheistíocht san iompar inbhuanaithe chun an spleáchas ar an gcarr príobháideach a laghdú;
2. Nascacht iompair phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar chuig príomhchinn scríbe;
3. Tithíocht de dhlús níos airde a dhéanamh ina cuid d'Fhorbairtí atá Dírithe ar an Iompar ag príomhphointí d'ard-inrochtaineacht iompair phoiblí;
4. Córas iompair a bheidh lán-inrochtana agus lánchuimsitheach a sholáthar;
5. Príomhbhealaí straitéiseacha le haghaidh ghluaiseacht an tráchta lasta a shainaithint agus a chosaint agus feabhas a chur ar an rochtain ar Phort na Sionainne agus Fhainge agus ar Aerfort na Sionainne;

6. Feabhas a chur ar shábháilteacht bóithre, ar shláinte an phobail agus ar an tslándáil phearsanta; agus
7. An tionchar a bhíonn ag an trácht feithiclí i lárionaid uirbeacha a íoslaghdú.

### 20.3.1 Cuspóir 1

Tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht san iompar inbhuanaithe chun úsáid an chairr phríobháidigh a laghdú do gach cuspóir turais.

Is é an toradh a bheidh ar chur chun feidhme na Straitéise seo ná go ndéanfar bunathrú ar an soláthar iompair phoiblí, agus é beartaithe 85 km de thosaíocht bus a sholáthar. Éascóidh sé sin méadú 200% san acmhainn bus. Toradh eile a bheidh ar an Straitéis seo is ea go gcuirfear leis na straitéisí siúil agus rothaíochta atá ann cheana, mar a ghlac an dá Údarás Áitiúla iad chun gréasán atá cuimsitheach, sábháilte agus áisiúil a sholáthar do choisithe agus do rothaithe.

Tá an tosaíocht sin a thugtar do mhodhanna inbhuanaithe agus dícharbónú an fhlít iompair phoiblí ag teacht leis an aitheantas méadaitheach a bhíonn á thabhairt ar na tionchair dhiúltacha a imríonn feithiclí inneallghluaiste agus astaíochtaí carbóin ar an gcomhshaol agus ar shláinte agus folláine daoine. I gcomhar le beartais eile ón rialtas, d'fhéadfadh laghdú de suas le 87% in astaíochtaí $CO_2$ teacht as an Straitéis seo ar fud an Iarthair Láir. Beidh gnóthú an fhigiúir sin ag brath ar líon an-ard daoine a bheith ag glacadh le carranna leictreacha thar an bhfiche bliain atá le teacht.

Laghdófar an gá atá ann le húinéireacht cairr phríobháidigh (agus spleáchas ar an gcarr príobháideach) trí fheabhas a chur ar mhodhanna eile, trí bhearta bainistíochta éilimh a ghlacadh agus trí thabhairt faoi bhearta tacaíochta eile, lena n-áirítear clubanna comhroinnte carranna agus Soghluaisteacht ar Éileamh.

### 20.3.2 Cuspóir 2

Nascacht iompair phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar chuig príomhchinn scríbe.
A bhuí le BusConnects Luimnigh, soláthrófar nascacht bealaí gathacha agus cuarbhealaí ó cheann go ceann idir Lár Cathrach Luimnigh agus na bruachbhailte trí sholáthar a dhéanamh do 137 km de bhealaí traschathrach agus do 28 km de chuarbhealaí. Cuimseoidh príomhchonairí an ghréasáin ceantair ina bhfuil nithe a mheallann agus a ghineann líon ard turas i ngach príomh-mhol oideachais agus fostaíochta, lena n-áirítear Aerfort na Sionainne, Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, Baile Shionainne, an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, Ollscoil Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Lár na Cathrach, Ospidéal Ollscoile Luimnigh agus an Ráithín.

Mar thoradh ar an infheistíocht atá leagtha amach don ghréasán iarnróid chomaitéireachta, soláthrófar nascacht bhreise go lár na cathrach agus go roinnt príomhcheann scríbe. Méadófar ceantar an iompair phoiblí go mór a bhuí le saoráidí Páirceála agus Taistil a chur i bhfeidhm ar na conairí is airde éileamh.

### 20.3.3 Cuspóir 3

Tithíocht de dhlús níos airde a dhéanamh ina cuid d'Fhorbairtí atá Dírithe ar an Iompar ag príomhphointí d'ard-inrochtaineacht iompair phoiblí. Leagtar amach sa Straitéis seo cur chuige soiléir i leith tithíocht a sholáthar i láithreacha inar féidir an úsáid is mó is féidir a bhaint as an iompar poiblí. Éascaitear leis an Straitéis seo athghiniúint lár na cathrach agus athfhorbairt talún tearcúsáidte araon chun go mbainfear úsáid níos déine astu, go háirithe ag láithreacha feadh na gCroíchonairí Bus agus ag láithreacha a bhfreastalaíonn na stáisiúin iarnróid atá beartaithe orthu.

Mar sin féin, a bhuí le cineál dlúth limistéar uirbeach Luimnigh, a fhágann gur féidir beagnach gach turas laistigh den limistéar faoi fhoirgnimh a thógáil de rothar – agus gur féidir sciar ard turas a thógáil de shiúl na gcos freisin – tá sé soiléir go bhféadfaí aon fhorbairt laistigh de lorg reatha na cathrach agus na mbruachbhailte a mheas a bheith Dírithe ar an Iompar, a luaithe a dhéanfar an siúl agus an rothaíocht a chothú agus a éascú leis na caighdeáin leagan amach agus forbartha. Éascóidh na feabhsuithe a dhéanfar ar na gréasáin siúil agus rothaíochta, mar atá molta sa Straitéis seo, an méid sin.

Mar achoimre, is é an toradh a bheidh ar phleanáil úsáide talún agus pleanáil iompair a chomhtháthú go dlúth lena chéile sa Limistéar Ceannchathartha, mar atá molta sa Straitéis seo, go gcabhrófar leis na húdaráis áitiúla na spriocanna tithíochta atá acu a chomhlíonadh i riocht comhdhlúite uirbeach, rud a laghdóidh an méid tithíochta a thiocfaidh as feidhmeanna uirbeacha agus a mbeifear ag freastal air i láithreacha peirea-uirbeacha agus tuaithe.

### 20.3.4 Cuspóir 4

Córas iompair a bheidh lán-inrochtana agus lánchuimsitheach a sholáthar.

Cumhdóidh gréasán BusConnects Luimnigh 73% de na poist agus na daoine uile laistigh den Limistéar Ceannchathartha (gach limistéar tuaithe san áireamh). Soláthróidh sé sin seirbhís iontaofa ardmhinicíochta lán-inrochtana iompair phoiblí chun feabhas a chur ar nascacht, go háirithe laistigh den chathair agus de na bruachbhailte.

Ó thaobh cuimsithe shóisialta de, éascaítear leis an Straitéis seo méadú suntasach sa líon seirbhísí bus a sholáthraitear do limistéir faoi mhíbhuntáiste sóisialta. Mar an gcéanna, cinnteoidh an infheistíocht ar fad sa bhonneagar iarnróid inrochtaineacht do gach úsáideoir agus freastalóidh sí ar limistéir faoi mhíbhuntáiste sóisialta, amhail Maigh Rois.

Chomh maith leis sin, beidh ag cur i bhfeidhm an bhonneagair fheabhsaithe rothaíochta agus coisithe tionchar dearfach suntasach ar limistéir faoi mhíbhuntáiste sóisialta trí aghaidh a thabhairt ar chuid mhór de na fadhbanna a bhaineann le leithlisiú geografach, agus rogha eile inacmhainne inmharthana á soláthar ar an gcarr.

Is é an toradh a bheidh ar leas a bhaint as prionsabail an Deartha Uilíoch ná a chinntiú go gcuirfear inrochtaineacht do chách san áireamh, agus go soláthrófar inrochtaineacht do chách, agus uasghráduithe á ndéanamh ar an ngréasán siúil, go háirithe chuig stadanna agus stáisiúin iompair phoiblí, chuig foirgnimh iompair phoiblí, chuig saoráidí do phaisinéirí iompair phoiblí agus chuig feithiclí iompair phoiblí agus timpeall orthu. Soláthraítear leis an Straitéis seo an creat le haghaidh infheistíochta, rud a mhéadóidh slándáil phearsanta timpeall ar stadanna agus stáisiúin iompair phoiblí agus feadh bealaí siúil agus rothaíochta, go háirithe trí shoilsiú poiblí agus bearta slándála níos fearr.

### 20.3.5 Cuspóir 5

Feabhas a chur ar rochtain ar Phort na Sionainne agus Fhainge agus ar Aerfort na Sionainne.
Leis an Straitéis seo, tacaítear le tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar a indéanta atá sé lasta iarnróid a éascú ó Phort Fhainge go Luimneach agus níos faide i gcéin thar thréimhse feidhme na Straitéise agus ar a indéanta atá sé Straitéis Lasta Réigiúnach a fhorbairt. Soláthraítear leis an Straitéis seo freisin do bhóthar a sholáthar idir Faing agus Luimneach.

Mar aon leis an rochtain fheabhsaithe ar Aerfort na Sionainne, mar atá beartaithe faoi chlár BusConnects Luimnigh, soláthraítear leis an Straitéis seo freisin do bhealach a shainaithint agus a chosaint do líne iarnróid fhéideartha amach anseo a d'fhreastalódh ar Aerfort na Sionainne, ar Limistéar Neamhchustaim na Sionainne agus ar Bhaile Shionainne.

### 20.3.6 Cuspóir 6

Feabhas a chur ar shábháilteacht bóithre, ar shláinte an phobail agus ar an tsláindáil phearsanta.
Mar thoradh ar fheithiclí earraí troma a bhainistiú laistigh de Chathair Luimnigh agus a bruachbhailte agus ar laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar an gcarr trí roghanna eile inbhuanaithe a sholáthar, cuirfear feabhas suntasach ar an timpeallacht coisithe trí thruailliú torainn agus truailliú aeir agus an riosca coinbhleachta a laghdú.

A bhuí le turais siúil agus rothaíochta a chur chun cinn, cuirfear feabhas ar shláinte agus folláine an phobail trí ghníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú. Ina theannta sin, trí iompar poiblí feabhsaithe a bhfuil lántosaíocht aige a mholadh, soláthrófar leis an Straitéis seo roghanna iontaofa taistil atá saor ó phlódú, agus strus pearsanta á laghdú dá bharr sin.

### 20.3.7 Cuspóir 7

An tionchar a bhíonn ag an trácht feithiclí i lárionaid uirbeacha a íoslaghdú.

Déanfar an spás cois cosáin agus limistéir eile atá faoi cheannas ag carranna faoi láthair a aistriú de réir a chéile lena n-úsáid ag coisithe agus ag rothaithe. Éascóidh sé sin feabhsuithe ar an ríocht phoiblí, ar aon dul leis an treoir atá sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha agus sa Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta. Beidh an ríocht phoiblí inrochtana, tarraingteach, sábháilte agus spéisiúil do dhaoine de gach aois agus cumas.

Rachaidh sé sin chun tairbhe do Lár Cathrach Luimnigh go háirithe, áit a ndéanfar an spás bóthair a ath-leithdháileadh lena n-úsáid ag modhanna inbhuanaithe agus le haghaidh spásanna uirbeacha nua a chruthú. Fágfaidh sé sin go mbeidh an chathair ina háit níos tarraingtí le cónaí ann, le hobair ann agus le cuairt a thabhairt air agus éascóidh sé leibhéil ghníomhaíochta sóisialta, cultúrtha agus geilleagraí i bhfad níos airde.

## GLUAIS

| | |
|---|---|
| **AA** | Measúnacht Chuí |
| **ABTA** | Measúnacht Iompair Limistéarbhunaithe |
| **ACA** | Limistéar Caomhantais Ailtireachta |
| **Forbairt Láithreán Athfhorbraíochta** | Athghiniúint tailte iarthionsclaíocha i limistéir uirbeacha agus fho-uirbeacha le haghaidh úsáidí eile |
| **Geata Bus** | Pointe ar an ngréasán bóithre nach bhféadfaidh ach busanna agus rothar dul thairis |
| **CLC** | Ionaid Tógála agus Lóistíochta |
| **Dlúthfhás** | Forbairt forbairtí tithíochta agus tráchtála a dhíriú ar limistéir uirbeacha atá ann cheana |
| **DMURS** | An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha - treoir ón Rialtas atá dírithe ar cheannas an chairr a laghdú |
| **EIA** | Measúnacht Tionchair Timpeallachta |
| **Glasbhealach** | Bealach rothaíochta agus siúil easbhóthair |
| **HGV** | Feithicil Earraí Troma |
| **ITS** | Córais Chliste Iompair – bainistíocht tráchta a oiriúnaíonn do dhálaí tráchta i bhfíor-am |
| **LAP** | Plean Limistéir Áitiúil |
| **LNDR** | Bóthar Dáileacháin Thuaidh Luimnigh |
| **LSMA** | Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne - Cathair Luimnigh, a Bruachbhailte, Sionainn agus an Clár Theas |
| **LSMATS** | Straitéis Iompair Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne |
| **LTP** | Plean Áitiúil Iompair |
| **MaaS** | Soghluaisteacht ar Éileamh - an teicneolaíocht a úsáid chun tacú le comhtháthú agus leis an taisteal ilmhódach |
| **MASP** | An Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha - an Plean Úsáide Talún a bhfuil an Straitéis seo bunaithe air |
| **NDP** | An Plean Forbartha Náisiúnta |
| **NIFTI** | An Creat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn |
| **NPF** | An Creat Náisiúnta Pleanála |
| **NTA** | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| **NTP** | An Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta |
| **Maoirseacht Éighníomhach** | Slándáil Neamhfhoirmiúil a sholáthraítear trí ghníomhaíocht agus trí fhormhaoirseacht |
| **Tréscaoilteacht** | A chaoithiúla atá sé chun taisteal de Shiúl na gCos agus de Rothar trí Limistéar ar leith |
| **An tOrdlathas Úsáideoirí Bóithre** | Córas um modhanna iompair a chur in ord tosaíochta, áit a dtugtar an tosaíocht is mó do choisithe agus a dtugtar an tosaíocht is lú do charranna príobháideacha |
| **RSES** | Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach - an beartas réigiúnach uileghabhálach maidir le forbairt úsáide talún |
| **RTPI** | Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí |
| **SAC** | Limistéar Caomhantais Speisialta |
| **SDZ** | Crios Forbartha Straitéisí - Limistéar le haghaidh Pleanáil Mhear |
| **SEA** | Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta |
| **SPA** | Limistéar Cosanta Speisialta |
| **SRA** | Tionól Réigiúnach an Deiscirt - an ghníomhaireacht atá freagrach as an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach agus as an bPlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha |
| **TEN-T** | An Gréasán Tras-Eorpach Iompair |
| **An Gréasán Cuimsitheach Tras-Eorpach Iompair** | Gréasán lena gcumhdaítear gach réigiún san Eoraip |
| **An Croíghréasán Tras-Eorpach Iompair** | Áirítear leis na naisc is tábhachtaí, agus na nóid is tábhachtaí á nascadh |
| **TfI** | Transport for Ireland - an branda náisiúnta iompair |
| **TII** | Bonneagar Iompair Éireann - an ghníomhaireacht atá freagrach as Bóithre Náisiúnta |
| **TOD** | Forbairt atá Dírithe ar an Iompar - forbairt atá bunaithe ar ardleibhéil inrochtaineachta iompair |
| **UL** | Ollscoil Luimnigh |

Jacobs SYSTRA